# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
# GALWAY COUNTY COUNCIL














# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017
# ANNUAL REPORT 2017

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Comhairle Chontae na Gaillimhe**
**Áras an Chontae**
**Cnoc na Radharc**
**Gaillimhe H91 H6KX**

**Fón: (091) 509 000**
**Facs: (091) 509 010**
**Idirlíon: www.gaillimh.ie**

**Galway County Council**
**County Hall**
**Prospect Hill**
**Galway H91 H6KX**

**Tel: (091) 509 000**
**Fax: (091) 509 010**
**Web: www.galway.ie**

**@GalwayCoCo**
**GalwayCounty**

# CLÁR


RÁITEAS MISIN 04

TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH 05

TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH EATRAMHACH 07

CEANTAIR BHARDASACHA CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 09

COMHALTAÍ TOFA DE RÉIR CEANTAIR BHARDASACHA 10

FAISNÉIS GHINEARÁLTA 15

AN RIALACHAS I gCOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 19

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN MAIDIR LE PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2015 – 2019 22

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS TITHÍOCHT 24

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL, UISCE AGUS ÉIGEANDÁLA 123

PLEANÁIL, POBAL, FIONTRAÍOCHT & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA 154

BÓITHRE & IOMPAIR, SEIRBHÍSÍ MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA 191

AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA 209

AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE 212

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 215

FAISNÉIS UASDÁTAITHE 2017 FAOIN bPLEAN BLIANTÚIL SOLÁTHAIR SEIRBHÍSÍ 228

TUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH 263

TUARASCÁLACHA Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA 270

DAOINE ATÁ AINMNITHE AG AN gCOMHAIRLE CHUIG COISTÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE 279

COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU 283

SEISIÚIN OILIÚNA AR FHREASTAIL NA COMHALTAÍ TOFA ORTHU 285

COSTAIS NA gCOMHALTAÍ TOFA 288

PRÍOMHOIFIGIGH NA COMHAIRLE 292

OIFIGÍ NA COMHAIRLE CONTAE 295

FAISNÉIS UASDÁTAITHE FAOIN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA 298


RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL 2017 299

**Nóta Tábhachtach:** Tá cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil ar fáil i bhformáidí malartacha ach teagmháil a dhéanamh le: An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh
Teil: 091- 509000 nó ríomhphost: general@galwaycoco.ie

# RÁITEAS MISIN

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Ceannaireacht shibhialta agus ionadaíocht dhaonlathach éifeachtach a sholáthar, agus a bheith chun tosaigh ag an am céanna i bhforbairt phobail, chultúir, shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe agus seirbhísí atá comhordaithe, éifeachtach agus ar a bhfuil luach ard a sheachadadh, agus iad dírithe ar lán-acmhainneacht Contae na Gaillimhe a bhaint amach.**




**PRÍOMHLUACHANNA:-**

- ***Daonlathach***
- ***Cuidiúil***
- ***Forásach***
- ***Cuntasach***
- ***Luach ar Airgead***

## Fís do Chomhairle Chontae na Gaillimhe

**Beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe mar údarás áitiúil le cumas straitéiseach, rialachas maith, ceannaireacht shibhialta éifeachtach le foireann thiomanta i mbun oibre go héifeachtach lena cuid comhpháirtithe.**

# TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE



I mo cháil mar Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, is mór an onóir, agus is cúis mhór áthais, dom é an Tuarascáil Bhliantúil seo a thíolacadh thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar tuarascáil í ina ndéantar taifead ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na seirbhísí a soláthraíodh sa bhliain 2017 agus ar caitheadh os cionn €105m ina leith.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe i measc na soláthróirí seirbhíse poiblí is mó dá bhfuil ann sa Chontae agus, dá bhrí sin, tá freagracht agus oibleagáid orainn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. D'oibrigh an lucht bainistíochta agus na comhaltaí tofa go díograiseach i rith na bliana lena chinntiú go ndéanfaí an tacaíocht airgeadais do sheirbhísí agus do thionscadail éagsúla sa chontae a choimeád ar bun agus go ndéanfaí an tacaíocht sin a mhéadú i gcuid mhór cásanna.

Cé gur tréimhse an-spreagúil í seo chun feidhmiú mar Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, tá cuid mhór dúshlán ann do bhailte beaga, do cheantair thuaithe agus do dhaoine inár gcuid pobal mar go mbíonn dúshláin de chineál sóisialta agus eacnamaíochta le sárú acu chomh maith le dúshláin sláinte nach mór 'cúram' a fháil ina leith agus nach mór seirbhísí cúraim a bheith ann ina leith. Ba bhuaicphointe dom é an Bál Méarachta a bhí ann Dé hAoine, an 1 Nollaig, sa Chlochán, ós rud é gur thug sé deis dom aitheantas agus rannchuidiú airgeadais a thabhairt d'obair eagraíochtaí agus daoine a thugann a gcuid ama agus fuinnimh i leith 'cúram a thabhairt'. Chuaigh na fáltais ón imeacht sin chun tairbhe do charthanais fhiúntacha: Fiobróis Chisteach na Gaillimhe mar chabhair chun tacú lena bhfeachtas uile-chontae agus lena n-iarrachtaí bailithe airgid chun feabhas a chur ar shaoráidí do leanaí agus d'aosaigh ar a bhfuil Fiobróis Chisteach; Marcaíocht Theiripeach Chonamara trína soláthraítear gníomhaíocht eachaíochta chuidithe do dhaoine i ngach aoisghrúpa ar a bhfuil raon riochtaí lena n-áirítear pairilis cheirbreach, MS, Uathachas, Siondróm *Down* agus dúshláin mheabhairshláinte, agus *The Elm Centre* sa Chlochán, mar aon lena Ionad Lae ina soláthraítear cúram tairbheach meabhairshláinte ní sa Chlochán amháin ach, freisin, i gceantar Chonamara i gcoitinne.

Ba éacht an-mhór é na buanna a bhí ag Foireann Mionúr agus ag Foireann Sinsear Iománaíochta na Gaillimhe i gCraobh na hÉireann agus ba chúis bróid agus áthais é do mhuintir na Gaillimhe sa bhliain 2017. Ba mhór an onóir dom a bheith páirteach in óstáil na hócáide cathartha a eagraíodh i mBéal Átha na Sluaighe chun fáilte a chur roimh na réaltaí spóirt iontacha sin nuair a tháinig siad abhaile agus ba thógáil croí é an líon daoine a tháinig amach chun a bheith páirteach sa cheiliúradh. Comhghairdeas leis an dá fhoireann maidir lena n-éachtaí iontacha.


Sa bhliain 2018, beidh Gaillimh ina Réigiún Gastranamaíochta Eorpach agus beidh sé ar an gcéad réigiún de chuid na hÉireann a mbeidh gradam an ainmniúcháin sin bronnta air. I dtaca leis sin de, bhí lúcháir orm láithreán gréasáin a sheoladh ina ndéantar cur síos ar oidhreacht ghastranamaíochta na Gaillimhe sa bhliain 2017. Tá Tionscadal Stair Ghastranamaíochta na Gaillimhe á bhainistiú ag an Rannóg Oidhreachta, ag an Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta agus ag Cartlannaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le grúpaí oidhreachta áitiúla, le scoileanna, le daoine aonair agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann/Saol na Tuaithe, agus chuaigh sé i mbun oidhreacht shaibhir ghastranamaíochta na Gaillimhe a thaifeadadh ar láithreán gréasáin ina ndéantar raon leathan faisnéise faoi stair ghastranamaíochta an réigiúin a chur ar taispeáint. Sa bhliain 2017, taifeadadh os

cionn 800 mír ar an láithreán, ar míreanna iad ina gcuimsítear cur síos ar nithe amhail uirlisí a bhí in úsáid le haghaidh cócaireachta san am atá caite agus an bia traidisiúnta a bhaineann le bailte fearainn ar leithligh. Tá lúcháir orm freisin a rá gur thionscain agus gur fhorbair an tAonad Fiontraíochta Pobail & Forbartha Eacnamaíochta togra maidir le mol nuálaíochta agus goir bia chun cabhrú le fás an gheilleagair i gceantar an iarthair agus beidh an tionscadal sin i measc na dtionscadal a bheidh ann mar oidhreacht an ainmniúcháin mar Réigiún Gastranamaíochta Eorpach.

Tá an t-ainmniúchán mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa - Gaillimh 2020 ina ainmniúchán mór le rá ar fad do Ghaillimh agus ba mhaith an rud é a fháil amach ó Hannah Kiely, Príomhfheidhmeannach Ghaillimh 2020, le linn cur i láthair do na Comhaltaí Tofa, go mbaineann níos mó na 60% de na pobail a ghlac páirt i dtionscnaimh de chuid an chláir dar teideal "Bailte Beaga, Smaointe Móra" le háiteanna lasmuigh de chathair na Gaillimhe.

I mo cháil mar Chathaoirleach na Comhairle, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na heagraíochta as an obair iontach a dhéanann siad ó lá go lá ar mhaithe le forbairt an Chontae seo; léiríonn a dtiomantas agus a ngairmiúlacht cur chuige na comhairle ina hiomláine. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach (Eatramhach), Kevin Kelly, agus lena Lucht Feidhmiúcháin, as tacú liom féin agus le mo chomh-chomhairleoirí le linn dúinn ár gcuid oibre a dhéanamh agus é mar aidhm chomhionann againn feabhas a chur ar shaol laethúil gach duine sa Chontae. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an iar-Chomhairleoir Michael Connolly a ghníomhaigh mar Chathaoirleach do na chéad sé mhí den bhliain 2017 agus le mo chomhghleacaithe sa Chomhairle freisin as an tacaíocht agus as an gcomhoibriú a fuair mé uathu le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach.

Is onóir mhór dom an tréimhse atá caite agam mar Cathaoirleach ar an gContae breá seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chuir in iúl as ucht an comhoibriú iontach a fuair mé ó fheidhmeannaigh na Comhairle, na Comhairleoirí eile agus pobal na Gaillimhe trí chéile. Cé go bhfuil dúshláin mhóra romhainn táim cinnte go bhfuil ar chumas an Chontae seo tarraingt le chéile agus oibriú i dtreo todhchaí thairbheach dúinn ar fad.



*An Comhairleoir Eileen Mannion,*
*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe*

## TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH EATRAMHACH



I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach (Eatramhach), cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2017 ina dtugtar mionsonraí faoin dul chun cinn a rinneadh maidir le tosaíochtaí straitéiseacha, cuspóirí agus straitéisí Phlean Corparáideach 2015 - 2019 a chur i gcrích agus tarraingítear aird ar obair luachmhar leanúnach na Comhairle i rith na bliana agus ar chuid den iliomad nithe a baineadh amach i rith na bliana. Ní féidir cuid mhaith den obair a dhéanaimid a chur i gcrích ach amháin trí oibriú i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach duine díobh as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú leanúnach.

I rith na bliana 2017, leanadh den obair a bhaineann le bonneagar atá riachtanach d'fhorbairt an Chontae amach anseo a chur ar fáil. Gnóthachtáil shuntasach ab ea oscailt an M17 M18, Mótarbhealach ón nGort go Tuaim, ar an 27 Meán Fómhair 2017, rud a tharla dhá mhí roimh an dáta a bhí beartaithe don oscailt. D'oscail an tAire Iompair, Shane Ross, T.D., an scéim mótarbhealaigh sin go hoifigiúil, ar scéim í a shíneann an M18 ón nGort go pointe 57 gciliméadar ó thuaidh uaidh sin i dTuaim. Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus í ag obair faoin gComhaontú Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann, de thionscadail sheirbhíse uisce a chur ar aghaidh ar fud na bliana 2017. Rinne an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, T.D., Gléasra Cóireála Dramhuisce a oscailt go hoifigiúil i gCinn Mhara ar an 12 Bealtaine 2017, ar gléasra é lena ngabhann coibhéis daonra (P.E.) 1,300. Mar thoradh ar an ngléasra sin, bhíothas in ann éirí as dramhuisce neamhchóireáilte a sceitheadh isteach sa bhá ag Cinn Mhara.

Féachann Comhairle Chontae na Gaillimhe le seirbhís a sholáthar do dhaoine a bhfuil cúnamh ag teastáil uathu i réimsí amhail tithíocht shóisialta agus, i mí na Nollag 2017, síníodh conradh maidir le mór-athfhorbairt ar Bhóthar Gilmartin i dTuaim. Bainfidh an tionscadal sin le tógáil 40 aonad nua agus athfheistiú 21 aonad mar chuid de Thionscadal Athnuachana Bhóthar Gilmartin. Ina theannta sin, d'éascaigh an Rannóg Pleanála breithniú a rinne an Bord Pleanála ar iarratais ar Phleanáil Straitéiseach Tithíochta (ar tionscnamh nua é sin maidir le forbairt ina bhfuil níos mó ná 100 teach), ar iarratais iad a bhfuarthas dhá cheann díobh le haghaidh Thuama (124 aonad) agus Bhearna (113 aonad).

Rinneadh forbairt ar bhonneagar áineasa trína ndéantar turasóireacht, gníomhaíocht allamuigh agus áineas laistigh den Chontae a chur chun cinn. I gcomhar le Fáilte Éireann agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lean an Chomhairle d'fhorbairt dhá Ghlasbhealach a chur ar aghaidh, mar atá ón gClochán go hUachtar Ard agus ó Uachtar Ard go Gaillimh; rinneadh achar 6km ón gClochán go hUachtar Ard, i mBaile na hInse, a thógáil, nach mór, sa bhliain 2017 agus tá sé beartaithe an t-achar sin a oscailt don phobal sa bhliain 2018. Ina theannta sin, lean an Chomhairle de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le tionscadal Léirmhínithe agus Bhonneagar Chonamara - '*Conamara – Fiáin go smior / Wild at Heart'* - sa bhliain 2017 trí fhorbairt a dhéanamh ar thrí bhealach tiomána trí Chonamara, ar bealach é lena ngabhann 26 phointe fionnachtana agus a bhfuarthas maoiniúchán agus cúnamh ina leith ó Fháilte Éireann. Chumasaigh Aonad Forbartha Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe don Chomhairle roinnt tionscadal tábhachtach a spreagadh i rith na bliana agus tacaíocht a thabhairt dóibh. D'éascaigh sé sin cur i gcrích na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus maoiniúchán don Chrios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe a bhí dírithe go príomha ar fhás na fiontraíochta i nGaillimh. Tá an t-údarás tar éis a bheith ag gabháil do chomhtháthú rathúil obair na hOifige Fiontair Áitiúil isteach sna feidhmeanna forleathana eacnamaíochta agus pobail. Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe dá cur chuige i leith tacú le pobail áitiúla trí roinnt tionscnamh agus deontas agus tríd an tacaíocht a thugann sí don Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

Cuireadh fáilte roimh Chlár Éire Ildánach sa bhliain 2017 mar mhodh chun feabhas a chur ar chláir ealaíon, oidhreachta agus cultúir a bhí ann cheana féin i gContae na Gaillimhe agus tacóidh sé le Straitéis Chultúir na Comhairle amach anseo. Léiríonn Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 atá forbartha ag Meitheal Cultúir an Chontae, le cúnamh ó dhaoine agus ó eagraíochtaí áitiúla, an t-ábhar dóchais atá ann i leith na todhchaí i measc ár gcuid grúpaí cruthaitheachta agus cultúir. Ina theannta sin, tá Gaillimh ainmnithe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa don bhliain 2018 agus mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa don bhliain 2020. Trí shaothar ár bhfoirne agus ár gcomhaltaí, oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe go dlúth lenár bpobail áitiúla agus le Gaillimh 2020 chun clár láidir bríomhar a chinntiú faoin dá ainmniúchán sin ar fud na réimsí uile den chontae.

Dá ainneoin sin, ba bhliain dhúshlánach í i dtaca le hacmhainní airgeadais agus acmhainní daonna de agus i dtaca le seirbhísí a choimeád ag a leibhéal reatha, agus bhí athbhreithnithe córas agus nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar an t-ioncam atá dlite don Chomhairle a úsáid ar an mbealach is fearr agus is féidir. Ba dhúshlán é buiséad an údaráis áitiúil a chomhardú lena chinntiú go ndéanfaí an iliomad seirbhísí agus saoráidí a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe a choimeád ar bun agus a fheabhsú sa bhliain 2017. Léirigh na tosaíochtaí maoiniúcháin a leagadh amach sa bhuiséad don bhliain an t-ardleibhéal caiteachais agus gníomhaíochtaí a raibh Comhairle Chontae na Gaillimhe bainteach leo ar fud an chontae. Tugtar admháil i leith thacaíocht na gcomhaltaí tofa i leith an bonn maoiniúcháin áitiúil a choimeád ar bun agus a chothú.

Tar éis an Rabhaidh Aimsire 'Stádas Dearg' a tugadh i leith Hairicín Ophelia i nDeireadh Fómhair, bhí ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe céadfhreagairt a thabhairt i leith seirbhísí éigeandála a sholáthar agus is mian liom aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí a líon mór daoine foirne a bhí bainteach le cúnamh a thabhairt le linn na tréimhse freagartha éigeandála sin. Buaicphointe de chuid mhí Mheán Fómhair 2017 ab ea an rath a bhí ar Fhoireann Mionúr agus ar Fhoireann Sinsear na Gaillimhe i gCraobh Iomaíochta Uile-Éireann. Ba éacht iontach é sin do na foirne agus seoladh imeacht cathartha i mBéal Átha na Sluaighe chun fáilte a chur roimh na foirne buaiteacha nuair a tháinig siad abhaile tráthnóna Dé Luain. Tháinig na mílte daoine amach i mBéal Átha na Sluaighe chun fáilte a chur roimh a laochra agus bhí spreagadh agus lúcháir le brath san atmaisféar agus beidh cuimhne ag gach duine ar an ócáid go ceann i bhfad. Tugtar mionsonraí sa Tuarascáil Bhliantúil faoin iliomad seirbhísí ilghnéitheacha a chuir an Chomhairle ar fáil sa bhliain 2017 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine den fhoireann as a gcuid oibre crua, as a dtiomantas agus as a gcuid gnóthachtálacha ar feadh na bliana, go háirithe i gcúinsí ina raibh laghdú ar na hacmhainní a bhí ar fáil.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus leis an iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly, agus le gach Comhalta Tofa as a n-ionchur comhpháirteach, agus as a dtacaíocht, maidir le déileáil leis na dúshláin a bhí ann sa bhliain 2017. Ina theannta sin, ba mhaith liom admháil a thabhairt i leith obair na Foirne Feidhmiúcháin agus admháil a thabhairt i leith ghairmiúlacht a bhfoirne agus i leith na tacaíochta, an rannchuidithe thábhachtaigh, na n-iarrachtaí agus an tiomantais a fuarthas ó gach réimse den údarás áitiúil i nGaillimh sa bhliain 2017. Is é a ndíograis, a dtiomantas agus a gcuid oibre crua a fhágann go bhfuil an Chomhairle ina heagraíocht chomh beoga agus chomh forásach sin. Tá mé ag tnúth le leanúint de bheith ag obair le chéile d'fhonn fónamh dár bpobail, d'fhonn tacú lenár ngnóthaí agus d'fhonn fáiltiú roimh ár gcuairteoirí sa bhliain 2018.

*Kevin Kelly*
*Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)*

# TOGHLIMISTÉIR/CEANTAIR BHARDASACHA CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

De réir Ionstraim Reachtúil I.R. Uimh. 50/2014 – An tOrdú um Thoghlimistéir Áitiúla agus Ceantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe 2014, "Beidh Ceantair Bhardasacha ag Contae na Gaillimhe chun críocha alt 22A (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (Uimh. 1 de 2014)) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001)". Is é is éifeacht don Ordú ná leasú a dhéanamh ar roinnt Chontae na Gaillimhe ina thoghlimistéir áitiúla, an líon chomhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le toghadh do gach limistéar den sórt sin a shocrú agus na Ceantair Bhardasacha do Chontae na Gaillimhe a chinneadh mar a leanas:


## Léarscáil na dToghlimistéar/gCeantar Bardasach




## Comhaltaí Tofa

Sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo, liostaítear Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe do gach Toghlimistéar/Ceantar Bardasach ar leith.

**CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ-ÓRÁN MÓR**
**Toghlimistéar Bhaile Átha an Rí-Órán Mór (7 Comhaltaí)**

| | | | |
|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir James Charity |  2. An Comhairleoir Gabriel Cronnelly |  3. An Comhairleoir Jim Cuddy |  4. An Comhairleoir Peter Feeney |

| | | |
|---|---|---|
|  5. An Comhairleoir Frank Kearney |  6. An Comhairleoir Martina Kinane |  7. An Comhairleoir Malachy Noone |

| Na Comhairleoirí | Teileafón | FónPóca |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir James Charity, Tonegurrane, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe | | 087 2191792 |
| 2. An Comhairleoir Gabriel Cronnelly, Cluain Caoin, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | | 087 2066810 |
| 3. An Comhairleoir Jim Cuddy, an Laighdeacán, an Carn Mór, Órán Mór, Co. na Gaillimhe | 091 798136 | 087 6360242 |
| 4. An Comhairleoir Peter Feeney, Baile Dháith, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | 091 844735 | 087 6812403 |
| 5. An Comhairleoir Frank Kearney, Beechmount House, Leacach, An Turlach Mór Co. na Gaillimhe | 091 797167 (facs freisin) | 085 1266133 |
| 6. An Comhairleoir Martina Kinane, An Sráidbhaile Thuaidh, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe | | 0872692102 |
| 7. An Comhairleoir Malachy Noone, an Cruisín, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe | 091 798297 | 087 1333711 |


# <u>CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE</u>

## Toghlimistéar Bhéal Átha na Sluaighe (6 Comhaltaí)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| <br>1. An Comhairleoir Tim Broderick | <br>2. An Comhairleoir Donal Burke | <br>3. An Comhairleoir Dermot Connolly | <br>4. An Comhairleoir Michael Connolly | <br>5. An Comhairleoir Aidan Donohue |
| <br>6. An Comhairleoir Michael Finnerty | | | | |

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **Fón Póca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Tim Broderick, Corr an Aonaigh, Cill Chonaill, Béal Átha na Sluaighe Co. na Gaillimhe | 090 9686896 | 087 2728058 |
| 2. An Comhairleoir Donal Burke, Cnoc an Teampaill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | | 087 2330131 |
| 3. An Comhairleoir Dermot Connolly, Gleann na bhFeadóg, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9642986 | 086 0886160 |
| 4. An Comhairleoir Michael Connolly, Maigh Locha Mhór, Maigh Locha, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9679465 | 087 6829049 |
| 5. An Comhairleoir Aidan Donohue, An Gort Fada, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9675615 | 087 2693105 |
| 6. An Comhairleoir Michael Connolly, Tobar Grealláin, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090 9643010 | 087 6133676 |

**<u>CEANTAR BARDASACH CHONAMARA</u>**
**Toghlimistéar Chonamara (9 Comhaltaí)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Niamh Byrne |  2. Seosamh Ó Cualáin |  3. Tomás Ó Curraoin |  4. An Comhairleoir Tom Healy |  5. An Comhairleoir Eileen Mannion |

| | | | |
|---|---|---|---|
|  6. An Comhairleoir Noel Thomas |  7. An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg |  8. An Comhairleoir Séamus Walsh |  9. An Comhairleoir Thomas Welby |

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **Fón Póca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Niamh Byrne, An Clár, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | | 087 9250568 |
| 2. An Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin, Gleann Treasna, Ros Muc, Co. na Gaillimhe | | 087 6279220 |
| 3. An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin, Na Fothraí Maola Thiar, Bearna, Co. na Gaillimhe | | 087 2933782 |
| 4. An Comhairleoir Tom Healy, Railway View, An Clochán, Co. na Gaillimhe | | 083 4493319 |
| 5. An Comhairleoir Eileen Mannion, Bóthar na hEascrach, An Clochán. Co. na Gaillimhe | | 087 9555645 |
| 6. An Comhairleoir Noel Thomas, Gort an Chalaidh, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe | | 087 7372147 |
| 7. An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, Aille Thiar, Indreabhán, Co. na Gaillimhe | 091 593084 | 086 3864179 |
| 8. An Comhairleoir Séamus Walsh, Glann, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | 091 552726 | 087 0519884 |
| 9. An Comhairleoir Thomas Welby, An Chreig, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe | 091 552748 | 087 2855676 |

## CEANTAR BARDASACH BHAILE LOCHA RIACH

**Toghlimistéar Bhaile Locha Riach (8 Comhaltaí)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Joe Byrne |  2. An Comhairleoir Shane Donnellan |  3. An Comhairleoir Michael Fahy |  4. An Comhairleoir Gerry Finnerty |  5. An Comhairleoir Pat Hynes |
|  6. An Comhairleoir Michael "Moegie" Maher |  7. An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn |  8. An Comhairleoir Ivan Canning | | |

| Na Comhairleoirí | Teileafón | Fón Póca |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Joe Byrne, Highfield House, Cluain na Saoi, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe | 091-638130 | 087 2625775 |
| 2. An Comhairleoir Shane Donnellan, 32 Ti na Rí, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | | 087 1202404 |
| 3. An Comhairleoir Michael Fahy, An Chathair Dhubh, Ard Raithin, Co. na Gaillimhe | 091- 635177 | 087 2456000 |
| 4. An Comhairleoir Gerry Finnerty, Baile Uí Mhurchú, an Gort, Co. na Gaillimhe | 091-632167 / 091 -633291 | 087 2674295 |
| 5. An Comhairleoir Pat Hynes, Bóthair an Ghoirt, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | 091-842399 | 087 2404404 |
| 6. An Comhairleoir Michael "Moegie" Maher, Clostoken, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | 091-842968 | 086 8109185 |
| 7. An Comhairleoir Jimmy Mc Clearn, Bóthar Thíne, Cill Íomair, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe | 090-9676235 / 090 -9676963 | 087 2548723 |
| 8. An Comhairleoir Ivan Canning, An Leithcheathrú, Gort an Iomaire, Port Omna, Co. na Gaillimhe | | 087 1376666 |

## <u>CEANTAR BARDASACH THUAMA</u>
### Toghlimistéar Thuama (9 Comhaltaí)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  1. An Comhairleoir Peter Roche |  2. An Comhairleoir Sean Cunniffe |  3. An Comhairleoir Des Joyce |  4. An Comhairleoir Mary Hoade |  5. An Comhairleoir Peter Keaveney |

| | | | |
|---|---|---|---|
|  6. An Comhairleoir Donagh Mark Killilea |  7. An Comhairleoir Karey Mc Hugh |  8. An Comhairleoir Tom Mc Hugh |  9. An Comhairleoir Billy Connelly |

| **Na Comhairleoirí** | **Teileafón** | **Fón Póca** |
|---|---|---|
| 1. An Comhairleoir Peter Roche, an Mhaighean, Co. na Gaillimhe Mainistir Chnoc Muaidhe, Tuaim, | 093 49187 | 087 8251470 |
| 2. An Comhairleoir Shaun Cunniffe, Bóthar Bhéal Átha Ghadaí, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 087 8161663 |
| 3. An Comhairleoir Des Joyce, an Currach, Baile Liam, Co. na Gaillimhe | | 087 4186208 |
| 4. An Comhairleoir Mary Hoade, an Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe | 091 789854 | 087 2255979 |
| 5. An Comhairleoir Peter Keaveney, Baile na Sceiche, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe | 094 9659388 | 087 2533098 |
| 6. An Comhairleoir Donagh Mark Killilea, 19 19 Clochran, Cill Chlocháin, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 086 6079563 |
| 7. An Comhairleoir Karey Mc Hugh, Cúil Fobhair, Béal Átha Glúinín, Tuaim, Co. na Gaillimhe | | 087 2822225 |
| 8. An Comhairleoir Tom Mc Hugh, Cill Chlocháin, Tuaim, Co. na Gaillimhe | 093 28486 | 086 2574192 |
| 9. An Comhairleoir Billy Connelly, an Bheitheach Mhór, Cathair Loistreáin, Co. na Gaillimhe | | 087 9075856 |

# FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, gan Cathair na Gaillimhe a áireamh. Tá an Chomhairle freagrach as bóithre a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil, as saoráidí siltin, as tithíocht, as stáisiúin dóiteáin, as leabharlanna agus as reiligí. Is é Comhairle Chontae na Gaillimhe a thugann aire don chomhshaol agus déantar iarracht feabhas a chur ar an gcontae mar aon lena charachtar agus atmaisféar uathúil a chosaint trí bheartais pleanála agus comhshaoil. Tá ról gníomhach aici freisin maidir le gnóthaí tionscail, eacnamaíochta, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreachta agus cultúir an chontae a fhorbairt.

De réir chóras rialtais áitiúil na hÉireann, a chuimsíonn ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí, tá **ról ionadaíoch** agus **ról oibríochtúil** ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cáil mar údarás áitiúil.

Tugtar **"feidhmeanna forchoimeádta"** ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leis na feidhmeanna sin, leagtar síos an creat beartais faoina bhfeidhmíonn an Príomhfheidhmeannach.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- an Buiséad bliantúil a ghlacadh;
- an Plean Forbartha Contae a dhéanamh nó a athrú;
- an Scéim Leithroinnte maidir le tithíocht shóisialta a ghlacadh;
- fodhlíthe a dhéanamh, a leasú agus a chúlghairm;
- ceadú i gcomhair airgead a fháil ar iasacht;
- dearbhú a dhéanamh á rá gur bóithre poiblí iad bóithre áirithe.

Déanann an Chomhairle a cuid cinntí trí rúin a ritear ag a cuid cruinnithe.

Déanann an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann **ról oibríochtúil** Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chomhlíonadh. Tá siad freagrach as riaradh na Comhairle Contae ó lá go lá. Déanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna ar a dtugtar na **"feidhmeanna feidhmiúcháin"** a chomhlíonadh agus déantar cinntí an Phríomhfheidhmeannaigh trí "Ordú Príomhfheidhmeannaigh" i scríbhinn.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- tithe a leithroinnt
- ceadanna pleanála a dheonú nó a dhiúltú
- comhaltaí foirne a cheapadh etc.

Ní mór don Phríomhfheidhmeannach, agus cinntí á ndéanamh aige/aici, gníomhú ar shlí a thagann leis an mbeartas a bhunaigh na comhaltaí tofa agus, ag an am céanna, tugann sé/sí comhairle do na comhaltaí maidir le comhlíonadh a bhfeidhmeanna forchoimeádta.

## STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001, agus an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, is bunfheidhm de chuid an údaráis áitiúil é fóram a sholáthar le haghaidh ionadaíocht dhaonlathach sa

phobal áitiúil agus ceannaireacht chathartha a sholáthar don phobal. De bhreis air sin, tá an t-údarás áitiúil freagrach as raon seirbhísí a sholáthar, as feidhmeanna rialála agus forfheidhmiúcháin agus as forbairt a dhéanamh ar réimsí tábhachtacha lena n-áirítear gnóthaí eacnamaíochta, gnó, oidhreachta agus cultúir.

Leis an Acht Athchóiriúcháin, trínar bunaíodh na Ceantair Bhardasacha agus trínar díscaoileadh na Comhairlí Baile, rinneadh Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (CÁFP), atá le bunú mar choistí de chuid an údaráis áitiúil i ngach limistéar rialtais áitiúil, a thabhairt isteach freisin. Rinneadh foráil leis an reachtaíocht maidir leis na Boird Forbartha Contae a scor agus maidir leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a thabhairt isteach.

**An Chomhairle**

Is iad na naoi gComhairleoir thofa is tríocha as na Ceantair Bhardasacha, i gcomhpháirt lena chéile, a leagann síos an creat i gcomhair an bheartais ar faoi a oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin. Déanann Grúpa Beartais Chorparáidigh, agus cúig Choiste um Beartais Straitéiseacha, beartas a cheapadh agus a chomhaontú. Cuimsíonn na Coistí um Beartais Straitéiseacha comhairleoirí tofa agus ionadaithe deonacha/earnála a dhéanann an beartas thar raon feidhmeanna de chuid na Comhairle a athbhreithniú agus a cheapadh. Oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin i gcáil feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh.

**Na Ceantair Bhardasacha**

Tá cúig Cheantar Bhardasacha ann i gContae na Gaillimhe, is é sin, ceann amháin i ngach Toghlimistéar ar leith agus is iad na hionadaithe tofa ón Toghlimistéar lena mbaineann a fhónann dóibh. Tá na Ceantair Bhardasacha ceaptha chun feabhas a chur ar rialachas daonlathach, ar an gcoimhdeacht agus ar an gcuntasacht. Ina theannta sin, tá na socruithe seo beartaithe chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil agus ar luach ar airgead, agus tá feidhmeannacht agus struchtúr oibríochtúil aonair uile-chontae ann ina leith. Eintitis chinnteoireachta, seachas struchtúir chorparáideacha, is ea iad na Ceantair Bhardasacha.

**An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)**

Cuimsíonn an Grúpa Beartais Chorparáidigh Cathaoirleach na Comhairle Contae agus Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Oibríonn an GBC leis na CBS-anna éagsúla agus soláthraíonn sé fóram inar féidir cinntí beartais a bhfuil éifeacht acu ar an gComhairle iomlán a chomhaontú lena gcur faoi bhráid na Comhairle ina hiomláine. Tugann an GBC comhairle agus cabhair don Chomhairle agus soláthraíonn sé ionchur maidir le hábhair is díol spéise don phobal i gcoitinne. Tá ról aige freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údaráis áitiúil.

Bhí 4 chruinniú den GBC ann sa bhliain 2017.

**An Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS)**

Soláthraíonn struchtúr an CBS creat d'ionadaithe tofa mar aon le deis an ról atá acu a chomhlíonadh mar lucht déanta beartas agus, cruthaíonn sé deiseanna i gcomhair comhpháirtíochtaí le grúpaí leasmhara áitiúla agus le hionadaithe pobail. Soláthraíonn CBS-anna fóram trína gcumasaítear beartais a cheapadh, a athbhreithniú agus a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus cúnamh intreach á fháil ó ghrúpaí leasmhara ábhartha earnála agus tacaíocht ar fáil ó Stiúrthóir Seirbhísí. Bunaíodh cúig

SPC sa Chomhairle. De réir théarmaí na scéime, cuimseoidh comhaltaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha Comhairleoirí agus Ionadaithe Earnála mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

| CBS | Comhairleoirí | Ionadaithe Earnála | Líon Iomlán Comhaltaí ar an gCoiste | An Líon Cruinnithe sa bhliain 2017 |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha & Áineas | 7 | 4 | 11 | 4 Chruinniú |
| Bóithre, Iompar & Muir | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Pleanáil & Pobal | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Comhshaol, Seirbhísí Uisce, agus Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |
| Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíocht | 8 | 4 | 12 | 4 Chruinniú |

As measc 59 bpost san iomlán ar Choistí um Beartais Straitéiseacha, bhí 39 gcinn díobh le líonadh ag Comhairleoirí Contae agus bhí 20 ceann díobh le líonadh ag Ionadaithe Earnála. Is mar a leanas an staid faoi láthair:

## ***Ionadaíocht Earnála – 20 post***


Tá an ionadaíocht earnála roinnte ina 7 n-earnáil:

1. **Talmhaíocht/Feirmeoireacht**
2. **Comhshaol/Caomhantas**
3. **Forbairt/Tógáil**
4. **Gnó/Tráchtáil**
5. **Ceardchumainn**
6. **Pobal/Deonach**
7. **Uilechuimsitheacht Shóisialta**

**An Fhoireann Feidhmiúcháin**

Oibríonn an Fhoireann Feidhmiúcháin faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá sí comhdhéanta de na Stiúrthóirí Seirbhísí, den Cheann Airgeadais agus den Ghníomhaire Dlí.

# STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA GAILLIMHE 2016



# AN RIALACHAS I gCOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

Baineann rialachas le forbairt na struchtúr agus na bpróiseas cuí chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a stiúradh agus a bhainistiú ar shlí inar féidir leis na geallsealbhóirí a bheith cinnte go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Díríonn rialachas ar na hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus seirbhíse agus ar na sraitheanna gaolmhaireachtaí idir an Chomhairle, na Coistí, na Comhaltaí ar leithligh, an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Feidhmiúcháin, an fhoireann agus na geallsealbhóirí le linn dóibh beartas agus feidhmíocht na Comhairle seo a chinneadh.

Tugann na sé phrionsabal dea-rialachais, agus na prionsabail tacaíochta, seo a leanas cabhair mhaith agus treoir do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a mhéid a bhaineann le soláthar sheirbhísí na Comhairle.

## Croí-Phrionsabal 1

Is ionann Dea-Rialachas agus díriú ar chuspóir an údaráis, ar na torthaí oibre as a leanann tairbhí inbhuanaithe eacnamaíochta agus sochaíocha agus ar fhís an údaráis áitiúil a chur i bhfeidhm.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht straitéiseach a fheidhmiú trí chuspóir agus fís an údaráis a fhorbairt agus a chur in iúl go soiléir trí bhíthin an phlean chorparáidigh agus a chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhís ardchaighdeáin.

2. A chinntiú go ndéanann an t-údarás, trí bhíthin a phlean soláthair seirbhísí, an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní lena chinntiú go mbaintear amach na torthaí is fearr is féidir.

## Croí-Phrionsabal 2

Is ionann dea-rialachas agus daoine agus oifigigh a bheith ag obair le chéile chun comhchuspóir a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainithe go soiléir.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht éifeachtach a fheidhmiú ar fud an údaráis, a bheith soiléir maidir le feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmeanna feidhmiúcháin, agus maidir le róil agus freagrachtaí comhaltaí agus oifigeach faoi seach.

2. Caidreamh oibre atá dearfach urramach a chruthú idir comhaltaí agus oifigigh agus a chinntiú go ndéantar feidhmeanna an Údaráis a chomhlíonadh de réir ardchaighdeáin.

## Croí-Phrionsabal 3

Is ionann dea-rialachas agus luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí ardchaighdeáin iompair a choimeád ar bun.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go ndéanann comhaltaí agus oifigigh, le linn dóibh ceannaireacht a fheidhmiú, iad féin a iompar ar bhealaí a léiríonn ardchaighdeáin iompair, iompar eiticiúil agus rialachas éifeachtach.

2. Meon a chothú, agus a chinntiú go bhfuil sásraí marthanacha ann, chun spreagadh a thabhairt, agus forfheidhmiú a dhéanamh, i leith cloí le luachanna eiticiúla agus leis na luachanna eagraíochtúla atá leagtha amach sa phlean corparáideach.

## Croí-Phrionsabal 4

Is ionann dea-rialachas agus cinntí níos eolasaí agus cinntí trédhearcacha a dhéanamh agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí agus ar fheidhmíocht.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A bheith dian agus trédhearcach i ndáil leis an bpróiseas cinnteoireachta agus faisnéis, comhairle agus tacaíocht ardchaighdeáin a bheith ar fáil don lucht déanta cinntí.

2. A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha ann maidir le bainistíocht rioscaí, cúrsaí airgeadais agus feidhmíochta. A chinntiú go dtugann na córais sin aghaidh ar éiginnteachtaí agus ar an méid atáthar faoi lé rioscaí, go gcuireann siad disciplín airgeadais i bhfeidhm, agus go leagann siad béim ar leithroinnt straitéiseach acmhainní agus ar sholáthar éifeachtúil, éifeachtach seirbhísí.

## Croí-Phrionsabal 5

Is ionann dea-rialachas agus forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht eagraíochtúil agus ar chumas ceannaireachta agus ar inniúlachtaí comhaltaí agus oifigeach chun oibriú go héifeachtúil ar mhaithe le cuspóirí na heagraíochta.

### Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí ar fáil do chomhaltaí agus d'oifigigh de réir mar atá ag teastáil le gur féidir leo a róil a chomhlíonadh go héifeachtúil.

2. Forbairt a dhéanamh ar chumas daoine ar a bhfuil freagrachtaí maidir le rialachas agus ceannaireacht chun a chinntiú go bhfuil na torthaí a bhaintear amach i gcomhréir leis na hoibleagáidí a ghabhann le dea-rialachas.


## Croí-Phrionsabal 6

Is ionann dea-rialachas agus teagmháil oscailte, chuimsitheach a bheith ann le daoine áitiúla, le saoránaigh agus le geallsealbhóirí eile chun cuntasacht dhocht phoiblí a áirithiú.

### Prionsabail Tacaíochta

1. Soiléire a sholáthar maidir le gaolmhaireachtaí cuntasachta agus maidir le feidhmeanna a bhaineann le deimhniú, iniúchadh agus grinnscrúdú eagraíochtúil.

2. A chinntiú go bhfuil próiseas agus sásra ann chun cumarsáid shoiléir, maoirseacht éifeachtach agus cuntasacht a sholáthar do gheallsealbhóirí.



# Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019

I bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019, a glacadh ar an 24 Samhain 2014, leagtar amach mionsonraí faoi thosaíochtaí straitéiseacha, faoi chuspóirí agus faoi straitéisí na Comhairle, faoi chroíluachanna na Comhairle agus faoi fhís na Comhairle i leith Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Fónann an Plean mar chreat straitéiseach le haghaidh gníomhartha a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo le linn na tréimhse sin. Sainaithníonn sé ocht dtosaíocht straitéiseacha, chomh maith leis na cuspóirí agus na straitéisí tacaíochta a ghabhann leo agus atá riachtanach chun Ráiteas Misin agus Príomhluachanna na Comhairle a bhaint amach. Tá na tosaíochtaí straitéiseacha sin, mar atá sainaitheanta sa Phlean, leagtha amach thíos.

Le linn thréimhse an Phlean Chorparáidigh, leagfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe béim ar na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gcontae.

- Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.

- Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d’fhiontar.

- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infreastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.

- Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

- An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.

- Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.

- Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.

Ar an 7 Samhain 2017, d'aontaigh an Grúpa Beartais Chorparáidigh, agus thug siad dá n-aire, an Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019. Sa Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn, rinneadh tagairt do ról lárnach an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh i ndáil le measúnacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh agus i ndáil leis an gceanglas a bhaineann le tomhas a dhéanamh ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil i gcomparáid leis na cuspóirí atá leagtha síos sa Phlean Corparáideach ar bhonn rialta agus struchtúrtha, rud a áiríonn táscairí feidhmíochta agus na torthaí a baineadh amach i gcomhthéacs an Phlean Soláthair Seirbhísí.

Déantar mionsonraí faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh sa bhliain 2017 a thabhairt i bhfoirm tuarascáil achomair ó gach Aonad i ndáil leis na gníomhartha agus na tionscnaimh éagsúla a ndeachthas ina mbun i rith na bliana chun tacú lenár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha.

Ina theannta sin, tá measúnacht ar ár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos i bPlean Soláthair Seirbhísí 2017 le fáil ar leathanaigh 228 go 261 agus tá mionsonraí faoinár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na táscairí feidhmíochta náisiúnta le fáil ar leathanaigh 215 go 227.

Nóta: Féach Buiséad Bliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2018 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Tuarascáil Bhliantúil maidir le Dul Chun Cinn atá déanta i ndáil le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2019.

Is féidir an Doiciméad sin a aimsiú ag:-
**http://www.gaillimh.ie/seirbhisi/chomhairle/airgeadais/buisead/**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA AGUS TITHÍOCHT

# Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn an tAonad Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí riaracháin sármhaithe, iontaofa, comhsheasmhacha do na Comhaltaí Tofa, don Chomhairle Iomlánach, don Lucht Bainistíochta Sinsearach agus don phobal i gcoitinne. Is é aidhm an Aonaid forbairt íomhá dhearfach Chorparáideach na Comhairle a chur chun cinn go leanúnach trí sheirbhísí tacaíochta gairmiúla éifeachtúla, i bhfoirm Rúnaíochta Corparáidí, don Chomhairle agus dá fochoistí, chomh maith le raon leathan seirbhísí a chur ar fáil lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le Clár na dToghthóirí, le Saoráil Faisnéise, le Cur Chun Cinn na Gaeilge, le Beartais maidir le hÁineas & Taitneamhachtaí, le Seirbhísí Custaiméara, le Corrthrádáil, le Beartais maidir le Cúrsaí Corparáideacha, le Líonra Oifigí na Comhairle a Bhainistiú agus a Sheirbhísiú, leis an gCartlann agus le Bainistiú Taifead, le Seirbhísí Leabharlainne, le hIniúchadh Inmheánach agus le Seirbhísí Dlíthiúla.

Tá léiriú le fáil anseo thíos ar an dul chun cinn a rinne an tAonad, agus ar an méid a bhain an tAonad amach, sa bhliain 2017 i ndáil leis na tosaíochtaí straitéiseacha ábhartha atá ann sa Phlean Corparáideach, 2015-2019.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

## PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Lean 39 Comhalta de Chomhairle Iomlánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag teacht le chéile gach mí sa bhliain 2016 chun a bhFeidhmeanna Forchoimeádta a chomhlíonadh agus chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna eacnamaíochta agus cultúir a bhfuil tábhacht acu maidir le forbairt inbhuanaithe an Chontae i gcomhréir le Tosaíochtaí Straitéiseacha an Phlean Chorparáidigh.

Bhí Cruinniú Bliantúil na Comhairle Iomlánaí ann ar an 23 Meitheamh 2017 agus toghadh an Comhairleoir Eileen Conneely chun ionad an Chomhairleora Michael Connolly ghlacadh mar Chathaoirleach. Ainmníodh an Comhairleoir Seamus Walsh chun ionad an Chomhairleora Joe Byrne a ghlacadh mar Leas-Chathaoirleach. Sheol an Chomhairle a Cruinniú Bliantúil Reachtúil Buiséadachta ar an 27Samhain 2017 chun breithniú a dhéanamh ar Bhuiséad Ioncaim 2018 agus ar an gClár Caipitiúil Trí Bliana agus glacadh an Buiséad agus Clár sin ag an gcruinniú sin.







*An Comhairleoir Eileen Mannion a toghadh mar Chathaoirleach agus í ag glacadh leis an Slabhra Oifige ón iar-Chathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly ar an 23 Meitheamh, 2017*







*An Comhairleoir Seamus Walsh a toghadh mar Leas-Chathaoirleach agus é ag glacadh leis an Slabhra Oifige ón iar-Leaschathaoirleach, an Comhairleoir Joe Byrne ar an 23 Meitheamh, 2017*

# CRUINNITHE NA COMHAIRLE

| Cruinnithe Míosúla de chuid na Comhairle | Cruinnithe |
|---|---|
| **Gnáthchruinnithe Míosúla** | 11 |
| **Cruinnithe Míosúla Speisialta** | 2 |
| **Cruinniú Bliantúil** | 1 |
| **Cruinniú Buiséadachta** | 1 |

## An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)

An tAonad Seirbhísí Corparáideacha a eagraíonn agus a riarann an Grúpa Beartais Chorparáidigh agus faigheann an grúpa tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach.

| An Grúpa Beartais Chorparáidigh | Cruinnithe |
|---|---|
| An Grúpa Beartais Chorparáidigh | 4 Chruinniú |

## An Comhchoiste Póilíneachta (CCP)

De réir Ailt 35(4) agus 36(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005, oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe Comhchoiste Póilíneachta (CCP) i gcomhar le lucht bainistíochta an Gharda Síochána agus de réir Treoirlínte Athbhreithnithe CCP a eisíodh sa bhliain 2014. Tá feidhm Comhchoiste Póilíneachta leagtha amach in alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána ina luaitear an méid seo a leanas: "*Is é feidhm an chomhchoiste póilíneachta fónamh mar fhóram le haghaidh comhairliúchán, pléite agus moltaí maidir le nithe a dhéanann difear do phóilíneacht i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil*".

Tá sé mar aidhm ag an gComhchoiste Póilíneachta comhairliúchán, comhoibriú agus sineirgíocht níos mó maidir le saincheisteanna póilíneachta agus coireachta a fhorbairt idir an Garda Síochána, an tÚdarás Áitiúil, Ionadaithe Pobail agus na Comhaltaí Áitiúla Tofa. I rith na bliana 2016, lean an CCP de chur chuige straitéiseach a bheith aige maidir lena chuid oibre i ndáil le déileáil le saincheisteanna áitiúla ar mhodh comhpháirteach straitéiseach.

Sheol an CCP a Chruinniú Bliantúil ar an 12 Meán Fómhair 2017, seoladh dhá ghnáthchruinniú CCP ar an 6ú Feabhra agus an 5 Bealtaine 2017 agus seoladh Cruinniú Bliantúil Poiblí an CCP ar an 5 Samhain 2017 i gCeantar Barsdasach Chonamara. Cuireann cruinnithe poiblí deis sármhaith ar fáil do phobail áitiúla chun páirt a ghlacadh i rudaí a bhaineann le cúrsaí póilíneachta i gcoitinne agus a fhearann ar phóilíneacht i gContae na Gaillimhe agus, go háirithe, a fhearann ar nithe a bhaineann le póilíneacht ina gceantair.

Thug bunú trí fhochoiste i rith na bliana 2017 deis don CCP dul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí straitéiseacha Phlean Straitéiseach 6-Bliana an Chomhchoiste Póilíneachta.

## Comhaltas an CCP

Sa tábla seo a leanas, taispeántar an líon comhaltaí is infheidhme maidir le gach catagóir comhaltais de chuid Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na Gaillimhe.

| Comhaltaí Tofa de chuid an Údaráis Áitiúil | Comhaltaí Oireachtais | Oifigigh de chuid an Údaráis Áitiúil | Garda Síochána | Ionadaithe Pobail/Deonacha |
|---|---|---|---|---|
| 15 | 5 | 2 | 2 | 7 |

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**


## Fáiltithe Cathartha

Tacaíonn an Fhoireann Chorparáideach le Fáiltithe Cathartha mar fhreagairt ar iarrataí ón gComhairle Iomlánach de réir Phrótacal Gradam Cathartha na Comhairle.

D'óstáil Comhairle Chontae na Gaillimhe cuairt an Uas. Kevin O'Malley, Ambasadóir Stáit Aontaithe Mheiriceá chun na hÉireann, ar an 13 Eanáir 2017.



*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, i mí Eanáir 2017, an Comhairleoir Michael Connolly, in éineacht leo seo a leanas (Clé go Deas): an tUas, Jim Cullen, Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus Ambasadóir Stáit Aontaithe Mheiriceá chun na hÉireann , an tUas. Kevin O'Malley, le linn a chuairte ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 13 Eanáir 2017*




*(Clé go Deas): Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, i mí Eanáir 2017, an Comhairleoir Michael Connolly, Ambasadóir Stáit Aontaithe Mheiriceá chun na hÉireann, an tUas. Kevin O'Malley, agus an Stiúrthóir Seirbhíse, an tUas, Jim Cullen, Comhairle Chontae na Gaillimhe*

D'óstáil Comhairle Chontae na Gaillimhe cuairt an Ambasadóra Yue Xiaoyong, Ambasadóir Urghnách agus Lánchumhachtach Dhaon-Phoblacht na Síne chun na hÉireann, ar an 27 Meitheamh 2017.



*Cathaoirleach Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus an tAmbasadóir Yue Xiaoyong, Ambasadóir Urghnách agus Lánchumhachtach Dhaon-Phoblacht na Síne chun na hÉireann, le linn a chuairte ar an 27 Meitheamh 2017*

Seoladh Fáiltiú Cathartha ar an 24 Aibreán 2017 in Áras an Chontae chun ómós a thabhairt do ghnóthachtálacha na ndreamanna seo a leanas:

• **Foireann Chamógaíochta Chontae na Gaillimhe faoi bhun 16,** Buaiteoirí Chraobh na hÉireann faoi bhun 16A sa bhliain 2016 tar éis an bua a fháil ar Chill Chainnigh (bhuaigh Gaillimh faoi bhun 16 an Chraobh sa bhliain 2015 freisin).

• **Foireann Pheil na mBan Eanach Dhúin**, Buaiteoirí Chraobh Idirmheánach Chlubanna na hÉireann 2016 (tar éis an bua a fháil ar Shane O'Neills, Ard Mhacha).



*Foireann Chamógaíochta Chontae na Gaillimhe faoi bhun 16, in éineacht leo seo a leanas (an líne chúil, ar chlé):Tony O'Donovan, Bainisteoir na Foirne, agus (an líne chúil, an tríú pearsa ón taobh deas) Mary Helebert, Riarthóir na Foirne, an tUas. Eamon Kelly, Roghnóir Foirne, Helena Huban, Roghnóir Foirne*



*Foireann Shinsearach Pheil na mBan B Eanach Dhúin in éineacht lena mBainisteoir Foirne, Tom Murphy*

**An Bua ag Foirne Iománaíochta Mionúr agus Sinsear na Gaillimhe i gCraobh na hÉireann 2017**

Rinneadh Fáiltiú Cathartha agus Fáilte Abhaile, a d'óstáil Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, a sheoladh i mBéal Átha na Sluaighe Dé Luain, an 4 Meán Fómhair 2017, chun ómós a thabhairt do bhuanna Fhoireann Iománaíochta Mionúr agus Fhoireann Iománaíochta Sinsear na Gaillimhe i gCraobh na hÉireann ar an 3 Meán Fómhair 2017 i bPáirc an Chrócaigh.

Fuair Foireann Mionúr na Gaillimhe an bua ar fhoireann láidir iománaíochta Chorcaí agus chuir foireann sinsear iománaíochta na Gaillimhe deireadh le tréimhse dhíomá 29 mbliana nuair a fuair siad an bua ar Phort Láirge i bPáirc an Chrócaigh.



*(Clé go Deas): An Comhairleoir Aidan Donohue, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe, Darren Morrissey, Captaen Fhoireann Iománaíochta Mionúr na Gaillimhe, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, David Burke, Captaen Fhoireann Sinsear Iománaíochta na Gaillimhe, Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), agus Corn Liam Mhic Cárthaigh & Corn Scéala Éireann acu*

Bhí '*The West's Awake*' le cloisteáil os ard nuair a fuair iománaithe buaiteacha na Gaillimhe, is é sin, na foirne sinsear agus mionúr, fáiltiú laoich i mBéal Átha na Sluaighe nuair a stop siad den chéad uair tar éis teacht trasna na Sionainne agus Corn Liam Mhic Cárthaigh agus Corn Scéala Éireann ina seilbh acu.

Bhailigh níos mó ná 15,000 duine le chéile ar Fhaiche an Aonaigh i mBéal Átha na Sluaighe le haghaidh cheiliúradh na hócáide teacht abhaile agus chun an chéad spléachadh a fháil ar na foirne de chuid na Gaillimhe a raibh Craobh na hÉireann buaite acu.

Thosaigh an spreagthacht nuair a thosaigh daoine ag teacht le chéile thart ar 1.30pm roimh theacht na bhfoirne a bhí le bheith ann ar 3pm agus fad a bhí daoine ag fanacht bhain siad taitneamh as an atmaisféar agus as an gceol beo a bhí a chur ar fáil ag *Sean Slattery & the Connections*.




*Daoine agus iad bailithe le chéile ar Fhaiche an Aonaigh, Béal Átha na Sluaighe, chun fáilte a chur roimh a laochra iománaíochta Chraobh na hÉireann*



*Chuir banna ceoil Sean Slattery & the Connections siamsaíocht ar fáil don slua roimh theacht na bhfoirne*




*Teacht Bhus Fhoireann Iománaíochta Mionúr Uile-Éireann na Gaillimhe go Béal Átha na Sluaighe*



*Darren Morrissey, Captaen Fhoireann Uile-Éireann na Gaillimhe agus Corn Scéala Éireann aige, agus an tUas. Jeffrey Lynskey, Bainisteoir na Foirne, taobh thiar dó, tar éis dóibh teacht go Béal Átha na Sluaighe le haghaidh Fáilte Abhaile Cathartha*



*Lucht tacaíochta ríméadach ag cur fáilte roimh Darren Morrissey ar theacht Fhoireann Iománaíochta Mionúr go Béal Átha na Sluaighe le haghaidh Fáilte Abhaile Cathartha*




*Foireann Iománaíochta Mionúr Uile-Éireann ar an ardán i mBéal Átha na Sluaighe*

Rinneadh an fhoireann bhuaiteach mionúr uile-Éireann a chur in aithne, ina dhuine agus ina dhuine, don slua ollmhór a thug fáilte chroíúil rompu.



*(Clé go Deas): Darren Morrissey, Captaen na Foirne Iománaíochta Mionúr, an Comhairleoir Aidan Donohue, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe, David Burke, Captaen na Foirne Iománaíochta Sinsear, agus Corn Scéala Éireann agus Corn Liam Mhic Cárthaigh acu, ag an bhFáiltiú Cathartha agus ag an bhFáilte Abhaile i mBéal Átha na Sluaighe*




*Teacht Bhus Fhoireann Iománaíochta Sinsear Uile-Éireann na Gaillimhe go Béal Átha na Sluaighe*



*Captaen Fhoireann Iománaíochta Sinsear Uile-Éireann na Gaillimhe, David Burke, agus a chomhimreoirí, in éineacht le Adrian Headd, Innealtóir Ceantair, Comhairle Chontae na Gaillimhe, ar theacht isteach na foirne go Faiche an Aonaigh, Béal Átha na Sluaighe*

Shínigh daoine den fhoireann bhuaiteach sinsear camáin agus glacadh pictiúir díobh agus corn Liam Mhic Cárthaigh ina lámha acu agus tugadh ómós don fhoireann bhuaiteach mionúr agus tugadh óráidí.





*Joe Canning agus é ag síniú geansaithe do dhaoine óga de chuid an lucht leanúna le linn na Fáilte Abhaile i mBéal Átha na Sluaighe*



*Cathal Mannion, imreoir de chuid na foirne sinsear agus é ag síniú geansaí duine óig den lucht leanúna*



*Stáisiún na bhFéiníní- David Burke in éineacht le Ann Dolan, Cill Tormóir*

Chuaigh an fhoireann bhuaiteach sinsear ar an ardán ar Fhaiche an Aonaigh, Béal Átha na Sluaighe, go gairid tar éis 4.30pm.



*Daoine den fhoireann sinsear á gcur in aithne don slua ag Darren Kelly, Galway Bay FM*

Cuireadh daoine den fhoireann sinsear in aithne ina nduine agus ina nduine, agus cuireadh fáilte ar leith roimh fhear Phort Omna, Joe Canning, a fuair naoi gcúilín sa Chluiche Ceannais agus, freisin, roimh an gCaptaen, David Burke.



*Ardaíonn David Burke agus Joe Canning Corn Liam Mhic Cárthaigh fad a thugann an slua gáir mholta*



*David Burke, Captaen, Foireann Iománaíochta Uile Éireann Sinsear na Gaillimhe agus Corn Liam Mhic Cárthaigh aige*



*Matt Donoghue ag cur 'Liam' in aithne don slua*



*(Clé go Deas): Johnny Glynn ag tabhairt Chorn Liam Mhic Cárthaigh isteach i lámha sábháilte an chaptaein. David Burke, agus Shane Maloney le feiceáil sa chúlra*



*David Burke, Captaen Fhoireann Iománaíochta Sinsear Uile-Éireann na Gaillimhe agus é ag caint os comhair an tslua*



*Tugann painéal Fhoireann Sinsear na Gaillimhe bualadh bos nuair a chuirtear Johnny Coen in aithne don slua*





*Paul Flaherty, duine den fhoireann bhuaiteach sinsear Uile-Éireann agus é ag canadh 'The West's Awake'*

Chan Paul Flaherty, duine den phainéal sinsear, '*The West's Awake'* os comhair an tslua ríméadaigh, rud a rinne Joe McDonagh (nach maireann) tar éis do Ghaillimh an Cluiche Ceannais Iománaíochta a bhuachan sa bhliain 1980.




*Íomhá den slua a bhí i láthair ag an bhFáilte Abhaile Chathartha i mBéal Átha na Sluaighe*



*Ardaíonn Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, Corn Liam Mhic Cárthaigh os comhair an tslua ríméadaigh*

Bhí Bainisteoir Fhoireann Iománaíochta Sinsear na Gaillimhe cloíte ag an mothúchán agus d'iarr sé ar an slua leanúint de bheith ag díriú ar fhorbairt na hiománaíochta i gclubanna ar fud an chontae á rá "*ní féidir linn fanacht 29 mbliana eile agus tá súil agam go mbeidh Corn Liam Mhic Cárthaigh againn anseo arís roimh i bhfad eile*."




*Léiríonn comhaltaí tofa a meas le linn do Bhainisteoir na Foirne Sinsear Corn Liam Mhic Cárthaigh a ardú os comhair an tslua chorraithe*



*Cuireann an tUas. Miko Donoghue fáilte go Béal Átha na Sluaighe roimh Chorn Liam Mhic Cárthaigh agus roimh Chaptaen na Foirme, David Burke, agus a mhac ag féachaint ar an ócáid go bródúil.*

*Busanna Miko a d'iompair foirne mór le rá na Gaillimhe abhaile trasna na Sionainne i mblianta na 1980-idí.*



*Jonathan Glynn, John McGann (An Bord Iománaíochta), David Burke, an Comhairleoir Michael Fahy, an Comhairleoir Pat Hynes, Aidan Harte in éineacht le 'Liam' ag an bhFáilte Abhaile Chathartha*



*An Comhairleoir Moegie Maher ag déanamh comhghairdis le David Burke, Captaen, i leith rath na foirne*



*Éadain ríméadacha: Ardaíonn an Comhairleoir Joe Byrne agus an Comhairleoir Michael Connolly 'Liam' le linn an Fháiltithe Abhaile Chathartha*



*Déanann an Comhairleoir ríméadach Michael Finnerty comhghairdeas leis an bhfoireann sinsear tar éis dóibh teacht go Béal Átha na Sluaighe*



*Labhraíonn Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, os comhair na foirne agus an tslua*



*(Clé go Deas) Ardaíonn Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, An Comhairleoir Eileen Mannion, Corn Liam Mhic Cárthaigh in éineacht leis an gComhairleoir Aidan Donohue, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe ag an bhFáiltiú Cathartha agus ag an bhFáilte Abhaile i mBéal Átha na Sluaighe*



*(Clé go Deas): Darren Morrissey, Captaen na Foirne Iománaíochta Mionúr, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, David Burke, Captaen na Foirne Iománaíochta Sinsear, agus Corn Scéala Éireann agus Corn Liam Mhic Cárthaigh acu, ag an bhFáiltiú Cathartha agus ag an bhFáilte Abhaile i mBéal Átha na Sluaighe*



*(Clé go Deas): Darren Morrissey, Captaen Fhoireann Iománaíochta Mionúr, an Comhairleoir Aidan Donohue, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe, David Burke, Captaen na Foirne Iománaíochta Sinsear, agus Corn Scéala Éireann agus Corn Liam Mhic Cárthaigh acu*



*Daoine de phainéal buaiteach Iománaíochta Sinsear Uile-Éireann na Gaillimhe*
*agus Corn Liam Mhic Cárthaigh acu le linn an Fháiltithe Chathartha agus an Fháiltithe Abhaile i mBéal Átha na Sluaighe*



Ba thráthnóna é a mbeidh cuimhne air go ceann i bhfad ag gach uile dhuine a bhí i láthair. Maith sibh agus comhghairdeas leis na foirne buaiteacha uile-Éireann mionúr agus sinsear..

(Íomhánna: Comhairle Chontae na Gaillimhe/Grianghrafadóir Gerry Stronge, Béal Átha na Sluaighe)

## Nascadh

Le tamall fada, tá caidreamh nasctha bailte ag Tuaim le baile Bavárach Straubing. I mí Dheireadh Fómhair 2017, d'fhan 35 dhalta scoile as Straubing ar feadh seachtaine le teaghlaigh óstacha i dTuaim agus sna ceantair máguaird. D'fhreastail na daltaí ar scoil sa bhaile chun ligean dóibh eispéireas a fháil ar thír/bhaile eile agus ar chultúr eile agus teangacha eile a chleachtadh.

Chun aitheantas a thabhairt don nascadh, atá ann le níos mó ná 25 bliana anois, reáchtáladh searmanas i mbaile Thuama chun Sráid Straubing a ainmniú go hoifigiúil. Bhí beirt chomhaltaí de Chomhairle Cathrach Straubing, Herr Martin Wackerbauer agus Herr Werner Schäfer, i láthair ag an searmanas sin in éineacht le comhaltaí Cheantar Bardasach Thuama.




*Comhaltaí de thoscaireacht Chomhairle Cathrach Straubing in éineacht le Comhairleoirí Cheantar Bardasach Thuama agus Coiste Nasctha Thuama.*

I mí Bhealtaine 2017, thug Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly, agus Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), cuairt ar Chomhchathracha na Gaillimhe, is é sin le rá, Bostún, St. Louis agus San Francisco. Ba é ba chuspóir don chuairt sin ná borradh nua a chur faoin gcaidreamh comhchathrach le Cambridge Massachusetts agus le St Louis Missouri agus leathnú a dhéanamh ar an socrú atá ann le Menlo Park California.

I mí Lúnasa 2017, d'fhreastail toscaireacht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, a raibh Leas-Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seamus Walsh, i gceannas uirthi, ar an *Milwalkee Irish Fest*. Chomh maith leis sin, d'fhreastail an toscaireacht ar Washington County ós rud é go bhfuil Contae na Gaillimhe nasctha le Washington County, Wisconsin, Stáit Aontaithe Mheiriceá, ó bhí an bhliain 2003 ann.

Sa bhliain 2017, cuireadh raon leathan leabhar ina léirítear stair Chontae na Gaillimhe, mar aon le foilseacháin dhátheangacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe i leith na bliana 1916 - '*Centenary Reflections on the 1916 Rising – Galway County Perspectives*' - chuig Coiste Feidhmiúcháin Washington County le go bhféadfadh an Fheidhmeannacht agus na saoránaigh léargas ar shaol agus ar stair na Gaillimhe, Éire.

Ina theannta sin, ó bhí an bhliain 2012 ann, tá an Clochán nasctha le Buirg Coyoacan, Cathair Mheicsiceo, ar nascadh é atá bunaithe ar na ceangail stairiúla a cruthaíodh mar thoradh ar an ról a bhí ag duine de bhunadh an Chlocháin, John Riley, agus Cathlán San Patricio, i gCogadh

Mheicsiceo-Mheiriceá 1846-48. Thug toscaireacht ó San Patricio, Meicsiceo, cuairt ar an gClochán sa bhliain 2017 áir ar bhuail an Cathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion, leo.




*(Clé go Deas): Toscaireacht ó San Patricio, Meicsiceo, in éineacht le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, ag an ócáid bhliantúil.*



*(Clé go Deas): Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, in éineacht leis an Uas. Miguel Malfavon, Ambasadóir Mheicsiceo chun na hÉireann, Ambasáid Mheicsiceo.*

## Cumainn na Gaillimhe

Tugadh aitheantas don méid atá déanta ag Cumainn na Gaillimhe i dtaca le tacú le Disapóra na Gaillimhe nuair a ghlac an Comhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, le cuireadh ó Chumann na Gaillimhe in Bedfordshire freastal ar a nDamhsa Dinnéar Bliantúil i mí Feabhra 2017.

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Tá freagracht ar an gComhairle i ndáil le tiomsú Chlár na dToghthóirí do Chontae na Gaillimhe (gan limistéar Chathair na Gaillimhe a áireamh).

Foilsíodh Clár na dToghthóirí don tréimhse 2017/2018 ar an 1 Feabhra 2017

Rinneadh Dréacht-Chlár na dToghthóirí a ullmhú i mí na Samhna 2017 i gcomhréir leis na spriocamanna reachtúla ina leith sin agus éascaíodh Cúirteanna Éileamh Athleasaithe i rith mhí na Nollag ar fud an Chontae chun breithniú a dhéanamh ar éilimh/aighneachtaí a fuarthas agus ba é an Cláraitheoir Contae a bhí i gceannas air sin agus rinne an Cláraitheoir rialú ar na haighneachtaí a tíolacadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 147 iarraidh san iomlán i rith na bliana 2017 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Bhain 19 cheann de na hiarrataí sin le rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta, bhain 124 gcinn díobh le rochtain a fháil ar fhaisnéis neamhphearsanta agus iarrataí measctha a bhí ann i gcás 4 cinn díobh.

| Cinneadh | An Líon |
|---|---|
| Iarrataí a Ceadaíodh | 63 |
| Iarrataí a Ceadaíodh i bPáirt | 48 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh | 34 |
| Iarrataí a Tarraingíodh Siar | 1 |
| Iarrataí a Aistríodh | 1 |

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 8 iarraidh san iomlán i rith na bliana 2017 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol) 2007-2014.

| Cinneadh | An Líon |
|---|---|
| Iarrataí a Ceadaíodh | 8 |
| Iarrataí a Ceadaíodh i bPáirt | 2 |
| Iarrataí ar Diúltaíodh Dóibh | 4 |
| Iarrataí a Tarraingíodh Siar/Aistríodh | 4 |

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

## OIBRIÚ MARGAÍ, CORRTHRÁDÁIL & CEADÚNAIS SCANNÁNAÍOCHT

I gcomhréir leis na Fodhlíthe Corr-Thrádála, déantar Ceadúnais Chorrthrádála a eisiúint gach bliain, ach táille a íoc, i gcás roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae, lena n-áirítear Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Dún Mór, An Gort, Baile Locha Riach, An Creagán agus Tuaim.

Eisítear Ceadúnais Ócáidí Speisialta d'fhéilte agus d'aontaí éagsúla a bhíonn ann ar fud na bliana e.g. Féilte Bhéal Átha Ghártha, Dhún Mór & Bhaile Locha Riach, Aonach Ghleann an Mháma agus Seó Capaillíní an Chlocháin, chomh maith le Féilte Chinn Mhara (Fleadh na gCuach agus Cruinniú na mBád) agus margaí Nollag i mBéal Átha na Sluaighe agus Tuaim.

Chomh maith leis sin, bhí an tAonad bainteach le comhordú na trádála ar Fhaiche an Aonaigh le linn Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe a meastar ina leith go bhfuil sé i measc na nAontaí Capall is sine dá bhfuil ann san Eoraip. De bhreis ar chúrsaí trádála, d'oibrigh an tAonad le hoifig an Cheantair Bhardasaigh i ndáil le páirceáil, slándáil agus rochtain ar an limistéar trádála agus, ina theannta sin, d'oibrigh an tAonad leis an Rannóg Pobail agus Comhshaoil agus le heagraíochtaí áitiúla i ndáil le cur chun cinn Bhéal Átha na Sluaighe agus imeachtaí foghabhálacha féile le linn Aonad Bliantúil na gCapall.

## BÁNNA CORRTHRÁDÁLA

| **Ceadúnais Bhliantúla** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Baile Átha an Rí | 4 |
| Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Naomh Mícheál) | 15 |
| An Clochán | 7 |
| Dún Mór | 1 |
| An Gort | 11 |
| Baile Locha Riach | 1 |
| An Creagán | 2 |
| Tuaim | 4 |
| **Ceantar** | 8 |

| **Ceadúnais d'Imeacht Speisialta** | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Aonach Bhéal Átha na Sluaighe | 112 |
| Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Naomh Mícheál) | 84 |
| Margadh Nollag Bhéal Átha na Sluaighe | 1 |
| Féile Bhéal Átha Ghártha | 24 |
| Seó Capaillíní an Chlocháin | 23 |
| Féilte an Chlocháin | 3 |
| Féile Dhún Mór | 30 |
| Cinn Mhara – Cruinniú na mBád | 12 |
| Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach | 24 |
| Aonach Ghleann an Mháma | 27 |
| Margadh Nollag Thuama | 2 |

| Ceadanna do Dhíoltóirí Uachtair Reoite ar Thránna/i bPáirceanna Ainmnithe | |
|---|---|
| **Ceantar** | **An Líon Ceadúnas a Eisíodh** |
| Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua | 1 |
| Céibh Nua, An Spidéil | 1 |
| An Trá Mhór, Indreabhán | 1 |
| Trá na bhForbacha | 1 |
| Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór | 1 |

## CEADÚNAIS SCANNÁNAÍOCHTA

Fuarthas iarrataí (5) ó dhéantóirí scannán chun úsáid a bhaint as maoin phoiblí ar mhaithe le scannánaíocht.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar**

## ÁINEAS & TAITNEMHACHTAÍ – PÁIRCEANNA & SPÁSANNA OSCAILTE

### Áiteanna Súgartha

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint d’infheistíocht a dhéanamh i saoráidí súgartha sa Chontae trí árachas dliteanais shibhialta a sholáthar do roinnt áiteanna súgartha atá faoi bhainistíocht phobail agus déantar amhlaidh mar chuid de chomhaontuithe foirmiúla cothabhála le grúpaí áitiúla, chomh maith le háiteanna súgartha inár gcuid príomhbhailte a chothabháil go díreach. De réir gealltanas roimhe seo faoi Bheartas na Comhairle maidir le Súgradh, tá cúnamh curtha ar fáil d'áiteanna súgartha trí mhaoiniúchán díreach agus trí árachas a sholáthar. Go dtí seo, tá forbairt déanta ar 64 áit súgartha san iomlán sa Chontae faoin mbeartas sin ar tríd a sholáthraítear ceann de na líonraí is forleithne áiteanna súgartha dá bhfuil ann in aon Chontae sa tír, agus iad ar fáil saor in aisce do chónaitheoirí sna príomhionaid lonnaíochta go léir agus i bpríomhionaid turasóireachta.

Leanadh de Bheartas na nÁiteanna Súgartha Saor ó Thoit Tobac sa bhliain 2017. Tá faisnéis faoi na láithreáin go léir ar fáil lena híoslódáil i dTreoir na Comhairle d’Áiteanna Súgartha – ‘Bímis ag Súgradh’, atá ar fáil ag www.gaillimh.ie agus tá léarscáil idirghníomhach ann ar an roinn Mapzone ar an láithreán gréasáin.

Faigheann Maoir Phobail oiliúint ROSPA (An Cumann Ríoga um Chosc Tionóiscí) le gur féidir leo Iniúchtaí Áiteanna Súgartha a dhéanamh.

Bhí an ‘aip’ iniúchta ar líne ag obair go maith i gcónaí sa bhliain 2017, agus cabhraíonn sé sin le Maoir Phobail iniúchtaí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as a gcuid fón cliste agus tuairiscí a chur ar fáil go huathoibríoch. Déantar tuairiscí a chomhdú go huathoibríoch agus soláthraítear taifead ar iniúchtaí seachtainiúla rud atá ag teastáil ar mhaithe le cúrsaí cothabhála agus árachais.

Chun an tSeachtain Náisiúnta Áineasa agus an Lá Náisiúnta Súgartha (9 Iúil) a cheiliúradh, d'óstáil Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe imeacht do dhaoine i gCoillte Pháirc Rinn Mhíl, ar taitneamhacht choillearnaí ar chósta Chuan na Gaillimhe í , agus tugadh cuireadh do dhaoine páirt a ghlacadh i gcluichí cruthaitheacha agus spraíúla do leanaí agus do dhéagóirí.




*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, in éineacht le baill foirne de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus páirt á glacadh acu sa Lá Náisiúnta Súgartha i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór. Ar gcúl: Ann Mallaghan, Rose O'Boyle, Denise Feeney; Chun tosaigh: Carol Walsh agus Eimear Dolan.*

Bhí os cionn 400 duine i láthair ag an imeacht i bPáirc Rinn Mhíl. Bhíothas in ann an t-imeacht a reáchtáil mar thoradh ar thacaíocht dheonach a fuarthas ó dhaoine óga as Comhairle na nÓg (Contae na Gaillimhe), ó Obair d'Ógra Éireann, ón Roinn Óige agus Leanaí agus ó Bhailte Slachtmhara Órán Mór. Bhí iarnóin lán de chluichí agus de ghníomhaíochtaí ealaíne ann saor in aisce.




*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, in éineacht le Anne Mallaghan, Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus le baill de chuid Chomhairle na nÓg (Contae na Gaillimhe) agus páirt á glacadh acu sa Lá Náisiúnta Súgartha i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór.*

**Súgradh Uilechuimsitheach**

Rinneadh feabhsúcháin rochtana, lena n-áirítear luascáin le haghaidh cathaoireacha rothaí, boird phicnice sorochtana agus sainbhánna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, a shuiteáil ag an áit súgartha taobh thiar d'Ionad Fóillíochta *Coral* ar Bhóthar an tSairséalaigh, Béal Átha na Sluaighe, agus san áit súgartha i bhFearann an Pháláis i dTuaim. Cómhaoiníodh an tionscadal sin tríd an Scéim Deontas Caipitiúil maidir le Súgradh agus Áineas 2017, ar scéim í atá á riaradh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.





| | | |
|---|---|---|
| *Boird phicnice sorochtana i bhFearann an Pháláis* | *Luascán le haghaidh cathaoireacha rothaí in Áit Súgartha Thuama* | *Sainbhá páirceála do dhaoine faoi mhíchumas* |




*Boird phicnice sorochtana agus sainbhá páirceála do dhaoine faoi mhíchumas agus luascán le haghaidh cathaoireacha rothaí i mBéal Átha na Sluaighe.*

## An Clár maidir le Sábháilteacht Uisce

Mar chuid den Chlár Sábháilteachta Uisce, earcaíodh painéal 50 Garda Tarrthála oilte chun seirbhísí a sholáthar i ndeich suíomh sa Chontae [lena n-áirítear cúig Thrá Bhrataí Goirme] agus, chomh maith leis sin, i sé shuíomh sa Chathair faoi Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuirtear beirt ghardaí tarrthála ar fáil ag gach trá i gcomhréir le Cónaidhm Idirnáisiúnta Gardaí Tarrthála na hEorpa (ILSE).

Cuireadh tús leis na Seirbhísí ar an 3 Meitheamh agus leanadh díobh go dtí an 10 Meán Fómhair 2017. Seoladh Oiliúint Ionduchtúcháin ar an 25 Bealtaine 2017 agus ar an 29 Meitheamh 2017.

Chuathas i mbun uasghrádú roinnt soláthairtí trealaimh agus athbhreithniú suntasach ar nósanna imeachta, chomh maith le Sceideal Ullmhúcháin agus Deisiúchán/Cothabhála Bothán a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm ag Trá Chill Mhuirbhigh, Inis Mór, i mí Iúil.

Tá Oifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce ceaptha fós ar bhonn páirtaimseartha. Cuimsíonn ról an oifigigh sin maoirseacht a dhéanamh ar Chlár na nGardaí Tarrthála/na Sábháilteachta Uisce, forbairt a dhéanamh ar an tseirbhís agus, chomh maith leis sin, tuairimí a thabhairt faoi ghnéithe sábháilteachta uisce d'iarratais chuig an gContae agus chuig an gCathair araon i ndáil le himeachtaí a bhfuil úsáid uisce i gceist leo e.g. Trí-atlain.

Rinneadh faisnéis cothrom le dáta uaireanta freastail na nGardaí Tarrthála agus faoi na suíomhanna a mbíonn siad ar dualgas iontu a phostú go tráthrialta ar Roinn na dTaitneamhachtaí den láithreán gréasáin www.gaillimh.ie. Ina theannta sin, thug an Chomhairle ranníocaíocht €6,150 don Chomhlachas Snámha is Tarrthála.

Sa bhliain 2017, leanadh de na lamháltais chun a cheadú d'iarratasóirí uachtar reoite agus deochanna glasa a dhíol ar feadh shéasúr an tsamhraidh ag Trá Thráchta, ag Trá an Dóilín, sa Cheathrú Rua, ag an Trá ag Cé Nua an Spidéil, ag Cé na bhForbacha agus ag an Trá Mhór in Indreabhán.

## Linnte Snámha/Ionaid Fóillíochta (Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe.

Tá úinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Lárionaid Fóillíochta, lena n-áirítear linnte snámha, giomnáisiam agus saoráidí seomra stiúideo i bhFearann an Pháláis, Tuaim, agus ar Bhóthar an tSairséalaigh i mBéal Átha na Sluaighe. Síníodh ceadúnas ceithre bliana bainistíochta, oibrithe agus cothabhála le Coral Leisure Ltd le haghaidh Ionaid Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe i mí Eanáir 2016. Tá Comhchoiste Idirchaidrimh ann le Coral Leisure chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Ceadúnais agus feidhmíonn Seirbhísí Corparáideacha mar chathaoirleach ar an gcoiste sin. Leanann an Chuideachta Bhainistíochta dá bonn ballraíochta a chur chun cinn agus a mhéadú.

Rinneadh formhaoirseacht ar oibreacha riachtanacha feabhsúcháin agus sláinte & sábháilteachta i leith an dá Ionad Fóillíochta agus tá infheistíocht shuntasach déanta i mbonneagar na bhfoirgneamh agus i dtrealamh. Mar chuid de na hoibreacha feabhsúcháin sin, áiríodh uasghrádú an Chórais Aláraim Dóiteáin, Atíliú, Uasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Foirgnimh i dTuaim agus Athsholáthar Caidéal Linne, Suíocháin Seomra Gaile agus Trealamh Seomra Gaile.




*Ionad Fóillíochta Thuama*

Suiteáladh dhá Rian-Chóras neamhspleácha in Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe i mí na Samhna le go bhféadfaí aistrithe a dhéanamh, sna seomraí gléasta cuidithe, ón gcathaoir rothaí chuig an leaba gléasta agus, sa seomra cithfholctha/leithreas cuidithe, le go bhféadfaí aistrithe a dhéanamh ón gcathaoir rothaí chuig an gcithfholcadh/leithreas.





D'éirigh le hIonaid Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe maoiniúchán suntasach €200,000 a fháil le haghaidh oibreacha feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh i gcomhair comhthionscadail idir BSL, SEAI agus Coral Leisure. Is é a bhí i gceist leis na hoibreacha sin ná soilse nua LED atá éifeachtúil ó thaobh cúrsaí fuinnimh de, rialtóirí VSD, clúdaigh nua linne, agus scagaire nua meán gainimh a shuiteáil agus méadrú fóntas atá nasctha leis an BMS. Críochnaíodh na hoibreacha i mí Dheireadh Fómhair agus is ceart go mbeidh laghduithe suntasacha ann dá mbarr i dtaca le húsáid fuinnimh sa dá Ionad Fóillíochta.

## Páirc Rinn Mhíl, Mearaí, Órán Mór

Tá Páirc Rinn Mhíl i measc na bpáirceanna is mó de chuid an Chontae agus tá gréasán siúlán inti, mar aon le háit súgartha agus giomnáisiam amuigh faoin aer. Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhainistíonn Páirc Rinn Mhíl agus tá sí faoi chomhúinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Is ionad ainmnithe é ar 'Slí an Atlantaigh Fhiáin'. Baineann cónaitheoirí áitiúla, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, amhail Grúpaí Gasógaíochta, úsáid mhór as an bpáirc.

Bhí lá athphlandála pobail ann sa Pháirt ar an 24 Meitheamh tráth ar phlandáil oibrithe deonacha roinnt plandaí dhúchasacha agus tor dúchasach coillearnaí sa Choill Thiar agus, ina theannta sin, plandáladh bláthanna fiáine sa Mhóinéar. Fuarthas tacaíocht i leith an lae sin ó Oibrithe Deonacha Caomhantais, Gaillimh, agus ón Oifigeach Bithéagsúlachta, Elaine O'Riordain. Beidh cothabháil leanúnach á déanamh ar na crainn nua sin go ceann tamaill. Cabhróidh an lá plandála sin le leasanna bithéagsúlachta Pháirc Rinn Mhíl agus cuirfidh sé na leasanna sin chun cinn.

D'fhostaigh an Chomhairle Feighlí séasúrach ó Bhealtaine go Deireadh Fómhair. Lorgaíodh léirithe spéise maidir le baint agus aisghabháil féarlais ar thailte i bPáirc Rinn Mhíl agus thart uirthi.

Leanadh de lamháltas a dheonú chun sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl i rith na tréimhse ó Aibreán go Meán Fómhair.


Leanadh den Chlár Cothabhála Páirceanna a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla. SA bhliain 2017, chuir an Chomhairle tús le clár soláthair agus suiteála bonn nua coincréite agus binsí picnice cruach dosmálta muirghráid i roinnt limistéar sa pháirc, agus béim á leagan ar rochtain a mhéadú d'úsáideoirí uile na taitneamhachta áineasa seo.  Cómhaoiníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an clár cothabhála.



**Fearann an Pháláis, Tuaim**

Soláthraíodh tacaíocht do limistéar Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim agus chuir Oifig Cheantar Bardasach Thuama clár cothabhála i bhfeidhm i gcomhar le Scéim Fostaíochta Pobail (CE) ar chuir an Chomhairle urraíocht ar fáil ina leith.

Rinneadh tuilleadh uasghrádaithe ar chosáin mar chuid de chlár trí bliana uasghrádaithe cosán.



**Raon Lúthchleasa Dhún Leo**

Tá Páirc Áineasa Dhún Leo ina taitneamhacht luachmhar do phobal Bhéal Átha na Sluaighe agus do réigiún na Gaillimhe Thoir agus is le Comhairle Chontae na Gaillimhe í. Athosclaíodh Páirc Áineasa Dhún Leo i mí Feabhra 2017 tar éis cothabháil riachtanach a dhéanamh sa bhliain 2017. Ach dúnadh athuair í ar an 28 Lúnasa, 2017, go dtí an 9 Deireadh Fómhair, 2017, le go bhféadfaí tuilleadh oibre feabhais a dhéanamh ar an raon reatha.

Fáiltíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go mór roimh chlár TUS trína soláthraítear seirbhísí ag an tsaoráid. Trí na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil faoin Scéim sin, tugtar tacaíocht maidir le hoibriú na saoráide agus cinntítear gur féidir na saoráidí a chur ar fáil lena n-úsáid chun tairbhe don phobal áitiúil agus do chlubanna áitiúla Cuirtear Sceideal ar fáil ar www.galway.ie áit a gcuirtear in iúl amanna poiblí agus áirithintí ag clubanna áitiúla.




**Faichí Imeartha Uile-Aimsire Thuama**

Leanadh d'Fhaichí Imeartha Uile-Aimsire Thuama a oibriú faoi Chomhaontú Ceadúnais a cuireadh i bhfeidhm le Club Peile *Tuam Celtic*. Tháinig Coiste Idirchaidrimh le chéile ar bhonn rialta chun oibriú na saoráide a athbhreithniú. Tugadh comhairle do scoileanna áitiúla agus do ghrúpaí óige áitiúla maidir le hinfhaighteacht na bhfaichí imeartha saor in aisce ag tráthanna ainmnithe, agus rinneadh socrú maidir le 40 uair an chloig d'úsáid saor in aisce in aghaidh na seachtaine.

**Cúirteanna Leadóige**

Cuireadh oibreacha athfheistithe i gcrích ag na cúirteanna leadóige i bhFearann an Pháláis i dTuaim agus ag Áit Súgartha Phort Omna.



*Siúlán chuig Cúirt Leadóige Thuama ó Pháirc Fhearann an Pháláis*



*Cúirt Leadóige Thuama*

**Maoiniúchán CLÁR do Thionscadail Áineasa**


Chuir an tAonad Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin agus tacaíocht chomhairleach ar fáil do ghrúpaí pobail d'fhonn tograí i leith saoráidí áineasa a chur ar aghaidh ina gcuid limistéar faoi seach agus d'fhonn maoiniúchán atá ar fáil faoi chláir amhail CLÁR agus Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2017 a aimsiú.

Tugadh maoiniúchán do roinnt grúpaí faoi na scéimeanna sin agus bhí na hoibreacha le críochnú faoi dheireadh mhí na Samhna.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniúchán €24,000 ó CLÁR ag deireadh na bliana 2016 chun oibreacha feabhsaithe/deisiúcháin a dhéanamh ar na hÁiteanna Súgartha i bPort Omna agus chuathas i mbun na n-oibreacha sin sa bhliain 2017.








*Roinnt íomhánna d'Áit Súgartha Phort Omna ina bhfuil trealamh a soláthraíodh trí úsáid a bhaint as maoiniúchán CLÁR.*

**Tosaíocht Straitéiseach**
**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt**

## Deich mBliana na gCuimhneachán 2013-2023 – Straitéis Chuimhneacháin do Chontae na Gaillimhe

I rith na bliana 2017, chuir Aonaid éagsúla réimse imeachtaí agus tionscnamh i gcrích faoi Straitéis Chuimhneacháin na Gaillimhe i leith Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013 – 2023.

D'éascaigh an tAonad Seirbhísí Corparáideacha cur i bhfeidhm réimse imeachtaí i rith na bliana 2017 agus, chomh maith leis sin, thug sé tacaíocht i leith imeachtaí cuimhneacháin arna n-eagrú ag Aonaid eile mar chuid den chlár.

Bhí deis ag ár gcuid pobal agus ag an diaspóra páirt ghníomhach a ghlacadh sna cuimhneacháin mar thoradh ar na himeachtaí agus na tionscnaimh seo a leanas a eagraíodh:

- Imeacht de chuid Dheich mBliana na gCuimhneachán (cuid d’imeachtaí *Chruinniú na Cásca*), ar Luan Cásca, i mBaile Átha an Rí - Bhí searmanas speisialta ann ar Luan Cásca, inar áiríodh crochadh na brataí in éineacht le hÓglaigh na hÉireann i nGairdín Comórtha 1916 Bhaile Átha an Rí. Tá an Gairdín sin suite ar an láthair ceannann céanna inar bhailigh Liam Ó Maolíosa na hÓglaigh agus inar eagraigh sé iad sa tréimhse roimh Éirí Amach 1916 agus is saothar é atá gar do chroí bhaill Choiste na mBailte Slachtmhara i mBéal Átha an Rí. Rinneadh deich scannán faisnéise a bhí léirithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le hIonad Scannán na Gaillimhe agus leis an gComhairle Oidhreachta, chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain Éirí Amach 1916 a chur ar taispeáint i Halla Pobail Bhaile Átha an Rí.

- Nocht Comhairle Chontae na Gaillimhe trí leacht cuimhneacháin sa chontae i láthair an Chomhairleora Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, ar an 31 Bealtaine 2017:
  - Nochtadh leacht cuimhneacháin ‘Gaillimh 2016 - Remembering’ thar ceann Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór i nDroichead an Chláirín (Bóthar Ballinamana, os comhair an Goat’s Lane Café, i nDroichead an Chláirín);
  - Nochtadh 'Guth an Éirí Amach: The Voice of the Rising'- Leacht Cuimhneacháin 1916 Chontae na Gaillimhe i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór; agus
  - Nochtadh leacht cuimhneacháin ‘Gaillimh 2016 - Remembering’ thar ceann Cheantar Bardasach Thuama i nGairdín Cuimhneacháin Éamoinn Ceannt i mBéal Átha Mó.

- D’óstáil Ionad Theach na mBocht, i bPort Omna, taispeántas Chartlann Chontae na Gaillimhe dar teideal ‘*Ó Stát Coilíneach go Saorstát, an méid a dúirt siad…*’ i mí Aibreáin agus d’óstáil Leabharlann an Bhaile Bháin é i Meitheamh 2017.

- I gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, le GMIT, le Foras na Mara agus le pobail áitiúla, d’eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe sraith cainteanna staire, is é sin, ‘*Galway Centenary Conversations – War & Revolution Roadshow’,* agus bhí siad ar siúl in ionaid éagsúla ar fud Chontae na Gaillimhe i mí an Mheithimh agus i mí Iúil.

- Seoladh Comhdháil dar teideal '*The Fenians, Colonel Kelly & The Manchester Martyrs*' sa Holy Rosary College sa Chreagán ar an 11 Samhain 2017.

- Seoladh Comhdháil dar teideal 'Galway 1917: Social Conditions and Political Change' i mBaile Locha Riach ar an 16 Samhain 2017.

- Rinneadh treoirleabhar dátheangach dar teideal '*Conair Oidhreachta 1916 Chontae na Gaillimhe: Breathnaigh Thart ar na Suíomhanna & Leachtanna Stairiúla'* a sheoladh ar an nGort ar an 14 Nollaig 2017. Ba iad Oifigeach Oidhreachta Chathair na Gaillimhe, Marie Mannion, agus taighdeoirí de chuid GMIT, an Dr Mark McCarthy agus an Dr Shirley Wrynn, a scríobh an leabhar agus a chuir eagar air agus léiríonn sé an tslí ina maireann an chuimhne ar 1916 go dtí an lá atá inniu ann ar mhodh oidhreacht-dreach uile-chontae de láithreáin stairiúla agus de leachtanna cuimhneacháin.

- Rinne Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe digitiú ar roinnt bailiúchán beag a bhaineann le tréimhse na réabhlóide. Ina measc siúd, áiríodh comhaid bheaga a bhaineann leis an monarcha Muinisean (GC/CSO/3/2,3 & 6) sa chathair dar dáta 1916-1918 agus, ina theannta sin, rinneadh digitiú ar ábhar ó oifig an Rúnaí Contae a bhí ann i gcomhad de chuid Dháil Éireann dar dáta 1919-1921 (GC/CSO/3/1). Déanfar an t-ábhar a chur ar fáil ar Chartlann Dhigiteach na Cartlainne ag www.galway.ie/galwayarchives .

- Cuireadh tús le '*Tionscadal Comharthaíochta (dátheangach) Chonair Oidhreachta 1916 Chontae na Gaillimhe'* sa bhliain 2017. Sa bhliain 2018, tá sé beartaithe comharthaí léirmhíniúcháin a chur ar fáil in 12 láithreán ar leith de chuid Chonair Oidhreachta 1916 Chontae na Gaillimhe –Breathnaigh Thart ar na Suíomhanna & Leachtanna Stairiúla.

**Imeacht de chuid Dheich mBliana na gCuimhneachán ar Luan Cásca:**



*An Leifteanant Padraic Ryan agus an Sáirsint Martin Whyte, Óglaigh na hÉireann, Gaillimh, agus an bhratach trí dhath á crochadh acu*



*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe an Comhairleoir Michael Connolly, agus éag leagan bháthfhleisce ag leacht cuimhneacháin Uí Mhaolíosa i nGairdín Cuimhneacháin Bhaile Átha an Rí le linn imeacht Dheich mBliana na gCuimhneachán ar Luan Cásca le linn imeacht Dheich mBliana na gCuimhneachán ar Luan Cásca*




*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly, agus comharthaíocht léirmhíniúcháin á nochtadh aige i nGairdín Comórtha 1916 Bhaile Átha an Rí le linn imeacht Dheich mBliana na gCuimhneachán ar Luan Cásca*




*An Leifteanant Padraic Ryan, Óglaigh na hÉireann, Gaillimh, agus Forógra Phoblacht na hÉireann á aithris aige le linn imeacht Dheich mBliana na gCuimhneachán ar Luan Cásca*



*Daoine den lucht freastail ag imeacht Dheich mBliana na gCuimhneachán i nGairdín Comórtha 1916 Bhaile Átha an Rí*



*Gerry Broderick,Banna Píob Bhaile Locha Riach*



*Padraic Connaughton & Madeline Fleming*




*Clé go Deas: An Teachta A. Rabbitte, an Comhairleoir G. Cronnelly, an Comhairleoir P. Feeney, Cathaoirleach an Chontae, an Comhairleoir M. Connolly, an Comhairleoir M. Kinane, an Comhairleoir F. Kearney, le linn imeacht Dheich mBliana na gCuimheachán i nGairdín Comórtha 1916 Bhaile Átha an Rí ar Luan Cásca*

## Nochtadh Leachtanna Cuimhneacháin 1916:

### Leacht Cuimhneacháin 'Gaillimh 2016 - Remembering' - Droichead an Chláirín (Bóthar Ballinamana):



*Nochtadh leacht cuimhneacháin 'Gaillimh 2016 - Remembering' thar ceann Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór i nDroichead an Chláirín (Bóthar Ballinamana, os comhair an Goat's Lane Café, i nDroichead an Chláirín) ag an gComhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, ar an 31 Bealtaine*

### Leacht Cuimhneacháin 1916 Chontae na Gaillimhe - Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór:




*An Comhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, ar an 31 Bealtaine, agus é ag nochtadh 'Guth an Éirí Amach: The Voice of the Rising'- leacht cuimhneacháin 1916 Chontae na Gaillimhe, i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór, ar an 31 Bealtaine*

**Leacht Cuimhneacháin 'Gaillimh 2016 - Remembering' - Gairdín Cuimhneacháin Éamoinn Ceannt, Béal Átha Mó:**




*An Comhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, agus leacht cuimhneacháin Cheantar Bhardasach Thuama, 'Gaillimh 2016 -Remembering', á nochtadh aige i nGairdín Cuimhneacháin Éamoinn Ceannt, Béal Átha Mó, ar an 31 Bealtaine, agus Clé go Deas: Shelia Shaughnessy, Grúpa Forbartha Pobail Bhéal Átha Mó, Michael Owens, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí, John Griffin agus Robert Fuller, Grúpa Forbartha Pobail Bhéal Átha Mó (BCDG).*




*Comhaltaí de chuid Ghrúpa Forbartha Pobail Bhéal Átha Mó le linn nochtadh leacht cuimhneacháin 'Gaillimh 1916 - Remembering', Clé go Deas: Kevin Duffy, Martín McHugh, Jackie Connaughton, Shelia Shaughnessy, Róisín O'Reilly, Michael Ward, Robert Fuller, John Griffin in éineacht le Cormac O'Reilly, Dealbhóir.*

*(Íomhánna: Comhairle Chontae na Gaillimhe/Grianghrafadóir: Hany Marzouk)*

**'Ó Stát Coilíneach go Saorstát, an méid a dúirt siad…' - Taispeántas Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe:**






| | |
|---|---|
| *'Ó Stát Coilíneach go Saorstát, an méid a dúirt siad…', a d'óstáil Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, Meitheamh 2017* | *Taispeántas de chuid Chartlann Chontae na Gaillimhe, 'Ó Stát Coilíneach go Saorstát, an méid a dúirt siad…', a d'óstáil Ionad Theach na mBocht, Port Omna, Aibreán 2017* |

***'Galway Centenary Conversations – War & Revolution Roadshow'***

**Comhdháil dar teideal "*The Fenians, Colonel Kelly & the Manchester Martyrs*"**






| | |
|---|---|
| *'Galway Centenary Conversations – War & Revolution Roadshow' – cainteanna staire a seoladh ar fud Co. na Gaillimhe i mí an Mheithimh agus i mí Iúil* | *An Dr Conor McNamara i mbun cainte le linn na comhdhála dar teideal 'Fenians, Col. Kelly and the Manchester Martyrs' sa Holy Rosary College, an Creagán, i mí na Samhna 2017* |

***Comhdháil dar teideal 'Social Conditions and Political Change'*:**



*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion i láthair ag an gComhdháil dar teideal 'Social Conditions and Political Change' i mBaile Locha Riach. Daoine eile a bhí i láthair, Clé go Deas: Steve Dolan, Teach na mBocht, Port Omna, Grainne Smyth, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Joe Loughnane agus Colman Shaughnessy, Cumann Staire Bhaile Locha Riach, Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus an Comhairleoir Michael (Moegie) Maher.*

***Seoladh leabhair dar teideal 'Conair Oidhreachta 1916 Chontae na Gaillimhe: Breathnaigh Thart ar na Suíomhanna & Leachtanna Stairiúla'*:**




*Sheol Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, an treoirleabhar dátheangach dar teideal 'Conair Oidhreachta 1916 Chontae na Gaillimhe: Breathnaigh Thart ar na Suíomhanna & Leachtanna Stairiúla' ar an nGort ar an 14 Nollaig 2017. Clé go Deas: an Dr. Shirley Wrynn agus an Dr. Mark McCarthy, GMIT, taighdeoirí, Oifigeach Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, Marie Mannion, agus Michael Owens, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí, Seirbhísí Corparáideacha & Tithíocht, Comhairle Chontae na Gaillimhe.*

# CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

Is tionscnamh cúig bliana uile-Rialtais é 'Clár Éire Ildánach agus is clár é a bheidh sé ar siúl sa tréimhse ó 2017 go 2022 agus a chuireann an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta a bhí ann an tráth sin, Heather Humphries TD, a sheol an clár ag deireadh na bliana 2016. Tionscnamh atá in Éire Ildánach atá bunaithe ar an gcultúr agus atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Tiomsaíodh an clár ar bhonn cúig cholún:

- Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh
- Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal
- Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir
- Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta; agus
- Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Bhí ról fíorthábhachtach ag údaráis áitiúla, lena n-áirítear Comhairle Chontae na Gaillimhe, maidir le cur i gcrích foriomlán chlár iomlán Éire Ildánach sa bhliain 2017 agus tugadh sainordú ar leith dóibh Colún 2 den chlár - *Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal* - a chur i gcrích trína gcuid Meithleacha Cultúir.

**Cruinniú na Cásca**

I mí an Mhárta, d'fhógair an Taoiseach, Éanna Ó Cionnaith, an tAire Ealaíon, Heather Humphries, agus Ard-Stiúrthóir RTÉ, Dee Forbes, '*Cruinniú na Cásca*', is é sin le rá, lá nua náisiúnta i leith cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta a bheadh le reáchtáil ar Luan Cásca i ngach contae sa tír, agus é á eagrú mar chuid de chlár Éire Ildánach. Tugadh de chúram do gach údarás áitiúil imeachtaí éagsúla saor in aisce a d'oirfeadh do theaghlaigh a eagrú le haghaidh cheiliúradh an chéad Chruinniú na Cásca riamh ar Luan Cásca. *Draíocht - Experience the Magic of Creativity* a bhí mar théama le haghaidh imeacht tionscnaimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le Cruinniú na Cásca agus seoladh an t-imeacht sin i mBaile Átha an Rí ar Luan Cásca, an 17 Aibreán, 2017.

Rinneadh imeacht Chruinniú na Cásca, ar Luan Cásca, a reáchtáil i gceantar meánaoiseach Bhaile Átha an Rí. Bhí sé mar aidhm ag an imeacht aird a tharraingt ar gach ceann de Cholúin Éire Ildánach:

- trí lá chruthaitheachta do leanaí a óstáil (Colún 1);
- trí oibriú i gcomhar leis an bpobal áitiúil, le healaíontóirí áitiúla agus le ceardaithe chun an t-imeacht cultúir seo a óstáil (Colún 2);
- laistigh de spásanna pobail, cultúir agus cathartha (Colún 3);
- trí mheáin agus podchraoltaí a ullmhaíodh go háitiúil a chur ar taispeáint agus trí ghníomhaíochtaí ceoil, amhránaíochta agus damhsa a chur ar fáil (Colún 4);
- na gnéithe saibhre éagsúla den saol ealaíon agus cultúir an Chontae a chur ar taispeáint (Colún 5).



Seoladh imeacht Chruinniú na Cásca i sé shuíomh ar fud bhaile meánaoiseach Bhaile Átha an Rí. Chun tús a chur leis an lá, bhí searmanas speisialta ann inar áiríodh crochadh brataí ag Óglaigh na hÉireann a seoladh sa i nGairdín Comórtha 1916 Bhaile Átha an Rí.




*An Leifteanant Padraic Ryan, Óglaigh na hÉireann, Gaillimh, agus Forógra Phoblacht na hÉireann a aithris aige*



*Clé go Deas: an Comhairleoir G. Connelly, an Comhairleoir P. Feeney, an Teachta. A. Rabbitte, an Comhairleoir M. Kinane, an Cathaoirleach, an Comhairleoir M. Connolly, an Comhairleoir F. Kearney.*

D'óstáil Halla Pobail Bhaile Átha an Rí deich scannán faisnéise a bhí léirithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le hIonad Scannán na Gaillimhe agus leis an gComhairle Oidhreachta, chun comóradh a dhéanamh ar chothrom céad bliain Éirí Amach 1916




*Póstar faoi scannáin faisnéise a thaispeáint*




*Michael Owens, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí agus na scannáin faisnéise á gcur i láthair aige.*

Is i bPáirc Phobail Bhaile Átha an Rí a seoladh an lá cruthaitheachta, spraoi agus foghlama agus ba é Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly a d'oscail an t-imeacht sin go hoifigiúil.




*Marian Donohue, Comhordaitheoir Éire Ildánach, in éineacht le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly le linn oscailt oifigiúil Chruinniú na Cásca a d'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe.*

Tháinig teaghlaigh le chéile chun páirt a ghlacadh sa spraoi cruthaitheach: triail a bhaint as boghdóireacht leaiste, lámhchleasaíocht, druma a bhualadh, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i gceardlanna ealaíon agus ceardaíochta, agus féachaint ar chleachtóirí ceardaíochta traidisiúnta i mbun oibre.



*Boghdóireacht Leaiste*



*Lámhchleasaíocht le linn Shorcas Pobail na Gaillimhe*



*Sam Beardon i mbun Snoíodóireacht Adhmaid*



*Ceardaíocht agus Deileadh Adhmaid in éineacht le Máirtín Davy*

Bhí cuid mhór le feiceáil agus le déanamh, lena n-áirítear tóraíocht taisce, múnlú balún, péinteáil aghaidhe, Comhrá Gaeilge, agus ainmhithe le feiceáil agus bhíothas in ann spléachadh a fháil ar shaol iontach na beachaireachta.






*'The Wheel Barrow & the Accordion' – siamsaíocht faoi lán seoil*

Ba é 'The Wheel Barrow & the Accordion' a chuir siamsaíocht agus damhsa ar fáil.

Bhí mír ollmhór clos-amhairc inardaithe dealbhóireachta ann, is é sin, 'The Gramaphone', chun ceol de chuid bhlianta na tréimhse 1920-1940 a sholáthar agus bhí damhsa ann i gcomhar le Kidisco.




*Gramafón de chuid bhlianta na 1920-idí, curtha ar fáil ag Donnacha Cahill*



*Siúlóirí ar Chosa Croise – Gliondar*

I leabharlann Bhaile Átha an Rí, tháinig leanaí le chéile chun éisteacht le scéalta iontacha a bhí á insint ag Pat Speight atá i measc na scéalaithe is mó aithne in Éirinn agus atá ag buanú ealaín mharthanach agus thraidisiún béil na scéalaíochta i measc daoine óga agus aosach.



*Pat Spieght, scéalaí*




*Róisín Mannion, Spraoi*

Chuir Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí imeachtaí ceardaíochta lán de spraoi ar fáil chun leanaí a choimeád gnóthach agus iad i mbun earraí ceardaíochta Cásca a dhéanamh i rith an lae. Chuir Caisleán Bhaile Átha an Rí turais threoraithe ar fáil chun ligean do dhaoine blaiseadh a fháil eispéireas an chaisleáin. Bhí Frans Photobooth ann chun grianghraf cuimhneacháin a sholáthar do theaghlaigh lena thabhairt abhaile.



Chun críoch a chur le himeacht Chruinniú na Cásca bhí ceolchoirm iontach sa Halla Pobail. Ba é Spraoi a chuir bailchríoch ar fheabhas ar an imeacht cultúir seo do dhaoine i ngach aoisghrúpa trí thaibhiúcháin amhránaíochta, ceoil agus damhsa den scoth a chur ar fáil agus Jo Vahey (as seirbhís Leabharlann na Gaillimhe) a chomhordaigh an t-imeacht.



*Ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí Spraoi ag ceolchoirm Chruinniú na Cásca: Clé go Deas: Jo Vahey, Padraic Mannion (Damhsóirí) Colin Matthews, Aoife Shiels, Lynne McNally, in éineacht le Carmel Dempsey, Frankie Counihan, Brenda Curtin Diviney, Roisin Mannion.*





*Roisín Mannion, Emmet Greaney, Colm Mannion, Tomas Frankie Counihan in éineacht le Roisín, Emmet, Colm & Tomas Mannion (ceoltóirí) agus Aoife Shiels ag damhsa*



*Padraic Mannion ar an mBodhrán*



*Jo Vahey, seirbhís Leabharlann na Gaillimhe agus comhordaitheoir Spraoi*



*Anna Shiels, Lynne McNally agus Roisin Mannion*



*Emily Greaney, Spraoi*



*Carmel Dempsey, Spraoi*



*Anna Shiels, Lynne McNally, Aoife Shiels*



*An slua ag baint taitnimh as ceolchoirm Spraoi*



*Radharc ar an bpáirc phobail*


*(Íomhánna: Comhairle Chontae na Gaillimhe/ Grianghrafadóir Hany Marzouk)*

D'éirigh go fíormhaith le Cruinniú na Cásca agus bhí suas le 7,000 duine i láthair ag an imeacht a d'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Phobal Bhaile Átha an Rí, Bailte Slachtmhara Bhaile Átha an Rí, Leabharlann Bhaile Átha an Rí, Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, Caisleán Bhaile Átha an Rí/Oifig na nOibreacha Poiblí, Líonra Staire Bhaile Átha an Rí, Clubanna Scannán na Gaillimhe & Bhaile Átha an Rí, agus fuarthas maoiniúchán ó Éire Ildánach agus oibríodh i gcomhpháirt le healaíontóirí, le ceardaithe agus le siamsóirí áitiúla.

**Plean Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2017**

D'éascaigh Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe comhairliúchán poiblí tráthnóna an 25 Aibreán 2017 i gCaisleán Chluain Mhic Cáinín chun míniú a thabhairt don phobal ar Chlár Éire Ildánach agus chun smaointe a fháil i dtaobh conas a cheapfadh daoine den phobal go bhféadfaidís rannchuidiú sainiúil a thabhairt i leith chlár Éire Ildánach.






| | |
|---|---|
| *Imeacht comhairliúcháin phoiblí faoi Éire Ildánach i gCaisleán Chluain Mhic Cáinín* | *Plean Cultúir & Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2017* |


Rinne an Taoiseach a bhí ann an tráth sin, Éanna Ó Cionnaith, Pleananna Cultúir agus Cruthaitheachta na n-údarás áitiúil go léir a sheoladh ar an 25 Bealtaine agus sheol an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Connolly, Plean Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bPáirc Rinn Mhíl Dé Máirt, an 30 Bealtaine.



*An Mheitheal Cultúir in éineacht le Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connelly, ag lainseáil Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2017- 2022 (Éire Ildánach)*

I bPlean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017, leagtar amach tús ról Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa tionscnamh cúig bliana seo, ar tionscnamh fíorthábhachtach beartais é atá dírithe ar chúrsaí cultúir agus folláine.
Seo a leanas tionscnaimh áirithe atá san áireamh i bPlean Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2017:

**Oidhreacht Ghastranamaíochta na Gaillimhe**
Bhí foghlaim idirghlúine i measc na moltaí a fuarthas le linn cheardlann phoiblí Éire Ildánach. Mar fhreagra air sin, chuaigh Rannóg Oidhreachta, Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Cartlannaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mbun oidhreacht shaibhir ghastranamaíochta na Gaillimhe a thaifeadadh ar a láithreán gréasáin, is e sin, http://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/galways-gastronomic-heritage, agus rinneadh an obair sin i gcomhpháirtíocht le grúpaí agus le líonraí áitiúla oidhreachta, le scoileanna, le daoine aonair agus le Músaem Saoil Tuaithe Ard-Mhúsaem na hÉireann.
Bhí an tionscadal faoi lán seoil faoi dheireadh na bliana 2017 agus bhí os cionn 800 ítim uaslódáilte ag grúpaí pobail áitiúil etc., is é sin le rá faisnéis/scéalaíocht/oidis.







*(Dearadh meirge: Damien Goodfellow)*

Is tionscadal an-oiriúnach é seo ós rud é gur bronnadh gradam ar Ghaillimh mar Réigiún Gastranamaíochta 2018 agus chuir sé sin deis ar fáil chun ár ndaoine scothaosta, ár leanaí agus ár bpobail nua a áireamh i gcomheispéireas ár gcultúr bia agus ár dtraidisiún bia ar réimsí iad ina bhfuil an oidhreacht ina gné thábhachtach, gan trácht ar na cuspóirí forleathana de chuid an ainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíocta na hEorpa a chur san áireamh.



*Seoladh 'Tionscadal Oidhreacht Ghastranamaíochta na Gaillimhe' i gCaisleán Bhaile Chláir ar an 6 Meán Fómhair 2017*



*(Íomhá le caoinchead Ghrúpa Oidhreachta Chill Fhir Iarainn - láithreán gréasáin Oidhreacht Phobal na Gaillimhe)*

**Ailtireacht Cheannródaíoch**

Tuairim eile a nochtadh le linn cheardlann phoiblí Éire Ildánach ab ea úsáid a bhaint as spásanna poiblí le haghaidh cruthaitheacha agus, cé nach bhfuil maoiniúchán ar fáil faoi chlár Éire Ildánach chun oibreacha caipitiúla a dhéanamh, is é atá i bhféile 'Architecture is … On the Edge (Æ)' ná tionscadal a sheoltar in éineacht le Rannóg Caomhantais Ailtireachta na Comhairle trínar iarradh ar gach saoránach fiosrú a dhéanamh faoina gcathair agus faoina gcontae. Tá smaoineamh simplí, cé gur smaoineamh cumhachta é, taobh thiar den tionscadal: is é sin le rá, an ailtireacht a chur ar taispeáint le gur féidir le gach uile dhuine blaiseadh a fháil uirthi saor in aisce. Dhírigh 'Architecture is … On the Edge 2017 (Æ)' ar théama na tithíochta agus ba é an teideal a bhí air ná 'Architecture is ... Home' agus seoladh é thar an deireadh seachtaine ón 29 Meán Fómhair go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2017.

Le linn na féile, bhí os cionn 25 foirgneamh, idir phoiblí agus phríobháideach, ar oscailt don phobal agus bhí cuid mhór de na hailtirí a dhear na foirgnimh ann chun turais threoraithe a chur ar fáil i measc na mbuaicphointí, áiríodh Díseart Cléircheáin, Creachmhaoil, Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ros Muc agus tithe príobháideacha comhaimseartha amhail Teach Chill Fhir Iarainn, Cill Chlocháin, arbh é an t-ailtire duaisbhuaiteach, Richard Murphy OBE, a dhear é.







*Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, An Gort Mór* *Teach Chill Fhir Iarainn, Cill Chlocháin*

*(Fuarthas an íomhá ó: https://www.architectureattheedge.com/)*

***Literature on the Move – Galway's Great Read***

Mar chuid den aiseolas a fuarthas ó cheardlann phoiblí Éire Ildánach, nochtadh tuairimí éagsúla lena n-áirítear tacú le saothar daoine cruthaitheacha, leas a bhaint as ár spásanna poiblí cruthaitheacha agus tuilleadh béime a leagan ar chultúr agus ar theanga na hÉireann. Chuaigh an rannóg leabharlainne i mbun tionscadail dar teideal *Literature on the Move – Galway's Great Read* agus arb é is aidhm dó ná spreagadh a thabhairt do dhaoine i leith atosú ar léamh ar mhaithe le pléisiúr agus a iarraidh orthu cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil agus freastal ar imeachtaí.








Bhí an tionscadal bunaithe ar shaol agus ar shaothar Phádraic Uí Chonaire. D'óstáil brainsí leabharlainne imeachtaí ar fud na cathrach agus an chontae agus rinneadh sraith amharcealaíon agus gné bhunscoile agus mheánscoile a thabhairt isteach sa chlár.

***Songs for Our Children* –Tionscadal taighde, cumadóireachta agus taibhithe faoi réimse na hamhránaíochta**

Le tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2017-2018, d'oibrigh amhránaí traidisiúnta Chonamara, Ceara Conway, le comhordaitheoirí 'Songs for Our Children' agus le deichniúr rannpháirtithe eile chun amhráin nua a chumadh sa stíl thraidisiúnta, ar amhráin iad a bheadh oiriúnach do leanaí. Tá Ceara Conway le bheith páirteach i gceolchoirm 'première' i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus beidh sí i mbun ceardlainne/cur i láthair i gContae na Gaillimhe os comhair lucht féachana/éisteachta in ionad atá le socrú sa bhliain 2018.

Is tionscadal náisiúnta é *'Songs for our Children'* atá ceaptha agus comhordaithe ag Aileen Lambert agus Michael Fortune, le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus ó Údaráis Áitiúla Luimnigh, Thiobraid Árann, an Chláir, Loch Garman, Chill Dara, na Mí, Lú agus Phort Láirge agus, chomh maith leis sin, ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

**Féile Téaduirlisí Bhéal Átha na Sluaighe**

Ceiliúradh ceoil dhá lá a raibh Téaduirlisí mar a bheadh snáithe ceangail ann lena linn - ceiliúradh lenar cuireadh tallann trasdisciplíneach den scoth amháin ar taispeáint ar an 14 agus ar an 15 Iúil 2017. Ba í an bhliain 2017 bliain tionscnaimh Fhéile Téaduirlisí Bhéal Átha na Sluaighe agus baineadh úsáid as maoiniúchán ó Chlár Éire Ildánach ina leith. Thar an dá lá, d'óstáil Gailearaí na hEaglaise, i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, éagsúlacht mhór d'amhránaithe agus de cheoltóirí, ón áit agus isteach thar sáile.

Tharraing an fhéile meascán ceoltóirí a bhfuil cáil ar fud an domhain orthu agus ceoltóirí atá ag teacht chun cinn faoi láthair le chéile. Ba é fís na féile ealaín ardleibhéil a chruthú i bhfoirm ceol agus ceoldrámaíocht ildisciplíneach a bhí ar oscailt do chách. https://stringsfestival.ie/




*Banna Bhaile Bhéal Átha na Sluaighe ag seinm le linn na Féile Téaduirlisí*

**Cruinniú na Cásca**
*Draíocht - Experience the Magic of Creativity* a bhí mar théama le haghaidh imeacht tionscnaimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le Cruinniú na Cásca agus seoladh an t-imeacht sin i mBaile Átha an Rí ar an 17 Aibreán, 2017.

D'éirigh thar barr le himeacht Chruinniú na Cásca agus d'fhreastail suas le 7,000 duine ar an imeacht a seoladh i sé shuíomh ar fud bhaile meánaoiseach Bhaile Átha an Rí.




**Tairseach Chultúir agus Oideachais**
Mar chuid den aiseolas a fuarthas ó cheardlann phoiblí Éire Ildánach, nochtadh an tuairim gur ceart forbairt a dhéanamh ar thairseach áit a mbeadh teacht ar chur síos ar na himeachtaí ar fad i nGaillimh. Tairgeann Comhairle Chontae na Gaillimhe raon leathan seirbhísí nuálacha do scoileanna (Bratach Ghlas, Maor Sóisearach, Oidhreacht i Scoileanna, cláir Spóirt, cláir Ealaíon) agus tá an oifig Ealaíon agus Pobail & Fiontraíochta le breithniú a dhéanamh i dtaobh mapáil a dhéanamh i leith na hoibre sin in aon áit amháin chun rochtain éasca a chur ar fáil do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do mhic léinn ar an iliomad deiseanna iontacha a chuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil.

# CUR CHUN CINN NA GAEILGE

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta i leith seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú agus i leith leanúint de na hoibleagáidí ábhartha atá uirthi faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh agus, chomh maith leis sin, i leith an Scéim Teanga a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, féachann an Chomhairle le tacú leis an nGaeilge, agus leis an nGaeilge a chur chun cinn, ar fud an Chontae. Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a ndeachthas ina mbun sa bhliain 2017:

**Seachtain na Gaeilge**

I mí an Mhárta, rinneadh clár mionsonraithe le haghaidh Sheachtain na Gaeilge a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear comórtais, imeachtaí agus taispeántais a eagrú don fhoireann agus don phobal i gcoitinne.






*Ceolchoirm Am Lóin (Ceadal Am Lóin) Dé Luain 13 Márta, 2017 Atrium, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc Gaillimh*

**Scoil Samhraidh an Phiarsaigh / Pádraig Pearse Summer School**

Seoladh Scoil Samhraidh an Phiarsaigh 2017 /Pádraig Pearse Summer School 2017 den tríú huair i Ros Muc thar thréimhse trí lá ar an 27/28/29 Iúil 2017. Le linn Scoil Samhraidh an Phiarsaigh 2017, rinneadh ceiliúradh ar shaol Phádraig Mhic Phiarais, ar a fhís agus ar na saincheisteanna a raibh sé díograiseach ina leith: an Ghaeilge, oideachas, litríocht agus nithe nach iad.
Is é laoch na réimse craoltóireachta spóirt, Micheál Ó Muircheartaigh, a lainseáil an Scoil Samhraidh ar an Déardaoin agus, ina dhiaidh sin, bhí rogha mhór siamsaíochta ann, lena n-áirítear an damhsóir áitiúil sean-nóis, Róisín Ní Mhainín, an t-amhránaí sean-nóis, Caitlín Ní Chualáin, agus na ceoltóirí Neansaí Ní Choistealbha agus Colm Gannon. Ar an Aoine, cuireadh am ar leataobh le haghaidh ceann de phríomhthéamaí na scoile samhraidh, is é sin, 'An mairfidh an Ghaeilge mar Theanga Pobail sa Ghaeltacht?' Bhí díospóireacht phainéil ann mar chuid den lá. San iarnóin, tugadh cur i láthair ar Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, a osclaíodh go gairid roimhe sin, agus bhí díospóireacht phainéil ann ina dhiaidh sin maidir le Caitlín Maude. Tháinig an Scoil Samhraidh chun críche maidin Dé Sathairn le turas oidhreachta in éineacht leis an treoraí saineolach, Seosamh Ó Cuaig.




Ina theannta sin, rinneadh físeán poiblíochta faoi Scoil Samhraidh an Phiarsaigh.






| | |
|---|---|
| *Michéal Ó Muircheartaigh agus é ag lainseáil Scoil Samhraidh an Phiarsaigh i Ros Muc* | *Neansaí Ní Choistealbha agus Colm Gannon in éineacht le damhsóir sean-nóis áitiúil, Róisín Ní Mhainín* |


Fíbín i mbun gníomhaíochta


An Cathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion





| | |
|---|---|
| Deirdre Caulfield, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seán Ó Tuairisg, Eimear Dolan, Rúnaí Contae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Úna Ní Eidhin, Oifigeach Forbartha na Gaeilge, Oifigeach Gaeilge | Díospóireacht phainéil |



Díospóireacht phainéil faoin bhfile clúiteach Gaeilge, Caitlín Maude

**Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2017**

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais 2017 a chur ar fáil arís i mbliana i gcomhar le Coláistí Samhraidh i gConamara.

Soláthraíodh deich scoláireacht ar fad do mhic léinn dara leibhéal i gContae na Gaillimhe chun freastal ar Chúrsaí Samhraidh Gaeltachta agus mhaoinigh Comhairle Chontae na Gaillimhe sé cinn díobh go hiomlán agus rinneadh na cinn eile a pháirtmhaoiniú i gcomhar leis na Coláistí.

**Scéim Teanga Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

Cuireadh tús le dréachtú an tríú Scéim Teanga do Chomhairle Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2017 agus rinneadh athbhreithniú inmheánach ar an Dara Scéim Teanga.

I rith na bliana 2017, leanadh den chóras láraithe a bhaineann le huasdátú agus leasú an laithreáin gréasáin d'fhonn a chinntiú go bhfuil An Scéim Teanga á comhlíonadh.

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile chun iad a chur ar an eolas faoinár Scéim Teanga agus chun a chinntiú go ndéantar bearta na Scéime a chur i bhfeidhm nuair atá sé sin indéanta ag an gComhairle e.g. tugadh tacaíocht agus comhairle, agus seirbhísí profléitheoireachta d'Fháilte Éireann maidir leis an bhforbairt a dhéanann siad ar shraith painéal léirmhíniúcháin do Chonamara - "*Conamara – Fiáin go smior / Wild at Heart*".

**Oifig an Choimisinéara Teanga**

Lean an Comhairle de bheith ag comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga chun déileáil le saincheisteanna a bhí ardaithe ag daoine den phobal maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus maidir le reachtaíocht a bhaineann leis an nGaeilge.

**Tacaíocht Phobail**

Rinneadh an Ghaeilge a chur san áireamh go sonrach mar chatagóir sa Scéim Tacaíochta Pobail sa bhliain 2017. Ceadaíodh deontais iomlána €4,525.00 do thionscadail i Scoileanna agus in Eagraíochtaí Pobail & Deonacha chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge agus le méadú ar úsáid na Gaeilge.

**Cur chun cinn na Gaeilge**

Ina theannta sin, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe dá tacaíocht do chur chun cinn na Gaeilge i bpobail ar fud an Chontae trí chabhair a thabhairt maidir le himeachtaí amhail Craobhchomórtas Balún Aeir The na hÉireann, an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta etc. a chur chun cinn sna Meáin Ghaeilge - Raidió agus Teilifís. Rinneadh agallaimh i nGaeilge ar an láthair.

Cuireadh an seoladh ríomhphoist gaeilge@cocogaillimh.ie chun cinn i measc na gcustaiméirí mar chuid de sholáthar feabhsaithe seirbhíse.

Leanadh d'fheasacht a mhéadú i measc na foirne maidir leis na hoibleagáidí faoin reachtaíocht a bhaineann leis an nGaeilge agus rinneadh amhlaidh trí sheisiúin faisnéise a bhí ann le linn cúrsaí ionduchtúcháin i ndáil le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga.

Eagraíodh ranganna Gaeilge (ag leibhéal tosaitheora agus ag leibhéal idirmheánach) d'fhoireann agus do Chomhaltaí Tofa na Comhairle.

## SÓCMHAINNÍ STAIRIÚLA

### Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí

Thug an Chomhairle maoiniúchán d'Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí atá suite in Eaglais Mhuire i lár Bhaile Átha an Rí, atá ar úinéireacht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus foléasaithe leis an gComhlachas Forbartha a dhéanann formhaoirseacht ar bhainistíocht an Ionaid. Fostaíonn an tIonad Bainisteoir Ionaid agus foireann trí leas a bhaint as scéimeanna éagsúla. Mar thoradh ar an maoiniúchán, bhíothas in ann poiblíocht a dhéanamh, imeachtaí a reáchtáil agus cothabháil bhunúsach a dhéanamh ar an tsócmhainn stairiúil seo a mheall os cionn 4,000 cuairteoir sa bhliain 2017.



*Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí*


### Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma


Tá Lárionad Cuairteoirí Chath Eachroma, ina soláthraítear faisnéis faoi Chath na bliana 1691, á bhainistiú agus á mhaoiniú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Is féidir dul siar sa stair ag Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma agus ag Rian an Chatha, a bhfuil duaiseanna buaite acu, agus spléachadh a fháil ar cheann de na cathanna is stairiúla de chuid na hEorpa, ar cath é a d'athraigh cúrsa stair na hÉireann. Bhí Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma ar oscailt i rith na tréimhse ón 29 Bealtaine go dtí an 1 Meán Fómhair 2017.


*Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma, in aice le hÁit Súgartha agus Páirc an Phobail, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe*

Sa bhliain 2017, lean Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma de bheith ag éascú Turais bhreise Scoile agus Grúpa agus cuireadh an tsaoráid chun cinn sa réigiún agus ar mheáin shóisialta.

Rinne Anthony Daly aithris dhrámaithe de Chath Eachroma, le Richard Murphy, in Ionad Léirmhíniúcháin Eachroma ar an 22 Iúil.






Sheol an tIonad sraith ceardlann agus imeachtaí sa bhliain 2017 mar chuid den tSeachtain Oidhreachta, lena n-áirítear '*Talk about & Walk about Tour'* le George Geraghty & James Treacy a bhain le Cath Eachroma agus Léigear Bhaile Átha Luain 1690.







*'Talk about & Walk about Tour' le George Geraghty & James Treacy*

Déantar an tIonad a chur chun cinn freisin i gcomhpháirtíocht leis na príomhóstáin agus na príomhsholáthróirí cóiríochta agus ar *Discover Ireland*. Tugann an Lárionad cúnamh do ghrúpaí áitiúla trí ghníomhaíochtaí turasóireachta áitiúla a chur chun cinn sa réigiún, lena n-áirítear rianta timpeall Láthair an Chatha agus nasc le Bealach Ó Maine in aice láimhe, is é sin le rá, an bealach fadachair rothaíochta agus siúil.

**Teampall Naomh Aindriú, Cill Chonla, Tuaim**

Cuireadh an dara céim de na hOibreacha beartaithe Comhdhlúthaithe, Cobhsaithe agus Sábháilteachta ar Theampall Naomh Aindriú, Cill Chonla, Tuaim, i gcrích agus maoiníodh na hoibreacha go páirteach arís trí dheontas faoi "Ciste na nDéanmhas i mBaol". Ba é a bhí sa dara céim den tionscadal ná comhdhlúthú agus cobhsú na hoibre cloiche ardleibhéil go léir ar an gcloigtheach agus, chomh maith leis sin, déanfar clúdach rindreála aoil a chur ar na leibhéil uachtaracha oibre cloiche sa chéad chúrsa sreinge Rinneadh gáitéarlach nua báistí agus sloic suaite a shuiteáil freisin.

Tá an foirgneamh aimsir-dhíonach anois agus déileáladh leis na rioscaí sábháilteachta go léir.



**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

## Cóiríocht Oifige

- Lean Seirbhísí Corparáideacha de sheirbhísí airíochais agus bainistithe saoráidí a sholáthar i ndáil le gréasán oifigí, leabharlanna agus feidhmeanna cathartha na Comhairle.
- Rinne Seirbhísí Corparáideacha próiseas atairisceana a sheoladh maidir leis na Conarthaí Cothabhála i ndáil le hAláraim Dhóiteáin, Soilsiúchán Éigeandála, Aláraim Ionraidh, CCTV & feabhsuithe Bonneagair Rochtana ar feadh tréimhsí breise suas go 4 bliana.
- Rinneadh feabhsuithe bonneagair i roinnt Leabharlann Brainse, lena n-áirítear Órán Mór agus an Gort.

## Bainistíocht Fuinnimh & Tionscnaimh Laghdaithe Fuinnimh

- Mar thoradh ar thionscnaimh laghduithe fuinnimh a cuireadh i gcrích sna Blianta 2015 agus 2016, lean Áras an Chontae dá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh oibríochtúil (BER), is é sin, C1, a choinneáil, rud atá taifeadta ar a Dheimhniú Fuinnimh Taispeána don bhliain 2017.
- Tá Deimhnithe Fuinnimh Taispeána faighte ag 18 cinn d'fhoirgnimh na Comhairle agus tá na deimhnithe sin ar taispeáint. Déantar comhordú ina leith sin i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach/Chill Chainnigh.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Déantar Iniúchtaí Sláinte & Sábháilteachta go tráthrialta i gcomhréir le cur i bhfeidhm Phlean Bainistithe Sláinte & Sábháilteachta na Comhairle.

Cuireadh tuilleadh oibreacha sábháilteachta i gcrích i Leabharlann an Ghoirt trí dhréimirí sábháilteachta speisialaithe a shuiteáil chun rochtain a chur fáil ar an gCloigtheach, córais braite & aláraim dóiteáin, rampa rochtana agus doras rochtana ag cúl na leabharlainne a shuiteáil.

## Iniúchadh Inmheánach

Is é Plean Iniúchta Inmheánaigh 2017 an clár bliantúil oibre agus tarraingíodh suas é i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an gCoiste Iniúchta agus le Ceann na Foirne Iniúchta Inmheánaigh.
Sa phlean sin, bhí 10 réimse ann a bhí le hiniúchadh agus críochnaíodh tuarascálacha iniúchta ar na réimsí seo a leanas agus tíolacadh don Choiste Iniúchta iad ag cruinnithe éagsúla a seoladh i rith na bliana 2017.

- Rinneadh athbhreithniú ar an stádas maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm moltaí ó iniúchtaí a bhí ann i dtuarascálacha iniúchta 2016.
- Próisis agus rialuithe an Oifig Fiontair Áitiúil maidir le deontais a cheadú/íoc.
- Rinneadh athbhreithniú leanúnach agus uasdátú maidir leis na saincheisteanna a ardaíodh i dtuarascáil an Iniúchóra Rialtais Áitiúil sa bhliain 2016.
- Seiceálacha diana ar chaiteachas chaipitiúil agus ar chaiteachas ioncaim mar chuid de Thuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí a sholáthraítear don Choimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht.
- Tástáil ar chomhlíonadh i ndáil leis na téarmaí agus na coinníollacha a ghabhann le húsáid Cártaí Ceannaigh Íseal-Luacha agus Cártaí Breosla
- Aisíocaíochtaí Mótarchánach - nósanna imeachta agus rialuithe
- Athbhreithniú ar théarmaí an chomhaontaithe ceadúnais le Coral Leisure Ltd i ndáil le hoibriú ionaid fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe agus Thuama.

Cuireadh tús leis na hiniúchtaí eile de chuid phlean oibre na b liana 2017 i rith na bliana 2017 ach níor críochnaíodh iad go dtí Eanáir 2018 agus leagfar torthaí na hoibre sin os comhair an Choiste Iniúchta i rith na bliana 2018.

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur i gcrích mar chuid d'fheidhm seiceála & comhréitigh na nIniúchtaí Inmheánacha:

- Seiceáil ar fháltais i gcomparáid le taiscí i leith Mótarchánach, agus scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid a choinnítear i ndáil le dioscaí cealaithe agus dioscaí cánach dúblacha.
- Stocáireamh bliantúil agus leathbhliantúil in oifigí Mótarchánach Bhéal Átha na Sluaighe, na Ceathrún Rua agus Áras an Chontae.
- Athbhreithnithe tréimhsiúla ar fháltais de chuid oifigí airgid thirim Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomparáid le taiscí, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar fháltais chealaithe bailitheoirí ioncaim.

## Seirbhísí Comhairleacha Dlí

- Chuir an Oifig comhairle dhlí ar fáil go díreach don Phríomhfheidhmeannach agus do na Stiúrthóirí maidir le gach réimse cláir agus maidir le saincheisteanna de réir mar a tháinig siad chun cinn.

- Chuir an Roinn seirbhísí dlí ar fáil i ngach réimse cláir, lena n-áirítear ceannach agus díol maoine, dlíthíocht a sheoladh lena n-áirítear Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche, Dlíthíocht sa Chúirt Chuarda, san Ard-Chúirt, sa Chúirt Achomhairc agus sa Chúirt Uachtarach, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach.

- Go háirithe, ba chodanna substaintiúla d'obair na bliana 2017 iad Dlíthíocht Chúirte Dúiche (Rátaí, Forfheidhmiú Pleanála agus ionchúisimh chomhshaoil, Athbhreithniú Breithiúnach agus fáil talún a chur i gcrích ar bhealaí idiruirbeacha agus aonaid chónaitheacha a fháil.

- Tá an Córas Bainistithe Cás, trína n-éascaítear úsáid teimpléad chun sreabhadh oibre a chruthú ar mhaithe le soláthar seirbhísí dlí atá éifeachtúil agus cost-éifeachtach, á uasdátú i gcónaí agus cuirtear i bhfeidhm é i réimsí oibre eile.

- Leanadh den obair a bhaineann le huasdátú ár gCláir Tailte agus le bailchríoch a chur air.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

## CLÁR FORBARTHA NA SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Lean Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe de sheirbhís luachmhar a sholáthar do phobail agus do dhaoine aonair sa bhliain 2017. Tá tábhacht fós ag leabharlanna i measc leanaí, dhaoine fásta agus theaghlaigh Chathair agus Chontae na Gaillimhe.

Cuimsíonn gréasán Leabharlanna Chontae na Gaillimhe an méid seo a leanas:
- 29 Leabharlann Brainse
- Seirbhís Leabharlainne Shoghluaiste
- Seirbhís Scoile do Bhunscoileanna
- Clos-Seirbhís do Dhaoine Lagamhairc
- Seirbhís Staire Áitiúil
- Cartlann

29,034 bhall ghníomhacha a bhí ann i Leabharlanna na Gaillimhe sa bhliain 2017.

Tugadh 583,520 cuairt ar ár gcuid Leabharlann agus bhí 52,271 seisiún idirlín ann, mar aon le 62,118 seisiún wi-fi.
814,631 a bhí sa líon ítimí a eisíodh/athnuadh sa bhliain 2017. Gan athnuachan a áireamh, ach úsáid acmhainní áirithe ar líne (Proquest, RB Digital, Mango Languages) á chur san áireamh, is é a bheadh san fhigiúr sin ná 571,675. (Táscaire NOAC)
D'íoslódáil baill na Gaillimhe 9,767 r-leabhar agus 7,486 ríomh-chlosleabhar.

**Forbairtí sa bhliain 2017**

- Críochnaíodh oibreacha athnuachana agus rochtana i Leabharlann an Ghoirt.
- Ina theannta sin, rinneadh oibreacha uasghrádaithe i leabharlann Órán Mór.
- Mar thoradh ar an gcóras Dáiliúcháin Náisiúnta, tá bailiúcháin na leabharlann poiblí go léir oscailte do phobail tuaithe na Gaillimhe. Chuir leabharlanna na Gaillimhe 33,602 áirithint i gcrích sa bhliain 2017. Baineann sé sin le cásanna ina n-iarrann ball leabharlainne ítim nach bhfuil ar fáil ina bhrainse nó ina brainse áitiúil.
  Tá aiseolas an-dearfach faighte ón bpobal i leithe na seirbhíse seo. Is ábhar iontais dár bpátrúin go bhfuil an oiread sin teideal as cló agus an oiread sin leabhar a bhaineann le cúrsaí ar leith ar fáil agus go bhfuil rochtain le fáil ar theidil nua. Tá an leabharlann phobail tar éis teacht chun bheith ina áis thábhachtach oideachais do cheantair de chineál iargúlta agus, ós rud é gur féidir leabhair a ordú ar líne agus iad a bhailiú ina dhiaidh sin, tá méadú tagtha ar thábhacht na leabharlainne do gach duine sa cheantar lena mbaineann.
- Leanadh de na cláir maidir le Litearthacht Dhigiteach, lena n-áirítear ranganna IT sna leabharlanna brainse is mó, rud a éascaíonn Aoisghníomhaíocht Éireann, Vodafone agus Comhaontas Tuaithe. I measc na dtionscnamh a bhí ann, áiríodh leathnú na ranganna

*Digitise the Nation* chuig leabharlanna na Ceathrún Rua, Dhún Mór, Bhaile Locha Riach, Phort Omna & Dhún an Uchta.

- Cuireadh oiliúint do chustaiméirí agus do bhaill foirne ar fáil freisin maidir leis an raon acmhainní ar líne atá ar fáil anois. Rinne baill leabharlann na Gaillimhe 9,767 r-leabhar agus 7,486 ríomh-chlosleabhar a íoslódáil sa bhliain 2017. Is ionann an figiúr sin agus 13% den líon leabhar a íoslódáladh ar bhonn náisiúnta.
- Tá úsáid acmhainní ar líne ag méadú i gcónaí agus táthar ag leanúint den úsáid sin a chur chun cinn. r-irisí, cúrsaí r-fhoghlama ar líne a bheith ar fáil
- I measc na réiteach IT do chustaiméirí, áiríodh suiteáil SurfBox i roinnt leabharlann. Ligeann SurfBox do dhaoine den phobal ordú i leith priontáil a chur chuig printéir ina leabharlann áitiúil. Is féidir ordú i leith priontáil a dhéanamh sa bhaile agus scaoiltear é agus bailítear é sa leabharlann. Táthar tar éis SurfBox a shuiteáil sa Bhaile Bán, i gCathair na Gaillimhe, sa Taobh Thiar, i dTuaim agus i mBaile Locha Riach. Tairgeann Princh an tseirbhís chéanna agus tá sé sin suiteáilte sna trí leabharlann seo a leanas: – An Clochán, Dún Mór agus Maigh Locha.



*Na hoibreacha críochnaithe i leabharlann Órán Mór*



*An taobh istigh de Leabharlann an Ghoirt*



*Oibreacha rochtana i Leabharlann an Ghoirt*

## IMEACHTAÍ OIDEACHAIS AGUS CULTÚIR NA SEIRBHÍSE LEABHARLAINNE

**Tá Leabhair agus Léitheoireacht i gcroílár gach ní a dhéanaimid.**

Is mian linn tacú le daoine a mhéid a bhaineann lena ngrá do leabhair agus le saothrú an eolais acu. Soláthraítear rogha leathan ilchineálach leabhar agus ítimí eile d'aosaigh agus do leanaí i ngach réimse den litríocht agus den eolas. Tapaíonn an Leabharlann gach deis chun leabhair agus léitheoireacht a chur chun cinn.

Is moil bhríomhara chruthaitheacha iad leabharlanna:
I measc na n-imeachtaí rialta a bhíonn ann áirítear an méid seo a leanas:

- Taispeántais ealaíne, clubanna leabhar, taibhiúcháin cheoil, Oíche Cultúir, tacaíocht do na Féilte Ealaíon éagsúla ar fud an chontae agus na cathrach;
- Leanann ionaid *Europe Direct* de roinnt imeachtaí bliantúla a éascú i mbrainsí agus mar imeachtaí cianrochtana araon.
- Déantar Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh ar an Spidéal, ar an gCeathrú Rua, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCathair na Gaillimhe.
- Déantar Féile na Bealtaine a cheiliúradh i gcomhar le hAoisghníomhaíocht Éireann, i mí na Bealtaine, in áiteanna éagsúla e.g. Béal Átha na Sluaighe, an Gort, Órán Mór, Cathair na Gaillimhe, Tuaim, an Baile Bán agus an Taobh Thiar.

**Tá an-éileamh ar Ghrúpaí Léitheoireachta**

- Tagann Grúpaí Léitheoireachta le chéile go tráthrialta i gcuid mhór dár Leabharlanna Brainse.
- Tugann leabharlanna tacaíocht do ghrúpaí léitheoireachta príobháideacha freisin trí leabhair agus cóiríocht a sholáthar dóibh.
- Rinneadh Club Leabhar Gaeilge a sheoladh i rith na bliana i Leabharlann na Ceathrún Rua.
- Tagann Grúpaí Léitheoireachta do Leanaí le chéile in áiteanna éagsúla e.g. sa Bhaile Bán, sa Taobh Thiar, in Áth Cinn agus i dTuaim.

**Seirbhísí do Leanaí**

I measc na nithe is tábhachtaí a dhéanaimid i Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe, áirítear cabhrú le leanaí tuiscint a fháil ar an sult atá le baint as léitheoireacht. Is maith le leanaí leabhar amháin ar leithligh a bheith acu lena léamh agus soláthraímid spreagadh agus dreasachtaí de gach cineál ina leith sin.

- Seoladh *Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh* ar fud an chontae agus chláraigh 4,500 leanbh le haghaidh an dúshláin agus chríochnaigh 3,150 leanbh díobh an dúshlán. Bhronn Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus comhairleoirí eile, Teastais agus Boinn Léitheoireachta ar na céadta leanaí ag deireadh cóisirí samhraidh ina mBrainsí áitiúla Bhí searmanais bhronnta ann i Leabharlanna Brainse ar fud an Chontae i rith na bliana 2017, lena n-áirítear Baile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, an Cheathrú Rua, Dún Mór, Dún an Uchta, an Gort, Áth Cinn, Baile Locha Riach, Maigh Locha, Uachtar Ard, Port Omna, an Spidéal, Tuaim agus an Ghráig.




***Imeacht Bronnta Réalta an tSamhraidh i Leabharlann Dhún Mór***
*- Linda, Laura, Abbie agus Patrick Long as an Lisín, Gleann na Madadh*




- Ina theannta sin, ghlac leabharlanna brainse páirt in *Spring into Storytime*, ar tionscnamh nua scéalaíochta é a reáchtáiltear i mí Aibreáin mar chuid de chur i bhfeidhm an chláir ar a dtugtar *Ceart Chun Léitheoireachta (Right to Read)*.




- *One Book One Town*: Ghlac Leabharlann Thuama agus Leabharlann an Taoibh Thiar araon páirt san imeacht seo sa bhliain 2017. I gcomhar leis an bhFoireann Idirchaidrimh Baile/Scoile, tugadh spreagadh, tríd an tionscnamh seo, do gach duine an leabhar céanna a léamh. D'fhreastail ranganna as scoileanna áitiúla ar sheisiúin léitheoireachta i Leabharlann Thuama agus i Leabharlann an Taoibh Thiar.

- *One Book, One Island* – Inis Bó Finne - áit ar léigh an pobal ar fad *Wonder.*



*Inis Bó Finne - Seoladh 'Wonder'*

- Rinneadh Féile Leabhar na Leanaí a reáchtáiltear i mí Dheireadh Fómhair a cheiliúradh trí chuairteanna ó údair agus trí imeachtaí scéalaíochta ar thug an Oifig Ealaíon, Comhairle Chontae na Gaillimhe, urraíocht ina leith. Cuireadh tús leis an bhféile i leabharlann an Chlocháin. Thug scéalaithe amhail Nicola Pierce, Debbie Thomas, Ger Siggins agus Alan Nolan cuairt ar Leabharlanna Bhrainse. Thug Little Gem Puppets, Yourman Puppets, agus Imagination Playground, i gcomhar le Babaró, cuairt ar Bhrainsí freisin.

- Tá an-éileamh ar *Storytime for Young Children*, ar imeacht seachtainiúil é i leabharlanna éagsúla e.g. an Baile Bán, Cathair na Gaillimhe, Áth Cinn, an Líonán, Baile Locha Riach, Órán Mór, an Spidéil agus an Taoibh Thiar.




- Ghlac Leabharlanna na Gaillimhe páirt i bhFéile Eolaíochta na Gaillimhe i mbliana. Bhí tinreamh maith ann le linn na n-imeachtaí go léir agus baineadh an-sult astu - club lego Thuama, scéalaíocht STEAM sa Taobh Thiar agus i gCathair na Gaillimhe, agus comórtas scríbhneoireachta scéil a mheall iontrálacha ó áiteanna ar fud na tíre.



*Aidan Courtney i Leabharlann na Ceathrún Rua i rith Mhí na Leabhar do Leanaí*




*Lainseáil Mhí na Leabhar do Leanaí i Leabharlann an Chlocháin*
*agus Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, i láthair*

**Leabharlanna d'Aosaigh agus na hEalaíona**

Is ionann leabharlanna agus moil bheoga chruthaitheacha ina ndéantar cruthaitheacht agus smaointeoireacht a spreagadh agus a chothú. Tá daoine in ann rochtain a fháil ar na hEalaíona trína Leabharlann áitiúil.

- Bíonn Taispeántais Ealaíne ann go tráthrialta i gcuid mhór Leabharlann. Bíonn saothar de chuid ealaíontóirí áitiúla agus ealaíontóirí cuairte ar taispeáint lena linn.
- Tá spás iontach i gcomhair taispeántas ag Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, ag Leabharlann na Ceathrún Rua agus ag Leabharlann an Spidéil agus bhí an-éileamh ar a gcuid taispeántas ar fud na bliana 2017.
- Is é seo an 11ú bliain a bhfuil Conair Ealaíne Oirthear na Gaillimhe ar marthain. Déanann sé cónasc idir ealaíontóirí agus leabharlanna amhail brainsí Bhéal Átha na Sluaighe, Phort Omna, na Gráige, Dhún an Uchta agus Chill Íomair. Sanntar ealaíontóir chuig leabharlann i gcomhair taispeántais, bíonn oscailt oifigiúil ann agus déantar an t-ealaíontóir a chur chun cinn ar feadh trí seachtaine. Is bealach iontach é chun ealaín a chur chun cinn i bpobal áitiúil.

**Ceadail Cheoil**

- I mí Mheán Fómhair, rinneadh Oíche an Chultúir a cheiliúradh i mBaile Átha an Rí, i gCathair na Gaillimhe, sa Spidéal agus i leabharlanna eile ar fud Chontae na Gaillimhe.
- Bíonn imeachtaí rialta ceoil ann i leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe, an Ghoirt, Bhaile Locha Riach, na Ceathrún Rua agus Thuama. I roinnt cásanna, tagann ceoltóirí áitiúla le chéile agus seinneann siad sa Leabharlann.
- Reáchtáladh ceolchoirmeacha earraigh i mBéal Átha na Sluaighe mar chuid de shraith Uile-Chontae Con Tempo agus, sa bhliain 2017, tugadh tús áite do shaothair Hayden.

**Féile Ealaíon**

- Cuimhnítear ar Leabharlann an Chlocháin nuair a luaitear Féile Ealaíon an Chlocháin ón tráth a tionscnaíodh an fhéile sin 30 bliain ó shin. I mbliana, baineadh úsáid as an Leabharlann mar ionad i gcomhair roinnt seisiún léitheoireachta filíochta agus i gcomhair taispeántas ealaíne.
- Thacaigh Leabharlann an Ghoirt le Tionól an Fhómhair i mí Mheán Fómhair agus, ina theannta sin, d'éascaigh sí sraith imeachtaí scríbhneoireachta cruthaithí do leanaí a eagraíonn *Guaire*.
- Thacaigh leabharlanna Thuama, Bhéal Átha na Sluaighe, an Bhaile Bháin agus an Taoibh Thiar le Féile na Cúirte i mí Aibreáin.
- Tá baint ag Leabharlann Bhaile Locha Riach leis an *Baffle Arts Festival* le roinnt blianta anuas.

- Rinneadh Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh ar an Spidéal, ar an gCeathrú Rua, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCathair na Gaillimhe.
- Rinneadh Féile na Bealtaine a cheiliúradh i gcomhar le hAoisghníomhaíocht Éireann, i mí na Bealtaine, in áiteanna éagsúla e.g. Béal Átha na Sluaighe, an Gort, Órán Mór, Cathair na Gaillimhe, Tuaim, an Baile Bán agus an Taobh Thiar.

**Imeachtaí agus Seirbhísí eile don Phobal**


- D'eagraigh Leabharlann na Ceathrún Rua '*Áirneáil an Lae Inniu*' ar fud na bliana 2017. Dhírigh an tsraith rathúil tráthnónta seo ar ghnéithe éagsúla de shaol na tuaithe agus de shaol Chonamara agus d'fhreastail líon mór daoine áitiúla agus cuairteoirí ar na seisiúin.

- D'eagraigh leabharlanna Gaeltachta imeachtaí, i nGaeilge den chuid is mó, ar fud na bliana go háirithe leabharlanna na Ceathrún Rua, an Spidéil, Inis Meáin, Inis Oírr agus Chill Rónáin.

- Chuir an tSeirbhís Leabharlainne Shoghluaiste leabhair ar fáil do roinnt Lárionad Sláinte agus do roinnt lárionad pobail tuaithe ar fud na bliana agus, chomh maith leis sin, soláthraíodh leabhair do léitheoirí nach féidir leo imeacht óna dteach cónaithe.

- Clár imeachtaí na seirbhíse leabharlainne soghluaiste in Ionad Oidhreachta Ghallaigh agus i dTeach Altranais *Central Park*, Cluain Bheirn.

- I gcomhar le comhpháirtithe pobail, sheol Leabharlann Phoiblí Westside an chéad 'Lá Teaghlaigh' dá cuid chun spreagadh a thabhairt i leith rannpháirtíocht phobail in imeachtaí leabharlainne. Ba é ab aidhm don lá ná an clár léitheoireachta samhraidh dar teideal 'Réaltaí an tSamhraidh' a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt i leith rannpháirtíocht pobail níos leithne trí bhíthin ceardlann, imeachtaí ceoil, péinteáil aghaidheanna, ceardaíocht balúin agus scéalaíochta. Ghlac 2,500 duine páirt sa 'Lá Teaghlaigh' sin trí fhreastal ar imeachtaí ní trí pháirt a ghlacadh ar na meáin shóisialta.



***Tosach na Saoire*** *- Cuairteoir ar an veain leabharlainne scoile sa Líonán ar an gcéad lá de shaoire an tsamhraidh anuraidh!*

**Tionscnaimh de chuid 'Deich mBliana na gCuimhneachán' agus 'Éire Ildánach'**

Bhí ***Galway's Great Read 2017*** **(Léamh Mór na Gaillimhe)** dírithe ar shaothar Phádraic Uí Chonaire. Mhaoinigh Éire Ildánach an clár seo.

Bhí clár an imeachta dírithe ar shaol, ar shaothar agus ar oidhreacht Uí Chonaire. Tionscnamh nua de chuid *Great Read 2017* ab ea sraith amharcealaíon agus gné bhunscoile agus mheánscoile a thabhairt isteach sa chlár. Oibríodh le múinteoirí agus le mic léinn i scoileanna ar fud an Chontae chun saol Uí Chonaire agus a shaothar, i nGaeilge agus i leaganacha aistrithe, a chur os comhair lucht léitheoireachta níos óige. Roghnaíodh scoil amháin i ngach Ceantar Bardasach ar leith.




*Seoladh 'Galway's Great Read'*




*Oíche Mhór 'Galway's Great Read' - Clé go Deas: Sharon O'Grady, Oifigeach Ealaíon agus Comhordaitheoir Éire Ildánach, Catherine Gallagher, Leabharlannaí Contae, Diarmuid de Faoite, Aisteoir, Sharleen McAndrew agus Jo Vahey, Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe.*

**Leabhair agus Ítimí Leabharlainne maidir leis an mbliain 1916 (Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe)**

Ar an 23 Márta, sheol Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, a bhí ann an tráth sin, an Comhairleoir Michael Connolly, Bailiúchán Leabhar agus Ítimí i gCeanncheathrú Leabharlann na Gaillimhe.



*Clé go Deas: Peter Rabbitt, Leabharlannaí Contae, Jo Vahey, Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe, Michael Owens, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhíse, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly, Bernie Donnellan, Oifigeach Uilechuimsitheachta Sóisialta, Sharleen McAndrew, Seirbhís Leabharlainne na Gaillimhe, Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta.*

Mar oidhreacht de chuid na bliana 1916 agus na gCuimhneachán sa bhliain 1916, beidh an tsraith seo, ina bhfuil Leabhair, Cd-anna etc., i nGaeilge agus i mBéarla, ar fáil i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe ar fud na Cathrach agus an Chontae.

**Féile na dTéaduirlisí - Leabharlann agus Gailearaí Eaglaise Bhéal Átha na Sluaighe**

D'fhreastail os cionn 1,350 duine ar Fhéile na dTéaduirlisí thar an tréimhse 14/15 Iúil agus bhain siad taitneamh as 13 thaibhiúchán a raibh 'Téada' ann mar théama comhchoiteann dóibh. Maoiníodh an fhéile trí *Europe Direct* agus trí chlár Éire Ildánach. Mar thoradh ar rath na féile sin, tá pleanáil ar siúl i leith Fhéile na dTéaduirlisí 2018.






Clé go Deas*: Peter Rabbitte, Leabharlannaí Contae an tráth sin, Geraldine Healy, Seirbhísí Corparáideacha, Leas-Chathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Seamus Walsh, Kieran Shaughnessy, Comhordaitheoir na Féile, Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe, an Comhairleoir Michael Finnerty, Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe, ag seoladh Fhéile na dTéaduirlisí i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.*



*Ceathairéad ConTempo i mbun ceoil os comhair an tslua le linn Fhéile na dTéaduirlisí 2017*




*Athlone A Cappella i mbun ceoil le linn Fhéile na dTéaduirlisí 2017*

*(Íomhánna: Comhairle Chontae na Gaillimhe/ Grianghrafadóir Evelyn Donellan)*

I measc na dtionscnamh eile de chuid Éire Ildánach bhí tionscadal **Mindful Lego** ann i mBaile Locha Riach, mar aon le tionscadal nuálach grafaice do dhéagóirí i Leabharlann Thuama.




*Mindful Lego – Ailtireacht na bhFoirgneamh i mBaile Locha Riach*

## Maoiniúchán Forbartha Leabharlanna Éireann

I mí na Nollag 2017, fógraíodh Maoiniúchán Forbartha Leabharlanna Éireann a bhí le soláthar trí chlár maoiniúcháin na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Mar thoradh ar an maoiniúchán sin a chuir an Roinn ar fáil, bhíothas in ann cúnamh a sholáthar i bhfoirm deontas 75% chun a chumasú do leabharlanna poiblí infheistíocht a dhéanamh i meaisíní féinseirbhíse, i dtrealamh chun cabhrú le daoine den phobal 'deascanna sealaíochta' a úsáid agus in ábhar de chuid an fheachtais litearthachta dar teideal 'Ceart chun Léitheoireachta (*Right to Read*)' (trína dtugtar tacaíocht i leith litearthachta san údarás áitiúil).

Trí úsáid a bhaint as an maoiniúchán sin, agus le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, tá Leabharlanna na Gaillimhe chun meaisíní féinseirbhíse a shuiteáil sna suíomhanna seo a leanas: Tuaim, Port Omna, an Clochán, Baile Locha Riach, an Baile Bán, Cathair na Gaillimhe, an Cheathrú Rua agus Baile Átha an Rí. Cumasóidh na meaisíní sin do dhaoine den phobal a gcuid ítimí féin a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais, a gcuntais a sheiceáil agus faisnéis uasdátaithe a fháil faoi imeachtaí de chuid na leabharlainne. Cuirfear clib ina bhfuil teicneolaíocht RFID ar gach ítim i stoc na leabharlainne agus, ar an dóigh sin, beifear in ann stoc a bhogadh ar bhealach níos éasca ar fud na tíre, rud a chuirfidh feabhas ar an tSeirbhís Náisiúnta Seachadta.

Cuimseoidh saoráid na nDeascanna Sealaíochta sainspás brandáilte mar aon le stáisiún oibre agus ríomhaire glúine. Comhlánóidh sí acmhainní atá ann cheana féin, lena n-áirítear stoc leabhar atá bainteach le daoine de chuid an lucht gnó agus le cuardaitheoirí poist, acmhainní ar líne agus saoráidí ICT (e.g. PC-anna, printéirí agus meaisíní fótachóipeála, agus leathanbhanda agus Wi-Fi ardchaighdeáin. Cuirfidh an tsaoráid spás ar fáil do dhaoine inar féidir leo faisnéis a lorg, obair a dhéanamh, teacht le chéile agus comhoibriú lena chéile.

Beidh an tseirbhís leabharlainne ag suiteáil limistéir 'Work Matters' i mBéal Átha na Sluaighe, i mBaile Locha Riach, sa Chlochán, i gCathair na Gaillimhe, i bPort Omna, i dTuaim agus in Órán Mór. Is é a bheidh i gceist leis na limistéir sin ná sainspás staidéir, a bheidh oiriúnach do dhaoine aonair agus do ghrúpaí, cathaoir staidéir agus rochtain ar stoc leabhar a bhaineann le cúrsaí gnó/cuardach poist. Ina theannta sin déanfar bailiúchán na n-acmhainní ar líne a bhaineann le cúrsaí gnó a chur chun cinn. Beidh rochtain ag an líonra brainsí ar dhá theilgeoir agus ar dhá scáileán shoghluaiste chun an clár 'Work Matters' a chur i gcrích agus beidh an trealamh sin fóinteach freisin i ndáil le himeachtaí de chuid Éire Shláintiúil agus imeachtaí eile leabharlainne a reáchtáil.

## Ceart chun Léitheoireachta

Lainseáladh an clár *Ceart chun Léitheoireachta* ar bhonn náisiúnta sa bhliain 2017. Tríd an gclár sin, cuirtear bailiúchán aonfhoirmeach seirbhísí agus acmhainní ar fáil ar mhaithe le cúrsaí litearthachta a fhorbairt i ngach údarás áitiúil agus ar mhaithe le tacaíocht a sholáthar ina leith sin. Tugann an clár tacaíocht i leith forbairt litearthachta do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do leanaí trí shraith seirbhísí agus acmhainní bunúsacha a sholáthar ar mhodh tionscnaimh shonracha atá dírithe ar ghrúpaí éagsúla úsáideoirí de réir mar a shainaithnítear iad ar bhonn bliantúil.

Right to Read

Baineadh úsáid as maoiniúchán 'Ceart chun Léitheoireachta' chun bailiúchán ábhair tacaíochta na Leabharlainne i réimse na litearthachta i measc leanaí a fhorlíonadh, ar ábhar é atá le húsáid sa scoil agus sa bhaile, agus chun ábhar litearthachta d'aosaigh óga agus d'aosaigh a cheannach. Chomh maith leis sin, úsáideadh cuid den mhaoiniúchán chun forbairt a dhéanamh ar bhailiúchán atá bainteach leis an gcuraclam réamhscoile ar a dtugtar Aistear. Is tríd an tseirbhís shoghluaiste a dhéanfar a bailiúchán sin a chur ar fáil i réamhscoileanna, i naíonraí agus i gcreiseanna. Déanfaidh an fhoireann treoir i dtaobh conas an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as an ábhar a ullmhú do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí réamhscoile. Ceannaíodh sé shraith iomlána, mar aon le sraith i nGaeilge. Tá ábhar breise Gaeilge do leanaí ceannaithe ag an tseirbhís leabharlainne freisin chun bailiúcháin na mbrainsí a fhorlíonadh.

**Straitéis maidir le Leabharlanna Poiblí**

Déanfar straitéis nua maidir le leabharlanna poiblí a lainseáil sa bhliain 2018. Tá an straitéis nua á forbairt ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus ag na hÚdaráis Áitiúla.

Tacóidh an Straitéis nua le forbairt leantach chóras na leabharlann poiblí sna cúig bliana atá romhainn agus, mar thoradh uirthi, cuirfear an leabharlann i gcroílár an phobail chun freastal ar riachtanais faisnéise, foghlama agus cultúir daoine agus pobal.

**Mic léinn leabharlannaíochta**

Ba mhór an chabhair é d'fhoireann na leabharlann an tacaíocht a fuarthas sa bhliain 2017 ó Mhic Léinn Leabharlannaíochta as an nGearmáin, as an Iodáil agus as an tSeapáin. D'oibrigh siad i leabharlanna Westside, an Bhaile Bháin agus Órán Mór agus i Leabharlann Chathair na Gaillimhe.

Leanadh den phleanáil i ndáil le Leabharlann nua Pobail Cathrach agus Contae ar fud na bliana 2017 agus rinneadh imscrúduithe i dtaobh suíomhanna ionchasacha i gCathair na Gaillimhe.


## AN CHARTLANN AGUS BAINISTIÚ TAIFEAD


Tá comhchuimhne mhuintir na Gaillimhe thar a bheith tábhachtach i dtaca le féiniúlachtaí cultúir a chaomhnú, i dtaca le nasc a chruthú idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair agus i dtaca leis an todhchaí a mhúnlú. Tá an oidhreacht dhoiciméadach atá ann i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina mórchuid den chomhchuimhne sin agus léiríonn sí éagsúlacht an chontae ó thaobh na ndaoine, na staire agus an chultúir de. Bíonn an Chartlann ag féachaint i gcónaí leis an gcuimhne sin a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur ar fáil. Geallann an chartlann rochtain a thabhairt d'úsáideoirí *bona fide* ar na hábhair chartlainne i gcomhréir le riachtanais chaomhantais agus faoi réir na sriantachtaí a bhaineann le hacmhainní a bheith ar fáil. Soláthraíonn an Rannóg comhairle beartais don Chomhairle freisin i dtaobh aire a thabhairt dá cuid taifead agus i dtaobh na taifid sin a bhainistiú. I rith na bliana 2017, lean an Rannóg Cartlainne de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Rochtain a sholáthar ar fhaisnéis faoi shealúchais chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe trína liostaí tuairisciúla agus, chomh maith leis sin, trína chatalóg ar líne atá go hiomlán inchuardaithe agus trí thairseacha éagsúla cartlainne agus trí phostálacha ar mheáin shóisialta. Agus, ina theannta sin, lean sí de rochtain ar líne a thabhairt ar chuid mhór bailiúchán sa Chartlann Dhigiteach.
- Próiseáil a dhéanamh ar bhailiúcháin chartlainne, amhail Whelan, litreacha comhbhróin, GS16/01, léarscáileanna de Cheantair Draenála (GC/CSO3/) agus roinnt bailiúchán beag/ítimí beaga.
- Tríd an gclár digitiúcháin, an clár maidir le cúltaca slándála agus tagairtí ionadacha a sholáthar i ndáil leis na bailiúcháin. I measc na n-ítimí a bhí ann i gclár na bliana 2017 áirítear Miontuairiscí an Choiste Airgeadais (GC/3/), Miontuairiscí Choiste Comhairleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Séadchomharthaí Náisiúnta (GC5/), imleabhair as Aontas Dhlí na mBocht an Chreagáin (GPL4/) agus miontuairiscí breise le haghaidh bhailiúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairlí Baile Bhaile Locha Riach agus Thuama.
- Éascaíodh caomhnú fógraí poiblí de chuid thús an 20ú haois, ar fógraí iad a bhaineann le Céanna & Cuanta (GC/CSO3/).
- Seirbhísí leanúnacha do léitheoirí amhail rochtain ar bhailiúcháin chun críocha taighde, cúnamh maidir le fiosrúcháin taighde, agus soláthar comhairle agus treorach taighde.
- Faireachán a dhéanamh ar dhálaí timpeallachta na n-ábhar cartlainne agus féachadh lena chinntiú go rabhthas ag leanúint de na hábhair sin a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú, d’ainneoin nach bhfuil na saoráidí stórála de réir na gcaighdeán a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta ó thaobh caomhantais de
- I measc na ngníomhaíochtaí cianrochtana a bhí ann áiríodh an taispeántas taistil dátheangach ‘Ó Stát Coilíneach go Saorstát, an méid a dúirt siad ....’ a reáchtáil i dTeach na mBocht, Port Omna, agus i Leabharlann Brainse an Bhaile Bháin; taispeántais mhionscála a óstáil in Áras an

Chontae agus postálacha ar mheáin shóisialta, a raibh cuid díobh ar siúl i gcomhthráth le dátaí nó imeachtaí suntasacha de chuid Dheich mBliana na gCuimhneachán e.g. oscailt na Monarchan Sliogán, Feabhra 2017 (GC/CSO3/06); agus lainseáil taispeántais ar líne a bhain le Fógraí Poiblí faoi Chéanna & Cuanta, mar chuid den fheachtas 'Eolas a Chur ar do Chartlann' sa bhliain 2017.

- Soláthraíodh comhairle faoin dea-chleachtas i leith bainistíocht taifead agus tugadh cúnamh do rannóga de réir mar ba ghá.
- Leanadh den bhainistíocht ar aistrithe taifead neamhreatha chuig stóras agus ar aisghabháil taifead agus ar aischur; próiseáladh 510 n-iarratas athghairme sa bhliain 2017. Ag deireadh na bliana 2017, bhí thart ar 111,154 iontráil ann ar Arclink, is é sin le rá, an bunachar sonraí bainistithe taifead.



# SEIRBHÍS NA MAOR POBAIL

Is seirbhís faoi éide de chuid an údaráis áitiúil iad na Maoir Phobail agus tá roinnt ról acu thar raon feidhmeanna údaráis áitiúil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Forfheidhmiú e.g. cionta tráchta reachtúla, cionta bruscair, feithiclí tréigthe, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach, ceadúnais madraí agus corrthrádáil;
- Faireachán e.g. eastáit tithíochta, saoráidí poiblí amhail ionaid athchúrsála, bainc 'fág anseo', páirceanna, tránna agus áiteanna súgartha,
- Cabhair e.g. cabhair do thurasóirí, do dhaoine scothaosta, do scoileanna, do chomharsanachtaí, do phobail, do na Gardaí agus do ghníomhaireachtaí stáit,
- Breathnóireacht agus Tuairisciú maidir leis na nithe sin thuas ar fad.
- Rinneadh Suirbhéanna ar Thruailliú Bruscair/Láithreáin Thréigthe agus lean na Maoir d'iniúchtaí rialta a dhéanamh ar Áiteanna Súgartha, ar Pháirceanna, ar Eastáit Údaráis Áitiúil, ar Láithreáin Stad, ar Chéanna, ar Thránna, ar Bhainc Bhuidéal etc. D'eagraigh Maoir Phobail suas le 800 glantachán pobail sa bhliain 2017.
- Rinneadh os cionn 1,200 imscrúdú sa bhliain 2017 faoin reachtaíocht a bhaineann le Truailliú Aeir, Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce.
- Lean Seirbhís na Maor Pobail d'Fhorfheidhmiú Comhshaoil a chur i gcrích lena n-áirítear fíneálacha Bruscair agus fógraí faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce a eisiúint.
- Rinne Seirbhís na Maor Pobail os cionn 100 suirbhé i ndáil le truailliú ó bhruscar a chur i gcrích de réir na dtáscairí náisiúnta seirbhíse.
- Rinne Seirbhís na Maor Pobail 30 ghnó a iniúchadh i ndáil le comhlíontacht faoi na catagóirí freagrachta a bhaineann le táirgeoirí ó thaobh bainistiú dramhaíola de e.g. comhlíontacht maidir leis an tobhach ar mhálaí plaisteacha, pacáistíocht, dramhbhoinn, WEEE, dramhchadhnraí, diúscairt dramhaíola guaisí.
- Lean na Maoir de bheith ag cabhrú le páirceáil a n-íoctar as a oibriú agus le pleananna bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm i roinnt bailte sa Chontae. Eisíodh suas le 1,800 fíneáil tráchta i rith na bliana 2017.
- Lean na Maoir Phobail de chabhrú leis an Rannóg Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm dualgas faoin Acht um Rialú Capall 1996 agus maidir le dualgais eile.
- Leanadh d'fheachtais iniúchta Ceadúnas Madraí le linn na bliana chomh maith.
- Lean na Maoir d'fhorálacha Acht na mBóithre 1993 a chur i bhfeidhm i ndáil le feithiclí tréigthe agus rinneadh feithiclí den sórt sin a shainaithint, a thuairisciú agus a thógáil chun bealaigh de réir mar ba ghá le linn na bliana.




*Seiceáil bruscair ar Thrá an Dóilín, an Cheathrú Rua, á déanamh ag Máirtín Mannion, Maor Pobail*

## SEIRBHÍSÍ DEONTAS DO MHIC LÉINN

- Sa bhliain 2012, thug an Rialtais isteach Údarás Dámhachtana Náisiúnta nua aonair (Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn, Éire [SUSI]) agus tá sé á oibriú ag Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath. Tá freagracht ar SUSI i ndáil le gach iarratas nua.
- Tá freagracht ar an gComhairle fós i ndáil le 5 mac léinn agus íocadh na híocaíochtaí cothabhála chéad téarma 2017-2018 go léir faoi mhí na Nollag 2017.

## AN tSEIRBHÍS CHRÓINÉARA

Lean an Chomhairle de thacaíocht riaracháin a sholáthar i ndáil le próiseáil a dhéanamh ar íoc na dtáillí go léir i leith Sheirbhís Chróinéara na Cathrach agus an Chontae. Íocann an Chomhairle as costas iomlán na Seirbhíse Cróinéara rud a dhéantar trína bhuiséad ioncaim gan aon sásra ann chun aisíocaíocht a fháil.

Sa bhliain 2017, rinneadh athbhreithniú ar Struchtúr na dTáillí faoi Scéim reatha na Stiúrthóirí Sochraide agus tá Scéim athbhreithnithe Stiúrthóirí Sochraide (do Stiúrthóirí Sochraide a bhfuil comhaontú i leith na scéime sínithe acu) le teacht i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2018.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

## SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ:

Agus sinn ag leanúint d'fheabhas a chur ar Sheirbhísí do Chustaiméirí, seo a leanas cuid de na seirbhísí leantacha a bhí á gcur i bhfeidhm ag Seirbhísí Custaiméara sa bhliain 2017:

- Lean Grúpa na nOifigeach Seirbhísí Custaiméara (CSOG) de bheith ag teacht le chéile thar an mbliain 2017. Cuimsíonn CSOG ionadaithe foirne ó gach ceann de na príomhréimsí seirbhíse.
- Lean Seirbhísí do Chustaiméirí de chásanna Deisigh Do Shráid a scrúdú agus a phróiseáil agus choinnigh siad i dteagmháil le rannóga iomchuí maidir le cásanna nach raibh réitithe fós. Is é atá in Deisigh Do Shráid ná clár náisiúnta agus is fóram poiblí ar líne é inar féidir saincheisteanna a thíolacadh, de réir suímh, don údarás áitiúil iomchuí.
- Leanadh den chóras láraithe le haghaidh Fógraí Poiblí a chur i bhfeidhm sa bhliain 2017 d'fhonn feabhas a chur ar ár nÍomhá Chorparáideach sna Meáin Chlóite, d'fhonn sábháil airgid a ghiniúint trí spás comhroinnte fógraíochta agus, freisin, d'fhonn na ceanglais faoin gCreat Náisiúnta Soláthair a chomhlíonadh. Déantar réamhchóipeanna d'fhógraí poiblí a fhoilsiú ar Mheáin Shóisialta sula bhfoilsítear sna nuachtáin éagsúla iad agus cuirtear chuig na Comhaltaí Tofa iad, agus mionsonraí teagmhála iomchuí in éineacht leo.

- Déantar baill foirne de chuid Seirbhísí Corparáideacha atá lonnaithe i Seirbhísí do Chustaiméirí a shannadh chun tacaíocht a thabhairt i leith an Bheartais na heagraíochta i leith Fóin Phóca agus i leith riaradh an chuntais ó lá go lá.

**Deasc Sheirbhísí Custaiméara agus Lárionad Cumarsáide**

- Leantar den Deasc Sheirbhísí Custaiméara a oibriú chun freastal ar riachtanais chustaiméirí, ó thaobh déileáil go héifeachtúil lena bhfiosruithe/iad a tharchur chuig an duine cuí nuair a thagann siad isteach in Áras an Chontae. Leantar den tseirbhís teileafóin a oibriú ó Lárionad Custaiméirí na Seirbhísí Custaiméara ar an gcéad urlár d'Áras an Chontae.
- Tríd an tsain-Deasc Sheirbhísí Custaiméara a bheith ar oscailt ag am lóin in Áras an Chontae, táthar ag leanúint de dheimhin a dhéanamh de go ndéantar timpeallacht ghairmiúil, fháilteach, fhaisnéiseach a sholáthar don chustaiméir ag an gcéad phointe teagmhála atá acu le Comhairle Chontae na Gaillimhe in Áras an Chontae.



*An Deasc Sheirbhísí Custaiméara in Áras an Chontae*

- Rinneadh leagan póstaeir den Chairt Chustaiméara, den Chód Iompair agus de Sheirbhísí i nGaeilge a chruthú i bhformáid nua agus cuireadh ar fáil é ag na cuntair phoiblí go léir de chuid na Comhairle agus ar ár láithreán gréasáin.



**Cumarsáid agus Meáin Shóisialta**

- Rinneadh ár láithreacht ar Mheáin Shóisialta i.e. Facebook, Twitter etc. a fhorbairt tuilleadh agus bhí úsáid iomlán á baint as, agus méadaíodh an tuairisciú cuimsitheach maidir le Fógraí faoi Dhroch-Aimsir agus cuireadh Imeachtaí chun cinn le linn na bliana 2017. Baineadh úsáid níos mó as na Meáin Shóisialta (Twitter, FB) agus bhí os cionn 5,600 'Is Maith Liom' againn ar Facebook agus bhí os cionn 11,000 leantóir againn ar Twitter go dtí seo agus tá méadú ag teacht ar na figiúirí sin ar bhonn laethúil.

- De bhreis ar phointí teagmhála díreacha a bheith ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus ar Mheáin Shóisialta, is féidir le daoine den phobal teagmháil a dhéanamh le customerservices@galwaycoco.ie. Déantar faireachán ar an seoladh ríomhphoist sin agus déantar fiafraithe a dhíriú láithreach chuig an réimse seirbhíse is oiriúnaí le haghaidh freagra. Úsáideann daoine den fhoireann an seoladh ríomhphoist sin freisin chun aon seirbhísí, imeachtaí nó spriocdhátaí nua a chur in iúl don Fhoireann Seirbhísí Custaiméara ionas go mbeidh an Fhoireann Seirbhísí Custaiméara cothrom le dáta le gníomhaíochtaí na Comhairle. Rinne Lárionad Cumarsáide Seirbhísí Custaiméara seirbhís iomlán teileafóin, an bonn chun ardán meán sóisialta na Comhairle ar Twitter agus ar Facebook a oibriú, agus comhordú teachtaireachtaí ríomhphoist chuig customerservices@galwaycoco.ie, agus cumarsáidí tríd an tsaoráid do thuairimí custaiméirí ar www.gaillimh.ie agus www.galway.ie trí deisighdoshráid.ie a chur ar fáil.

- Rinneadh Meáin Shóisialta a chomhtháthú le feachtais fógraíochta agus le feachtais eile bolscaireachta de chuid na Comhairle agus tá aird ar leith á tabhairt d'úsáid Meán Sóisialta le linn tréimhsí droch-aimsire. Tá méadú tagtha ar an líon imeachtaí atá á bpostáil thar ceann na foirne, go háirithe nithe a bhaineann le hoibreacha bóthair, le cur isteach ar an soláthar uisce agus le haon nithe eile a tharlaíonn ó lá go lá ar fud an Chontae. Ba léir sin go háirithe le linn 'Stoirm Ophelia' nuair a bhí sé ina uirlis chumarsáide an-tábhachtach.

- Lean Seirbhísí do Chustaiméirí den chóras athfhormáidithe foirmeacha iarratais nua a choimeád ar bun agus d'uasdátú a dhéanamh ar fhoirmeacha láithreacha nuair a iarradh amhlaidh. Tá 215 ítim san iomlán ann, idir fhoirmeacha agus mheabhráin, sa chlár/chóras códaithe agus iad ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- Ghlac an fhoireann Seirbhísí Custaiméara páirt san fheachtas náisiúnta twitter dar teideal '*Ár Lá Sa Chomhairle*' / '*Our Council Day*' a bhí á chomhordú ag LGMA. Bhí '*Ár Lá Sa Chomhairle*' / '*Our Council Day*' ar siúl ar an 7 Márta 2017.





| *Storytime i Leabharlann an Bhaile Bháin – 'Ár Lá Sa Chomhairle' / 'Our Council Day'* | *Bearradh ciumhaise – 'Ár Lá Sa Chomhairle' /'Our Council Day'* |
|---|---|



*Martin Mannion, Maor Pobail, agus seiceáil á déanamh aige ar na Bainc Bhuidéal sa Cheathrú Rua – 'Our Council Day'*






| | |
|---|---|
| *Comhraiceoirí Dóiteáin i mbun oiliúna i Stáisiún Dóiteáin na Ceathrún Rua– 'Ár Lá Sa Chomhairle' / 'Our Council Day'* | *Oibreacha bóthair i gCill Chonaill – 'Ár Lá Sa Chomhairle' / 'Our Council Day'* |



*Cruinniú de chuid ghrúpa Stiúrtha Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa i gCeannoifig na Comhairle – 'Ár Lá Sa Chomhairle' / 'Our Council Day'*

# AN tAONAD TITHÍOCHTA

In Atógáil Éireann - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, a seoladh i mí Iúil 2016, leagtar amach treochlár d'Údaráis Áitiúla, agus don Earnáil Dheonach agus don Earnáil Phríobháideach chomh maith, maidir le Tithíocht Shóisialta a sholáthar trí roinnt gníomhartha nithiúla a chur i gcrích, trí chloí le hamlínte ar leith agus, rud atá tábhachtach, trí acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun aonaid nua tithíochta sóisialta a sholáthar.

Plean cuimsitheach atá ann agus é mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar gach gné den chóras tithíochta faoi chúig cholún mar a leanas:

**Colún 1: Aghaidh a thabhairt ar Easpa Dídine**
*Réiteach a chur ar fáil ag céim luath chun aghaidh a thabhairt ar líon neamh-inghlactha na dteaghlach atá ag maireachtáil i gcóiríocht éigeandála; tacaíochtaí idirghníomhaíochta a sholáthar do dhaoine atá gan dídean faoi láthair, agus béim ar leith á leagan ar íoslaghdú a dhéanamh ar an líon daoine atá ag codladh amuigh; agus feabhas a chur ar thacaíochtaí Stáit chun daoine a choimeád ina dtithe cónaithe féin.*

**Colún 2: Dlús a chur le soláthar Tithíochta Sóisialta**
*Méadú a dhéanamh ar leibhéal agus ar luas an tsoláthair maidir le tithíocht shóisialta agus maidir le tithíocht eile a bhfaightear tacaíocht Stáit ina leith.*

**Colún 3: Tuilleadh Tithe a Thógáil**
*Méadú a dhéanamh ar an aschur, ó thaobh tithíocht phríobháideach inacmhainne, chun freastal ar an éileamh.*

**Colún 4: Feabhas a chur ar an Earnáil Chíosa**
*Aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar sholáthar cóiríochta príobháidí ar cíos chun feabhas a chur ar an líon aonad a chuirtear ar fáil ar chíos inacmhainne.*

**Colún 5: Tithíocht atá ann cheana féin a úsáid**
*A chinntiú go ndéantar an stoc tithíochta atá ann cheana féin a úsáid go feadh an méid is mó is féidir – agus aird á tabhairt ar bhearta chun stoc folamh a úsáid d'fhonn athnuachan a dhéanamh ar cheantair uirbeacha agus ar cheantair thuaithe.*

I dtaca le Comhairle Chontae na Gaillimhe de, bhí ról suntasach ag cláir maidir le Fáil agus Tógáil agus, chomh maith leis sin, ag an Scéim Cóiríochta Cíosa agus ag léasú tríd an earnáil phríobháideach agus tríd an earnáil dheonach, i ndáil le Tithíocht Shóisialta a sholáthar sa bhliain 2017.



**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Féachann Aonad Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe le seirbhís a sholáthar do dhaoine aonair agus do phobail a bhfuil gá acu le cúnamh i réimsí amhail soláthar tithíochta sóisialta, tionóntacht tithíochta sóisialta agus bainistíocht eastáit, oiriúnú/athrú tithíochta, cabhrú le daoine gan dídean, rialáil a dhéanamh ar chaighdeáin san earnáil phríobháideach cóiríochta ar cíos agus rialú capall. Seolann an t-aonad tithíochta a chuid gníomhaíochtaí de réir chreata rialachais na hearnála údaráis áitiúil.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infreastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

## Tógáil Tithe

Síníodh Conradh i mí na Nollag 2017 chun 40 aonad a thógáil agus 21 aonad a athfheistiú mar chuid de Thionscadal Athnuachana Bhóthar Gilmartin. Tá an tionscadal sin ar siúl i gcónaí agus táthar ag súil go gcríochnófar é sa bhliain 2019.




*Síniú chonradh Thionscadal Athnuachana Bhóthar Gilmartin ar an 18 Nollaig 2017.*

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na dtionscadal a ndearnadh dul chun cinn i leith céimeanna éagsúla díobh sa bhliain 2017: 23 aonad sa Chlochán, 10 n-aonad sa Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe, 6 aonad sa Cheathrú Rua, 10 n-aonad in Uachtar Ard, 10 n-aonad i gCinn Mhara, 10 n-aonad in Ard Raithin, 2 aonad in Esker Fields, Béal Átha na Sluaighe, 30 aonad ar Bhóthar na Cora, Tuaim, agus 5 theach tuaithe.

## Ceannach Tithe

Faoin bPlean Gníomhaíochta dar teideal 'Atógáil Éireann', ceannaíodh 49 n-aonad sa bhliain 2017 agus bhí 22 aonad eile ag céim 'Díol Comhaontaithe'.

## HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta)

Is é atá san Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ná tacaíocht nua tithíochta sóisialta atá i ngníomh i gComhairle Chontae na Gaillimhe ó bhí mí na Samhna 2015 ann. Tá HAP ar fáil d'aon duine ag a bhfuil riachtanas deimhnithe i leith tithíocht shóisialta. Is ionann tabhairt isteach na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus a rá gur féidir le húdaráis tithíochta cúnamh tithíochta a thabhairt anois do líon i bhfad níos mó teaghlach a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu, lena n-áirítear cuid mhór daoine a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu ar bhonn fadtéarma.

Mar thoradh ar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, is féidir freagracht i ndáil le daoine a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu agus a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chuig údaráis áitiúla agus tá cur chuige nua ann maidir le freastal ar theaghlaigh a bhfuil riachtanas sóisialta acu.

Ach, murab ionann agus daoine a fhaigheann an Forlíonadh Cíosa, ligtear do dhaoine a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) a bheith ag obair go lánaimseartha agus a dtacaíocht i bhfoirm na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta a choimeád – sa tslí sin, cuirtear deireadh leis an mbacainn ar fhostaíocht i gcás na ndaoine sin. Gheobhaidh daoine a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a gcóiríocht féin sa mhargadh cíosa príobháideach agus déanfaidh siad comhaontú tionóntachta le tiarna talún na maoine lena mbaineann.
Is iad seo a leanas na teaghlaigh atá cáilithe chun an Íocaíocht Cúnaimh Teaghlaigh a fháil:

- Aon teaghlach a cháilíonn i gcomhair tacaíocht tithíochta sóisialta
- Aon daoine a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu faoi láthair agus a cháilíonn i gcomhair tacaíocht tithíochta sóisialta.

Bhí 395 theaghlach san iomlán cláraithe don scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) i rith na bliana 2017 agus tá os cionn 800 faighteoir tar éis clárú leis an scéim go dtí seo.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

## Liosta Feithimh i gcomhair Tithe

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht ar riachtanais tithíochta i gcrích sa bhliain 2017. Is faoi na ceannteidil seo a leanas a rinneadh an mheasúnacht ar riachtanais tithíochta:

1. Cóiríocht Tithíochta a sholáthar ina limistéar feidhme do dhaoine a bhfuil cóiríocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag teastáil uathu, ar daoine iad, i dtuairim na Comhairle Contae, a bhfuil gá acu le cóiríocht den sórt sin agus nach féidir leo í a sholáthar as a n-acmhainní féin.

2. Páirceanna carabhán cónaitheach a sholáthar do dhaoine den Lucht Siúil i limistéar feidhme na Comhairle Contae i gcás daoine ar dóigh láithreáin Chomhairle Contae a bheith ag teastáil uathu, a bhfuil gá acu le láithreáin den sórt sin agus nach féidir leo iad a sholáthar as a n-acmhainní féin.

Tá iarratais ó dhaoine atá cáilithe chun tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil, agus a bhfuil gá acu le tacaíocht tithíochta sóisialta, inghlactha i gcomhair na tacaíochta sin de réir na gceannteideal seo a leanas:

- Ioncam;
- Stádas Cónaithe;
- Cóiríocht a bheith ar fáil;
- Riaráistí Cíosa.

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ba é a bhí sa líon iomlán Iarratasóirí Tithíochta ar an Liosta Tithíochta ná 3,041.

## An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)/Léasú

Tá an Rialtas tar éis maoiniúchán a leithroinnt d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun maoin chónaithe phríobháideach a ligean ar léas nó ar cíos d'iarratasóirí atá ar an liosta tithíochta. Roimhe seo, bhí RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil freastal déanta ar riachtanas tithíochta aon iarratasóirí ag a bhfuil cóiríocht de chineál RAS.

Déantar (RAS)/Léasú a oibriú ar bhonn gach tionóntachta ar leithligh agus tá comhaontuithe den sórt sin á ndéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha ó bhí an bhliain 2007 ann.

Sa tábla thíos, tugtar léiriú ar na comhaontuithe RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le Tiarnaí Talún príobháideacha.

| **Tuairisc** | **Na figiúirí is déanaí de chuid Chontae na Gaillimhe ag deireadh R4 2017:** |
|---|---|
| **An líon Iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh i gcóiríocht phríobháideach ar cíos trí chonarthaí a comhaontaíodh le tiarnaí talún príobháideacha** | 346 |
| **An líon Iarratasóirí a bhfuil cóiríocht** | |

| | |
|---|---|
| **acu faoi láthair trí chonarthaí a comhaontaíodh le heagraíochtaí deonacha** | 123 |

Tábla 1: Comhaontuithe RAS agus Léasaithe atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le tiarnaí talún príobháideacha

## An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe - Aonaid ar Cíos a chlárú

Tháinig an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 i ngníomh ar an 1 Meán Fómhair 2004. Déileálann Cuid 7 den Acht sin le tionóntachtaí a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. Tá an clár foilsithe ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe ag www.rtb.ie

Bhí iniúchadh déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 676 mhír maoine suas go dtí an 31 Nollaig 2017 chun a chinntiú go raibh na caighdeáin maidir le tithe ar cíos á gcomhlíonadh. Rinneadh 444 athiniúchadh san iomlán. Chomhlíon 136 cinn díobh sin na caighdeáin tráth an athiniúchta. Theip ar 676 Mír Maoine san iomlán na caighdeáin reatha a chomhlíonadh tráth an chéad iniúchta agus eisíodh 7 bhFhógra Feabhsúcháin ar thiarnaí talún á cheangal orthu feabhsúcháin a dhéanamh.

## An Scéim maidir le Deisiú agus Léasú

Faoin Scéim maidir le Deisiú agus Léasú Tithíochta Foilmhe, is féidir oibreacha deisithe agus feabhsaithe ar mhaoin fholamh oiriúnach a mhaoiniú ar mhodh iasacht saor ó ús d'fhonn maoin a chur de réir na gcaighdeán le haghaidh cóiríocht ar cíos agus déantar costas na hoibre lena mbaineann a asbhaint ansin as íocaíochtaí léasa thar théarma comhaontaithe léasa.

Tá roinnt ceanglais ann maidir leis an Tionscnamh seo:
Ní mór an mhaoin a bheith folamh le 12 mhí ar a laghad.

- Ní mór éileamh tithíochta sóisialta a bheith ann i ndáil leis an maoin.
- Ní mór measúnacht a bheith ann i leith na maoine á rá gur maoin inmharthana í i dtaca le cóiríocht a chur ar fáil.
- Tá téarma íosta an léasa ag brath ar chostas na ndeisiúchán agus tá tréimhse íosta léasa 10 mbliana ann mar aon le tréimhse uasta léasa 20 bliain.
- Beidh na híocaíochtaí léasa bunaithe ar théarmaí ginearálta an léasaithe shóisialta, rud atá socraithe ag 80% (85% i gcás leithlann) de na rátaí cíosa reatha margaidh i suíomh na maoine. Déanfar coigeartú eile ar an íocaíocht léasa chun costas na hoibre deisithe/uasghrádaithe a fhritháireamh go dtí go mbeidh costas na hoibre aisíoctha.
- Déantar scóip agus costas na n-oibreacha, agus aisíoc chostas na n-oibreacha trí na híocaíochtaí léasa, a chomhaontú idir úinéir na maoine agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Níl an tionscnamh ar fáil ar mhaithe le ligean ar cíos ar bhonn príobháideach.

I measc na mbuntáistí atá ann d'úinéir maoine atá folamh, áirítear an méid seo a leanas:

- Uasghrádú maoine ar mhodh iasacht saor ó ús

- Cíos ráthaithe
- Níl aon chailliúint cíosa ann le linn tréimhsí nuair a bhíonn an mhaoin folamh
- Níl aon bhailiú cíosa ná aimsiú tionónta nua i gceist

## An Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Scéim chun Cíos a chur in ionad Morgáiste a thabhairt isteach sa bhliain 2012.

Faoin scéim sin, is féidir le daoine a bhfuil deacracht acu maidir lena morgáiste a íoc athrú a dhéanamh ó úinéireacht a bheith acu go dtí an teach a bheith ar cíos acu mar thionóntaí sóisialta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta, agus cíos á íoc acu arna ríomh de réir a n-ioncaim. Má chláraíonn duine sa scéim chun cíos a chur in ionad morgáiste ní leis an duine sin an teach cónaithe a thuilleadh ná níl aon leas airgeadais ag an duine sin sa teach cónaithe a thuilleadh.

Chun cáiliú i gcomhair na scéime, ní mór d'úinéir na maoine a bheith tar éis páirt a ghlacadh i bPróiseas Réitithe Riaráistí Morgáiste a n-iasachtóra (MARP), ar próiseas é sin nach mór don iasachtóir agus don úinéir é a chur i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh a ndeacrachtaí airgeadais a réiteach. Ní mór an morgáiste a bheith neamh-iniompartha agus ní mór don teaghlach a bheith cáilithe i gcomhair tithíocht shóisialta sa cheantar ina bhfuil cónaí orthu. Ní mór a mheas go bhfuil an mhaoin oiriúnach lena ceannach ag Cumann Tithíochta.

Déanfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh a dtí cónaithe a thabhairt suas go toildeonach dá n-iasachtóir morgáiste agus díolfaidh an t-iasachtóir sin láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar cíos é leis an teaghlach lena mbaineann. Déanfar na fáltais ó dhíol na maoine leis an gcumann tithíochta a úsáid i gcomhair an fhiachais morgáiste agus déanfaidh an t-iarratasóir socrú lena n-iasachtóir i leith aon íocaíochtaí atá fágtha gan íoc, más ann dóibh. Tá deis ann chun an teach cónaithe a cheannach ar ais tar éis thréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar staid airgeadais an teaghlaigh lena mbaineann.

Go dtí seo, tá 5 iarratasóir tar éis cáiliú agus tá siad rannpháirteach sa scéim agus tá breithniú a dhéanamh ar 19 n-iarratasóir eile lena n-áireamh sa scéim.

## Tithíocht Dheonach

Is é atá in CALF (An tSaoráid Léasaithe Réamhchaipitil) ná saoráid a chuirtear ar fáil do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun cabhrú leo teacht ar mhaoiniúchán príobháideach nó ar mhaoiniúchán ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe chun aonaid a cheannach nó a thógáil. Cuirtear na haonaid ar fáil go heisiach chun críocha tithíocht shóisialta faoi chomhaontú léasaithe a mhaireann tréimhse shocraithe ama, is é sin, 20 bliain de ghnáth. Go dtí seo, tá 97 n-aonad á maoiniú faoi chlár CALF agus ceadaíodh 61 aonad eile i gcomhair maoiniúcháin sa bhliain 2018. Táthar ag súil go soláthrófar na haonaid sin sa bhliain 2018.

Tar éis roinnt cruinnithe leis na Comhlachtaí Deonacha i rith na bliana, sainaithníodh roinnt aonad ionchasach agus tá breithniú á dhéanamh ar chomhaontuithe lena n-áireamh faoin scéim.

## Ceannach ag Tionóntaí

I rith na bliana 2016, tháinig an Scéim Cheannaigh (Incriminteach) ag Tionóntaí 2016 i bhfeidhm agus ghlac sí ionad Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 1995 ar tháinig deireadh leis ar an 30 Meitheamh

2014. Faoin scéim sin, is féidir le tionóntaí cáilithe údaráis áitiúil iarratas a dhéanamh chun a dteach cónaithe údaráis áitiúil a cheannach. Má cheadaítear an ceannach, ní mór don ceannaitheoir leanúint de chónaí a dhéanamh sa teach fad atá an teach faoi úinéireacht acu. Cuirtear lascaine i bhfeidhm ar phraghas ceannaigh an tí, agus bíonn an lascaine sin bunaithe ar ioncam an iarratasóra. Forchuirtear muirear ceannaigh incriminteach ar an teach agus bíonn an muirear sin comhionann leis an lascaine a chuirtear i bhfeidhm ar phraghas ceannaigh an tí. Fanfaidh an muirear i bhfeidhm ar feadh 20 bliain, 25 bliana nó 30 bliain (ag brath ar an lascaine a thugtar). Tiocfaidh laghdú 2% ar an muirear gach bliain. Ag deireadh an 20 bliain, na 25 bliana nó an 30 bliain, nialas a bheidh sa mhuirear fad a chomhlíonann an ceannaitheoir téarmaí agus coinníollacha na scéime. Beidh an ceannaitheoir in ann a dteach cónaithe a athdhíol aon tráth má chomhaontaíonn an t-údarás áitiúil. Ach má dhíolann an ceannaitheoir an teach roimh dheireadh an 20 bliain, na 25 bliana, an 30 bliain, beidh air nó uirthi luach an mhuirir ar an teach atá fágtha a aisíoc leis an údarás áitiúil.

I rith na bliana 2017, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 43 iarratas ó thionóntaí údaráis áitiúil maidir lena dteach a cheannach agus eisíodh 26 thairiscint cheannaigh tí agus tá 11 cheann curtha i gcrích.

## Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, an Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta agus an Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leanann an deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta de mhaoiniúchán a sholáthar do dhaoine atá 66 bliana d'aois agus os a chionn in imthosca áirithe, ach sin ag brath ar a sláinte, ar a ndálaí tithíochta reatha agus ar a gcumas chun cabhrú leo féin. Tá gá le doiciméid tacaíochta i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir ag baint leas as riachtanais leighis. Soláthraíodh cúnamh freisin i gcásanna nár measadh go raibh an teach i ndrochriocht ach inar measadh gurb é a leanfadh as na hoibreacha, dá dtabharfaí aghaidh ar easnaimh, ná feabhas a chur cháilíocht shaol an duine scothaosta.

- Fuarthas 264 iarratas bhailí i rith na bliana 2017 ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta:
- Fuarthas 277 n-iarratas bhailí i rith na bliana 2017 ar Dheontas Cúnaimh Soghluaisteachta agus ar an Scéim Oiriúnaithe Tí do dhaoine faoi mhíchumas

## Deontais d'Oiriúnú Tithe i gcás Tithe Údaráis Áitiúil

Déantar an Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas a bhfuil cónaí orthu i dTithe Údaráis Áitiúil a chur ar fáil chun cabhair a thabhairt i ndáil le hoibreacha a dhéanamh a bhfuil gá leo go réasúnach chun go mbeidh teach níos oiriúnaí i gcomhair cóiríochta do dhuine ar a bhfuil buanmhallachar fisiciúil, céadfach, meabhair-shláinte nó intleachta. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de mheasúnú a dhéanamh ar iarratais faoin scéim seo agus tús áite a thabhairt dóibh sin is mó gá.

Chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniúchán €199,090 ar fáil i gcomhair 90% de chostas na n-oibreacha. Rinneadh oibreacha oiriúnúcháin tithíochta a chur i gcrích ar 44 theach údaráis áitiúil san iomlán i rith na bliana 2017.

## An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Iarfheistiúcháin (EERP)

Sa bhliain 2017, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den chlár Iarfheistiúcháin Tithíochta Sóisialta a chur i bhfeidhm. Faoi Chéim 1 den chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh, chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil €774,437 ar fáil chun insliú áiléar agus ballaí a sholáthar in 462 theach cónaithe údaráis áitiúil. Sa bhliain 2017, chaith Comhairle Chontae na Gaillimhe €405,249.94 ar 334 theach faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh & Iarfheistiúcháin (EERP).

## Daoine Gan Dídean

I dtaca le Seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ina cuid de Réigiún an Iarthair in éineacht le Cathair na Gaillimhe, Maigh Eo agus Ros Comáin. Is í Cathair na Gaillimhe an ghníomhaireacht cheannais agus déantar an maoiniúchán ar fad a chur ar fáil trí Chomhairle na Cathrach. Is iad Stiúrthóirí Seirbhísí Tithíochta na gceithre Údarás a fheidhmíonn mar Ghrúpa Bainistíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine Gan Dídean agus tá freagracht orthu i ndáil le maoiniúchán a shannadh.

Ar an meán, bhí 15 iarratasóir sa tseachtain ann maidir le daoine a bhí ag teacht chun cinn mar dhaoine gan dídean sa bhliain 2017 - 10 dteaghlach agus 5 duine aonair in aghaidh na seachtaine. Ar an meán sa bhliain 2017, bhí cóiríocht i gCóiríocht Shealadach Éigeandála á fáil ag 10 dteaghlach sa tseachtain ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bhí 5 duine singile, ar an meán, i gcóiríocht do dhaoine gan dídean nó i mbrúnna turasóireachta ag aon tráth áirithe.

I mí an Mheithimh, ghlac na Comhaltaí Creat-Phlean Gníomhaíochta i leith Daoine Gan Dídean i gContae na Gaillimhe. Is ionann an Plean Gníomhaíochta agus treoir le haghaidh bhearta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ról ceannais tábhachtach á chur i bhfeidhm aici chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil cur chuige comhoibríoch ilghníomhaireachta ann maidir le forbairt agus cur i gcrích na mbeart atá ceaptha chun easpa dídine sa Chontae a chosc agus chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn freagairt dhóthanach ar fáil, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta, nuair a thagann easpa dídine chun cinn. Leagann an Creat amach raon tacaíochtaí, seirbhísí agus soláthar oideachais chun cosc a chur ar easpa dídine, chun maireachtáil neamhspleách a chothú agus chun deireadh a chur leis an spleáchas ar chóiríocht shealadach d'fhonn deireadh a chur leis an ngá le codladh amuigh agus d'fhonn réitigh fhadtéarmacha ar an easpa dídine a sholáthar.

Faoi láthair, tá dhá theach idirthréimhse ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sa chontae agus iad suite i mBéal Átha na Sluaighe & i dTuaim. Sa bhliain 2017, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe 35 iarratasóir san iomlán a measadh ina leith go raibh siad gan dídean a ainmniú i gcomhair tionóntacht bhuan.

## An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil

De réir Alt 9 d'Acht na dTithe 1988, arna leasú, agus Alt 6 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe na riachtanais chóiríochta reatha, agus na riachtanais chóiríochta réamh-mheasta, atá ag teaghlaigh de chuid an Lucht Siúil agus nach mór freastal orthu le linn thréimhse an Chláir Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018, a mheasúnú agus a shainaithint.

Tá teist mhaith ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le freastal ar riachtanais chóiríochta theaghlaigh an Lucht Siúil. Tá na spriocanna atá leagtha síos sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil sáraithe ag an gComhairle agus leanadh den treocht sin i rith na bliana 2017 ar lena linn a freastalaíodh ar riachtanais chóiríochta 79 dteaghlach.

| An Cineál Cóiríochta | Sprioc Bhunaidh 2017 | Sprioc Athbhreithnithe Sprioc | An Soláthar |
|---|---|---|---|
| **Grúpscéim Tithíochta - Láithreach** | 1 | 3 | 1 |
| **Bloc Seirbhíse Láithreáin Bhuain Stad - Láithreach** | 1 | 5 | 3 |
| **Gnáth-Thithíocht Údaráis Áitiúil** | 5 | 8 | 22 |
| **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos/ Léasú Fadtéarma** | 7 | 1 | 0 |
| **Ceannach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe** | 1 | 1 | 2 |
| **Tithíocht Dheonach** | 5 | 1 | 7 |
| **Ceannach ag Daoine den Lucht Siúil** | 1 | 1 | 0 |
| **Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta/Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos agus/gan an Forlíonadh Cíosa san áireamh** | 14 | 46 | 44 |
| **Iomláin** | **35** | **66** | **79 (120%)** |

Tábla 2: Spriocanna & an Soláthar 2015-2017

Ghlac an Chomhairle Clár Athbhreithnithe Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 i mí Iúil 2017. Tá an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil ceaptha chun freastal ar riachtanais an Lucht Siúil ar mhodh gnáth-thithíochta nó ar mhodh cóiríochta atá oiriúnach ó thaobh cúrsaí cultúir de agus tá sé i gceist freastal ar an gcuid is mó de na riachtanais tithíochta ar mhodh gnáth-thithíochta agus is féidir déileáil leis an éileamh íseal ar chóiríocht i láithreáin stad trí leas a bhaint as na láithreáin stad atá ann cheana féin.

## An Straitéis maidir le Míchumas

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Míchumais sa bhliain 2017 agus ghlac an Chomhairle Plean Straitéiseach Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2017-2020 i mí an Mheithimh 2017. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta i leith daoine faoi mhíchumas a chur i gcroílár an bheartais tithíochta agus forbraíodh an Plean in éineacht leis na comhpháirtithe seo a leanas:

- Ranna na Comhairle a phléann le nithe a bhaineann le Leithroinntí, Caipiteal agus Measúnachtaí
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE), na seirbhísí meabhair-shláinte, míchumais fhisiciúil agus míchumais intleachta
- Cumainn a bhfuil baint shonrach acu le míchumas agus tithíocht i gcoitinne, agus
- Soláthróirí seirbhísí míchumais.

Sa Straitéis, sainaithníodh na bealaí chun tithe cónaithe inbhuanaithe a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

1. Tionóntacht Tithíochta Sóisialta
2. Tithíocht oiriúnach ar cíos a fháil san earnáil phríobháideach, agus
3. Teach cónaithe an úinéara a oiriúnú chun freastal ar riachtanais an úinéara.

Tháinig an Coiste Stiúrtha ar Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas le chéile ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta.

## Tionóntacht agus Bainistíocht Eastát

Rinneadh an Straitéis Bainistithe Eastát (EMS) don chontae a ghlacadh sa bhliain 2013 agus soláthraíonn sí creat straitéiseach do Bhainistiú Eastát ar fud an chontae. Léiríonn an EMS an cur chuige idir-roinne agus idirghníomhaireachta atá glactha ag an Aonad Tithíochta agus ag a chomhpháirtithe agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar cháilíocht an tsaoil do chónaitheoirí inár gcuid eastát tithíochta.

Bhí cruinnithe ag an Aonad Tithíochta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, agus leis na Gardaí ar fud na bliana agus d'éirigh leo oibriú le chéile i roinnt réimsí a bhain le tionóntaí a raibh gá acu le tacaíocht.

Bunaíodh an tAonad Tionóntachtaí & Bainistithe Eastát sa bhliain 2013 agus próiseálann sé gearáin faoi Iompar Frithshóisialta & faoi Sháruithe ar an gcomhaontú tionóntachta i gcomhréir leis an Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta agus Inbhuanaitheacht Tionóntachta. Is é is príomhaidhm don Straitéis maidir le hInbhuanaitheacht Tionóntachta ná íoslaghdú a dhéanamh ar chliseadh tionóntachtaí agus pobail chobhsaí inbhuanaithe a chur chun cinn. Glacadh an Straitéis sin i mí an Mhárta 2017. Maidir le cur chuige na Comhairle sa réimse seo, áirítear ann teagmháil ghníomhach leis an bpobal/rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ar bhonn leanúnach ag leibhéal áitiúil, agus béim á leagan ar iompar frithshóisialta agus sáruithe ar chomhaontú tionóntachta a shainaithint ag céim luath.

Táthar tar éis caidreamh an-láidir a fhorbairt leis na Gardaí agus buaileann an t-aonad go rialta le bainisteoirí sinsearacha na nGardaí chun plé a dhéanamh faoi limistéir ina bhfuil fadhbanna agus chun plé a dhéanamh i dtaobh conas is féidir leis an dá eagraíocht comhoibriú lena chéile chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta. I dtaca leis sin de, rinneadh fochoiste speisialta de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid CCTV in eastáit tithíochta agus ar réimsí eile riachtanais.

Tá CCTV á oibriú i 7 n-eastát anois, is é sin le rá, i mBaile Átha an Rí, i mBaile Locha Riach, in Áth Eascrach, sa Ghort, ar Bhóthar Gilmartin, Tuaim, i Láithreán Stad Thuama agus i dTír Bhuí, Tuaim.



*An tionscadal Cothabhála Tithíochta ar Bhóthar na Cora, The Pottery, Tuaim.*



*Tionscadal Cothabhála Tithíochta ag 64 Shannon Park, Port Omna*

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA, UISCE AGUS ÉIGEANDÁLA

# Seirbhísí Timpeallachta

Is é atá i ról na Rannóige Timpleallachta ná an Timpleallacht i gContae na Gaillimhe a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe le cáilíocht na beatha, forbairt eacnamaíochta agus comhlíonadh rialachán. Tá an méid sin le baint amach trí líon mór pleananna, beart agus clár atá le cur i bhfeidhm ag an Aonad ina iomláine.

## Tosaíocht Straitéiseach

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

- Lean an mheitheal feasachta de bheith rannpháirteach leis na hearnálacha tís agus tráchtála i ndáil le feasacht ar an timpleallacht a chur chun cinn.
- Rinneadh imeachtaí feasachta timpleallachta a reáchtáil ar lena linn a díríodh ar bhainistiú dramhaíola, ar chosc dramhaíola, ar dhramhbhia, ar mhúiríniú baile, ar dhramhaíl ghuaiseach teaghlaigh, ar chaomhnú fuinnimh agus ar chaomhnú uisce.
- Rinneadh faisnéis faoi ghníomhaíochtaí feasachta agus timpleallachta a chur ar fáil trí na meáin áitiúla, trí na meáin shóisialta, trí leabharlanna, trí scoileanna, trí ghrúpaí deonacha etc.;
- Bhí teagmháil leanúnach ann le grúpaí Bailte Slachtmhara;
- leanadh de chlár na Scoileanna Glasa a bhfuil os cionn 90% de scoileanna an chontae páirteach ann;
- Maoiníodh roinnt tionscnamh frithbhruscair;
- Gaillimh Níos Glaine agus Níos Glaise a chur chun cinn i gcomhar leis an nGarda Síochána;
- Tionscnaimh maidir le Bailiúcháin Shoghluaiste Dramhaíola Guaisí WEEE agus maidir leis an nGlantachán Náisiúnta Earraigh a chur i gcrích.
- Lean Líonra an Údaráis Áitiúil ar Bhearta Coiscthe dá chuid oibre i ndáil le gníomhaíochtaí a shainaithint sna hearnálacha pobail, gnó agus poiblí le haghaidh réimsí amhail cosc dramhaíola, caomhnú fuinnimh, caomhnú uisce, oiliúint agus feasacht.

## Tosaíocht Straitéiseach

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

- Tar éis próiseas fála, rinneadh an conradh maidir le hoibriú na Láithreán Conláiste Cathartha sa Chlochán, i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe a athnuachan go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Leanfaidh *Barna Waste* den láithreán a oibriú.
  Rinneadh an conradh maidir leis na seirbhísí dramhaíola ar Inis Bó Finne a athnuachan go dtí an 31 Márta 2019.
  Tá Athchúrsáil Teo ag leanúint de na seirbhísí dramhaíola ar na 3 oileán eile a bhainistiú ar bhonn socrú comhpháirtíochta leis an gComhairle.

  Tá 93 ionad 'Bainc Fág Anseo' ann ar fud an Chontae chun gloine agus cannaí deochanna atá le hathchúrsáil agus éadaí a bhailiú iontu.



*'Bainc Fág Anseo' sna Creaga*

- I gcomhar le EPA agus leis an Roinn, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint de chúnamh a thabhairt maidir le bainistiú láithreán Líonadh Talún Chill Chonaill agus den líonadh talún a oibriú chun glacadh le dramhaíl ar feadh tréimhse shainithe ama sa 2 chill atá fágtha. Síníodh conradh tógála i mí Iúil agus cuireadh tús le hoibreacha caipitiúla chun na cealla atá ann cheana féin a dhúnadh go buan.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

- Rinneadh 23 iniúchadh ar láithreáin ag a bhfuil cead dramhaíola. Suiteáladh CCTV ceilte ag 2 láithreán. Eisíodh fógraí pionóis sheasta ag láithreáin 'banc fág anseo'. Tugadh feabhsú suntasach faoi deara ag na bainc buidéil atá ann agus bhí laghdú taifeadta ag maoir phobail maidir le bruscar/dumpáil neamhdhleathach ag láithreáin 'banc fág anseo'.

- Rinneadh 123 iniúchadh ag láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite agus eisíodh litreacha rabhaidh agus imeachtaí ionchúisimh de réir mar ba ghá. Tugadh laghdú suntasach faoi deara maidir leis an riosca a bhaineann le láithreáin neamhúdaraithe agus le láithreáin ag a bhfuil ceadúnas sceite ach nach mbainistítear go maith agus bhí coinníollacha na gceadúnas á gcomhlíonadh go hiomlán i gcás tuairim is 52% de na láithreáin cheadúnaithe.

- Tháinig méadú suntasach ar fheasacht an phobail i gcoitinne i ndáil le suíomh agus cothabháil a gcórais cóireála dramhuisce ar an láthair. Rinneadh 126 iniúchadh de réir cheanglais an NIP, lena n-áirítear iniúchtaí fíorúcháin.

- Rinneadh conarthaí i ndáil le faireachán seiceála & iniúchta agus i ndáil le faireachán amh-uisce. Tógadh 1593 shampla PWS agus GWS Poiblí agus Tríobháideach agus, i gcás PWS, bhí ráta 98% ann i dtaca le comhlíonadh na gcaighdeán atá leagtha síos sna rialacháin maidir le huisce óil.

- Rinneadh imscrúduithe mar fhreagra ar ghearáin a fuarthas ón líne Náisiúnta Dumpála Neamhdhleathaí, ó dhaoine den phobal agus ó fhoireann na Comhairle agus mar fhreagra ar ábhar a fuarthas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuireadh feabhas ar an gcóras bainistithe gearán agus bhí laghdú suntasach ar an líon gearán beo a bhí ann. Réitíodh 1575 ghearán.

- Rinne maoir agus oifigigh forfheidhmiúcháin comhiniúchtaí Freagrachta Tairgeora agus leagadh béim ar leith ar diúscairt dramhbhia agus araidí donna tráchtála.

- Faoi chlár píolótach pacáistíochta CU WERLA, rinneadh comhiniúchtaí i gcomhar le REPAK ar ghnóthaí neamh-chomhlíontacha.

- Le maoiniúchán a chuir DCCAE ar fáil faoi Thionscnamh Frith-Dhumpála 2017, rinneadh glantachán in 8 n-áit a raibh fadhb mhór iontu maidir le bruscair, cuireadh bacainní agus comharthaí in airde agus suiteáladh CCTV. Tugadh os cionn 100 tona dramhaíola chun bealaigh mar chuid den tionscnamh sin.

- Le maoiniúchán a chuir DCCAE ar fáil, tugadh tuairim is 70,000 dramhbhonn chun bealaigh ó láithreáin neamhdhleathacha dumpála.



*Glantachán ag Thoor, Baile Uí Laoigh, an Gort, i mí Lúnasa 2017*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

- Bronnadh stádas 'Bratach Ghorm' ar na tránna seo a leanas sa bhliain 2017:
  - An Pointe Fada, Baile Locha Riach
  - Trácht, Cinn Mhara
  - Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua
  - Trá Mór, Coill Rua, Indreabhán
  - Trá Chill Mhuirbhigh, Inis Mór
  - Limistéar Snámha Phort Omna (Iontrálaí Nua)



*Trá Mór, Coill Rua, Indreabhán*

- Fuarthas Gradaim Chósta Ghlais do shé thrá sa bhliain 2017:
  - Trá Pholl Na gCaorach, Inis Oírr
  - An Ceann Thoir, Inis Bó Finne
  - Dumhach, Inis Bó Finne
  - An Trá, Inis Oírr, Oileáin Árann
  - An Aill Bhreac, Baile Conaola
  - Rinn Mhaoile.



- Tá 233 reilig liostaithe i gclár reiligí na Comhairle. Rinneadh roinnt méaduithe a chur i gcrích, nó rinneadh dul chun cinn ina leith, i rith na bliana agus, i gcomhar le cuid mhór coistí áitiúla reilige, rinneadh oibreacha feabhsúcháin agus cothabhála ar fud an chontae. Soláthraíodh deontas bliantúil idir €300-€600 do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantair féin agus bronnadh deontas ar 159 gcoiste.

- Déanann an Chomhairle Seirbhís Iniúchta Sláinte Poiblí Tréidliachta a sholáthar faoi théarmaí a conartha seirbhíse 5 bliana le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
  Tá 11 seamlas áitiúla ann sa chontae agus 3 cinn díobh ceadaithe i leith Éanlaithe ag an gComhairle faoi reachtaíocht na hÉireann agus faoi reachtaíocht an AE. Déantar eallach, caoirigh, muca agus éanlaith a mharú sna háitribh sin faoi mhaoirseacht na Comhairle. Chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle maoirseacht ar 9 n-áitreabh cheadaithe próiseála feola sa chathair agus sa chontae araon. Tá dhá áitreabh eile cláraithe.

- Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, le heallach agus le caoirigh a imscrúdú i gcomhar leis na Gardaí, leis an Roinn Talmhaíochta agus le grúpaí leasa. Leantar d'fhaireachán a dhéanamh ar Rialú Madraí.

- Tá saoráid gaibhnithe ag an gComhairle i mBéal Átha na Sluaighe (capaill atá ann go formhór). Rinne seirbhís tréidliachta na Comhairle idirchaidreamh leis an Aonad Tithíochta le linn an tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.

- Sa bhliain 2017, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe deimhniúchán maidir le caighdeán idirnáisiúnta ISO 50001 i leith Córais Bhainistíochta Fuinnimh.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

Is é atá sa tionscnamh 'Gaillimh Níos Glaine agus Níos Glaise', ar lainseáil an tAire Denis Naughten é sa bhliain 2017, ná cur chuige comhoibríoch na Comhairle agus Fochoiste Chomhchoiste Póilíneachta an Chontae ar Dhumpáil Neamhdhleathach agus ar Fheasacht faoi Bhruscar i ndáil leis an tionscnamh bhruscair agus frithdhumpála, agus iad ag obair i gcomhar le heagraíochtaí spóirt, deonacha agus gnó agus leis an nGarda Síochána.




*Clé-Deas: Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach, an Teachta Hildagarde Naughton, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, An Comhairleoir Michael Connolly, An tAire Denis Naughten, an Comhairleoir Moegie Maher.*

Tháinig níos mó ná 100 duine le chéile, idir lúthchleasaithe agus phearsana spóirt mór le rá, ón CLCG, ó Rugbaí Chonnacht agus ó Galway United, leis an Aire Naughten, agus le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Michael Connolly, agus le comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun tacú le "Gaillimh Níos Glaine agus Níos Glaise".

Agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ag dul i mbun feachtas feasachta an-réamhghníomhach uilechuimsitheach i gcoinne bruscair agus i gcoinne dumpáil neamhdhleathach ar fud an chontae, is é atá sa teachtaireacht atá ag an bpobail spóirt do mhuintir na Gaillimhe ná "*ná déan neamhshuim den chomhrac in aghaidh bruscair*"




*An Comhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, in éineacht le réaltaí CLCG na Gaillimhe, Heather Cooney, Áine McDonagh, Maria Cooney, Olivia Divilly, Ailsh O'Reilly (ceilte) Rebecca Henley, in éineacht leis na Comhairleoirí Michael (Moegie) Maher agus Peter Roche - agus tionscnamh Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcoinne bruscair agus dumpáil neamhdhleathach, 'Gaillimh Níos Glaine agus Níos Glaise!', á chur chun cinn acu*




*Baill d'fhoireann Rugbaí Chonnacht agus taispeáint á léiriú acu do 'Gaillimh Níos Glaine agus Níos Glaise'*

Rinneadh cruinnithe agus ceardlanna faisnéise maidir le cosc dramhaíola, múiríniú baile, caomhnú fuinnimh agus caomhnú uisce a sheoladh ar fud Chontae na Gaillimhe i gcomhar le grúpaí pobail, le grúpaí deonacha, le coistí bailte slachtmhara agus leis an tSeirbhís Leabharlainne.

Cuireadh Clár na Gaillimhe maidir le Diomailt Bia a Chosc i bhfeidhm i bpobail agus cabhraíonn an clár sin le sealbhóirí tí laghdú a dhéanamh ar an méid bia a chuirtear amú.

Tá clár na Scoileanna Glasa á chur i bhfeidhm i gcónaí agus bhí an-rath air go dtí seo agus táthar tar éis Bratach Ghlas a bhronnadh ar 190 scoil sa Chontae.

Rinneadh Tionscnaimh Frithbhruscair, amhail an Glantachán Earraigh Náisiúnta, Tionscnamh 'Tabhair Aire do Bhóthar', Feachtas na Gaillimhe i gcoinne Salú ag Madraí agus an Feachtas i gcoinne Bruscar Guma Coganta a chur i bhfeidhm ar fud an chontae.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Soláthraíonn Aonad Timpeallachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe roinnt seirbhísí don phobal, lena n-áirítear Bainistiú Dramhaíola, Bainistiú Bruscair agus Forfheidhmiúchán Timpeallachta, Feasacht ar an Timpeallacht, Reiligí agus Seirbhísí Tréidliachta agus Rialú Madraí.

# Seirbhísí Uisce

Agus í ag feidhmiú faoin gComhaontú Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de thionscadail seirbhísí uisce a chur chun cinn ar fud na bliana 2017. Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na céimeanna éagsúla a bhaineann le mórthionscadail chaipitiúla chun saoráidí uasghrádaithe a chur ar fáil sa chontae faoin gClár Bonneagair agus chun comhlíonadh rialachán a chinntiú. De bhreis air sin, rinneadh obair shuntasach faoi chláir na dTionscadal Caipitiúil chun gléasraí chóireála agus gréasáin atá ann cheana féin a fheabhsú agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint astu. Mar thoradh ar fheabhsú leanúnach bonneagair sa bhliain 2017 tá saoráidí feabhsaithe uisce agus cóireála séarachais ann agus, dá bharr sin, tá cosaint fheabhsaithe á soláthar don chomhshaol, tá seirbhísí feabhsaithe ann do chustaiméirí agus tá uisce óil glan ann do gach uile úsáideoir.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa chontae i rith na bliana faoi Chlár Bonneagair Uisce Éireann. Rinne an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, gléasra nua cóireála dramhuisce, a oireann do choibhéis dhaonra 1,300 (P.E.), a oscailt go hoifigiúil i gCinn Mhara ar an 12 Bealtaine 2017.

Cumasaíonn an gléasra seo deireadh le sceitheadh dramhuisce neamhchóireáilte isteach sa bhá ag Cinn Mhara. Tá sé beartaithe tionscadal eile a chur i gcrích d'fhonn an gréasán láithreach séaraigh a shíneadh chuig roinnt forbairtí tithíochta imeallacha sa bhaile rud a éascóidh ceangal a dhéanamh idir iad agus an séarach poiblí agus díchoimisiúnú córas láithreach cóireála ar an láthair.



*An tAire Coveney le linn oscailt oifigiúil ghléasra cóireála uisce Chinn Mhara*

Seoladh an searmanas oscailte láithreáin le haghaidh ghléasra cóireála dramhuisce Bhaile Átha an Rí ar an 17 Samhain agus chuir *Ward & Burke Construction* tús le tógáil an ghléasra uasghrádaithe go gairid ina dhiaidh sin. Soláthróidh an gléasra acmhainneacht bhreise cóireála, a bhfuil géarghá léi, i mBaile Átha an Rí áit a bhfuil teorainn curtha le forbairt le blianta beaga anuas mar thoradh ar acmhainneacht neamhdhóthanach.



*An searmanas oscailte láithreáin ag gléasra cóireála dramhuisce Bhaile Átha an Rí ar an 17 Samhain 2017*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh**

Rinne Glan Agna Ltd. uasghrádú suntasach ar an ngléasra cóireála dramhuisce in Uachtar Ard a chur i gcrích go substaintiúil agus aistríodh sreabhadh chuig an ngléasra uasghrádaithe i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tá saoráid chóireála den scoth, ina bhfuil acmhainneacht 2,400 P.E., curtha in ionad an tseanghléasra 500 P.E. Go dtí seo, is léir go bhfuil cáilíocht an eisiltigh níos fearr ná na teorainneacha riachtanacha agus, dá bharr sin, feabhsófar cáilíocht an uisce san uisce glactha, is é sin, Abhainn Ruibhe.

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana freisin maidir le dearadh agus pleanáil tionscadal beartaithe i leith roinnt scéimeanna eile. Deonaíodh cead pleanála le haghaidh gléasraí cóireála dramhuisce atá beartaithe le haghaidh Bhéal Átha Ghártha agus Ghleann na Madadh.

Deonaíodh cead pleanála freisin le haghaidh trí cinn de na ceithre stáisiún caidéalaithe atá ag teastáil i leith thionscadal mhéadaithe RWSS Thuama. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le hoibreacha a bhaineann le stóráil bhreise uisce a chur ar fáil ar Inis Oírr agus ar Inis Meáin. Tá na suirbhéireachtaí riachtanacha imscrúdúcháin agus an dearadh mionsonraithe a gcur ar aghaidh freisin i ndáil leis na nithe réamhluaite sin ar fad.

Rinneadh dul chun cinn freisin maidir le tógáil an phríomhphíopa uisce ó Bhéal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo, go dtí an Garrán Leathan, Co. Ros Comáin, ar príomhphíopa é atá le síneadh chuig Baile Liam. Tá tuairim is 6km de phríomhphíopa uisce le tógáil ó theorainn an chontae le Ros Comáin go dtí Baile Liam.

Tá dul chun cinn déanta freisin maidir leis an obair ar roinnt scéimeanna faoi Chláir Chaipitiúla. Cuireadh oibreacha barrfheabhsaithe próisis a chur i gcrích ag gléasra cóireála uisce Phort Omna agus rinneadh dul chun cinn maidir le pleanáil agus dearadh oibreacha den tsamhail chéanna le haghaidh ghléasraí cóireála uisce Bhéal Átha na Sluaighe, an Ghoirt, an Spidéil agus Lár na Gaillimhe.

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an gclár a bhaineann le Glanadh agus Miondeisiúcháin Taiscumar.

Cuireadh próiseas tairisceana i ndáil le gléasraí cóireála dramhuisce le haghaidh Thuama, Bhéal Átha na Sluaighe agus an Ghoirt i gcrích agus cuirfear tús leis an tógáil go luath sa bhliain 2018.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil**

Chun a chinntiú go bhfuil soláthar daingean uisce ar fáil, tá bearta laghduithe sceite a gcur i bhfeidhm faoi Chlár an Ghréasáin Uisce (WNP) arb é is cuspóir fadtéarma dó ná laghdú a dhéanamh, chuig leibhéil eacnamaíocha inbhuanaithe, ar sceitheadh ó chodanna poiblí agus ó chodanna custaiméara araon agus feabhas a chur ar fheidhmíocht agus ar iontaofacht fheabhsaithe ó thaobh an ghréasáin uisce de.

Cuimsíonn an clár sin athshlánú gréasáin, lena n-áirítear príomhphíopa nua a chur in ionad codanna den phríomhphíopa ina dtarlaíonn briseadh go minic, mar aon le tionscnaimh eile laghdaithe sceitheadh lena n-áirítear ‘aimsigh agus deisigh’ agus gníomhaíochtaí bainistíochta brú i gCriosanna áirithe Soláthair Uisce ar fud an Chontae i dTuaim, in Iarthar Chathair na Gaillimhe, i mBéal Átha na Sluaighe, i mBaile Locha Riach agus sa Cheathrú Rua.

I measc na scéimeanna atá sainaitheanta go dtí seo i gcomhair athshlánú príomhphíopaí, áirítear scéimeanna Inis Mór, Chloch na Rón, an Spidéil, na Ceathrún Rua agus Ghleann na Madadh agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le gnéithe dearthóireachta de chuid na scéimeanna sin.

Tá tús curtha le hoibreacha sa Teach Mór, Indreabhán, agus tá oibreacha ar na scéimeanna eile le cur ar aghaidh ar fud na bliana 2018. Mar thoradh ar na hoibreacha athshlánúcháin sin, agus mar thoradh ar oibreacha caipitiúla eile, tá rátaí méadaithe braite agus deisiúcháin ann, mar aon le feabhsuithe leantacha ar na figiúirí a bhaineann le huisce gan tásc sa Chontae.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

Soláthraíonn an Chomhairle tacaíocht don earnáil ghrúpscéimeanna uisce agus, mar thoradh air sin, beidh pobail in ann iad féin a chothú agus a ngnóthaí féin a bhainistiú amach anseo trí riaradh a dhéanamh ar an gClár Uisce Tuaithe thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Soláthraíonn na Grúpscéimeanna Uisce formhaoirseacht bheartais don Chlár trí ionadaíocht ar an gCoiste Áitiúil Faireacháin Uisce Tuaithe a thagann le chéile suas go 4 huaire sa bhliain. Ina theannta sin, soláthraíonn an Clár tacaíocht do ghrúpscéimeanna trí dheontais le haghaidh feabhsúcháin chaipitiúla ar mhaithe le feabhsú scéimeanna agus trí fhóirdheontais i gcomhair oibriú agus cothabháil leanúnach.

Tá na cláir éagsúla go léir a bhaineann le hUisce Tuaithe á maoiniú go hiomlán ag an Roinn Timpleallachta agus bíonn an leibhéal tacaíochta a sholáthraítear sa raon ó 75% go 100%.

Sa bhliain 2017, íocadh Deontais Chaipitiúla arbh fhiú thart ar €0.7m iad agus, chomh maith leis sin, íocadh Fóirdheontais arbh fhiú thart ar €2.8m iad.


Soláthraíonn an Roinn cúnamh deontais freisin i gcomhair oibreacha sonracha cosanta foinse a dhéanann na Grúpscéimeanna Uisce. Is é is aidhm don deontas ná cabhrú le scéimeanna Plean Cosanta Foinse a sholáthar. Oibríonn an Chomhairle go han-dlúth le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce i ndáil le cur i bhfeidhm an chláir agus leantar den chlár a dhíriú go príomha ar fheabhsú na soláthairtí uisce do Ghrúpscéimeanna Uisce.

# Seirbhísí Éigeandála

Is iad seo a leanas na freagrachtaí atá ar sheirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe (GFRS):

- Gníomhaíonn sí chun déileáil le dóiteáin agus, chomh maith leis sin, chun déileáil le timpistí tráchta bóthair,
  le teagmhais a bhaineann le hábhair ghuaiseacha, le tarrtháil uisce, le tuiliú agus le mórghuaiseacha de bharr timpistí;
- Féachann sí le héigeandálaí a chosc trí raon oibríochtaí coiscthe dóiteáin agus oibríochtaí teicniúla sábháilteachta dóiteáin a chur i gcrích sa Chontae agus sa Chathair agus trí thionscnaimh phobail éagsúla maidir le sábháilteacht dóiteáin.
- Is í Príomhsheirbhís Éigeandála (PES) an Údaráis Áitiúil í i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe agus, ina gcáil mar Údaráis Áitiúla, is iad na comhairlí sin a fheidhmíonn mar Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRA) i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta maidir le Mór-Éigeandálaí a Bhainistiú 2006.

Faoi láthair, tá aon stáisiún déag ann a fhónann do Chontae na Gaillimhe ina bhfuil daonra 179,048 nduine agus do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil daonra 79,504 dhuine (de réir staitisticí CSO 2016) de réir mar a thaispeántar i bhFíor 1.




*Fíor 1: Suíomhanna Stáisiúin Dóiteáin GFRS*

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Cathair na Gaillimhe (Ceanncheathrú)
- An Gort
- Inis Mór
- Baile Locha Riach
- An Creagán

- Port Omna
- Tuaim
- An Cheathrú Rua

Thosaigh stáisiún dóiteáin na Ceathrún Rua ag oibriú mar an 11ú Stáisiún Dóiteáin de chuid an chontae ar an 22 Feabhra 2016. Tá 167 nduine ar fostú ag an gComhairle anois mar phearsanra comhraicthe dóiteáin i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe, lena n-airítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus áirithinte sa Chathair agus sa Chontae, oifigigh shinsearacha dóiteáin, meicneoir briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta. De bhreis air sin, tá 4 dhuine ann in FRS na Gaillimhe a fheidhmíonn mar fhoireann shibhialtach tacaíochta riaracháin agus mar fhoireann Cheanncheathrún atá lonnaithe i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe.




*An Stáisiún Dóiteáin nua sa Cheathrú Rua*



*Fearais Dóiteáin ag an Stáisiún Dóiteáin nua sa Cheathrú Rua*

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar**

**Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS) – Creat don tSábháil Teacht ó Dhóiteán in Éirinn**

D'fhoilsigh An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Dóiteán & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM) "Pobail a Choinneáil Sábháilte", arb é toradh athbhreithnithe ar Sheirbhísí Dóiteáin agus ar Shábháilteacht

Dóiteáin in Éirinn é, i mí Feabhra 2013. Is ionann "Pobail a Choinneáil Sábháilte" (KCS) agus treoirphlean comhtháite i ndáil le forbairt na ról riachtanach sábháilteachta pobail a chomhlíonann na Seirbhísí Dóiteáin, ar plean é atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2013-2015 agus trína ndéanfar rioscaí a bhainistiú agus aghaidh a thabhairt ar nithe a bhaineann le feabhsú sábháilteachta poiblí, le laghdú teagmhas, le caighdeáin freagartha agus le struchtúir soláthair seirbhíse sna deich mbliana atá romhainn.

Tá dréacht-aicmiú na rioscaí i limistéar talún (ARC) gach stáisiúin dóiteáin ar leith I nGaillimh curtha I gcrích agus cuireadh faoi bhráid NDFEM é I samhradh na bliana 2015 mar chuid den 1ú tuarascáil ón nGrúpa Bailíochtaithe Sheachtraigh Náisiúnta (EVG), de réir mar a iarradh i gCiorclán NDEM 05/2015. D'eisigh NDFEM dréacht-tuarascáil náisiúnta EVG 1 sa bhliain 2016 I gcomhair díospóireachta ach tá moill curtha le foilsiú thuarascáil deiridh EVG 1. Faoi láthair, tá uasdátú a dhéanamh againn ar phlean oibríochtúil Alt 26 Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus táthar ag súil go gcuirfear faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh agus na Comhairle é lena ghlacadh sa bhliain 2018.

**Camp West**

Lean GFRS den triail slógtha *CAMP Next Generation* a reáchtáil agus a phíolótú i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe mar chuid de sholáthar trealaimh nua cianionaid i stáisiúin dóiteáin i réigiún an iarthair mar chuid de thionscadal *Camp CtRI*. Rinneadh obair theicniúil ullmhúcháin sa bhliain 2017 i ngach stáisiún dóiteáin chun an t-aistriú chuig feistí digiteacha (Tetra) a chumasú i bhfeithiclí agus i Stáisiún Dóiteáin na Ceanncheathrún sa bhliain 2018.

**Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta**

Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta FRS na Gaillimhe le fáil i Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe. I lámhleabhar sábháilteachta na Comhairle atá oiriúnaithe do Ghaillimh, tugtar aghaidh ar na cúinsí oibre a ndéileálann an tSeirbhís Dóiteáin leo agus ar gné den bhainistíocht seirbhíse ina leith é, le fada an lá, plé le riachtanas, le rioscaí agus le hacmhainní i raon leathan dálaí. I Lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta/Ráiteas Sábháilteachta Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe, leagtar amach an cur chuige atá glactha ag an Údarás Dóiteáin seo i ndáil le sábháilteacht a bhainistiú agus, go háirithe, i ndáil lena oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

**OHSAS 18001: Sláinte Cheirde & Córas Bainistíochta Sábháilteachta**

D'fhóin coimeád chreidiúnú chóras bainistíochta sábháilteachta OHSAS 18001 agus clár bainistíochta H&S mar mhórspreagthóirí i leith cuid mhór de ghníomhaíochtaí H&S na seirbhíse dóiteáin sa bhliain 2017 agus tugtar achoimre air sin anseo thíos:

- **OHSAS 18001**: Tar éis iniúchtaí Chéim 1 agus Chéim 2 i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2016 faoi seach, tá Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) tar éis caighdeán OHSAS 18001 a chreidiúnú don tseirbhís dóiteáin. Bronnadh an deimhniúchán i mí Bhealtaine 2017 le linn imeacht ar fhreastail ionadaithe de chuid Údarás Náisiúnta Sábháilteachta, Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe air. Tá ról tábhachtach ag na hiniúchtaí faireachais a dhéanann an comhlacht creidiúnúcháin (NSAI sa chás seo) i gcóras OHSAS 18001 chun a chinntiú go ndéantar córais bainistíochta sábháilteachta a chothabháil de shíor agus go bhfeabhsaítear iad ar bhonn comhsheasmhach de réir cheanglais an chóid cleachtais. I dtaca leis sin de, fuair Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe pas san iniúchadh faireachais a rinneadh sa bhliain 2017.







*Bronnadh Dheimhniú OHSAS 18001 ar Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe*

- **Seiceálacha Sábháilteachta i Stáisiúin Dóiteáin**: cuireadh tús le tionscnamh nua sa bhliain 2017, is é sin, seiceálacha sábháilteachta a dhéanamh go tráthrialta i stáisiúin sábháilteachta. Is é is cuspóir do na seiceálacha sin, a dhéantar ar bhonn sé mhíosúil i gcás stáisiúin dóiteáin áirithinte agus ar bhonn débhliantúil i gcás stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe, ná forlíonadh a dhéanamh ar shraith measúnachtaí rioscaí statacha i leith ár gcuid stáisiún dóiteáin (a ndéantar athbhreithniú ina leith ar bhonn tríbhliantúil). Ina theannta sin, cuireann siad deis ar fáil chun guaiseacha ionchasach sna stáisiúin dóiteáin a shainaithint ag céim luath agus, ar an dóigh sin, is féidir bearta cuí rialaithe agus gníomhartha ceartaitheacha a chur i bhfeidhm.

- **Cruinnithe / Comhairliúcháin**: Sa bhliain 2017, seoladh 9 gcruinniú den Ghrúpa Stiúrtha H&S, 6 chruinniú den Ghrúpa Oibríochta H&S Cathrach & Cathrach Áirithinte, agus 8 gcruinniú den Ghrúpa Oibríochta H&S Contae Áirithinte.

• **Iniúchtaí:** mar atá luaite thuas, rinne NSAI an chéad iniúchadh faireachais i leith chreidiúnúchán OHSAS 18001 a chur i gcrích i Meitheamh 2017. Roghnaíodh stáisiúin dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe agus Bhaile Locha Riach a roghnú mar shuíomhanna le haghaidh na n-iniúchtaí. Rinne pearsanra na seirbhíse dóiteáin sa dá shuíomh sin iarrachtaí suntasacha chun a chinntiú go raibh a stáisiún dóiteáin sa riocht is fearr agus ab fhéidir. Chinn NSAI nach raibh aon ábhar imní ann ba chúis le tarraingt siar an deimhniúcháin OHSAS 18001 agus d'éirigh leis an tseirbhís an deimhniúchán a choimeád ar bun.

• **Rialú Legionella**: Tar éis na measúnachtaí riosca legionella a rinneadh ar na stáisiúin dóiteáin sa bhliain 2016, forbraíodh Clár Legionella agus cuireadh tús leis sa bhliain 2017. Is é atá i gceist leis an gclár ná faireachán míosúil ar an mbonneagar seirbhísí uisce i ngach staisiún dóiteáin, ar faireachán é a dhéanann conraitheoir speisialtóireachta. I gcomhthráth leis an gclár áirithe sin, cuireadh tús le clár ar leithligh i leith oibreacha feabhais a dhéanamh ar bhonneagar seirbhísí uisce i ngach stáisiún dóiteáin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh sna measúnachtaí riosca legionella. Mar thoradh ar na hoibreacha sin a cuireadh i gcrích go formhór i mí na Nollag 2017, agus mar thoradh ar an bhfaireachán míosúil freisin, bhíothas in ann laghdú a dhéanamh ar an rátáil i leith an riosca legionella sna stáisiúin dóiteáin.

• **Doiciméid H&S**: rinneadh roinnt doiciméad a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta a athbhreithniú agus a uasdátú agus eisíodh cóipeanna den ábhar sin chuig stáisiúin dóiteáin Leanamar de dhoiciméid a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta a uaslódáil chuig feidhm na Leabharlainne de bhogearraí an tSeomra Rialaithe Teagmhas. Tá sé beartaithe na doiciméid H&S go léir den sórt sin a choimeád ar an modh seo á chinntiú go mbeidh na doiciméid is cothroime le dáta ar fáil gach tráth do na criúnna dóiteáin go léir.


• **Tuairisciú Tionóiscí**: Rinneadh tuilleadh oiliúna faoi na nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú tionóiscí agus teagmhas contúirteach a sholáthar do phearsanra na seirbhíse dóiteáin. Tuairiscíodh 13 thionóisc agus 8 dteagmhas sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo. Leanadh de chothabháil foirgníochta a dhéanamh i stáisiúin dóiteáin i rith na bliana 2017, lena n-áirítear an clár rialaithe legionella a chur i bhfeidhm, oibreacha feabhais a dhéanamh agus córais bhraite agus aláraim dóiteáin a shuiteáil i stáisiúin dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe agus an Chreagáin.




**Oibríochtaí Dóiteáin (Freagairt)**


Ba é a bhí sa líon iomlán freagairtí éigeandála ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (GFRS) sa bhliain 2017, i gCathair na Gaillimhe agus i gContae na Gaillimhe faoi seach, ná 1580 (1418 dteagmhas), is é sin le rá, 644 i Limistéar Dóiteáin Chathair na Gaillimhe agus 936 fhreagairt éigeandála sa chuid eile de Chontae na Gaillimhe.

Tá treochtaí teagmhas/freagairtí don Chathair agus don Chontae sa tréimhse 2010-2017 ar taispeáint i bhFíor 1.




*Fíor 1:*
*Treochtaí teagmhas/freagairtí don Chathair agus don Chontae sa tréimhse 2010-2017*


Tá líon na dteagmhas/bhfreagairtí ar freastalaíodh orthu mórán mar an gcéanna ó bhí an bhliain 2015 ann.
Tá treochtaí teagmhas/freagairtí i limistéar dóiteáin na cathrach agus an chontae faoi seach don tréimhse 2009-2017 le feiceáil i bhFíor 2:





*Fíor 2: Treochtaí teagmhas/freagairtí i limistéar dóiteáin na cathrach agus an chontae faoi seach sa tréimhse ó 2010 go 2017*

Tháinig méadú beag ar an leibhéal Gníomhaíochta foriomláine sa bhliain 2017 i gcomparáid leis an mbliain 2016. Tháinig laghdú ar ghníomhaíochtaí limistéir dóiteáin Chathair na Gaillimhe agus an Chlocháin faoi seach, rud a tharla mar thoradh ar an stáisiún dóiteáin áirithinte nua a thosaigh ag oibriú sa Cheathrú Rua i mí Feabhra 2016.

Tá miondealú le fáil i bhFíoracha 3a & 3b faoi seach ar na freagairtí agus ar na teagmhais éigeandála de réir an stáisiúin dóiteáin sa bhliain 2017.




*Fíor 3 a: Miondealú ar na Glaonna Éigeandála lena n-áirítear glaonna ar thug Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe cúnamh ina leith sa bhliain 2017*




*Fíor 3 b: Miondealú de réir an stáisiúin ar na Glaonna Éigeandála gan glaonna ar thug Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe cúnamh ina leith sa bhliain 2017 a áireamh*

**Táscairí feidhmíochta 2017**

Sa bhliain 2017, ba é a bhí sa mheánchostas in aghaidh gach duine ar leith den daonra i leith an tSeirbhís Dóiteáin a sholáthar i gCathair na Gaillimhe ná €45.65.

Déantar táscairí feidhmíochta a leagan síos ar bhonn náisiúnta do Sheirbhísí Dóiteán na nÚdarás Áitiúil:

Ba iad na meán-amanna freagartha maidir le gach teagmhas, i gcás na bhfeithiclí ba thúisce a d'fhreastail ar an láthair sa tseirbhís lánaimseartha Cathrach agus sa tseirbhís áirithinte Contae, 2.55 nóim agus 5.07 nóim faoi seach.

Is é atá sa dara táscaire feidhmíochta ná an fad ama a thóg sé, tar éis an ghlao a fháil, chun láthair an teagmhais a shroicheadh, i gcás dóiteán amháin, mar chéatadán i leith tréimhsí éagsúla ama, agus is mar a leanas na figiúirí do Bhriogáidí na Cathrach agus an Chontae:

- Níos lú ná 10 nóiméad – 41.9% de na glaonna;
- Níos mó ná 10 nóiméad agus níos lú ná 20 nóiméad – 31% de na glaonna
- Níos mó ná 20 nóiméad – 27.1% de na glaonna

Ba é a bhí sna táscairí feidhmíochta maidir le gach teagmhas eile, gan dóiteáin a áireamh agus i gcomhair na bparaiméadar céanna, ná 58.9%, 28.8% agus 12.3% faoi seach.

Níor tharla aon bhásanna de bharr dóiteáin thimpisteacha sa bhliain 2017 i gcathair ná i gcontae na Gaillimhe.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

**Sábháilteacht agus Cosc Dóiteáin**


Sa bhliain 2017, leanadh den obair a dhéantar sa Roinn Coiscthe Dóiteáin & Sábháilteachta Dóiteáin.

Rinne an Roinn Coiscthe Dóiteáin 268 iniúchadh ar áitribh sa bhliain 2016 mar chuid dá Feidhm Choiscthe Dóiteáin faoin Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981, faoi na hAchtanna Ceadúnúcháin, faoi na hAchtanna Pleanála agus faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha. Sa bhliain 2017, fuair an rannóg Dóiteáin 294 iarratas agus phróiseáil sí 190 iarratas ar cheadúnais phoiblí. Dhéileálamar le 106 iarratas pleanála do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe sa bhliain 2017 agus rinneamar iniúchtaí sa bhliain 2017 ar mhaithe le heisiúint Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin etc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2007. Phróiseálamar 79 n-iarratas ar Dheimhniú maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2016.


Dhéileáil an Roinn Coiscthe Dóiteáin le 262 Iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin – gach cineál – faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, agus bhain 141 iarratas díobh sin le limistéar na

Comhairle Contae agus bhain 121 n-iarratas díobh le limistéar na Comhairle Cathrach. Léiríonn an líon foriomlán iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin méadú beag gníomhaíochta sa bhliain 2017 i gcomparáid le figiúirí na bliana 2016 – 251 sa bhliain 2016.


Tá an líon iarratas a fuair GFRS i ndáil le Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC), don tréimhse ó 2008 go 2016, agus i ndáil le Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC), don tréimhse ó 2010 go 2016, don Chathair agus don Contae, ar taispeáint anseo thíos i bhfíor 4 agus i bhfíor 6 faoi seach. Tá na táillí FSC - gach cineál - a fuarthas i leith na gcomhairle cathrach agus contae araon sa tréimhse 200802017 ar taispeáint i bhFíor 5.




*Fíor 4: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) 2008-2017*




*Fíor 5: Táillí i leith Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) don Chathair agus don Chontae 2008-2017*




*Fíor 6: Gníomhaíocht i leith Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas 2010-2017*

Léiríonn na figiúirí seo téarnamh comhréidh i dtaca le gníomhaíochtaí tógála tráchtála beartaithe i limistéar na Gaillimhe sa bhliain 2017 ach tá siad fós íseal i gcomparáid leis na blianta mórbhorrtha. Ach léiríonn méid méadaitheach na dtáillí FSC a fuarthas sa bhliain 2017 go bhfuil siad ag dul i dtreo leibhéil na mblianta mórbhorrtha, rud a léiríonn méid agus castacht mhéadaitheach na tógála tráchtála atá beartaithe lena forbairt.

**Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal**

Fuair GFRS aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fadsaoil do 250 teaghlach agus eisíodh iad chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Cuireadh an tionscadal sin i gcrích le cúnamh ó na hAonaid Chomhshaoil agus Fiontraíochta i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe.

Sa bhliain 2017, lean Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe de chainteanna faoi shábháilteacht dóiteáin a thabhairt do phobail de réir mar a iarradh orthu déanamh amhlaidh, leanadh de chuairteanna fearais dóiteáin a thabhairt ar scoileanna agus leanadh de pháirt a ghlacadh i Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin tráth ar osclaíodh stáisiúin dóiteáin do dhaoine den phobal agus a ndeachthas i mbun feachtas fógraíochta nuachtáin. Sa bhliain 2017, leanadh de Chlár na mBunscoileanna do leanaí 3ú rang sa chontae.

**Bainistíocht Mór-Éigeandálaí (MEM)**

Tá an Coiste Forbartha Mór-Éigeandálaí (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua do MEM ag leanúint dá chuid oibre.

Tá obair ar siúl ag an gcoiste i gcónaí ar ullmhú an Phlean maidir le Freagairt i leith Tuile agus ar athbhreithniú/uasdátú Phlean Mór-Éigeandálaí na Comhairle atá le cur ar fáil sa bhliain 2018.

Ina theannta sin, lean pearsanra de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe dá rannpháirtíocht i nGrúpa Stiúrtha MEM Réigiún an Iarthair agus i nGrúpa Oibre MEM an Iarthair araon ina

gcuimsítear baill de chuid na bPríomhsheirbhísí Éigeandála (PES) i Réigiún an Iarthair (Seirbhísí Áitiúla Dóiteáin, Rannáin Áitiúla de chuid an Gharda Síochána agus Seirbhís Otharcharr HSE Thiar Leantar de Cheannoifig Chomhairle Chontae na Gaillimhe a úsáid mar phríomhshuíomh do Lárionad Áitiúil Comhordúcháin na dtrí Phríomhghníomhaireacht Freagartha sin (PRA-anna) – Comhairle Chontae na Gaillimhe, HSE Thiar agus Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána – i gcás Mór-Éigeandálaí i limistéar Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe.

Sa bhliain 2017, de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo, bhainistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-éileamh bliantúil réigiúnach thar ceann 8 PRA-anna i réigiún an iarthair.

Ar bhonn áitiúil, chuir an coiste MEM tús le hobair ar athbhreithniú an Plean Éigeandála Seachtraí (EEP) don tsaoráid *Cold Chon* in Órán Mór (a aicmítear mar Láithreán Shraith Uachtarach Seveso faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2015. Tá an plean athbhreithnithe le foilsiú sa bhliain 2018 agus tá pleanáil ar siúl freisin i gcomhair mórchleachtadh chun an plean a thástáil. rud a dhéanfaidh na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha iomchuí (PRA-anna) - ar a dtugtar na hÚdaráis Inniúla Áitiúla faoi rialacháin Seveso III. I measc na ngníomhaireachtaí (LCA-anna) atá i gceist áirítear Comhairle Chontae na Gaillimhe (lena n-áirítear Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe a fheidhmíonn mar PES ina leith), Rannán na Gaillimhe den Gharda Síochána, HSE Thiar (lena n-áirítear an tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta (NAS)) agus *Chemoran* arb é oibreoir an láithreáin é mar a éilítear faoi rialacháin Seveso III.

Tá tús curtha le Plean Éigeandála Seachtraí freisin le haghaidh Stáisiún Cumhachta Thíne (láithreán sraithe íochtaraí). Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Idirghníomhaireachta Freagartha na nOileán. Rinneadh roinnt cleachtaí oileáin i rith na bliana i gcomhar le IRCG, lena n-áirítear cleachtadh idirghníomhaireachta ag aerfort Indreabháin. I mí Dheireadh Fómhair, forbraíodh Prótacal Idirghníomhaireachta Tarrthála Uisce i gcomhar leis an PES do Chathair na Gaillimhe agus, mar thoradh air sin, bhí comhchleachtadh ann ar an 16 Deireadh Fómhair.

Tháinig an tAonad Soghluaiste Comhordúcháin ar an Láthair a fuair GFRS ag deireadh na bliana 2015 chun bheith lánfheidhmiúil i rith na bliana 2017 agus tá sé lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin an Ghoirt. Áiríonn an t-aonad sin córas leictreonach bainistíochta faisnéise. Is féidir an t-aonad a úsáid mar chuid de leagan amach ceannais modúlach mar a thaispeántar thíos.Thar ceann na 4 PRA atá ann i limistéar na Gaillimhe, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe tuilleadh maoiniúcháin chaipitiúil chun uasghrádú a dhéanamh ar an Lárionaid Comhordúcháin Áitiúil (LCC) in Áras an Chontae chun macasamhlú a dhéanamh ar chóras leictreonach IM Fheithicil an Lárionaid Comhordúcháin Ar An Láthair (OSCC) a fuarthas sa tréimhse 2015/2016 agus a thaispeántar i bhFíor 7.




*Fíor 7: Feithicil Lárionad Comhordúcháin ar an Láthair(OSCC) MEM Réigiún na Gaillimhe*




*Córas Leictreonach Bainistíochta Faisnéise ar an OSCU Soghluaiste*




*An Leagan Amach Ceannais Modúlach, lena n-áirítear an OSCU Soghluaiste*

Sa bhliain 2017, rinneadh an Lárionad Comhordúcháin Áitiúil i Seomra GO1 in Áras an Chontae (an LCC ainmnithe do Chomhairle Chontae na Gaillimhe) a uasghrádú trí chóras leictreonach Bainistíochta Faisnéise (I.M.) den chineál céanna atá ann san Aonad Soghluaiste OSCU a shuiteáil ann. Éascaíonn an córas sin cian-chomhroinnt fíorama na scáileán IMS le sealbhóirí na bpríomhcheapachán. Ina theannta sin, soláthraíodh saoráidí teilea-chomhdhála agus rochtain fheabhsaithe ar fhoinsí faisnéise gréasán-bhunaithe.




*Córas Leictreonach Bainistíochta Faisnéise an LCC*




*Rochtain fheabhsaithe ar fhoinsí faisnéise gréasán-bhunaithe sa LCC*

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe dhá aonad chuisnithe stórála corpán - ceann do MEM Réigiún an Iarthair agus ceann do MEM Réigiún an Iarthuaiscirt faoi seach. Tá aonad réigiún an iarthair ar taispeáint thíos. Fuair pearsanra de chuid GFRS agus na Cosanta Sibhialta oiliúint maidir le hoibríochtaí agus imscaradh.



*Aonad Cuisnithe Stórála Corpán Fleximort*

I rith na bliana 2017, thug GFRS agus an Chosaint Shibhialta teicneolaíocht drón isteach, rud a éascóidh comhordú níos fearr i gcás mórtheagmhas, lena n-áirítear freagairt i leith láithreáin SEVESO agus i leith cuardach agus tarrtháil.

**Bainistíocht Struis i gcás Teagmhais Chriticiúla**

Ina cáil mar údarás conarthach do Sheirbhísí Dóiteáin i réigiún an Iarthair le haghaidh CAMP rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe, tar éis comórtas tairisceana, conradh a eisiúint chuig Inspire LTD chun seirbhísí CISM a sholáthar do Sheirbhísí Dóiteáin i réigiún an iarthair ó Dheireadh Fómhair 2017 go Meán Fómhair 2020.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

**Caipiteal**

Fuair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe maoiniúchán caipitiúil €280,045 ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil sa bhliain 2017 i ndáil leis an méid seo a leanas:

- Trí Fhearas Dóiteáin Aicme B athláimhe a fháil
- Aláraim dheataigh a fháil
- 4WD don chontae - nua
- Veain mheicneoir na Briogáide - feithicil athláimhe
- Aonad Tacaíochta Teagmhais (IS) Athláimhe a fháil do Chontae na Gaillimhe
- Tacaíocht airgeadais i gcomhair Uasghrádú ar MEM LCC in Áras an Chontae

- Táillí gairmiúla i ndáil le Stáisiún Dóiteáin nua Thuama
- Éileamh bliantúil i leith MEM Réigiúnach
- Dhá aonad stórála sealadaí corpán - páirtmhaoinithe

Táimid buíoch den Chomhairle as an tacaíocht thuas a fháil mar thacaíocht i ndáil le soláthar seirbhísí dóiteáin agus éigeandála ag an gComhairle i limistéar na cathrach agus an chontae.

**Oiliúint**

De réir an chláir bhliantúil oiliúna don bhliain 2017, leanadh d'oiliúint a sholáthar go háitiúil i ngach Stáisiún Dóiteáin, agus go lárnach, mar a tharla i mblianta roimhe seo.
Cuireadh roinnt cúrsaí speisialaithe oiliúna a chur ar fáil i rith na bliana do chomhraiceoirí dóiteáin as stáisiúin ar fud an chontae. Chun déileáil le teagmhais ar ghréasán méadaitheach na Mótarbhealaí sa Chontae, bhí Oiliúint ar Bhainistíocht Éigeandála Tráchta ann agus ghlac na hÚdaráis Dóiteáin as Tiobraid Árann, as an gClár, as Luimneach agus as Port Láirge, in éineacht lenár gcomghleacaithe as na Gardaí agus as an tSeirbhís Otharcharr Náisiúnta, páirt inti.
Rinneadh Cúrsa Tosaigh 3 seachtaine d'Earcaithe i leith churaclam NDFEM, trína soláthraítear oiliúint bhunleibhéil dár gcomhraiceoirí áirithinte, a sheoladh i Stáisiún Dóiteáin an Chlocháin.

Ina dhiaidh sin, lean na comhraiceoirí dóiteáin sin ar aghaidh lena n-oiliúint agus d'fhreastail siad ar dhianchúrsa dhá sheachtain d'Iompróirí Fearais Análaithe i Stáisiún Dóiteáin Bhré, Co. Chill Mhantáin.
Rinne beirt chomhraiceoirí nua-earcaithe lánaimseartha de chuid chathair na Gaillimhe cúrsa 10-12 sheachtain d'earcaithe a chríochnú go rathúil sa Ríocht Aontaithe agus thosaigh siad ar obair ghníomhach sa bhliain 2017.

Ina theannta sin, rinneadh comhraiceoir dóiteáin lánaimseartha as Port Láirge - a bhí i seirbhís áirithinte chathair na Gaillimhe - a earcú sa bhliain 2017 do Bhriogáid Chathair na Gaillimhe.

D'fhreastail comhraiceoirí dóiteáin as áiteanna ar fud an chontae ar oiliúint tosaigh agus ar oiliúint athnuachana maidir le Freagróirí Tosaigh Éigeandála d'fhonn tacú lena scileanna tacaíochta beatha ar láithreacha teagmhas.




*Oiliúint á seoladh sa Chlochán maidir le Saintréithe Dóiteán in Urranna*

D'fhreastail criúnna ó roinnt stáisiún, idir stáisiúin áirithinte agus stáisiúin lánaimseartha, ar oiliúint in Ionad Oiliúna Dóiteáin Aerfort na Sionainne maidir le teicníochtaí i leith Comhrac Dóiteáin agus Tarrtháil Aerárthaigh chun feabhas a chur ar ár n-acmhainn i ndáil le freagairt ar theagmhais ionchasacha a bhaineann le haerárthaí sciathán dobhogtha agus le héileacaptair.



*Oiliúint ar Chomhrac Dóiteáin i leith Aerárthaí*

Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe ag leanúint de mhic léinn a chur chuig cúrsaí oiliúna láraithe a sheolann an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistithe Dóiteáin agus Éigeandála (NDEFM) in ionaid oiliúna éagsúla ar fud na tíre.

**Stáisiún Dóiteáin Thuama - nua**

Tar éis comórtas tairisceana, shínigh Comhairle Chontae na Gaillimhe conradh tógála ar an 17/12/2017 le Casey Construction Ltd chun Stáisiún Dóiteáin Áirithinte nua 4 bhá a thógáil i dTuaim.

Mairfidh an conradh 9 mí agus cuirfear tús leis an tógáil i mí na Nollag 2017.



*Láithreán nua Stáisiún Dóiteáin Thuama - mí na Nollag 2017*

**Fearas dóiteáin nua Aicme B**

Rinneadh an Fearas Dóiteáin Aicme B nua - a ceadaíodh sa bhliain 2014 - a sheachadadh i mí na Nollag 2017 agus cuireadh i ngníomh é i mí na Nollag 2017 i gCathair na Gaillimhe.




*Fearas Aicme B 2017*

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe ceadú sa bhliain 2017 freisin le haghaidh Fhearas Nua Aicme B atá le fáil mar chuid den Phróiseas Náisiúnta Fála sa tréimhse 2018-2020.

**Pearsanra**

Tugtar aitheantas do scor an Oifigigh Stáisiúin Lánaimseartha, Dermot Dolan, ar fhoras aoise i mí Dheireadh Fómhair 2017 tar éis 31 bhliain a chaitheamh ag fónamh i mbriogáid Chathair na Gaillimhe.

Tugtar aitheantas freisin do scor na ndaoine seo a leanas de chuid sheirbhís áirithinte an chontae: Oifigeach Stáisiúin Áirithinte, Ronnie Curley, Port Omna, ag a raibh níos mó ná 40 bliain de sheirbhís, agus an Tiománaí/Meicneoir, John Heffernan, as an gClochán, ag a raibh 23 bliana de sheirbhís agus ar scoir an bheirt acu ar fhoras aoise.

Fuair an tOifigeach Stáisiúin Áirithinte, Neil McGee, as Briogáid Dóiteáin Bhaile Locha Riach, bás anabaí i mí na Samhna 2017. Suaimhneas Síoraí dá Anam.

**Cosaint Shibhialta**

Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí dualgais agus ar oiliúint, bhí bliain ghnóthach ag Cosaint Shibhialta na Gaillimhe, ar bhonn áitiúil, trína 5 ionad oiliúna i gCathair na Gaillimhe, in Órán Mór, i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe agus i gCluain Bheirn agus, ar bhonn lárnach, tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Bhí clár oiliúna ar siúl i rith na bliana 2017 maidir le Céadfhreagairt Chairdiach, Céadfhreagróirí Garchabhrach agus Céadfhreagairt Éigeandála.

Chomh maith le clár oiliúna na bliana, bhí oiliúint ar fáil ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2017 tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Cuireadh oiliúint ar fáil sa choláiste freisin maidir le athdheimhniú teagascóra i ndáil le disciplíní éagsúla.

D'fhreastail gach aonad ar iarrataí ar chúnamh óna bpobail le linn imeachtaí pobail áitiúla agus chuir siad clúdach garchabhrach, agus cúnamh eile a iarradh, ar fáil. Cuirtear fáilte roimh bhaill nua ó phobail áitiúla i gcónaí agus tugann an cór teagaisc oiliúint den chaighdeán is airde agus is féidir do gach ball.

Sa bhliain 2017, chuir an Chosaint Shibhialta tús le ríomh-ghrinnfhiosrúchán i leith baill nua agus baill reatha. Is léir go bhfuil an córas nua sin níos éifeachtúla ná mar a bhí roimhe seo agus déantar cinneadh faoi stádas grinnfhiosrúcháin laistigh d'amscála i bhfad níos giorra ná riamh.

Sa bhliain 2017, chláraigh 32 bhall nua, as áiteanna éagsúla ar fud an Chontae, le Cosaint Shibhialta na Gaillimhe, rud a d'fhág go bhfuil 305 bhall ann ar an gclár anois.

Thug aonad Chathair na Gaillimhe, agus cúnamh á fháil aige ó aonaid chontae, clúdach le haghaidh Sea Fest i gCuan na Gaillimhe i dtús mhí Iúil. Bhí clúdach Otharchairr/Liachta agus criúnna sábháilteachta ann do na 3 lá den imeacht agus bhí sluaite móra ann ar an Aoine, ar an Satharn agus ar an Domhnach.

Le maoiniúchán a leithroinn an Roinn Cosanta i bhfoirm deontais do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, fuarthas feithicil criú-chábáin 4x4 sa bhliain 2017. Mhéadaigh an tsócmhainn sin cumas aonaid na Cosanta Sibhialta cabhrú le PRA-anna nuair ba ghá sin.

Ina theannta sin, chríochnaigh ár gcuid oibreoirí SUA a nOiliúint Eitilte agus d'fhreastail líon mór acu ar chuid mhór seisiún teagaisc agus feabhsaithe scileanna deireadh seachtaine in Ionad Phoenix na Cosanta Sibhialta i mBaile Átha Cliath agus i gcontaetha éagsúla óstacha ar fud na tíre.
Cuireadh ceamara nua íomhánna teirmeacha ar fáil mar chuid dár sócmhainní SUA i mí na Samhna 2017. Méadaíonn sé sin cumas criúnna a bhíonn ag cuardach daoine ar iarraidh nó i gcás ina n-iarrann gníomhaireachtaí éagsúla cúnamh.

Bhí ár meitheal SUA bainteach go mór leis an gcuardach a rinneadh i leith chriú Héileacaptar Gharda Cósta na hÉireann, Rescue 116, a chuaigh ar iarraidh i Márta 1917.

Tar éis iarraidh a fháil ó Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo, thug 4 aonad de chuid Chosaint Shibhialta na Gaillimhe cúnamh maidir le cuardach talún agus cósta i gceantar an Fhóid Duibh.

D'iarr contaetha eile cúnamh ar ár meithle SUA i rith na bliana chun cabhrú leo maidir le cuardach daoine ar iarraidh agus baineadh úsáid astu i gCathair na Gaillimhe i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2017 chun cabhrú le cuardach a bhí á dhéanamh ag ár gcriúnna báid ar dhuine ar iarraidh ar Abhainn na Gaillimhe agus i gCuan na Gaillimhe.

Iarradh ar Chosaint Shibhialta na Gaillimhe a bheith réidh chun cabhrú le PRA-anna le linn Stoirm Ophelia ar an 16 Deireadh Fómhair 2017.
Cé nach raibh gá le haon idirghabháil a dhéanamh bhí na criúnna réidh chun gníomhú ar fud an teagmhais.

Fuair Cosaint Shibhialta Bhéal Átha na Sluaighe an-spreagadh ag deireadh na bliana 2017 nuair a fuarthas rochtain ar chuid den tseanleabharlann i mBéal Átha na Sluaighe. Cuireann an seomra sin, a

chomhroinntear le Seirbhís Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe, tuilleadh spáis ar fáil chun oiliúint a thabhairt don aonad, ar spás é a raibh géarghá leis. Is mian linn buíochas a ghabháil le Comhairle Chontae na Gaillimhe as an áitreabh sin a chur ar fáil dúinn.

Leanann baill na Cosanta Sibhialta de chabhair a thabhairt ina bpobail, agus dá gcaidreamh leis na pobail sin agus dá bpróifíl iontu a fheabhsú, trína láithreacht ag imeachtaí agus le linn dóibh a bheith ar dualgas ag imeachtaí agus d'fhreastail siad ar 270 imeacht i rith na bliana 2017 sa chathair agus sa chontae.

Tá sé beartaithe ag an gCosaint Shibhialta a bheith ullamh chun cabhair a thabhairt arís sa bhliain 2018.




| **Tosaíocht Straitéiseach**<br><br>**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.** |
|---|

**Seirbhís Chustaiméara**
Phróiseáil Seirbhísí Dóiteáin Chontae na Gaillimhe gearáin maidir le cosc dóiteáin, agus thug siad aghaidh ar ghearáin den sórt sin, ar bhonn tosaíochta.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# PLEANÁIL, POBAL, FIONTRAÍOCHT & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA

# AN tAONAD PLEANÁLA

Sa bhliain 2017, lean an tAonad Pleanála den fhorbairt laistigh den chontae a chur chun cinn, agus de thacaíocht a thabhairt ina leith sin, sa chaoi gur féidir lenár gcustaiméirí maireachtáil i bpobail bheoga, is é sin, áiteanna ina gcuirtear luach ar dhifríochtaí cultúrtha agus ina dtugtar spreagadh i leith difríochtaí den sórt sin, inar féidir le gach duine a bheith páirteach sa saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha, agus ina bhfuil rochtain ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus bonneagair.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.**

## COISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH

Bhí 4 chruinniú ag an CBS Pleanála agus Pobail sa bhliain 2017.

I measc na bpríomh-shaincheisteanna beartais a pléadh i rith na bliana, áirítear na nithe seo a leanas:

- An Crios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ)
- An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- Mórtas Áite
- Na Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe
- An Beartas maidir le Gléasraí Cóireála Dramhuisce
- Dréacht-Phleananna Bhearna agus Gaeltachta
- An Dréacht-Phlean Oidhreachta 2017-2022
- Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Thuama

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

## PLEANÁIL CHUN CINN

- Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 - 2021a Chur i gCrích/Ghlacadh d'fhonn aitheantas a thabhairt do Phlean Iompair na Gaillimhe agus Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe - atá le tosú in éineacht leis an gComhairle Cathrach go luath sa bhliain 2017.

- Ullmhaíodh Dréacht-Athrú Uimh. 2(a) agus 2(b) le gur féidir Plean Bhearna agus an Plean Gaeltachta a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae 2015-2021.
- Ullmhaíodh aighneacht i leith Réamhdhréacht agus i leith Dhréacht an Chreata Náisiúnta Pleanála - Ár bPlean 2040
- Ullmhaíodh aighneacht i leith an Athbhreithnithe Lárthéarma ar an bPlean Infheistíochta Caipitiúla 2016-2021.
- Obair ullmhúcháin ar Phlean Ceantair Áitiúil Thuama.
- Obair ullmhúcháin ar Phlean Ceantair Áitiúil an Chlocháin
- Tugadh cúnamh maidir le hoibriú na Rannóige Bainistíochta Forbartha ag tráthanna éagsúla i rith na bliana.
- Rinneadh freastal ar an gcruinniú réamhphlean leis an mBord Pleanála i ndáil le Forbairt Straitéiseach Tithíochta.
- Cuireadh an próiseas reachtúil i gcrích maidir le hiarchur an fhógra i ndáil le Pleananna Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí, Bhaile Locha Riach agus Órán Mór.
- Ullmhaíodh aighneacht chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le Dréacht-Phlean na nArdán.

**AN RANNÓG BAINISTITHE FORBARTHA**

- Rinneadh 1,893 Iarratas Pleanála a thíolacadh don Oifig Pleanála sa bhliain 2017.
- Rinneadh 1,514 chinneadh pleanála sa bhliain 2017.
- Fuarthas €700,124 sa bhliain 2017 ar mhodh Táillí Pleanála.

**BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN**

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe comhlíonadh Ceadanna Pleanála a áirithiú agus cosc a chur ar Fhorbairt Neamhúdaraithe de réir na gceanglas reachtúil atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

| | |
|---|---|
| An líon gearán a fuarthas sa bhliain 2017 | 236 |
| An líon Litreacha Rabhaidh a seirbheáladh | 177 |
| An líon Fógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh | 52 |
| An líon cásanna nua a tarchuireadh chuig an nGníomhaire Dlí agus chuig Aturnaetha Seachtracha i gcomhair Imeachtaí Achoimre | 15 |

**RIALÚ FOIRGNÍOCHTA**

Lean foireann an aonaid Rialaithe Foirgníochta de na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh i gcomhar le Comhlachtaí Reachtúla eile.

(a) Fógraí Tosaithe/Fógraí 7 Lá a bhailíochtú agus a chlárú tríd an gCóras Bainistíochta Rialaithe Foirgníochta,
(b) Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus ar Dheimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas a phróiseáil tríd an tSeirbhís Dóiteáin,

(c) Comhairle a thabhairt do Dhearthóirí/Dheimhnitheoirí Sannta i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta 1997,
(d) An Deimhniú maidir le Comhlíontacht tráth Críochnaithe a bhailíochtú agus a chlárú,
(e) An Clár Reachtúil a chothabháil,
(f) Iniúchadh a dhéanamh ar oibreacha tógála atá ar siúl lena chinntiú go bhfuil na Rialacháin Foirgníochta 1997 á gcomhlíonadh agus forfheidhmiúchán a chur i gcrích más gá.

**Fógraí Tosaithe 2017**

| An Líon | Stádas ar BCMS |
|---|---|
| 14 | Neamhchríochnaithe |
| 1 | Tíolactha |
| 592 | Críochnaithe |
| 3 | Faisnéis Athbhreithnithe |

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh**

**OIDHREACHT**

I rith na bliana 2017, lean an Chomhairle Contae dá cuid oibre maidir le feasacht, eolas agus tuiscint ar an mbithéagsúlacht a chur chun cinn. Oibríonn an tOifigeach Oidhreachta chun spéis, oideachas, eolas agus mórtas i dtaca le hoidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Seo a leanas roinnt tionscadal ar tugadh fúthu sa bhliain 2017:

- **Iniúchadh ar Oidhreacht Eaglasta Cheantar Bardasach Órán Mór-Bhaile Átha an Rí:** Rinneadh an t-iniúchadh mar ghníomh de chuid Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2010-2016, agus é mar chuspóir aige iniúchadh, taifeadadh agus doiciméadú a dhéanamh ar an saothar ealaíne agus ar an ngloine dhaite ardchaighdeáin go léir atá ann sna heaglaisí nua-aimseartha i gCeantar Bardasach Órán Mór-Bhaile Átha an Rí, agus ar na healaíontóirí a chruthaigh iad.

- **Céim 1 den Iniúchadh Oidhreachta Geolaíochta:** Meastar go bhfuil 135 Láithreán Geolaíochta (CGS) ann sa Chontae faoi láthair, ar láithreáin iad atá liostaithe roimhe seo ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Déanfar Contae na Gaillimhe a iniúchadh ar mhodh céimnithe agus, sa bhliain 2017, tugadh tús áite don iniúchadh ar thart ar 40 láithreán CGS sa chuid thiar thuaidh de Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear na 25 láithreán i gceantar Gheopháirc Bheartaithe Dhúiche Sheoigheach agus aon láithreán breise/láithreáin bhreise ar díol suntais iad (tar éis ceadú a fháil ón bPainéal Saineolaithe iomchuí).



*Leanaí ag freastal ar champa samhraidh 'Go Wild'*

- **Campaí Samhraidh 'Go Wild':** Forbraíodh campaí samhraidh bithéagsúlachta 2 lá do leanaí in éineacht le BirdWatch Ireland, le hOidhreacht Uachtar Ard, le hionad Theach na mBocht, Port Omna, agus leis an gComhairle Oidhreachta. Reáchtáladh na cúrsaí rathúla i bPort Omna agus in Uachtar Ard.



*Leanaí ag freastal ar champa samhraidh 'Go Wild'*

- Bhí cúrsa sé seachtaine, dar teideal '*An Introduction to Publishing and Archival Best Practices*', ar siúl i Leabharlann Thuama i mí Bhealtaine agus i mí an Mheithimh 2017. Le linn an chúrsa, thug léachtóirí éagsúla cainteanna agus forbraíodh é i gcomhpháirtíocht leis an Old Tuam Society agus le Leabharlann Thuama. D'fhreastail 25 duine ar an gcúrsa sin.

- **Scéalta ón tírdhreach:** D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae an Chláir agus Comhairle Chontae Thiobraid Árann le hIonad Scannán na Gaillimhe agus d'ullmhaigh gach contae ar leith 3 scannán ardchaighdeáin maidir le gnéithe éagsúla den oidhreacht lena n-áirítear Scéim Eisimirce Tuke, Buailteachas ar Shliabh Eachtaí agus Frank Glynn & John Holohan, Athruithe ar shaol an tsiopadóra. Fuair an tionscnamh seo maoiniúchán ón gComhairle Oidhreachta.



*Frank Glynn, as Baile an Mhuilinn, sa scannán 'Athruithe ar shaol an tsiopadóra'*

- **An Tionscadal Seandálaí Pobail** - Tá ról an tSeandálaí Pobail measartha leathan ós rud é go mbaineann sé le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Ina theannta sin, baineann sé le tionscadail agus imeachtaí éagsúla a eagrú d'fhonn feasacht agus tuiscint mhéadaithe ar chúrsaí seandálaíochta a chur chun cinn.

Sa bhliain 2017, ghlac an Seandálaí Pobail páirt i roinnt comhdhálacha, i seimineár agus i léachtaí de chuid cumainn áitiúla. D'eagraigh sé turais allamuigh chuig ceantair áitiúla ar díol spéise iad. Chomh maith leis sin, d'eagraigh sé sraith comhdhálacha/seimineár chun an tseandálaíocht a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil.

Agus baineann ról an tSeandálaí Pobail le hagallaimh a dhéanamh ar an raidió agus ar an teilifís. Rinneadh an t-agallamh is déanaí ar TG4 maidir le seandálaíocht na n-imirceach Ultach ar thángthas uirthi le deireanas ar thalamh ard Shliabh Eachtaí in Oirthear na Gaillimhe.

Beagnach gach uile lá, faigheann an Seandálaí Pobail teachtaireachtaí ríomhphoist nó glaonna teileafóin (*is minic a fhaightear roinnt fiosruithe i rithe an lae*) ó dhaoine aonair agus ó ionadaithe grúpaí atá ag lorg comhairle nó cabhair i ndáil le seandálaíocht nó le nithe a bhaineann le seandálaíocht.

Tá an Seandálaí Pobail tar éis a bheith ag obair, ar bhonn leanúnach, le scoileanna, le grúpaí pobail, le cumainn, le feirmeoirí agus le daoine eile. Tá caidreamh bunaithe aige le mic léinn Seandálaíochta agus Staidéar Oidhreachta tríú leibhéal mar mhodh chun spreagadh a thabhairt dóibh taighde a dhéanamh faoi ghnéithe áirithe de sheandálaíocht na Gaillimhe.

Tá cuid mhór d'obair an tSeandálaí Pobail déanta aige sa tírdhreach le feirmeoirí áitiúla agus le pobail agus iad ag plé le gnéithe den tseandálaíocht - is é sin le rá, nithe nua a thaifeadadh nó cuairt a thabhairt ar shéadchomharthaí taifeadta nó plé a dhéanamh fúthu. D'eagraigh sé taispeántais agus cainteanna seandálaíochta. Tá páipéir scríofa aige do leabhair agus d'irisí éagsúla maidir le gnéithe den tseandálaíocht.



*An Dr. Christy Cunniffe, Seandálaí Pobail, agus cur i láthair á thabhairt aige os comhair grúpa pobail*

- **Tionscadal Bithéagsúlachta/Daoine agus Dúlra** - Oibríodh an tionscadail 'Daoine agus Dúlra' mar chomhpháirtíocht idir an Chomhairle Contae, tríd an Oifig Oidhreachta, agus an tAonad

Éiceolaíochta Feidhmí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe agus tá sé á pháirtmhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta.

Tá Elaine O'Riordan, arb í Bainisteoir an Tionscadail Bithéagsúlachta í, lonnaithe san Aonad Éiceolaíochta Feidhmí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus oibríonn sí faoi mhaoirseacht an Dr Mike Gormally agus Marie Mannion. Cuimsíonn an grúpa stiúrtha bithéagsúlachta ionadaithe ón bhFóram Oidhreachta agus chuir sé comhairle agus tacaíocht ar fáil i leith an tionscadail ar bhonn leanúnach.

Tá an tionscadal 'Daoine agus Dúlra' tar éis tairbhiú go mór arís i mbliana ó chomhoibriú le heagraíochtaí agus le gníomhaíochtaí eile, go háirithe an Chomhairle Oidhreachta, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Oibrithe Deonacha Caomhantais na Gaillimhe, an Galway Bat Group agus roinnt daoine aonair agus grúpaí pobail as áiteanna ar fud an Chontae.

Go háirithe, le blianta beaga anuas, tá leibhéil mhéadaithe comhoibrithe ann thar rannóga éagsúla de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le raon leathan tionscadal a bhfuil baint acu le cúrsaí pobail, timpleallacht agus oidhreachta. Baineadh leas as an tionscadal bithéagsúlachta le linn tionscadail eile a eagrú agus fuarthas ionchur ó bhaill foirne sna réimsí Oidhreachta, Pleanála, Tithíochta, Pobail agus Fiontraíochta, Timpleallacht agus seirbhísí Corparáideacha.

D'imir gníomhartha agus tosaíochtaí 'an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta' (BAP) do Chontae na Gaillimhe 2008-2013 tionchar mór ar an bplean oibre don bhliain 2017.




*Baill de chuid Ghrúpa Oidhreachta Móta le linn lainseáil oifigiúil an Riain Dúlra i gCoillte Mhóta ar an 7 Márta 2017.*

- **Lá na mBailte Múrtha i mBaile Átha an Rí:** Fuarthas maoiniúchán ó Chistí Bailte Múrtha na Comhairle Oidhreachta agus seoladh Lá Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí ar an Domhnach, an 20 Lúnasa 2017. D'fhreastail líon measta 3000 duine ar an lá spraoi sin do theaghlaigh.





*Boghdóireacht Leaiste á cleachtadh* *Taispeántas 'Comhrac' le linn Lá Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí*

- **Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach** – Ba é Coiste Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a reáchtáil an fhéile 3 lá seo i gcomhar leis an Oifig Oidhreachta ón 25 Lúnasa go dtí an 27 Lúnasa agus d'fhreastail os cionn 15,000 duine ar an imeacht 3 lá.

  Reáchtáladh imeachtaí ar fud an bhaile agus iad dírithe ar fheasacht, eolas agus tuiscint faoi oidhreacht shaibhir mheánaoiseach Bhaile Locha Riach a chruthú.



*Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach san Fhaiche, Baile Locha Riach.*

- **Tionscadal Oideachais Bhailte Múrtha Bhaile Átha an Rí & Bhaile Locha Riach:** Forbraíodh riain oidhreachta agus rinneadh dul chun cinn maidir le hullmhú z-chártaí don dá bhaile.

- **Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae na Gaillimhe 2013-2023:**

Mar chuid de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae na Gaillimhe 2013-2023, nocht Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an tráth sin, an Comhairleoir Michael Connolly, na cuimhneacháin seo a leanas ar an 30 Bealtaine 2017:

- Cuimhneachán ***'Gaillimh 2016 –Remembering'***do Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór i nDroichead an Chláirín *(Bóthar Ballinamana, os comhair an Goat's Lane Café, i nDroichead an Chláirín);*
- '***Guth an Eirí Amach: The Voice of the Rising*'- Leacht Cuimhneacháin 1916 Chontae na Gaillimhe i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór;
- Cuimhneachán '***Gaillimh 2016 –Remembering'*** do Cheantar Bardasach Thuama i nGairdín Cuimhneacháin Éamoinn Ceannt i mBéal Átha Mó.




*Cuimhneachán* ***'Gaillimh 2016 –Remembering'*** *do Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí/Órán Mór i nDroichead an Chláirín*




*An Comhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, agus*

*‘**Guth an Eirí Amach: The Voice of the Rising’-** Leacht Cuimhneacháin 1916 Chontae na Gaillimhe i bPáirc Rinn Mhíl, Órán Mór - á nochtadh go hoifigiúil aige.*




*An Comhairleoir Michael Connolly, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, agus Cuimhneachán 'Gaillimh 2016 - Remembering' a nochtadh aige do Cheantar Bardasach Thuama i nGairdín Cuimhneacháin Éamoinn Ceannt i mBéal Átha Mó, Contae na Gaillimhe, ar an 31 Bealtaine, in éineacht leo seo a leanas (Clé go Deas): An Comhairleoir Nigel Dinneen, an Cathaoirleach Michael Connolly, Michael Owens, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí, Oifigeach Oidhreachta, an Comhairleoir Frank Kearney, Martín McHugh, John Griffiin Michael Ward agus Kevin Duffy D.S.P.*

Rinneadh treoirleabhar dátheangach dar teideal ‘*Conair Oidhreachta 1916 Chontae na Gaillimhe: Breathnaigh Thart ar na Suíomhanna & Leachtanna Stairiúla*’ a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le GMIT agus lainseáladh sa Ghort é ar an 14 Nollaig 2017.



*Clé-Deas: Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Gerry Glynn, KPW Printing (Béal Átha na Sluaighe), Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, an Dr. Mark McCarthy agus an Dr. Shirley Wrynn, GMIT.*

Seoladh Comhdháil dar teideal '*The Fenians, Colonel Kelly & The Manchester Martyrs*' sa Holy Rosary College sa Chreagán ar an 11 Samhain 2017 agus bhí os cionn 140 duine i láthair ag an imeacht sin.

I gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe, sheol Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach Comhdháil dar teideal '*Galway 1917:Social Conditions and Political Change*' i mBaile Locha Riach ar an 16 Samhain 2017. Bhí os cionn 53 dhuine i láthair ag an imeacht sin ar lena linn a rinneadh scrúdú ar shaol agus ar dhálaí sóisialta i gCo. na Gaillimhe sa bhliain 1917 tar éis an Éirí Amach agus i gcomhthéacs an Chéad Chogaidh Dhomhanda. I measc na gcainteoirí a bhí ann, áiríodh John Cunningham (NUIG), Jim Herlihy (Cumann Staire an Gharda Síochána), Joe Loughnane (Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach), Patria McWalter (Comhairle Chontae na Gaillimhe) agus Conor McNamara (NUIG). Bhí taispeántas ann freisin a bhain leis na Connaught Rangers a maraíodh sa bhliain 1917 sa Fhrainc agus i bhFlóndras.




*Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion le linn na Comhairle - 'Galway 1917: Social Conditions and Political Change' in éineacht leo seo a leanas (Clé go Deas): Steve Dolan, Ionad Theach na mBocht, Port Omna, Grainne Smyth, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Joe Loughnane & Coleman Shaughnessy, Grúpa Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach, Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta agus an Comhairleoir Michael Maher.*

Leanadh den láithreán Gréasáin dátheangach dar teideal 'Gaillimh: Deich mBliana na gCuimhneachán'
http://www.galwaydecadeofcommemoration.org/ a fhorbairt agus a uasdátú tuilleadh.sa bhliain 2017.

- **ICAN: Láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail.** Lean an Oifig Oidhreachta de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Músaem Shaol na Tuaithe i gCaisleán an Bharraigh agus le grúpaí pobail

ar fud an chontae chun an láithreán gréasáin sin a fhorbairt tuilleadh. Féach www.galwaycommunityheritage.org

- Bhí **Féile na gCloch, Inis Oírr** ar siúl sa tréimhse ón 14 go dtí an 17 Meán Fómhair 2017. D'fhreastal thart ar 100 duine ar an gceardlann bhallaí cloiche, ar na ceardlanna litreoireachta agus snoíodóireachta agus ar na seisiúin sceitseála ar fud an oileáin. De bhreis ar an méid sin, d'fhan cuid mhór daoine eile a bhí bainteach le rannpháirtithe na gceardlann ar an oileán.



*Tógáil balla cloiche*



*Snoíodóireacht chloiche*



*Sceitseáil ar Inis Oírr*



*Litreoireacht chloiche*

- **Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa 2017:** D'éirigh go han-mhaith leis an turas bus a bhain le cúrsaí bia agus oidhreachta i gConamara Theas agus a seoladh i rith Sheachtain na hOidhreachta. Bhí baint aige sin freisin le tionscnaimh de chuid na Gaillimhe/Iarthar na hÉireann ina cháil mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa. Chuir an Oifig Oidhreachta imeachtaí oidhreachta na bpobal áitiúil ar fud an chontae chun cinn agus thug siad cabhair i leith na n-imeachtaí sin.




- **Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna:** Ina theannta sin, thug an Oifig Oidhreachta cúnamh, comhairle agus tacaíocht do líon mór imeachtaí Baile agus Pobail sa bhliain 2017, lena n-áirítear oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha agus seimineáir iomchuí a bhain le hoidhreacht áitiúil.

- **An Diaspóra agus an Imirce:** Tionscadal Scéim Eisimirce Tuke – Leanadh de bheith ag obair i gcomhar le Grúpa an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard i ndáil leis an tionscadal seo. Rinneadh an tionscadal seo agus tionscadail eile maidir le himirce agus maidir leis an diaspóra a lainseáil i gCaisleán Chluain Mhic Cáinín ar an 6 Samhain 2017.




*Anne Tierney, Uachtarán an Old Tuam Society, Bernie Doherty, Grúpa Oidhreachta Mhóta, an tAire Stáit, Ciaran Cannon, TD, Tony Murphy, Milltown Heritage, an Cathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion, Frances Murphy agus Pauline Connolly, Milltown Heritage, a bhí i láthair ag lainseáil Thionscadal Diaspóra Threibheanna na Gaillimhe i gCaisleán Chluain Mhic Cáinín.*

- **Mapáil Dhigiteach na Reiligí sa Chontae:** Leanadh den obair ar an tionscadal seo agus mapáladh roinnt reiligí agus rinneadh inscríbhinní cuimhneacháin a thaifeadadh agus a uaslódáil chuig www.gaillimh.ie.

- Leanadh de **Thionscadal 'Beo' na Scoileanna** sa bhliain 2017 i gcomhar le Insight, le NUIG agus le Lárionad Oideachais na Gaillimhe.

- **Rannpháirtíocht i gCoistí:** Ghlac an tOifigeach Oidhreachta páirt i gCoistí amhail an Coiste Logainmneacha, Loughrea Heritage and Development Company agus Tionscadal 'Life' Oileáin Árann.

- Leanadh den **Scéim Deontas Oidhreachta** a chur i bhfeidhm sa bhliain 2017 mar chuid den Scéim Deontas Pobail.

- Rinneadh **Féilire an Mhíle Órga** a ullmhú agus a lainseáil i mí na Nollag 2017.

- **Tionscadal Oidhreacht Ghastranamaíochta na Gaillimhe:** Is é ceantar na Gaillimhe ar na chéad cheantair in Éirinn a bhfuil ainmniúchán mar réigiún Oidhreachta Gastranamaíochta bronnta orthu.

  Chuaigh an Oifig Oidhreachta i dteagmháil le roinnt grúpaí ar fud an chontae agus tá a gcuid saothar á mbailiú agus á gcur ar taispeáint ar www.heritage.galwaycommunityheritage.orgagus tá taighde á dhéanamh i gceantair áitiúla na ngrúpaí sin, ar taighde é ina gcuimsítear cartlann grianghraf a thiomsú, oidis a lorg agus, chomh maith leis sin, páirt a ghlacadh i líon mór gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hoidhreacht bhia ar gníomhaíochtaí iad sin atá chomh forleathan agus chomh spreagúil agus a cheadóidh an tsamhlaíocht.

  Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí digitiú déanta ar níos mó ná 800 ítim ar leithligh agus bhí siad ar fáil ar an láithreán gréasáin. Lainseáladh an tionscadal go hoifigiúil ar an 6 Meán Fómhair 2017 i gCaisleán Bhaile Chláir. Tá an tionscadal á chur i gcrích i gcomhpháirtíocht leis an Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta agus le hÉire Ildánach.



*An Comhairleoir Eileen Mannion, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, in éineacht le Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, agus le baill foirne agus cairde le linn lainseáil Thionscadal Gastranamaíochta na Gaillimhe i gCaisleán Bhaile Chláir, ar lainseáil é a d'eagraigh Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.*

- **Seafest:** Rinne an Oifig Oidhreachta clár imeachtaí a bhain leis an bhfarraige agus le hoidhreacht/traidisiún na bádóireachta a cheapadh agus a chur i gcrích.




*An Taoiseach, Leo Varadkar, ag labhairt le baill foirne ag seastán Oidhreachta & Údarás na Gaeltachta le linn Sea Fest 2017*



*Roinnt foilseachán a bhí ar taispeáint ag seastán Oidhreachta & Údarás na Gaeltachta le linn Sea Fest 2017*

- **Pobail chuidithe:** Chuidigh an Oifig Oidhreachta le grúpaí pobail sna Creaga, i Muine Mheá, i Maigh Locha, i dTuaim, i gCill Íomair, i gCorr na Móna, in Órán Mór agus sa Ghort chun riain oidhreachta a fhorbairt (i bhfoirm dhigiteach agus i bhfoirm pháipéir araon).

- **Plean nua maidir le hOidhreacht agus Bithéagsúlacht na Gaillimhe 2017-2022 a fhorbairt:** Chuir an Rannóg Oidhreachta tús le hathbhreithniú ar an bPlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta i rith na bliana 2017. Mar chuid den athbhreithniú sin, bhí seisiúin chomhairliúcháin ann, mar aon le breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí a fuarthas i leith an Phlean nua, cruinnithe le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta na Gaillimhe, agus cur i láthair os comhair an Choiste Beartais Straitéisigh ar Chúrsaí Tithíochta, Cultúir agus Áineasa.

## CAOMHANTAS AILTIREACHTA

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag obair chun reachtaíocht reachtúil atá leagtha amach i gCuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm, ar reachtaíocht í lena ndéantar foráil maidir le cosaint na hoidhreachta ailtireachta ar acmhainn uathúil í do Chontae na Gaillimhe. Áiríodh san obair sin comhairle a sholáthar do ghníomhaireachtaí reachtúla, do phobail áitiúla agus d'úinéirí agus d'áititheoirí foirgneamh agus áiteanna ag a bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta.

Sa bhliain 2017, lean an tAonad Caomhantais d'fheasacht a chur chun cinn i ndáil le foirgnimh stairiúla agus áiteanna stairiúla agus i ndáil leis na scileanna traidisiúnta agus na hábhair is gá chun a chinntiú go dtiocfaidh siad slán sa todhchaí. Rinneadh dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú agus i scileanna traidisiúnta trí na tionscadail chaomhantais éagsúla agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta agus le grúpaí pobail i ndáil lena chinntiú go gcaomhnaítear foirgnimh thraidisiúnta ar díol sainspéise iad.

Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa bhliain 2017:

- Rinneadh déanmhais, grúpaí déanmhas, limistéir agus gnéithe eile lena ngabhann suntas oidhreachta ailtireachta a shainaithint agus a mheasúnú, agus tugadh comhairle ina leith, agus tugadh comhairle d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúil maidir le dea-chleachtas agus maidir le cúnamh atá ar fáil, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, i gcomhair caomhantais den sórt sin.
- Bhí comhairliúcháin réamhphleanála ann agus tugadh comhairle maidir le caomhnú ailtireachta do dhaoine laistigh den údarás áitiúil agus do chomhlachtaí reachtúla agus do chomhlachtaí neamhreachtúla.
- Rinneadh measúnacht ar dhéanmhais sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint i dtaobh oibreacha nach mór cead pleanála a bheith ann maidir leo agus tugadh comhairle réamhphleanála d'úinéirí/d'áititheoirí. Rinneadh tuairisciú, agus tugadh comhairle, maidir le hiarratais phleanála i gcás inar tháinig saincheisteanna chun cinn maidir le hoidhreacht ailtireachta.
- Rinneadh faireachán ar riocht déanmhas ar an RPS agus, de réir mar ba ghá, rinneadh moltaí maidir leis an ngá don údarás pleanála gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh má bhí a leithéid ag teastáil.
- Rinneadh iniúchadh agus measúnú ar dhéanmhais i ndáil lena gcur san áireamh san RPS, lena n-áirítear athbhreithniú Alt 55 a dhéanamh ar bhreisithe agus scriosadh a bhí beartaithe. Rinne na Comhaltaí Tofa breithniú agus cinneadh i dtaobh na dtograí sin ag Cruinniú na Comhairle Contae i mí Aibreáin 2017.
- Rinneadh measúnachtaí Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACA), go háirithe measúnachtaí ar dhiméinte stairiúla.
- I gcomhpháirt leis an rannóg GIS, rinneadh mór-uasdátú ar Chóras an Fhardail Ailtireachta (AIS), is é sin bunachar sonraí na ndéanmhas cosanta.
- Rinneadh idirchaidreamh le grúpaí pobail agus le comhlachtaí reachtúla maidir le caomhnú reiligí.
- Rinneadh idirchaidreamh le pobail áitiúla agus le comhlachtaí forbartha turasóireachta maidir le Bailte Slachtmhara.
- Rinneadh idirchaidreamh le Gaillimh 2020, Europa Nostra agus ICOMOS Ireland.

### Ciste na nDéanmhas i mBaol (SRF)

Is é is aidhm don SRF ná laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dtiocfaidh meath ar oidhreacht ailtireachta na hÉireann agus, ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt maidir le fostaíocht do

ghairmithe, do chonraitheoirí agus do speisialtóirí i réimse an chaomhantais. Is ionann an ciste agus tacaíocht d'úinéirí/d'áititheoirí i dtaca lena dtiomantas fadtéarma i leith todhchaí na hoidhreachta ailtireachta a áirithiú. Dá bhrí sin, is ionann an SRF agus modh chun tosaíochtaí a leagan amach do mhaoiniúchán lena chinntiú go gcaitear airgead ar an mbealach is éifeachtúla is féidir ar ghnéithe leochaileacha d'oidhreacht ailtireachta na hÉireann.

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an SRF cúnamh le haghaidh oibreacha chun déanmhais a choimirciú sa todhchaí, is é sin le rá, déanmhais ar déanmhais chosanta iad faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) más rud é, i dtuairim DCHG, go bhfuil géarghá le hoibreacha ar na déanmhais sin agus gur taispeánadh an gá sin.

Níl ach déanmhais, nó cuid de dhéanmhais, atá i mbaol suntasach meatha i láthair na huaire cáilithe lena mbreithniú i dtaobh maoiniúchán a fháil ó DCHG.

Níl an SRF ceaptha chun cúnamh a thabhairt i ndáil le gnáthchothabháil, gnáthathruithe nó gnátfheabhsúcháin. Ní mór gur oibreacha caipitiúla iad na hoibreacha ar fad a dhéantar faoin SRF. Maidir leis an méid atá cionroinnte i ndáil le Tithe Stairiúla na hÉireann faoi úinéireacht phríobháideach.

**Chiste na nDéanmhas i mBaol 2017**

Fógraíodh Scéim na nDéanmhas i mBaol agus rinneadh moltaí tar éis breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí a fuarthas. Fuarthas maoiniúchán €65,000 ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le haghaidh trí thionscadal - Eaglais N. Aindriú, Cill Chonla, Mainistir Theach Bhéal Átha na gCarr, agus an tseanmhonarcha gháis i mBéal Átha na Sluaighe.



*Rinneadh deisiúcháin ar dhíon Theach Bhéal Átha na gCarr faoi thionscnamh na dTithe Stairiúla a riarann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta*



*An tSeanmhonarcha Gháis, Béal Átha na Sluaighe.*

**An Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe**

Tríd an Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe féachtar le spreagadh a thabhairt i leith caipiteal príobháideach a infheistiú i roinnt tionscadal beagscála diansaothair chun déanmhais stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacaíocht a thabhairt i leith gairmithe agus ceardaithe oilte, a bhfuil taithí acu, a fhostú. Tá an scéim ceaptha chun cabhrú le húinéirí/háititheoirí déanmhas cosanta.

**An Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe 2017**

Fuarthas €154,453.30 faoin Scéim seo le haghaidh 15 thionscadal.

Mar thoradh ar na hoibreacha a críochnaíodh, caitheadh €189,574.00 ar chaomhnú gnéithe stairiúla.




*Cloigtheach Eaglais Mhuire, Béal Átha na Sluaighe.*



*Deisiú ceann tuí ar theach i dTíne*



*Cuimhneachán Kelly, Béal Átha Ghártha*



*An bealach isteach chuig Gairdín Múrtha an Chreagáin*



*Foirgneamh ar an bPríomhshráid, Móta*

**Tábla na nDeontas faoi Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Fhoirgnithe 2017:**

| Uimh. Thag. | Déanmhas | Deontas a Íocadh |
|---|---|---|
| BHIS 17/1 | Teach Ceann Tuí, Bóthar na Mara, Droichead an Chláirín | **€2,500** |
| BHIS 17/2 | Teach Bhaile Uí Dhúgáin | **€7,500** |
| BHIS 17/3 | Eaglais Mhaigh Ard (N. Tomás) | **€7,530** |
| BHIS 17/4 | Eaglais Chríost, an Clochán | **€9,999** |
| BHIS 17/5 | Teach Chaisleán Eilean, Baile Átha an Rí | **€3,750** |
| BHIS 17/6 | Teach Eanach Dhúin | **€8,618** |
| BHIS 17/8 | Cuimhneachán Kelly, Cill ar Ghualainn | **€2,837** |
| BHIS 17/9 | Teach, an Phríomhshráid, Móta | **€5,430** |
| BHIS 17/10 | 6-8 Stáisiún Gharda an Chósta, an Cloigeann | **€9,999** |
| BHIS 17/11 | Ceardlanna Ellis, Leitir Fraic | **€7,749** |
| BHIS 17/12 | Eaglais na hÉireann, Dún an Uchta | **€5,600** |
| BHIS 17/13 | Teach Cheann Tuí, Tíne | **€9,500** |
| BHIS 17/14 | Caisleán Órán Mór | **€4,000** |
| BHIS 17/16 | Teach Milverton, Áth Eascrach | **€5,000** |
| BHIS 17/17 | Teach Bhaile na bhFalmairí | **€3,680** |
| BHIS 17/20 | Teach an Reachtaire/Teach na Gléibe, Cathair Cheallaigh, Ard Raithin | **€2,500** |
| BHIS 17/21 | Páirc an Bhaile Mhóir, Creachmhaoil | **€7,600** |
| BHIS 17/24 | Eaglais Mhuire Gan Smál, Uachtar Ard | **€4,847** |
| BHIS 17/25 | Caisleán an Bhaile Mhóir, an Baile Mór | **€2,675** |
| BHIS 17/26 | Eaglais Shalroic, Rinn Mhaoile | **€1,000** |
| BHIS 17/27 | Diméin an Chreagáin | **€8,778** |
| BHIS 17/28 | Eaglais Ard Raithin | **€6,575** |
| BHIS 17/29 | Clog Bhaile Bhéal Átha na Sluaighe, Eaglais N. Eoin | **€10,000** |
| BHIS 17/30 | An tIonad Pobail, Ascaill Chluain Fearta, Port Omna | **€6,787.30** |
| BHIS 17/31 | An Eaglais Phreispitéireach, Béal Átha na Sluaighe | **€9,999** |
| | **Iomlán** | **€154,453.30** |

## Oiliúint faoi Scileanna Traidisiúnta

Seoladh ceardlann lae faoi úsáid scileanna traidisiúnta aoil the i Staisiún an Gharda Cósta sa Chloigeann i gcomhar le *Building Limes Forum Ireland* mar chuid den ghné oiliúna faoi scileanna traidisiúnta de Scéim na hInfheistíochta san Oidhreacht Fhoirgnithe a oibríonn an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.




*Ceardlann Aoil Thraidisiúnta, an Cloigeann.*

## Sócmhainní Staire

Oibríonn an grúpa Sócmhainní Stairiúla ar mhodh trasroinne laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar fhoirgnimh atá faoi úinéireacht ag an údarás áitiúil agus atá ar Thaifead na nDéanmhas Stairiúil nó ar fhoirgnimh shuntasacha i Limistéir Caomhantais Ailtireachta. Sa bhliain 2017, críochnaíodh oibreacha chun díon eaglais N. Aindriú, iar-Eaglais de chuid Eaglais na hÉireann, i gCill Chonla, Tuaim, a dhéanamh síondíonach.

Ina theannta sin, thug an Coiste Sócmhainní Stairiúla tacaíocht i ndáil le leas pobal áitiúil i bhfoirgnimh dhíomhaoine ina gceantair. Is ionann caomhnú agus bainistiú athraithe le gur féidir foirgneamh leanúint de ról a bheith aige i saol sóisialta agus eacnamaíochta an bhaile agus, ag an am céanna, na saintréithe sin dá chuid a thugann carachtar dó agus ar díol sainspéise iad a choimeád.



*Baill Ghrúpa Caomhantais agus Forbartha Chill Chonla agus iad ag iniúchadh na n-oibreacha a rinneadh ar thúr shean-Eaglais N. Aindriú, agus an mheitheal chaomhantais in éineacht leo.*

**Na Siúláin, Baile Locha Riach**

Rinneadh Plean Gníomhaíochta Caomhantais a choimisiúnú ó mheitheal ildisciplíneach chun suirbhéireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar bhallaí teorann de chuid an 18ú haois taobh thiar den Phríomhshráid i mBaile Locha Riach, in aice leis an bpromanáid de chuid an 18ú haois agus feadh líne chosaintí scartáilte an bhaile mheánaoisigh.





*Íomhánna ó Na Siúláin, Baile Locha Riach.*

**Feasacht faoi Chaomhantas a Mhéadú**

Le maoiniúchán a fuarthas trí Thionscnamh Éire Ildánach, thug Aonad Caomhantais Ailtireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht do **Architecture is … On the Edge (Æ)** i mí Dheireadh Fómhair 2017.

Is é atá in **Architecture is … On the Edge (Æ)** ná ceiliúradh seachtaine ar an ailtireacht in Iarthar na hÉireann ar lena linn a bhíonn sraith cainteanna, turas, ceardlann agus taispeántas ann. Thug an fhéile cuireadh do dhaoine as gach aoisghrúpa scrúdú a dhéanamh ar thimpeallacht fhoirgnithe a gcathrach agus a gcontae. I rith na féile seachtaine seo, cuireadh cuid de na gnéithe ailtireachta is suntasaí de chuid Iarthar na hÉireann ar taispeáint agus tugadh deis chun eolas a fháil faoi chuid de sheoda folaithe ailtireachta na Gaillimhe. Bhí treoraithe saineolacha ar fáil chun bheith i gceannas ar thurais i dtithe, i bhfoirgnimh agus i spásanna nach mbíonn teacht orthu de ghnáth. Spreagann *Architecture at the Edge* díospóireacht spreagúil faoi chaighdeáin i réimsí na dearthóireachta uirbí, na pleanála agus na hinbhuanaitheachta trí chaidreamh a bhunú leis an bpobal ag imeachtaí éagsúla.




*Teach Liagáin, Maigh Cuilinn, Gaillimh (Íomhánna ó: https://www.architectureattheedge.com/)*

D'óstáil baile an Ghoirt tionscadail a bhfuarthas tacaíocht ina leith ó thionscnamh Éire Ildánach freisin, ar tionscadal é a eagraíodh chun scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe speisialta an bhaile trí leas a bhaint as maitrís Entopia, is é sin, tionscnamh uile-Eorpach de chuid Europa Nostra.

**Inbhuanaitheacht**

D'óstáil Comhairle Chontae na Gaillimhe '*Master of Science in Historic Preservation*' de chuid Ollscoil Pennsylvania, faoi stiúradh an Ollaimh Donavan Rypkema.

Bhí scrúdú dhá sheachtain ann inar cuimsíodh modúil maidir le (1) Cultúr agus Oidhreacht, inar scrúdaíodh Gaillimh 2020-Gaillimh mar Phríomhchathair Chultúir, (2) Creataí Idirnáisiúnta, inar comhtháthaíodh Clár Oibre Nua Uirbeach, Aidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe agus an Tírdhreach Stairiúil Uirbeach, agus sa deireadh (3) Forbairt Inbhuanaithe trí scrúdú agus trí athbheochan, agus baile an Ghoirt ann mar shaotharlann.







## Tosaíocht Straitéiseach

## Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.

**SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ**

Lean an tAonad Pleanála agus Forbartha Inbhuanaithe de shársheirbhís a sholáthar do chustaiméirí d'ainneoin acmhainní laghdaithe a bheith ann.
Bhí clinicí pleanála ann gach seachtain in Áras an Chontae.
Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí úsáid a bhaint as meáin éagsúla amhail nuachtáin, raidió áitiúil, an láithreán gréasáin, ríomhphost agus trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí.

## An tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta

Tá an tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta freagrach as comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí rialtais áitiúil a thairgtear don earnáil phobail, don earnáil fiontraíochta, don earnáil chultúir agus don earnáil spóirt. Oibríonn an t-aonad le pobail áitiúla chun cabhrú leo feabhas a chur ar a gceantair áitiúla. Ina theannta sin, oibríonn an t-aonad le gnóthaí agus le fiontair áitiúla chun fostaíocht a chruthú i gContae na Gaillimhe. Feidhmíonn an tAonad thar raon leathan réimsí lena n-áirítear spórt agus cultúr, cruthú fostaíochta agus feabhsú fisiciúil ceantar áitiúil, agus Infheistíocht Dhíreach Choigríche a aimsiú agus Leas a bhaint as na féidearthachta a ghabhann lenár gcuid acmhainní nádúrtha agus feabhas a chur, ar mhodh inbhuanaithe, ar an gcaighdeán maireachtála agus ar dheiseanna fostaíochta do gach uile shaoránach i gContae na Gaillimhe.

### Tosaíocht Straitéiseach

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gcontae.**

Soláthraíonn an tAonad tacaíocht riaracháin do Choiste Áitiúil Pobail agus Forbartha Chontae na Gaillimhe (LCDC) a bunaíodh sa bhliain 2014 chun “cur chuige i leith forbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm”. Cuimsíonn an Coiste comhpháirtithe socheacnamaíochta poiblí agus príobháideacha agus bhí 6 chruinniú aige i rith na bliana agus, i measc na nithe a tháinig chun cinn lena bplé, áiríodh an méid seo a leanas:

- Critéir mheasúnachta a chomhaontú agus ceadú iarratas ar scéimeanna forbartha pobail a fhaigheann maoiniúchán poiblí i.e. Clár, RAPID, Scéim na Saoráidí Pobail, Éire Shláintiúil.

- Faireachán ar chur i bhfeidhm clár forbartha áitiúil i.e. Clár SICAP 2015-2017 agus Clár LEADER 2014-2020.

- Bunú Fochoistí chun gníomhartha airithe a chur i bhfeidhm faoi LECP (Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail) i.e. Fochoiste Oideachais agus Oiliúna, Fochoiste Faireacháin agus Measúnaithe SICAP. Ina theannta sin, d’oibrigh an tAonad le HSE chun Fochoiste Sláinte agus Folláine an LCDC agus ullmhaíodh aighneacht i leith Éire Shláintiúil.

- Clár SICAP don tréimhse 2018-2022 agus bunú Meithle Saineolaithe Measúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar Thairiscintí agus moltaí a thabhairt don Fhochoiste SICAP.

- Faisnéis uasdátaithe faoi thionscnaimh áitiúla agus náisiúnta amhail an Clár Náisiúnta Leathanbhanda, Ainmniúchán i leith Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa don bhliain 2018, an Beartas Náisiúnta maidir le Rochtain Chomhionann ar Ardoideachas 2015-2019.

Níor tháinig aon athrú ar chomhaltas an choiste i rith na bliana ach d’éirigh an Comhairleoir Jimmy McClearn as oifig mar Chathaoirleach agus toghadh Tom Turley, IFA, mar Chathaoirleach ag

cruinniú LCDC Chontae na Gaillimhe ar an 4 Deireadh Fómhair 2017. Ag an gcruinniú céanna, toghadh an Leas-Chathaoirleach, Dan Dowling, le haghaidh dara téarma.

Tar éis do Catherine McConnell éirí as Comhairle Chontae na Gaillimhe, ceapadh Alan Farrell mar Phríomhoifigeach LCDC Chontae na Gaillimhe le héifeacht ón 16 Deireadh Fómhair 2017.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.

Lean Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) Chontae na Gaillimhe d'fheidhmiú mar phríomhnasc ar tríd a rinne eagraíochtaí pobail & deonacha, timpeallachta agus uilechuimsitheachta sóisialta idirghníomhú le struchtúir déanta beartais agus le coistí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh PPN Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2015 agus é mar aidhm ag a chuid struchtúr agus próiseas ná daoine den phobal agus eagraíochtaí a chumasú chun a dtuairimí ilghnéitheacha agus a n-ábhair spéise a chur in iúl mar chuid d'fhorbairt an chórais rialtais áitiúil agus an méid sin a éascú. I mí na Nollag 2017, ceapadh Denise Feeney mar Oifigeach Acmhainní PPN. Is iad príomhfhreagrachtaí an róil sin oibriú le Rúnaíocht PPN chun rannpháirtíocht na saoránach a chur chun cinn agus neartú na nasc idir pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus soláthróirí eile seirbhísí poiblí.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a bhí ann sa bhliain 2017, áiríodh an méid seo a leanas:

- Ba é a bhí sa líon grúpaí/eagraíochta a bhí cláraithe mar bhaill de PPN Chontae na Gaillimhe ag deireadh na bliana 2017 ná 700.
- Seoladh dhá chruinniú iomlánacha de na baill i rith na bliana.
- Tháinig Coiste Stiúrtha an PPN le chéile uair amháin gach trí mhí chun clár oibre 2017 a phleanáil agus a eagrú.
- D'ainmnigh an PPN 25 dhuine chun feidhmiú thar a cheann ar na Coistí Beartais Straitéisigh, ar an gCoiste Áitiúil Pobail agus Forbartha, ar Choiste Forbartha na Gaillimhe, ar an gComhchoiste Póilíneachta, ar Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, ar an bhFochoiste Sláinte & Folláine, ar Choiste Cúraim Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe agus ar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil i leith Iascach.
- Lean an PPN den Scéim Aláraim Dóiteáin Pobail trí dhíriú ar dhaoine leochaileacha nach raibh aon aláram acu nó a raibh aláram acu a raibh a shaolré 10 mbliana sroichte aige.
- Ghlac Oibrí Acmhainní PPN páirt in 2 Chruinniú Réigiúnacha PPN agus in 2 chruinniú de chuid Líonra na nOibrithe PPN.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.

D'fheidhmigh an tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar chomhlachtaí éagsúla amhail an Grúpa Gníomhaíochta Náisiúnta Leathanbhanda agus an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil i leith Iascach (FLAG) agus lean sé de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí éagsúla ar raon tionscnamh forbartha eacnamaíochta in earnálacha an bhia, na turasóireachta agus na cruthaitheachta.

- **Tionscnaimh Infheistíochta agus Cruthaithe Post:**
  - Tugadh tacaíocht d'Fhéile Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Gaillimhe agus d'Aonach Áitiúil Bia agus Bronntanas Ceardaíochta na hOifige Fiontair Áitiúil.
  - Tugadh tacaíocht d'imeachtaí a sholáthraíonn ionad margaidh do chuideachtaí de chuid na Gaillimhe i.e. Margadh na Nollag de chuid Tháirgeoirí na Gaillimhe, margadh Táirgeoirí ag Seó Garraíodóireachta Bhaile Chláir, Féile Bhia na Gaillimhe, Margadh Feirmeoirí Chinn Mhara, Bia Bó Finne, Féile Diúilicíní Chonamara, Féile Oisrí Dhroichead an Chláirín, agus *Food on the Edge*.
  - Thug an tAonad tacaíocht do thionscadail agus do thionscnaimh fiontraíochta pobail a bhfuil fostaíocht á cruthú acu e.g. Ionad Fiontraíochta BACD, Ionad Fiontraíochta Chinn Mhara, Páirc Ghnó Beechtree i dTuaim.
  - Rinneadh tionscnamh 'Déanta i nGaillimh a fhorbairt tuilleadh chun tacú le fiontair áitiúla i dtaca le rochtain a fháil ar mhargaí agus seoladh 6 thaispeántas "Déanta i nGaillimh" sa bhliain 2017..
  - Rinneadh gníomhaíochtaí a bhí sannta don Aonad a chur i gcrích agus comhordaíodh an tuairisciú don Chomhairle maidir le réimsí freagrachta sa Phlean Gníomhaíochta Áitiúil i leith Post.
  - Chuir an tAonad faoi deara go dtabharfaí tacaíocht d'Ionad Scannán na Gaillimhe chun Ciste Clos-Amhairc Réigiún an Iarthair a bhunú, rud a lainseáladh i mí Dheireadh Fómhair 2017. Rinneadh an ciste sin a lainseáil ar bhonn ghealltanas €2 mhilliún ón Choimisiún Forbartha an Iarthair, mar aon le gealltanas €20,000 sa bhliain ar feadh trí bliana ó gach ceann de na comhpháirtithe Údaráis Áitiúil i nGaillimh (Cathair agus Contae), i Maigh Eo, i Ros Comáin, sa Chlár, i nDún na nGall agus i Sligeach.
  - Ba é an t-aonad a thionscain agus a d'fhorbair an togra i leith mol nuálaíochta agus goir bia chun cabhrú le fás an gheilleagair i réigiún an iarthair. Fuarthas maoiniúchán €2.5m ó Chiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí Fhiontraíocht Éireann (REDF) chun forbairt a dhéanamh ar Champas Nuálaithe BIA. Chun an togra seo a forbairt bhí gá le rannpháirtíocht fhorleathan agus cur chuige comhoibríoch idirghníomhaireachta. Is ionann Campas Nuálaithe BIA agus athrú bunúsach a chuirfidh athrú ó bhonn ar chúrsaí fiontraíochta bia in Iarthar na hÉireann trí dhíriú ar ionad mórscála nuálaíochta agus goir don earnáil bhia agus deochanna - 2301 mhéadar cearnach (23,767 tr.ch.) Nuair a bheidh

bailchríoch curtha ar an gCampas soláthróidh sé spás riachtanach oiliúna agus forbartha chun freastal ar éilimh na hearnála bia i gcoitinne (e.g. fiontraithe, cócairí, eolaithe bia), ar spás é ina mbeidh na príomhghníomhaíochtaí go léir ag soláthar a gcuid seirbhísí, rud a fhágfaidh gur fíorshiopa ilfheidhme agus ionad sármhaitheasa a bheidh ann. Beidh sé i measc na dtionscadal oidhreachta a bheidh ann mar thoradh ar an ainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa.

- **Tionscnaimh a bhaineann le Cur Chun Cinn na Turasóireachta:**
  - Cuireadh Páirc na bhFeithiclí Áineasa i bPort Omna, a lainseáladh i mí Aibreáin 2017, ar ghearrliosta i gcomhair Gradaim Sármhaitheasa Rialtais Áitiúil sa bhliain 2017. Bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe, Uiscebhealaí Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann agus Grúpa Margaíochta Straitéisí Loch Deirgeirt páirteach sa tionscadal. Tá 18 mbá páirceála lánseirbhísithe ann d'fheithiclí áineasa i suíomh ardscéimhe a mbíonn ráchairt mhór air in aice le Caisleán Phort Omna, Loch Deirgeirt agus Páirc Foraoise Phort Omna. Tá an infheistíocht atá á déanamh sa tsaoráid sin i measc na dtionscadal atá á gcur i bhfeidhm faoin bplean foriomlán i leith cheantar Loch Deirgeirt arb é is aidhm dó ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an loch mar cheann scríbe turasóireachta trí chomhpháirtíocht idir Fáilte Éireann agus Comhairlí Contae na Gaillimhe, an Chláir agus Thiobraid Árann agus earnáil na turasóireachta. Áiríonn na tionscadail sin comharthaí bóthair feabhsaithe, forbairt Gormbhealaigh, forbairt pointí eolais agus rochtana taobh leis an loch, agus cur i bhfeidhm feachtas margaíochta náisiúnta.



*Muiríne Phort Omna agus Páirc Veaineanna Campála ag Muiríne an Chaisleáin i bPort Omna*

Ina theannta sin, chuir an tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta tionscnaimh eile i gcrích chun turasóireacht sa chontae agus sa réigiún a chur chun cinn agus chun tacú leis na nithe sin:

- Oibríodh in éineacht le Grúpa Údaráis Áitiúla an Iarthuaiscirt, IWAK, chun an réigiún a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta - fuarthas maoiniúchán €400,000 trí REDZ le haghaidh tionscadal suaitheanta chun feabhas a chur ar eispéireas an chuairteora ar theacht go hAerfort Chnoc Mhuiredó nó di.
- Oibríodh i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Oidhreachta Náisiúnta ar thionscadal suaitheanta 'Bealach Bhéarra-Bhréifne' - fuarthas maoiniúchán tuairim is €1m i gcomhair oibreacha ar an nGlasbhealach ó Chorcaigh go Liatroim.

- Tugadh tacaíocht i leith imeachtaí margaíochta agus poiblíochta turasóireachta e.g. Féile Éireannach Milwaukee.
- Tugadh tacaíocht i leith na nImeachtaí Suaitheanta seo a leanas - Féile Náisiúnta na mBalún Aeir The, Féile Gharraíodóireachta Bhaile Chláir, Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach, Turnaimint Chomhraic Mheánaoiseach Bhaile Chláir agus Féile Ealaíon an Chlocháin.
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt i leith forbairt féilte áitiúla le gur féidir leo teacht chun bheith ina bhféilte ceann scríbe a mheallann cuairteoirí agus a mhéadaíonn an líon oícheanta a chaitheann daoine as áiteanna thar lear in óstáin sna ceantair lena mbaineann.
- Rinneadh bróisiúr faoi Fhéilte a bhíonn ann sa Chontae a thiomsú, a fhoilsiú agus a scaipeadh ar mhaithe le cur chun cinn na turasóireachta agus rinneadh léarscáil de thaitneamhachtaí Chontae na Gaillimhe a fhoilsiú agus í dírithe ar chuairteoirí sa réigiún.
- Rinneadh an Scéim Straitéiseach i leith Infheistíochta i mBonneagar Turasóireachta agus Taitneamhachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm.

- **Ainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa (ERG):**

Is iad príomh-chomhpháirtithe an tionscnaimh seo Comhairlí Contae Chathair agus Chontae na Gaillimhe, GMIT agus Teagasc.

Tá ERG bunaithe ar mhúnla comhoibríoch ina gcuimsítear comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach in earnálacha an oideachais agus an phobail.

Sa bhliain 2017, cuireadh tús le líon suntasach tionscadal mar atá leagtha amach i leabhar na dtairiscintí, agus le raon tionscadal nua e.g. Tionscadal a lean as an Ainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíochta, Bia, Cultúr agus Ceiliúradh ár nÉagsúlachta Cultúir, Room to Grow, Ionad Margaidh na Gaillimhe etc.

I rith na bliana 2017, ceapadh JP McMahon mar ambasadóir i leith ainmniúchán 2018 na Gaillimhe mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa. Ceapadh Elaine Donohue mar chomhordaitheoir Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa i Meán Fómhair 2017 agus ceapadh lucht tacaíochta/cúnta margaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2017.




*Aisling Rock – mac léinn ealaíon cócaireachta de chuid GMIT as Tír Nimhin, an Gort, atá 21 bhliain d'aois agus a bhí ina hionadaí do Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa i mí na Samhna in St. Pol de Mar Barcelona le linn Ghradaim Chócaire Óg Eorpach na Bliana. Bronnadh gradam mór le rá Cócaire Óg na Bliana ar Aisling.*

## Tosaíocht Straitéiseach

## Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infrastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.

- **Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte**

Is é is príomhaidhm don scéim seo ná tacú le hathnuachan bailte agus sráidbhailte d'fhonn feabhas a chur ar timpeallacht mhaireachtála agus oibre a bpobal agus méadú a dhéanamh ar a gcumas chun gníomhaíocht mhéadaithe eacnamaíochta a chothú sa todhchaí.

Leanadh ar oibreacha de chuid chlár 2016 sa bhliain 2017 agus, i rith na bliana, tíolacadh 13 thionscadal eile á chinntiú go bhfaighfí maoiniúchán os cionn €1m ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ar an 30 Samhain 2017, seoladh ceardlann maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil chun cabhrú le grúpaí/pobail a raibh na tionscadail sin á mbainistiú acu.

Is iad seo a leanas na tionscadail atá á gcur ar aghaidh faoin scéim:

| **Baile nó Sráidbhaile** | **Tuairisc an Tionscadail** | **Méid** |
|---|---|---|
| Béal Átha na Sluaighe | Atógáil cosán i leith rochtain mhíchumais, páirceáil a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, agus marcáil línte | €100,000.00 |
| Béal Átha Ghártha | Foscadán Bus a sholáthar, Seastán Banna Ceoil, siúlán lúbtha, comharthaí sráide agus athbhunú limistéar pábháilte | €77,880.00 |
| Béal Átha Glúinín | Sráid-dreachú agus athbhunú Déanmhas Íocónach - Straitéis Chultúir a fhorbairt don sráidbhaile | €80,000.00 |
| Cathair Loistreáin/Béal Cláir | Rian Siúil a shíneadh, feabhsú saoráidí páirceála gluaisteán, suíocháin/limistéar picnice a chur ar fáil | €80,000.00 |
| Inis Mór - Árainn, Cill Rónáin | Limistéar páirce dúlra a fhorbairt | €56,000.00 |
| An Clochán | Páirc Taitneamhachta Cuain a fhorbairt | €80,000.00 |
| An Fhairche | Uasghrádú agus cur chun cinn an Riain Siúil coillearnaí atá ann cheana | €38,400.00 |
| Áit Súgartha Pobail, Trasrian do Choisithe, oibreacha athdhromchlaithe thart ar an ionad pobail | Cor an Dola | €98,351.00 |
| Áth Cinn | Trasrian do Choisithe, Foscadán Bus, síneadh cosán, oibreacha feabhsaithe tírdhreacha, feabhsú an riain siúil atá ann cheana | €80,000.00 |
| Baile Locha Riach | Limistéar taitneamhachta Loch Bhaile Locha Riach a fhorbairt | €100,000.00 |
| An Spidéal | Uasghrádú agus síneadh na gcosán atá ann cheana, feabhsú na saoráidí fóillíochta ar an trá, feabhsú an tsráid-dreacha agus an cheantair thart ar an sráidbhaile | €64,000.00 |
| An Tulaigh/Crois na Tulaí | Tógáil Cosán | €72,000.00 |
| Móta | Athchóiriú Cosán | €77,600.00 |
| | **IOMLÁN** | **€1,004,231.00** |

- **An Crios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ)**

Is scéim phíolótach í REDZ agus í ceaptha chun forbairt eacnamaíochta tuaithe a chothú agus táthar tar éis 10 gcrios ainmnithe REDZ a shainaithint i gContae na Gaillimhe. Sa bhliain 2017, thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le forbairt tograí ó phobail maidir le cúnamh faoin scéim i 5 chrios REDZ - Gleann na Madadh, an Cheathrú Rua, Gaillimh Tuath, Órán Mór agus an Gort.

- **CLÁR**

Is é atá i gclár CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) ná clár infheistíochta spriocdhírithe trína soláthraítear maoiniúchán i gcomhair tionscadail bheagscála infheistíochta i gceantair thuaithe ina bhfuil na leibhéil is airde meatha daonra. Is é is aidhm do CLÁR ná tacú le forbairt inbhuanaithe cheantair shainaitheanta CLÁR trí dhaoine a mhealladh chun cónaí agus obair iontu. Sa bhliain 2017, cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail 13 iarratas arbh fhiú €519,792 san iomlán iad agus inar áiríodh raon beart sábháilteachta bóthair ag scoileanna nó tadhlach le scoileanna, athfheistiú áite súgartha i mBéal Átha Ghártha agus áiteanna súgartha nua a sholáthar i gCill Íomair, san Fhairche, sa Bhaile Mór agus i Mainistir Chnoc Muaidhe.

- **Maoiniúchán le haghaidh Áineas Allamuigh**

Tá Scéim an Áineasa Allamuigh ina cuid de Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Forbairt Tuaithe agus soláthraíonn sí maoiniúchán chun forbairt a dhéanamh ar bhonneagar nua áineasa allamuigh nó chun saoráidí atá ann cheana a chothabháil, a fheabhsú nó a chur chun cinn de réir mar is gá. Sa bhliain 2017, fuarthas maoiniúchán faoi 3 bheart de mhéideanna éagsúla agus b'fhiú €196,650 iad do Chontae na Gaillimhe.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

Lean an Oifig Ealaíon de gach gné de na healaíona a chur chun cinn agus thacaigh sí le meon rannpháirtíochta, rochtana agus uilechuimsitheachta i leith na n-ealaíon, gan baint de cháilíocht na seirbhíse. Tá leibhéal ard rannpháirtíochta ann sna healaíona sa Chontae; tá an t-éileamh ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí cultúir ag méadú agus tá líon mór ealaíontóirí ina gcónaí, agus ag obair, sa chontae.

Tá ról ceannais ag an Oifig Ealaíon i leith an bheartais maidir leis na healaíona agus i leith pleanáil straitéiseach agus i leith fhorbairt na n-ealaíon sa Chontae agus, chomh maith leis sin, eagraíonn sí clár leathan gníomhaíochtaí a bhaineann le cuid mhór cineálacha ealaíne agus ar gníomhaíochtaí iad a bhíonn uaillmhianach agus uilechuimsitheach ó thaobh na n-ealaíon de.

Ceapadh Sharon O'Grady chuig post an Oifigigh Ealaíon sa bhliain 2017 agus i measc na réimsí ar díríodh orthu i rith na bliana áiríodh an méid seo a leanas:

- **Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí:**

Tá saothar ealaíontóirí lárnach don tírdhreach cultúir; feabhsaíonn saothair ealaíontóirí ár bpobail agus cothaíonn siad cruthaitheacht agus méadaíonn siad deiseanna maidir le rannpháirtíocht sna healaíona.

Sa bhliain 2017, thugamar tacaíocht dhíreach do 20 Ealaíontóir trí Sparánachtaí d'Ealaíontóirí ar leithligh agus trí Sparánachtaí Ionad Tyrone Guthrie, agus soláthraíodh deiseanna oiliúna agus líonrúcháin.

- **Grúpaí Pobail, Deonacha agus Gairmiúla i réimse na nEalaíon:**

Cuireann an Oifig Ealaíon faisnéis agus comhairle ar fáil do ghrúpaí ealaíon deonacha, d'eagraíochtaí ealaíon pobail agus d'eagraíochtaí ealaíon gairmiúla a ghabhann do chleachtadh nó do chur chun cinn na n-ealaíon ar fud an chontae.

Thug Comhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht airgeadais do 74 ghrúpa trí Scéim na dTacaíochtaí Pobail 2017, rud a chumasaigh dóibh imeachtaí, féilte agus ceardlanna a eagrú ar fud an chontae.

- **An Chomhphháirtíocht Oideachais Ceoil (MEP):**

I Meán Fómhair 2017, d'fhógair Music Generation go bhfaigheadh Contae na Gaillimhe €600,000 mar mhaoiniúchán daonchairdiúil ó Chiste U2 agus ón gCiste d'Éirinn chun rochtain mhéadaithe a chur ar fáil ar theagasc ceoil gutha agus uirlise ardchaighdeáin, fóirdheontais do leanaí agus do dhaoine óga

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe/Ros Comáin (GRETB) an comhpháirtí ceannais agus oibreoidh sé go dlúth i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le cuid mhór comhpháirtithe sa Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil (MEP) chun forbairt a dhéanamh ar phleananna i leith na seirbhísí oideachais ceoil seo sa cheantar.

- **Leanaí agus Daoine Óga:**

Cuireadh clár na hOifige Ealaíon do dhaoine óga i bhfeidhm ar fud an Chontae agus, mar chuid de, bhí 8 gClár Ealaíontóirí i Scoileanna, ann mar aon le Scéimeanna Scríbhneoirí i Scoileanna i gcomhar le hÉigse Éireann, Turas Amharclainne do Leanaí i gcomhar le Branar agus Féile na Leabhar do Leanaí sna leabharlanna agus d'oibríomar in éineacht le hAmharclann Óige na Gaillimhe i ndáil le forbairt scileanna taibhiúcháin do thaibheoirí óga.



*BRANAR agus Na Síoga agus an Gréasaí (The Elves and the Shoemaker) á léiriú acu le linn an Turais Amharclainne do Leanaí.*

- Cláir maidir leis na hEalaíona i gCúram Sláinte, maidir leis na hEalaíona agus an Míchumas agus maidir le Daoine Scothaosta:

Le linn na cláir fhorleathana sin a chur i bhfeidhm, d'oibrigh an Oifig Ealaíon lenár gcomhpháirtithe cruthaitheachta - Ionad Ealaíon na Gaillimhe (Burning Bright, tionscadal maidir le daoine scothaosta), Bealtaine, Iontaobhas Ealaíon na nOspidéal agus Arts Ability Abú, i gcomhpháirtíocht le Bráithre na Carthanachta.

- **Forbairt Cineálacha Ealaíne:**

Thacaigh an Oifig Ealaíon le raon leathan cineálacha ealaíon, ionad (Áras Éanna) agus ainmniúchán (Cathair Scannánaíochta UNESCO &Gaillimh 2020, Music Generation) agus rinneadh obair i gcomhar le heagraíochtaí gairmiúla cultúir, de chineál áitiúil agus náisiúnta, chun tacú le forbairt cineálacha ealaíne agus le nuálaíocht.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

Rinne an tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta riaradh, ar mhodh comhordaithe, ar na tacaíochtaí/deontais pobail go léir a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe do réimsí éagsúla oibre de chuid na Comhairle agus is é a lean as sin ná cur chuige níos sruthlínithe agus níos comhtháite agus pointe teagmhála comhchoiteann do na hiarratasóirí go léir.

Ina theannta sin, d'oibrigh an tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha Eacnamaíochta le gníomhaireachtaí eile mar atá luaite in áiteanna eile sa tuarascáil seo agus leanfaidh sé den obair sin chun cláir oibre éifeachtacha a chur ar fáil dár saoránaigh agus creideann an t-aonad mbaineann an cur chuige comhoibríoch sin, ar bhonn idireagraíochta agus idirghníomhaireachta, luach ar airgead agus an toradh is fearr do gheallsealbhóirí amach mar is léir i dtaca leis na tionscadail chomhpháirtíochta seo a leanas: an Clár Oideachais Ceoil, Éire Shláintiúil, Campas Nuálaithe Bia.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

## *Forbairt Phobail*

- **Scéim na dTacaíochtaí Pobail 2017**

Is é is cuspóir do Scéim Tacaíochtaí Pobail na Comhairle ná spreagadh a thabhairt do ghrúpaí pobail agus deonacha páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt a bpobal, agus an rannpháirtíocht

sin a chur chun cinn, agus chun na gnéithe eacnamaíochta, sóisialta, oidhreachta, cultúir agus Gaeilge de chuid a gceantair a fheabhsú. Leagadh liosta tionscadal a bhí á moladh lena gceadú os comhair na gcomhaltaí tofa ag an gcruinniú den Chomhairle ar an 27 Márta 2017 agus bhain luach iomlán €388,525 leis na tionscadail sin. Maidir leis na tionscadail go léir a cuireadh i bhfeidhm, bhí eagraíochtaí pobail de chuid an Chontae i gceannas orthu agus, maidir leis an cúnamh deontais a fuarthas ó Comhairle Chontae na Gaillimhe, fuarthas maoiniúchán meaitseála ina leith ó na heagraíochtaí sin agus, dá bharr sin, caitheadh cionn €600,000 san iomlán ar na tionscadail sin.

- **Scéim na Saoráidí Pobail 2017**

Soláthraíonn Scéim na Saoráidí Pobail maoiniúchán do thionscadail bheagscála chaipitiúla de chuid grúpaí pobail agus deonacha suas go méid uasta €1,000 in aghaidh an tionscadail agus cuireadh i bhfeidhm í faoi chúram LCDC Chontae na Gaillimhe. Cuireadh leithroinnt €64,500 ar fáil do Chontae na Gaillimhe sa bhliain 2017 agus chuir 80 grúpa pobail tionscadail i gcrích faoin scéim. Thug an maoiniúchán sin tacaíocht do phobail chun dul i mbun oibreacha amhail uasghrádú siúlán, comharthaíocht, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, trealamh cluiche/buntrealamh spóirt, soilsiúchán feabhsaithe do shaoráidí pobail etc.

- **Straitéis Chontae na Gaillimhe maidir leis an Diaspóra.**

D'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe Straitéis maidir leis an Diaspóra do Chontae na Gaillimhe. Bhí saibhreas tionscnamh áitiúil rannpháirtíochta diaspóra ann cheana féin ar fud an Chontae, lena n-áirítear tionscnamh an Tóstail sa bhliain 2013 agus timthriall 3 bliana (2014 go 2016) Thionscnamh Diaspóra na Turasóireachta Pobail ar tugadh tacaíocht do 85 imeacht ar leith lena linn, d'fhéach an straitéis le tuilleadh feabhais a chur ar na tionscadail sin agus le ceangal a dhéanamh idir an Contae agus an Diaspóra, is cuma cén áit ina raibh na daoine a bhí i gceist.

Samhlaítear go rachaidh an Straitéis chun tairbhe d'údaráis áitiúla agus d'aon duine ar leibhéal Contae agus ar leibhéal pobail ar mian leo forbairt a dhéanamh ar naisc lena ndiaspóra áitiúil. Lainseáil an tAire Stáit don Diaspóra agus d'Fhorbairt Idirnáisiúnta Ciaran Cannon TD an Straitéis sa bhliain 2017.




*Lainseáil "Tionscadal Dhiaspóra Threibheanna na Gaillimhe" ag TD na Gaillimhe Thoir agus Aire Stáit, Ciaran Cannon, i gCaisleán Chluain Mhic Cáinín, Bóthar Thuama, Gaillimh.*

Lean an tAonad Pobail, Fiontraíochta agus Forbartha de bheith ag obair le pobail áitiúla chun forbairt a dhéanamh ar a gcumas agus chun inbhuanaitheacht fhadtéarma na forbartha áitiúla faoi cheannas pobal a áirithiú.

Le tacaíocht ón Aonad, ghlac trí phobal/thionscadal (Ísealtailte Bhoirne, Uachtar Ard agus Comhairle na nÓg) páirt i gcomórtas Mhórtas Áite 2017 agus, le linn Shearmanas na nGradam i Leitir Ceanainn i mí na Nollag 2017, ghnóthaigh Comhairle na nÓg Gradam Óir ar an leibhéal náisiúnta sa Chatagóir i leith Tionscnaimh Phobail & Óige i ndáil lena gcuid oibre le dídeanaithe.

Lean foireann an Aonaid de bheith ag obair le grúpaí Bailte Slachtmhara chun dul chun cinn a dhéanamh leo maidir le comórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara.

## *Uilechuimsitheacht Shóisialta*

Leanann an Rannóg Uilechuimsitheachta Sóisialta de roinnt gníomhaíochtaí agus seirbhísí a chur i gcrích chun cabhrú le grúpaí míbhuntáistiúla nó eisiata agus chun tacú le pobail eile a ghabhann d'obair den sórt seo.

Seoladh Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta sa tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2017 agus bhí 30 imeacht ann ar fud an chontae agus, ina theannta sin, i gcomhar leis an Aonad Tithíochta, eagraíodh Seachtain Mhórtas an Lucht Siúil thar ceann an Ghrúpa Idirghníomhaireachta do Lucht Siúil Chontae na Gaillimhe. Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a bhí ann i rith na bliana:

- **An Clár Athlonnaithe Dídeanaithe**

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe tús le bainistiú Cláir Athlonnaithe Dídeanaithe Siriacha ag deireadh na bliana 2016 agus leanadh den obair sin i rith na bliana 2017. Rinneadh 21 theaghlach san iomlán a athlonnú i gContae na Gaillimhe trí thithíocht a chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil a thabhairt dóibh agus tar éis tacaíocht a fháil ó shainmheitheal ina raibh 3 ball foirne (2 Oibrithe Tacaíochta Athlonnaithe agus 1 Oibrí Tacaíochta Idirchultúir) de chuid Aonad Uilechuimsitheachta Sóisialta Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniúchán tuairim is €275,000 ón gCiste Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíochta chun tacú leis an gClár Athlonnaithe agus chun gníomhaíochtaí píolótacha a chur i bhfeidhm d'fhonn teaghlaigh a chur trí chlár gearrthéarma ar dá réir a shocraíonn siad isteach i dtithíocht agus i bpobail nua agus d'fhonn tús a chur leis an bpróiseas níos fadtéarmaí maidir le lánpháirtiú isteach sa phobal i gcoitinne. Déanann Coiste Idirghníomhaireachta Athlonnaithe formhaoirseacht ar an gclár sin agus cuimsíonn an coiste sin cuid mhór de na comhpháirtithe atá páirteach i LCDC Chontae na Gaillimhe, eagraíochtaí Óige agus Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, chomh maith le hionadaithe pobail ón bhFóram Idirchultúir. Tá an mheitheal tar éis raon leathan diantacaíochtaí a chur ar fáil do theaghlaigh na ndídeanaithe atá ann i mbailte éagsúla ar fud an Chontae agus bhí an HSE an-ghníomhach maidir le freastal ar riachtanais ardleibhéil na dteaghlach agus chuir Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe/Ros Comáin ranganna Béarla ar fáil i sé ionad ar fud na Gaillimhe, is é sin le rá, suas go 20 uair an chloig de mhúineadh an Bhéarla mar dhara teanga do na haosaigh go léir in ionaid a raibh siad in ann freastal orthu gach lá.

Tá tacaíochtaí curtha ar fáil freisin do leanaí atá ag freastal ar scoileanna áitiúla ach a bhfuil gá acu le tacaíocht bhreise teanga agus táthar tar éis úsáid na Scéime Tacaíochta Cúraim Leanaí i leith Athlonnú a leathnú chun leanaí réamhscoile de chuid teaghlaigh a tháinig go hÉirinn tríd an gClár Athlonnaithe, go háirithe teaghlaigh as an nGréig, a chur san áireamh.

Tá an Clár Athlonnaithe Dídeanaithe atá á reáchtáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe luaite mar eiseamláir dea-chleachtais agus mar shampla de chomhoibriú éifeachtach idir gníomhaireachtaí, ionadaithe pobail agus fóraim eile.

- **Comhairle na nÓg**

Déantar Comhairle na nÓg a eagrú go bunúsach trí imeachtaí i gceantair áitiúla (cruinnithe ginearálta bliantúla áitiúla) a sheoltar i ngach ceann ar leith de na Ceantair Bhardasacha sa Chontae, agus toghtar coiste uile-chontae as measc na gcoistí áitiúla a bhíonn ann i leith na n-imeachtaí sin.

Tháinig Coiste Stiúrtha Aosach Chomhairle na nÓg le chéile 4 huaire i rith na bliana agus tháinig an Coiste Uile-Chontae le chéile 10 n-uaire.

I rith na bliana 2017, roghnaigh baill Chomhairle na nÓg saincheist thábhachtach amháin a ndíreofaí uirthi i rith na bliana agus é sin bunaithe ar roghanna a cuireadh chun cinn ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Chontae sa bhliain 2016.

Ba é a bhí sa tsaincheist a roghnaíodh don bhliain 2017 ná "Daoine óga ag obair le Dídeanaithe" agus ghlac grúpaí ó na coistí ceantair áitiúil páirt in oiliúint mar oibrithe deonacha agus thug siad cabhair maidir le gníomhaíochtaí a sholáthar do chuid de na leanaí agus de na déagóirí Siriacha a bhí ann ina gceantair agus, chomh maith leis sin, chabhraigh siad le himeachtaí idirchultúir amhail "Picnic Phobail" *Bia Lover* i mBaile Átha an Rí, teacht le chéile do theaghlaigh Shiriacha i mBéal Átha na Sluaighe, agus imeacht idirchultúir Bia & Ceoil a bhí ann i dTuaim.

- **RAPID**

Cuireadh leithroinnt €64,500 ar fáil do Chontae na Gaillimhe faoi Chlár RAPID 2017 agus riaradh an leithroinnt sin tríd an LCDC. Is e a bhí i gceist leis an gclár na infheistíocht maoiniúcháin chaipitiúil do cheantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste agus díríodh ar thionscadail a thabharfadh tacaíochtaí inbhraite agus a d'fheabhsódh caighdeán an tsaoil do chónaitheoirí i gceantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste.

Fuair 7 n-iarratas san iomlán maoiniúchán, is é sin, i mbailte Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach agus Thuama.

- **Tionscnamh Éire Shláintiúil**

Is é atá in Éire Shláintiúil ná tionscnamh de chuid an Rialtais ar dá réir is féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiceach agus meabhrach agus atá meas ar fholláine agus a thugtar tacaíocht don fholláine ar gach leibhéal den tsochaí..

Tá an tionscnamh sin á reáchtáil trí LCDC Chontae na Gaillimhe faoi choimirce an Fhochoiste Sláinte agus Folláine ina gcuimsítear ionadaithe de chuid raon gníomhaireachtaí agus leasanna iomchuí.

Chuir an Fochoiste raon tograí faoi bhráid Éire Shláintiúil sa bhliain 2017 agus fuarthas maoiniúchán €100,000 a leithroinneadh chuig 11 tionscadal, lena n-áirítear maoiniúchán do cheardlanna, do chláir oideachais sláinte gnéis, do chláir sláinte fisicí &aclaíochta, do chláir sláinte Lucht Siúil etc.

# Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP)

Tá ról ceannasach ag Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) maidir le comhordú, forbairt agus cur i gcrích deiseanna gníomhaíochtaí spóirt agus fisiciúla do phobail na Gaillimhe agus, i measc na bpríomhghníomhaíochtaí de chuid na bliana 2017 áiríodh an méid seo a leanas:

- Fuarthas maoiniúchán do na nithe seo a leanas:
    - €225,960 ó Spórt Éireann chun oibríochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) a mhaoiniú.
    - €35,000 ó Spórt Éireann le haghaidh poist mar Oifigeach Sealadach Forbartha Spóirt ar chonradh 12 mhí
    - €70,333 ón Scéim Deontais Cuntas Díomhaoin le haghaidh Mol Spóirt i nDabhach Uisce.
    - €8,000 ón Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt do sheachtain na rothaíochta/na rothaíochta spraoi do theaghlaigh.
    - Fuarthas maoiniúchán eile ón HSE agus ó Scéim Tacaíochta Pobail Chomhairle na Gaillimhe-an rannóg spóirt.

- Cuireadh cláir Spórt Éireann agus cláir áitiúla i bhfeidhm ar fud na bliana 2017 agus leagadh béim ar 3 phríomhréimse: Cláir Spórt Éireann, Mná sa Spórt agus an Clár Uilechuimsitheachta Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas. Seo a leanas roinnt mionsonraí faoi na scéimeanna sin:
    - Cúrsaí oiliúna do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna: Buntús Start, Be Active After schools (6 scoil), Sports Hall Athletics (6 scoil), 5 chlár Girls Active do scoileanna dara leibhéal ar maoinigh an HSE iad.
    - Cúrsaí oiliúna d'aosaigh - san iomlán bhí 26 chúrsa Slánchoimeádaithe ann, mar aon le 3 chúrsa SAQ, 2 chúrsa Garchabhrach, 1 chúrsa Ceannaire Gníomhaíochta, sa bhliain 2017 agus ghlac os cionn 500 aosach páirt iontu.
    - Cur i bhfeidhm clár gníomhaíochta amhail Cláir *Couch to 5K agus Men on the Move* sa bhliain 2017 a raibh níos mó ná 400 duine páirteach iontu.
    - Reáchtáladh 'Fit Towns' idir an 13 Feabhra agus an 27 Feabhra 2017 agus ghlac 5 phobal agus níos mó ná 300 duine páirt ann agus bronnadh na gradaim ar an 2 Samhain 2017.
    - Reáchtáladh 3 Chlár Snámha do Dhaoine faoi Mhíchumas, Lá Spóirt do Chách, agus Clár Gníomhaíochta Aclaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.
    - Fuair triúr teagascóirí oiliúint chun stiúradh a dhéanamh, i gcomhar le Spórt Éireann, ar Ghradam na Ceannaireachta Spóirt Leibhéal 1.




*Rannpháirtíocht i Lá Cumais Spóirt ar an Domhnach, an 24 Meán Fómhair 2017, in Kingfisher Hall, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit a raibh raon spórt ar fáil chun triail a bhaint astu ag aosaigh agus ag leanaí faoi mhíchumas fisiciúil nó intleachta. Ionadaithe de chuid clubanna agus grúpaí áitiúla a bhí i láthair chun bualadh leis na rannpháirtithe agus chun plé a dhéanamh leo maidir le roghanna oiriúnacha ballraíochta.*

## Tosaíocht Straitéiseach

## Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.

Rinneadh gach cruinniú/imeacht a d'eagraigh an tAonad a sheoladh in ionaid a oireann do riachtanais daoine faoi mhíchumas. De bhreis air sin, seoladh an chuid is mó de na cruinnithe/de na himeachtaí/de na ceardlanna sa tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus saoránach i.e. Cruinnithe PPN, ceardlanna faoi Scéim na dTacaíochtaí Pobail, cruinnithe le grúpaí pobail.

Leanann an tAonad d'fheachtas 'Caint Shoiléir' a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta chun a chinntiú go bhfuil doiciméid a ullmhaíonn an t-aonad ar fáil i bhfriotal agus i bhformáid atá inrochtana ag gach uile dhuine.

Déanann an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí mheáin éagsúla amhail preasráitis i nuachtáin, fógráin agus ailt nuachta a bhaineann le tionscadail straitéiseacha agus lainseálacha. De bhreis air sin, déantar raon leathan faisnéise faoi scéimeanna maoiniúcháin agus faoi cheardlanna oiliúna a scaipeadh tríd an PPN.

Tá faisnéis faoi na scéimeanna agus faoi na tionscnaimh ar fad a reáchtálann an tAonad ar fáil ar www.gaillimh.ie agus, chomh maith leis sin, lainseáil Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe a láithreán gréasáin nua sa bhliain 2017 - www.galwayactive.ie - ar a bhfuil faisnéis le fáil faoina gcuid clár agus imeachtaí go léir.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# BÓITHRE & IOMPAIR, SEIRBHÍSÍ MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

# AN tAONAD BÓITHRE AGUS IOMPAIR, MUIRÍ AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

Líonra iompair sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar chun daoine agus earraí a iompar i gcomhréir le beartais iompair inbhuanaithe agus lánphháirtithe.

Tá an tAonad Bóithre & Iompair freagrach as an Líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an Chontae a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú agus tá sé freagrach as Sábháilteacht ar Bhóithre, as cúrsaí Muirí agus as Draenáil Artaireach freisin.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Freastal mar phríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ag leibhéal áitiúil ag cur feabhas ar an gcaighdeán saoil inár gContae.**

Bhain an tAonad Bóithre & Iompair roinnt nithe suntasacha amach le linn na bliana 2017, lena n-áirítear:

- Rinne an tAire Iompair, Shane Ross, an M17/M18 ó Ghort go Tuaim a oscailt a oscailt go hoifigiúil ar an 27 Meán Fómhair 2017, is é sin, dhá mhí roimh an am a bhí sceidealta. Bhí an tAire Michael Ring i láthair ag an oscailt thar ceann an Taoisigh agus bhí na Teachtaí Ciaran Cannon, Sean Canney, Noel Grealish, Hildagarde Naughton agus Comhaltaí Tofa de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe i láthair freisin, Síneann an scéim mhótarbhealaigh sin an M18 óna fhoirceann sa Ghort ar feadh achar 57 ciliméadar ó thuaidh rud a chuireann dálaí sábháilte éifeachtúla ar fáil idir an Gort agus Tuaim.



*M17/M18 Acomhal Ráth Mhuirisín*



*Oscailt Oifigiúil an M17/M18, Gort go Tuaim, ag an Aire Iompair, Shane Ross TD, ar an 27 Meán Fómhair 2017, agus é in éineacht leo seo a leanas, Clé go Deas: An Teachta Hildagarde Naughton, an Teachta Ciaran Cannon, Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an Teachta Noel Grealish, an Teachta Sean Canney, an tAire Forbartha Tuaithe & Pobail, Michael Ring TD, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, Michael Nolan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Bhonneagar Iompair Éireann (TII)*



*Gearradh an ribín ag an Aire Shane Ross TD, in éineacht leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus leo seo a leanas, Clé go Deas: An Comhairleoir Peter Keaveney, an Comhairleoir Karey McHugh, an Comhairleoir Michael Connolly, an Teachta Hildagarde Naughton, an Comhairleoir Noel Thomas, an Comhairleoir Martina Kinane, an tAire Michael Ring, an Comhairleoir Tom Healy, an Teachta Noel Grealish, an Comhairleoir Pat Hynes (sa chúlra) agus Kevin Kelly, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe.*




*Nochtadh an leachta ar an M17/M18 i láthair an Aire Iompair, Shane Ross TD, agus an Aire Forbartha Tuaithe & Pobail, Michael Ring TD, agus Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comhairleoir Eileen Mannion, agus daoine eile.*



*An tAire Ross agus geábh stíliúil á thabhairt aige in éineacht leis an Teachta Noel Grealish ar an mótarbhealach nua, M17/M18, in Rover 100 de chuid na bliana 1959.*



*Siúlóid charthanais ar Sheachród nua Thuama sular osclaíodh é, ar imeacht é trínar bailíodh €10,000 le haghaidh Cúram Ailse i dTuaim.*

Nithe suntasacha a baineadh amach sa bhliain 2017, ar leanúint:

- Rinneadh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don N67, Baile an Doirín go Cinn Mhara, a dhaingniú i Márta 2016. Leanadh de thalamh a fháil sa bhliain 2017.

- Cuireadh tús le hoibreacha feabhsúcháin ar an N63, Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh.

## Tosaíocht Straitéiseach

## Tacaíocht agus feabhas a chur ar ionadaíocht dhaonlathach agus ar cheannaireacht shibhialta.

Rinneadh an Clár Bóithre 2017 a ullmhú tar éis leithroinntí iomlána **€41,477,646** do thógáil, do dheisiú agus do chothabháil Bóithre Náisiúnta, agus Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad, a fháil ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tar éis leithroinnt a fháil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

**Bóithre Náisiúnta - €21,601,195**
**Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad - €19,576,451**

Ullmhaíodh an Clár Bóithre i gcomhairle leis na comhaltaí tofa agus phléigh, agus ghlac, gach Ceantar Bardasach é.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Treallús a chur faoi agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus d'fhiontar.**

Is é a bhí sa deontas a leithroinn an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta do Mhótarbhealaí & do Bhóithre Náisiúnta don bhliain 2017 ná €21,601,195.

Seo a leanas miondealú ar leithroinnt na bliana 2017:

| | |
|---|---|
| **Oibreacha Feabhsúcháin** | **€20,395,747** |
| **Oibreacha Cothabhála** | **€ 1,205,548** |

Leanadh de mhaoiniúchán a sholáthar sa bhliain 2017 chun dul chun cinn agus críochnú na Mórbhealaí Idiruirbeacha a éascú. Rinne Oifig Thionscadail Bhóithre na Gaillimhe bainistiú ar na mórthionscadail/miontionscadail seo a leanas agus fuarthas na costais ar fad a bhain leis an gclár sin ar ais ón Údarás um Bóithre Náisiúnta:

| | | |
|---|---|---|
| M6 | Baile Átha Luain/Béal Átha na Sluaighe | € 16,280 |
| M6 | Seachród Chathair na Gaillimhe | €2,910,973 |
| M6 | Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe (ina gcuimsítear seachróid Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach & Órán Mór) | € 100,232 |
| M17 | An Gort-Tuaim | € 656,636 |
| M18 | An Gort – An Croisín (ina gcuimsítear seachróid an Ghoirt & an Chroisín) | € 51,979 |

**Suim Iomlán do Mhórscéim Príomhbhóithre Náisiúnta** **€3,736,099**

Rinneadh dul chun cinn maidir le ceannach tailte chun na tionscadail seo a leanas a éascú::

- Cuireadh Scéim PPP M18/M17, An Gort go dtí pointe Ó Thuaidh ó Thuaim, ar aghaidh tríd an bpróiseas fála poiblí mar thionscadal comhpháirtíochta poiblí príobháidí. Tá an próiseas fála don tionscadal críochnaithe, nach mór. Osclaíodh an Bóthar don trácht i Meán Fómhair 2017.
- Rinneadh an tuarascáil ar roghnú bealaigh do Thionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe-N6 a fhoilsiú. Leanadh de na hoibreacha ar fhorbairt an EIS (an Ráiteas Tionchair Timpeallachta), an NIS (an Ráiteas Tionchar Natura), an cháis gnó agus na ndoiciméad reachtúil eile sa bhliain 2017 d'fhonn an t-ábhar sin a fhoilsiú i R1 2018.
- Táthar ag leanúint de thalamh a cheannach chun tionscadal bóthair an N63, Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh, a éascú.
- Bhíothas fós i mbun an phróisis fála talún le haghaidh Sheachród Maigh Cuilinn, N59.
- Cuireadh tús le scéim an N59, an Teach Dóite go hUachtar Ard, idir an Teach Dóite agus Bun an Choill trí oibreacha Imscrúdaithe Talún a dhéanamh agus críochnaíodh na hoibreacha sin i mí na Nollag 2017.

Seo a leanas roinnt de na garspriocanna eile a baineadh amach i rith na bliana 2017 maidir leis an Líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha:

- Forbairt agus cur i gcrích mórchláir tionscadal forleagain agus athailínithe ar Phríomhbhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha.
- Sa bhliain 2017, cuireadh tús le hatógáil scéim N63, Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh, agus tá na hoibreacha sin ar siúl fós.

Rinneadh dul chun cinn maidir le clár forleathan oibreacha Pábhála & Mionoibreacha Feabhsúcháin, lena n-áirítear Oibreacha Sábháilteachta, ar an líonra Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta Tánaisteacha mar a leanas:

**<u>Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Phríomhbhóithre Náisiúnta:</u>**

| | | |
|---|---|---|
| N17 - Maolú Tráchta, Baile Chláir | N17 - Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide | N17 - Leacht Seoirse |

**<u>Feabhsúcháin Phábhála & Mionfheabhsúcháin ar Bhóithre Náisiúnta Tánaisteacha:</u>**

| | | |
|---|---|---|
| N67 - Baile an Doirín go Cinn Mhara, Céim 2 de Scéim Athailínithe | N84 - Luimneach | N63 - Maigh Locha – forleagan pábhála HD |
| N59 - Maigh Cuilinn, athbhunú | N63 - An Lios go dtí an Mhainistir, athailíniú | N59 - Siar ó Leitir Fraic, leathnú |

**<u>Cothabháil Bóithre Náisiúnta:</u>**

**Leithroinneadh maoiniúchán chun cothabháil a dhéanamh ar an Líonra Bóithre Náisiúnta sa bhliain 2017 mar a leanas:**

| | |
|---|---:|
| Cothabháil Gheimhridh NP | 120,000 |
| Gnáthchothabháil NP | 226,947 |
| Soilsiúcháin Bealaigh NP | 72,753 |
| Cothabháil Gheimhridh NS | 250,000 |
| Gnáthchothabháil NS | 517,601 |
| Soilsiúcháin Bealaigh NS | 94,178 |
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Feabhsúchán) | 216,266 |
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil) | 81,000 |
| Tacaíocht Údaráis Áitiúil (Cothabháil Gheimhridh) | 10,000 |

**BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS BÓITHRE ÁITIÚLA:**

Ba é a bhí sa chaiteachas a thabhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar Bhóithre Réigiúnacha agus ar Bhóithre Áitiúla sa bhliain 2017 ná €19,576,451 agus seo a leanas miondealú ar an gcaiteachas sin:

**Oibreacha Feabhsúcháin €16,753,091**
**Oibreacha Cothabhála € 2,823,360**

Is féidir an caiteachas sin a aicmiú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

| Catagóir Deontais | **2017** |
|---|---|
| Deontas Feabhsúcháin | €11,182,610 |
| Deontas Cothabhála Athchóirithe | €2,823,360 |
| Deontas Lánroghnach | €4,816,031 |
| Deontais Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal | €210,000 |
| Clár Athshlánúcháin Droichead | €415,000 |
| Luasteorainneacha in Eastáit Tithíochta | €34,450 |
| **Foriomlán** | **€19,576,451** |

**Athshlánúchán Droichead:**

Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniúchán €415,000 i gcomhair athshlánúchán 7 ndroichead ar leith i gContae na Gaillimhe agus is mar a leanas a caitheadh an leithroinnt sin:

| **Droichead** | **Caiteachas 2017** |
|---|---|
| BR R336 - Muintir Eoghain (An Clochán) | 79,877 |
| BR R356 - Baile na Cille | 64,911 |
| BR R347 - Baile an Doire | 32,545 |
| BR L-31071 - An Ghráig 2 | 52,106 |
| BR R347 - Béal Átha Glúinín | 20,000 |
| BR L7257 - Cluain na Brice | 74,930 |
| BR L11051 - Loch Fada | 89,885 |
| **An tIomlán i leith Athshlánúchán Droichead** | **414,254** |

**Cothabháil Bóithre Áitiúla:**

Ba é a bhí sa tsuim a soláthraíodh as acmhainní dílse na Comhairle sa bhliain 2017 ná €6,340,800. Ba é a bhí sa leithroinnt do Chothabháil Ghinearálta na mBóithre Áitiúla ná €2,747,800, lena n-áirítear soláthar €1,040,000 do chostais leanúnacha oibríochtúla.

| | | |
|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €161,538 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €317,255 |
| **Conamara** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €342,784 |
| **Baile Locha Riach** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €435,048 |
| **Tuaim** | Cothabháil Bóithre Áitiúla | €450,375 |
| | **IOMLÁN** | **€1,707,000** |

Rinneadh suim €1,707,000 a leithroinnt i measc na gCeantar Bardasach éagsúil mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (1) | Baile Átha an R/Órán Mór | **€ 161,538** |
| (2) | Béal Átha na Sluaighe | **€ 317,255** |
| (3) | Conamara | **€ 342,784** |
| (4) | Baile Locha Riach | **€ 435,048** |
| (5) | Tuaim | **€ 450,375** |

Leis an tsuim sin, déantar foráil maidir le gach cineál cothabhála lena n-áirítear Bearradh Ciumhaise, Draenáil, Comharthaíocht a Athnuachan agus a Sholáthar, Cothabháil Droichead, agus Cothabháil Ghinearálta.

Rinneadh leithroinnt €265,000 i gcomhair Cothabháil Gheimhridh a sholáthar sa bhliain 2017 as an Deontas Cothabhála Lánroghnach a leithroinn an Roinn Iompair. Leis an leithroinnt airgid sin, cuirtear maoiniú ar fáil chun grean a leagan ar bhealaí tosaíochta sa chontae de réir Phlean Seirbhíse Geimhridh 2017-2018.

**CLÁR ATHSHLÁNAITHE DROICHEAD AR BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS AR BHÓITHRE ÁITIÚLA 2017**

Rinneadh maoiniúchán €350,883 a leithroinnt as an Deontas Lánroghnach chun Droichid ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a dheisiú:

| CEANTAR BARDASACH | DROICHEAD | LEITHROINNT | AN tIOMLÁN DON CHEANTAR BARDASACH |
|---|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/ Órán Mór** | Barrack Street | €43,999 | **€43,999** |
| **Béal Átha na Sluaighe** | An Eiscir Rua | €22,700 | **€22,700** |
| **Conamara** | Eastát an Churraigh Dhuibh Thoir | €68,391 | **€225,059** |
| | Seanadh Mheidhg | €156,668 | |
| **Baile Locha Riach** | Crewaun, Céim 1 | €12,564 | **€ 25,049** |
| | An Gort Fionn, Port Omna, Céim 1 | €12,485 | |
| **Tuaim** | Ballabbert | €14,755 | **€14,755** |
| | Imscrúduithe Droichead - Talún 2017 | €19,321 | **€19,321** |
| **IOMLÁN** | | | **€350,883** |

Rinneadh dul chun cinn maidir le ceithre dhroichead déag sa bhliain 2017.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe cothrom contae comhtháite trí phleanáil fhorásach agus infreastruchtúr atá riachtanach a sholáthar.**

**CÉANNA A FHORBAIRT:**

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin, ar chostas €128,190, a chur i gcrích ag Cé Bealacarra, i gCeantar Bardasach Chonamara. Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ranníocaíocht €85,875 i gcomhair na n-oibreacha sin agus chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-iarmhéid €42,315 ar fáil.

**Cothabháil Mhuirí**

Tá clár cothabhála muirí á oibriú i ndáil le 62 áit teacht i dtír i gContae na Gaillimhe, ar áiteanna iad atá sainaitheanta mar ionaid atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is é atá i gceist leis sin ná oibreacha éagsúla lena n-áirítear uasdátú céimeanna agus ráillí rochtana agus deisiúcháin ar fhánáin, lena n-áirítear fáil réidh le halgaí ar chéanna i gContae na Gaillimhe. Rinneadh oibreacha cothabhála ar chostas €141,037 sa bhliain 2017 ar roinnt áiteanna teacht i dtír.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Ár gcultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teanga atá uathúil a chaomhnú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.**

**SCÉIM CHOMHARTHAÍOCHTA CHONTAE NA GAILLIMHE:**

- Leithroinn an Chomhairle €30,000 sa bhliain 2017 chun feabhas a chur ar threochomharthaí ag acomhail, is é sin le rá, comharthaí a thaispeánann an tslí chuig bailte agus sráidbhailte.

**SÁBHÁILTEACHT BHÓTHAIR I LIMISTÉIR THITHÍOCHTA:**

- Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €34,450 ar fáil chun clár comharthaíochta luasteorainn 30km/u a chur i gcrích i limistéir thithíochta. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe comharthaí in airde i 61 limistéar tithíochta sa bhliain 2017 agus, mar thoradh air sin, tá feabhas curtha ar chúrsaí sábháilteachta bóthair sna limistéir sin agus tá sábháilteacht bhóthair curtha chun cinn iontu.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**An leas is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus cur an méid is féidir le héifeachtúlacht, éifeachtacht, comhtháiteacht agus luach ar airgead eagraíochtúil.**

**OBAIR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA:**

D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí le chéile ar an gComhghrúpa Oibre ar Thuilte agus ar an nGrúpa Stiúrtha le haghaidh Scéimeanna Faoisimh Tuile Dhún Coillín & Abhainn an Chláir chun tionscadail oiriúnacha a chur ar aghaidh chomh maith le bearta a chur ar aghaidh chun an baol go dtarlódh tuilte amach anseo a íoslaghdú.

Lean an Chomhairle den idirchaidreamh le hAonad Iompair na Gaillimhe agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le Straitéis Siúil & Rothaíochta Chathair na Gaillimhe & an Cheantair Máguaird.

Bhuail an Chomhairle le Fáilte Éireann agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus bhí comhfhreagras acu leo, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt 2 Ghlasbhealach, is é sin, ón gClochán go hUachtar Ard agus ó Uachtar Ard go Cathair na Gaillimhe. Bhí tógáil 6km den Ghlasbhealach ón gClochán go hUachtar Ard, ag Baile na hInse, beagnach críochnaithe sa bhliain 2017 agus críochnófar agus osclófar don phobal é go luath sa bhliain 2018. Ina theannta sin, críochnaíodh oibreacha ar an dá thionscadal seo a leanas sa bhliain 2017:

- Oibreacha Feabhais ag Pointí Radharcra €5,967
- Suiteáil Crua-Earraí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin €30,733

Lean an Chomhairle de Thionscadal Léirmhíniúcháin agus Bonneagair Chonamara a chur ar aghaidh sa bhliain 2017 le maoiniúchán agus cúnamh ó Fháilte Éireann agus tabharfar '*Conamara – Fiáin go smior / Wild at Heart'* ar an tionscadal sin. Caitheadh suim iomlán €644,920 ar fhorbairt trí bhealach tiomána trí Chonamara a bhfuil 26 phointe radharcra iontu.



*Forbairt leanúnach Ghlasbhealach Chonamara ag Baile na hInse*

Bhuail baill foirne de chuid Oifig na dTionscadal Bóithre Náisiúnta go rialta le foireann Bhonneagar Iompair Éireann chun cabhrú le cur chun cinn Mórthionscadal agus Miontionscadal ar mhodh tráthúil.

**SILTEAN ARTAIREACH:**

Chomhlíon an Chomhairle a freagracht reachtúil maidir le hoibreacha draenála áirithe a chothabháil sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus trí Oifigí Ceantair Bhardasaigh na Comhairle. Leithroinn an Chomhairle €175,000 do na hoibreacha draenála sin. Tá dhá Cheantar Draenála déag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar faoi chúram comhpháirteach Comhchoistí Draenála i gcomhar le Comhairlí Contae Ros Comáin agus an Chláir.

**<u>Ceantair Draenála:</u>**

| | | |
|---|---|---|
| Áth Eascrach | An tEanach | An Bhuaile |
| Dún Coillín (An Gort) | Dún Coillín (Baile Átha an Rí) | Dún Coillín (Baile Locha Riach) |
| Tuaim Catraí | Cill Chríost | An Leathbhaile |
| Míleac An Poll Seasc | An Creagán | Cnoc Óráin |

**<u>Comhcheantair Draenála:</u>**

Comhchoiste Draenála an Fhorghais Comhchoiste Draenála na Suca

**OIBREACHA MAOLAITHE TUILTE:**

Bhí cruinnithe ag an gComhghrúpa Oibre Tuilte atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2017 chun oibreacha a shainaithint agus a bhrú chun cinn ar oibreacha iad atá dírithe ar laghdú a dhéanamh ar an mbaol tuilte amach anseo.

**<u>Scéim Faoisimh Tuile Abhainn Dhún Coillín & Shruthán an Agaird:</u>**

Sa bhliain 2017, críochnaíodh obair maidir le fáil réidh le fásra agus tógáil seach-chainéal Chreachmhaoile ar Abhainn Dhún Coillín & ar Shruthán Agaird. Is sa bhliain 2018 a chríochnófar na hoibreacha ar an gcainéal agus ar na droichid síos an sruth ó Chreachmhaoil.

**<u>Scéim Faoisimh Tuile Abhainn an Chláir (Baile Chláir):</u>**

Leanadh de na hoibreacha sa bhliain 2017 de réir an sceidil 3 bliana:

⇒ oibreacha ar leith ar an gcainéal agus oibreacha draenála;
⇒ athghrádaíodh an cainéal abhann suas an sruth ó dhroichead Bhaile Chláir agus faoi;
⇒ cuireadh tús le hardú an bhóthair sa Mhóinteach;
⇒ líonadh isteach an claífort áitiúil ag Nine Arches agus seanchainéal Abhainn an Chláir.

**<u>Scéim Faoisimh Tuile Dheisceart na Gaillimhe, Thalamh Íseal an Ghoirt:</u>**

- Rinneadh sainchomhairleoir innealtóireachta agus saineolaí comhshaoil a cheapadh ag deireadh na bliana 2017 chun scéim faoisimh tuile Dheisceart na Gaillimhe/Thalamh Íseal an Ghoirt a chur ar aghaidh agus tá scéim oibreacha le forbairt sa bhliain 2018.



*Scéim Faoisimh Tuile an Ghoirt - Ceapadh Ryan Hanly Consulting Engineers mar Shainchomhairleoirí Innealtóireachta ar an 13 Nollaig.*
*Chun tosaigh, Clé go Deas: An Comhairleoir Michael Maher, Cathaoirleach, an Comhairleoir Eileen Mannion, an Comhairleoir Joe Byrne, Anne Rabbitte TD agus an Comhairleoir Michael Fahy. Ar gcúl: Clé go Deas: Enda Gallagher, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Maire Ní Chionna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Richard Dooley, Oifig na nOibreacha Poiblí, Michael Joyce, Ryan Hanley, Damian Hanley, Ryan Hanley, Conor Warner, Ryan Hanley, Jonathan Reid, Ryan Hanley.*

**Scéim Faoisimh Tuile Dheisceart na Gaillimhe, Thalamh Íseal an Ghoirt, ar leanúint:**

- Rinne an Chomhairle oibreacha ar 12 Scéimeanna Mionoibreacha Faoisimh Tuile sa bhliain 2017, ar oibreacha iad lenar ghabh caiteachas iomlán €439,955 ar mhaoinigh Oifig na nOibreacha Poiblí 90% de agus ar mhaoinigh an Chomhairle 10% de.
- Ceadaíodh maoiniúchán breise €498,812 le haghaidh tuilleadh oibreacha faoisimh tuile ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus cuirfear na hoibreacha i gcrích sa bhliain 2017.
- Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnacht tosaigh ar 40 suíomh eile ar tugadh tuairisc faoi thuiliú ina leith agus cuireadh iad sin faoi bhráid Oifig na nOibreacha Poiblí. Ceadaíodh 27 scéim le haghaidh maoiniúcháin agus bhí 17 gcinn díobh sin á gcur ar aghaidh sa bhliain 2017.

**AN CLÓS INNEALRA:**

Is é an Clós Innealra a dhéanann bainistíocht ar sholáthar agus ar chothabháil Gléasra agus Innealra atá le húsáid ag an gComhairle. Tá an Chomhairle tiomanta i leith fhorbairt leanúnach na seirbhíse seo chun acmhainn éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar ionas go ndéanfar cur i gcrích Chláir Oibre na Comhairle a éascú.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Cur le folláine an chontae, na bpobal, na ndaoine, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, cur an méid is féidir le huilechuimsitheacht shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do shaoránacht ghníomhach.**

## OILEÁIN GHAELTACHTA:

I gcomhairle leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha agus Gaeltachta, rinne an Chomhairle oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre ar na hOileáin Ghaeltachta. Caitheadh €547,730 ar dheisiú agus ar uasghrádú 2 chuid de bhóthar ar Inis Mór agus ar 16 chuid de bhóthar ar Inis Bó Finne.

## CLÁR:

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithroinnt €517,792 chun tacaíocht a thabhairt maidir le bearta sábháilteachta a chur i gcrích i scoileanna agus i bpobail i gceantair thuaithe ina bhfuil na leibhéil is airde ó thaobh laghdú daonra. Rinneadh €131,000 a dhámhadh go díreach do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus cuireadh saoráidí sábháilteachta ar fáil do scoileanna agus do phobail i gCill Chonla, sa Ghráig agus sa Ghoirtín. I measc na saoráidí a chuir an Chomhairle ar fáil. a d'uasghrádaigh an Chomhairle, áiríodh cosáin, soilsiúchán poiblí, marcáil línte agus saoráidí páirceála i limistéir ainmnithe CLÁR.

## AN SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE:

Mar thoradh ar an tacaíocht airgeadais a fuarthas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe in ann leanúint de thacaíocht a thabhairt i leith athbheochan bailte agus sráidbhailte d'fhonn méadú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht ar mhaithe leis na pobail atá iontu, is é sin le rá, an timpeallacht mhaireachtála atá iontu agus forbairt fheabhsaithe eacnamaíochta. Sa bhliain 2017, ghrádaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an sráid-dreach agus rinne sí cosáin a sholáthar nó a fheabhsú sna bailte seo a leanas d'fhonn feabhas a chur ar nascacht agus ar an timpeallacht fhoirgnithe ar mhaithe le cónaitheoirí agus cuairteoirí sna sráidbhailte lena mbaineann –

- Áth Cinn €97,916
- An Spidéal €80,000
- Crois na Tulaí €20,000
- An Ghráig €96,963

Tá tuilleadh tacaíochta tugtha ag an gComhairle do phobail maidir le maoiniúchán a fháil faoin scéim seo trí chomhairle agus cúnamh a thabhairt i ndáil le scéimeanna oiriúnacha a fhorbairt do shuíomhanna éagsúla.

## TAISTEAL NÍOS CLISTE & SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE:

Lean an Chomhairle ar aghaidh lena ról réamhghníomhach maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí chlár imeachtaí a sholáthar chun comóradh a dhéanamh ar Sheachtain na Rothar ón 10 go dtí an 18 Meitheamh 2017. I measc na n-imeachtaí a bhí ann, áiríodh rothaíocht spraíúil do theaghlaigh agus ceardlanna maidir le deisiú rothar. Eagraíodh turas rothaíochta do scoileanna ar an nGlasbhealach do 100 leanbh scoile agus ba imeacht an-uathúil é ar éirigh go maith leis. Tá na

himeachtaí go léir a reáchtáiltear le linn Sheachtain na Rothar ceaptha chun daoine a spreagadh machnamh a dhéanamh i dtaobh a gcuid nósanna taistil a athrú go dtí bealaí iompair níos inbhuanaithe.

Faoin tionscnamh dar teideal Taisteal Níos Cliste, cuireadh trasrian coisithe ar fáil ag Crois na Reilige, Baile Átha an Rí, le go mbeadh pointe trasnaithe níos sábháilte ann do choisithe agus, i dteannta leis sin, cuireadh feabhas ar na línte radhairc ag an acomhal.

**<u>Coiste Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile</u>**

Bhí trí chruinniú den Choiste Sábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile ann sa bhliain 2017 – chun leanúint dá ról gníomhach maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i gCo. na Gaillimhe.

I measc na dtionscnamh sonrach sábháilteachta ar bhóithre a d'eagraigh an Chomhairle i rith na bliana 2017, áirítear an méid seo a leanas:

- Cur chun cinn an Chláir dar teideal 'Drive for Life' do Scoileanna Iar-Bhunoideachais.
- Tacú le hoibriú Scéim na Maor Scoile Sóisearach
- I mí Dheireadh Fómhair 2017, tháinig Comhairle Chontae na Gaillimhe, Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe, an Chosaint Shibhialta agus an Garda Síochána le chéile le haghaidh Imeacht Fiúntach Feasachta Sábháilteachta Bóthair i gColáiste Cholmcille, Indreabhán, ar an 3 Deireadh Fómhair. Bhí Coláiste Chroí Mhuire, an Spidéal, i láthair freisin. Fuair mic léinn meánscoile a bheidh ina dtiománaithe óga le gairid deis chun a fháil amach cad a tharlaíonn ag láthair imbhuailte tráchta bóthair - bhí taispeántas díchóimeála gluaisteáin ann agus chuir na daoine de chuid na seirbhísí éigeandála a bhí ann comhairle do na mic léinn.




*Seirbhís Dóiteáin na Ceathrún Rua i mbun Taispeántas Díchóimeála Gluaisteáin*

- I gcomhar le GMIT agus le hAontas na Mac Léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, d'eagraigh an Chomhairle feachtas feasachta sábháilteachta bóthair chun infheictheacht coisithe agus rothaithe ar ár gcuid bóithre a áirithiú agus, mar chuid den fheachtas sin, dáileadh na céadta veisteanna ard-infheictheachta, a bhí curtha ar fáil ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar na mic léinn de chuid na gcoláiste a bhí i láthair.

- Bhí Seachtain Sábháilteachta Bóthair na hÉireann ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus mhéadaigh an Chomhairle feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i measc an phobail i

gcoitinne trí bhileoga a scaipeadh faoi ábhair amhail tiomáint faoi luas, tiomáint faoi thionchar an óil etc.; rinneadh ábhair fhrithchaiteacha a chur ar fáil saor in aisce; agus reáchtáladh Comórtas Póstaeir dar théama Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre.

- Bhí teachtaireachtaí faoi fheasacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre ann ar láithreán gréasáin na Comhairle, i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla chun leanúint d'fheasacht maidir le sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú i measc na foirne agus an phobail i gcoitinne, agus eisíodh preasráiteas amháin an tráth céanna agus a imríodh an cluiche peile idir Gaillimh agus Maigh Eo.

- I Meán Fómhair 2017, i gcomhar le Coláiste Chroí Mhuire, an Spidéal, sheol Comhairle Chontae na Gaillimhe lá feasachta faoi shábháilteacht bhóthair agus scaipeadh veisteanna ard-infheictheachta ar na daltaí a bhí i láthair.



*Tionscnamh na Veisteanna Ard-Infheictheachta - daltaí Choláiste Chroí Mhuire, an Spidéal, agus Deirdre Caulfield, Oifigeach Sábháilteachta Bóthair*

**Scéimeanna Fostaíochta Pobail:**

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bpobal áitiúil, lean an Chomhairle d'fhorbairt na Fostaíochta Pobail a chur chun cinn agus a spreagadh.

Lean an Chomhairle d'urraíocht a thabhairt i leith cúig scéim ina bhfuil 85 rannpháirtí sna suíomhanna seo a leanas:
Maigh Cuilinn/Uachtar Ard, An Baile Mór/An Mhainistir, An Gort & an Ceantar Máguaird, Tuaim & an Ceantar Máguaird, agus Cloch na Rón/An Clochán.




*Comharthaí Frithbhruscair i bhFearann an Pháláis, Tuaim, ar comharthaíocht í a chuir Scéim Fostaíochta Pobail Thuama agus an Cheantair Máguaird in airce*



*Ceapach bláthanna i dTuaim - Scéim Fostaíochta Pobail Thuama agus an Cheantair Máguaird a chuir ar fáil í*

## Rannpháirtíocht an Phobail i Scéim Oibreacha Bóthair

Lean an Chomhairle de Rannpháirtíocht an Phobail a chur chun cinn go gníomhach i Scéim Oibreacha Bóthair mar shlí chun tacaíocht ón bpobal a úsáid i gcomhair oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Leithroinn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt suim €346,822 i gcomhair 26 scéim cheadaithe sa bhliain 2017 as measc 56 iarratas a fuarthas. Rinneadh méid iomlán €362,679, a raibh ranníocaíochtaí áitiúla san áireamh ann, a chaitheamh ar 26 thionscadal chun cosáin, feabhsú achair radhairc agus draenáil dromchla a sholáthar.

## Cothabháil & Feabhsú Bailte & Sráidbhailte

Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an phobail maidir le timpeallacht fhisiciúil bailte agus sráidbhailte a chothabháil agus a fheabhsú agus soláthraíodh maoiniúchán €930,000 sa bhliain 2017 i gcomhair oibreacha cothabhála agus mionoibreacha feabhsúcháin. Ba é ab aidhm do chuid den mhaoiniúchán ná a éascú don Chomhairle tuilleadh tacaíochta a thabhairt i ndáil le hionchur agus feidhmíocht na bpobal sin a bhíonn rannpháirteach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Rinneadh tuilleadh maoiniúcháin, arbh fhiú €500,000 é, a chur ar leataobh chun bóithre agus cosáin i sráidbhailte Dhún Móir agus Áth Cinn a uasghrádú agus a fheabhsú. Chómhaoinigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an obair sin.

**Tosaíocht Straitéiseach**

**Sárchultúr a chothú ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Sheirbhísí do Chustaiméirí.**

**SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ:**

- Lean an tAonad de Shaoráid Íocaíochta Ar Líne a oibriú le gur féidir Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc
- Lean an tAonad d'úsáid a bhaint as www.gaillimh.ie le linn na bliana 2017 chun Seirbhís Faisnéise faoin Trácht a sholáthar agus, sa tslí sin, cuireadh faisnéis ar fáil faoi chur isteach ar thrácht mar thoradh ar oibreacha bóthair, ar dhúnadh sealadach bóthair, ar luasteorainneacha de bharr oibreacha bóthair etc.
- Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí leas a bhaint as meáin éagsúla amhail raidió áitiúil, an láithreán gréasáin, twitter, nuachtáin áitiúla, ríomhphost agus téacs-theachtaireachtaí agus trí úsáid a bhaint as an gcóras ar líne do thuairimí ó chustaiméirí agus as an gcóras nua náisiúnta ar líne dar teideal deisighdoshraid.ie. Rinneadh córas mapála beo GIS a forbraíodh i mí na Nollag 2015 a úsáid chun mionsonraí a chur ar fáil faoi dhúnadh bóithre tar éis na dtuilte a bhí ann ag deireadh na bliana 2017.
- D'éirigh leis an Aonad Bóithre agus Iompair clár forleathan oibreacha a chur i gcrích go héifeachtúil, ar clár é inar áiríodh oibreacha de bhreis orthu siúd a bhí ann i gCláir na mBóithre a bhí á maoiniú ag Ranna eile Rialtais amhail an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA

# AN ROINN ACMHAINNÍ DAONNA

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna raon leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil d'fhoireann agus do lucht bainistíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Sa bhliain 2017, chuaigh an Roinn Acmhainní Daonna i gcomhairle go réamhghníomhach le baill foirne agus le bainisteoirí líne chun forbairt phearsanta agus forbairt gairmréime a chur chun cinn agus, sa tslí sin, á chumasú dóibh barr a gcumais a bhaint amach agus ról a bheith acu i ndáil le cuspóirí straitéiseacha agus cuspóirí gnó na Comhairle a bhaint amach. I rith na bliana, lean an Roinn Acmhainní Daonna de dheimhin a dhéanamh de go mbíonn beartais ábhartha agus go mbíonn siad ar fáil don fhoireann, de thimpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn don fhoireann, de bhainistíocht leanúnach fórsa saothair agus d'earcaíocht a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn baill foirne atá oilte agus cáilithe go cuí sa riocht gur féidir leo cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla na Comhairle a bhaint amach, d'oiliúint agus d'fhorbairt a chur ar fáil don fhoireann agus de chaidreamh tionscail cobhsaí a choimeád ar bun.

## Bainistíocht Fórsa Saothair/Earcaíocht

Tá bainistíocht fórsa saothair ina feidhm an-tábhachtach de chuid na Roinne Acmhainní Daonna ós rud é go n-éascaíonn sí sannadh ball foirne ar fud na heagraíochta d'fhonn cóimheá a bhaint amach idir réimsí seirbhíse de réir tosaíochtaí eagrúcháin agus comhaontuithe náisiúnta a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear Comhaontú Bhóthar Haddington 2013-2016. Is dúshlán suntasach don Chomhairle é an chóimheá sin a bhaint amach agus, ag am céanna, soláthar seirbhísí a choimeád ar bun agus pleanáil a dhéanamh i ndáil le tuilleadh athchóiriú ar an rialtas áitiúil. Rinneadh plean mionsonraithe fórsa saothair a chur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí an Mhárta 2014. Is é is cuspóir don Phlean Fórsa Saothair ná soláthar éifeachtach éifeachtúil seirbhísí, i gcomhréir leis an leibhéal foirne agus leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil, a chumasú.

Amhail ar an 31 Nollaig 2017, ba é a bhí i líon fostaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná 777. De bhreis air sin, bhí thart ar 114 dhuine ar fostú sa tSeirbhís Dóiteáin Áirithinte.


San iomlán, reáchtáil an Roinn Acmhainní Daonna 58 gcomórtas earcaíochta le linn na bliana 2017 Mar thoradh ar na comórtais earcaíochta sin, cuireadh 549 n-iarrthóir ar phainéil agus rinneadh 109 gceapachán.

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de shocrúcháin faoin scéim fostaíochta pobail agus socrúcháin taithí oibre, i gcás daoine ó institiúidí tríú leibhéal, a éascú.

## Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna agus forbartha foirne i gcrích don fhoireann sa bhliain 2017, agus béim á leagan go háirithe ar Oiliúint maidir le cúrsaí Reachtúla agus ar Oiliúint maidir le cúrsaí Sláinte & Sábháilteachta. Thacaigh Deontais Oiliúna Náisiúnta, i réimsí na Seirbhísí Uisce, an Chomhshaoil agus na mBóithre nach Bóithre Náisiúnta iad, leis an gComhairle maidir le soláthar na hoiliúna sin. Cinneadh na riachtanais maidir le hoiliúint eile mar chuid den Chóras Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha. Lean an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt do bhreisoideachas, do Chláir Rialtais Áitiúil de chuid an IPA, agus do fhreastal ball foirne ar Sheimineáir agus ar Chomhdhálacha sa bhliain 2017.

Ba é a bhí sa líon iomlán Laethanta Oiliúna sa bhliain 2017 ná 2595 mar atá leagtha amach thíos:




## Leas na Foirne

Ós rud é go n-aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil san obair ach gné amháin de shaol ár bhfostaithe, ceapann agus oibríonn an Roinn Acmhainní Daonna raon scéimeanna cothromaíochta oibre/saoil chun cabhrú leis an bhfoireann an chothromaíocht idir an obair agus an gnáthshaol a bhaint amach. Sa bhliain 2017, bhain 730 ball foirne leas as scéimeanna teaghlach-bháúla a bhí á mbainistiú ag an Roinn Acmhainní Daonna, agus áiríonn siad sin an Scéim um Bliain Oibre níos Giorra, an Scéim um Shaoire do Thuismitheoirí, an Scéim um Chomhroinnt Oibre, Sosanna Gairme, an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus na Scéim Pas Taistil agus, chomh maith leis sin, Saoire *Force Majeure*, Saoire Méala, saoire Atharthachta agus Saoire Scrúduithe

Leanann an Roinn Acmhainní Daonna de na forálacha caighdeánaithe de na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014 a chur i bhfeidhm agus éascaíonn siad soláthar Cláir neamhspleách Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP). Is é atá i gClár EAP ná seirbhís chomhairleoireachta rúnda neamhspleách atá saor in aisce agus a sholáthraíonn tacaíocht i ndáil le rudaí éagsúla e.g. saincheisteanna teaghlaigh, saincheisteanna oibre, andúil, méala agus nithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais.

## Pinsin


Tá an Tionscadal maidir le hUllmhacht Sonraí Aoisliúntais (SDR) curtha i gcrích agus, ó bhí mí Lúnasa 2017 ann, cuireann Ionad Seirbhísí Comhroinnte *MyPay*, atá lonnaithe i bPort Laoise, feidhmeanna riartha pinsin i bhfeidhm, thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, de réir théarmaí Comhaontaithe Leibhéil Seirbhíse. Faoi láthair, déileálann *MyPay* le ríomh teidlíochtaí aoisliúntais tráth scoir, soláthraíonn sé meastacháin ar theidlíochtaí do bhaill foirne, fíoraíonn sé seirbhís roimhe seo agus aistríonn sé seirbhís roimhe seo idir comhlachtaí poiblí, cinneann sé teidlíochtaí gairmiúla agus teidlíochtaí i leith blianta breise easláine agus measúnaíonn sé iarratais ar cheannach seirbhíse barúlaí agus luachanna aistrithe. Sa bhliain 2017, chuaigh aon fhostaí lánaimseartha is fiche ar scor ó sheirbhís Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus, ina theannta sin, chuaigh cúigear fostaithe de chuid na seirbhíse dóiteáin áirithinte ar scor óna bpoist le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Ba mhaith le Lucht Bainistíochta agus le foireann na Comhairle an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuaigh ar scor as na blianta de sheirbhís dhílis a thug siad agus as an tiomantas a léirigh siad i leith Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

# CÓRAIS TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE:



*Líonra IT Chomhairle Chontae na Gaillimhe*

De réir an bhuiséid theoranta, chuaigh Aonad IT Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mbun cuid mhór uasghráduithe bonneagair agus thug sé tacaíocht do roinnt tionscadal tábhachtach sa bhliain 2017, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

⇒ Rinneadh ceangal Néalchóras an Rialtais (GCN) a choimisiúnú in Oifigí Centrepoint, i gCeanncheathrú Stáisiúin Dóiteáin na Gaillimhe agus san Oifig Náisiúnta Soláthair Bóthair (NRPO), Baile an Bhriotaigh,

⇒ Rinneadh cur i bhfeidhm iomlán bogearraí Frithvíris, Mailíseacha agus Éirice a chríochnú i leith PC-anna na mball foirne uile de chuid na Comhairle agus i leith Chórais Freastalaithe na Comhairle.

⇒ Coimisiúnaíodh nasc nua le haghaidh Chórais Teileafóin na Comhairle a úsáideann teicneolaíocht SIP, rud a éascóidh trácht níos leithne glaonna agus caoinfhulaingt níos fearr i leith fabhtanna.

⇒ Féilirí áirithinte ar líne Office 365 i leith Seomraí Cruinnithe agus Trealaimh, tá radharc iomlán ar líne ag baill foirne agus ag comhaltaí chun áirithint a dhéanamh agus chun acmhainní a bhainistiú.

⇒ Rinneadh *Microsoft Dynamics 365 Cloud Mobile Applications* a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt maidir leis an méid seo a leanas
- Caighdeáin Tionóntachtaí Cónaitheacha i leith an stoic tithíochta phoiblí agus phríobháidigh.
- An córas Forfheidhmithe Pleanála
- Taifid ar Dhéanmhais Chosanta/Córas an Fhardail Ailtireachta
- Bainistíocht agus Comhlíontacht maidir le Córas Iniúchta na gCaighdeán Tionóntachta Cónaithí

⇒ Tacaíocht agus forbairt fhorleathan don Fhoireann Tithíochta/Comhshaoil agus do na Maoir Phobail i leith ceapadh sonraí trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht shoghluaiste.

⇒ Bogearraí Uathsheolta atá curtha i bhfeidhm i leith iontráil agus bailiú sonraí Eircode.

⇒ Tacaíocht do Chórais Chuntasaíochta *Agresso MS4* agus d'uasghráduithe ar *Web Systems Payment*.

⇒ Tacaíocht a sholáthar don Roinn Iarratas Tithíochta agus cur i gcrích an laghdaithe ar Réimsí Rogha ó 63 go 15.

⇒ Athsholáthar PC-anna agus Ríomhairí Glúine inar cuimsíodh 100 aonad agus b'ionann an líon sin agus 15% den bhonn suiteáilte.

⇒ Cuireadh fáil Priontála agus Fála i gcrích agus, maidir le 60 meaisín, baineadh úsáid astú nó athsholáthraíodh iad mar chuid de chonradh. Ráta cothrom in aghaidh an leathanaigh atá ann de réir an chonartha agus is é an díoltóir a sholáthraíonn Meaisíní agus Tomhaltáin.

⇒ Rinneadh muirearú airgeadais iomlán, de réir ball foirne agus rialú ionaid costais i leith na gcóras seirbhíse priontála go léir a chur i bhfeidhm.

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

# TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Le halt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, rinneadh foráil maidir le bunú an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirseacht agus Iniúchadh (NOAC). Feidhm de chuid an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirseacht agus Iniúchadh (NOAC) is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcomparáid le táscairí iomchuí a measann an Coimisiún ina leith gur cuí leas a bhaint astu agus áiríonn siad táscairí iomchuí a bhaineann le seirbhís chustaiméara.

Iarrtar ar Údaráis Áitiúla faisnéis agus sonraí faoi 34 Tháscaire Feidhmíochta a bhailíochtú agus a thíolacadh. Tiomsaíonn an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) na sonraí agus cuirtear ar fáil iad do NOAC chun tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu agus chun iad a fhoilsiú mar chuid de thuarascáil náisiúnta faoi Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil. De bhreis ar fhaisnéis a sholáthraíonn an Chomhairle, soláthraíonn comhlachtaí seachtracha (Aonad Cláraithe Feithiclí na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Timpeallachta, an Oifig Bainistíochta Bóithre) faisnéis atá bunaithe ar chórais tuairiscithe náisiúnta eile nach mór don Chomhairle sonraí a thíolacadh dóibh. Sábháiltear an fhaisnéis sin agus déanann an Chomhairle í a bhailíochtú mar chuid de na tuairisceáin náisiúnta, agus córas ar líne ríomhthuairisceáin á úsáid aici.

Trí na táscairí sin, bítear ag féachaint le cur chuige comhchoiteann a chur ar fáil maidir le tomhas agus tagarmharcáil agus tá sé beartaithe, tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil, tacú le gach údarás áitiúil feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad do phobail áitiúla. Creideann NOAC go bhfuil scóip ann, trí fhoghlaim ó thaithí a chéile, chun dea-chleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú i dtaca cur i bhfeidhm a bhfeidhmeanna ag comhlachtaí poiblí.
Obair leanúnach atá i gceist leis an obair a bhaineann leis na táscairí a bheachtú agus aithníonn NOAC go bhfuil gá le modhnuithe ar roinnt táscairí nó gur gá iad a ionadú trí thacar sonraí níos ábhartha a chur ina n-ionad.

Maidir leis an mbliain 2017, bhí 35 tháscaire feidhmíochta údaráis áitiúil ann mar atá leagtha amach thíos.

Tá uimhir/litir thagartha ann i ndáil le gach táscaire ar leith, mar a leanas:

- Tithíocht (H1 go H6)
- Bóithre (R1 go R3)
- Uisce (W1)
- Dramhaíl/ Timpeallacht (E1 go E3)
- Pleanáil (P1 go P5)
- An tSeirbhís Dóiteáin (F1 go F3)
- Leabharlann/Áineas (L1 go L2)
- Óige/Pobal (Y1 go Y2)
- Cúrsaí Corparáideacha (C1 go C4)
- Airgeadas (M1 agus M2)
- Forbairt Eacnamaíochta (J1 go J4)

# Táscairí Feidhmíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe 01/01/2017 - 31/12/2017 (Bliantúil)

| Ábhar | Táscaire | Luach | Tráchtaireacht |
|---|---|---|---|
| **Tithíocht: H1, H2 & H4** **Ceadaithe** | A. Líon teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil amhail ar an 1/1/2017 | 2392 | |
| | B. An líon teaghaisí a cuireadh leis an stoc ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil (cibé acu teaghaisí a tógadh nó a fuarthas) | 24 | |
| | C. An líon teaghaisí ar úinéireacht an Údaráis Áitiúil a díoladh sa bhliain 2017 | 11 | |
| | D. An líon teaghaisí ar úinéireacht an Údaráis Áitiúil a scartáladh sa bhliain 2017 | 0 | |
| | E. Líon teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil amhail ar an 31/12/2017 | **2405** | |
| | F. An Líon teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil a bheartaítear a scartáil faoi scéim cheadaithe DHPLG | 30 | |
| | A. An céatadán den líon iomlán teaghaisí ar úinéireacht ag an Údarás Áitiúil a bhí folamh ar an 31/12/2017 | **2.78 %** | |
| | An líon iomlán teaghaisí sa stoc foriomlán nach raibh tionóntaí iontu ar an 31/12/2017 | 66 | |
| | A. An caiteachas i rith na bliana 2017 ar dheisiú agus ar chothabháil tithíochta a cheannaigh nó a thóg an tÚdarás Áitiúil, arna thiomsú ar bhonn leanúnach ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017, arna roinnt ar an líon teaghaisí a soláthraíodh go díreach i stoc an Údaráis Áitiúil amhail ar an 31/12/2017 | **€1129.34** | |
| | An caiteachas ar dheisiú agus ar chothabháil stoc an Údaráis Áitiúil ar bhonn leanúnach ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017, lena n-áirítear caiteachas beartaithe ar chothabháil ach gan caiteachas faoi scéimeanna ceadaithe mór-athfheistithe a áireamh | €2682178.8 | |
| | | | |
| **Tithíocht: H3 & H5** **Ceadaithe** | A. Maidir le gach teaghais a athligeadh i rith na bliana 2017, an meánam a tógadh ón dáta ar fágadh teaghais folamh go dtí an dáta sa bhliain 2017 ar cuireadh tús le tionóntacht nua i leith na teaghaise | **39.91 seachtain** | |
| | B. Maidir le gach teaghais a athligeadh i rith na bliana 2017, an meánchostas ar ullmhú na | **€13983.83** | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | dteaghaisí lena n-athligean le tionóntaí nua sa bhliain 2017 | | |
| | An líon teaghaisí ar cuireadh tionóntaí nua iontu ar aon dáta i rith na bliana 2017 (gan iad sin a bhí folamh mar thoradh ar scéim athfheistithe uile-eastáit a áireamh) | 43 | |
| | An líon seachtainí ón tráth ar fhág tionónta teaghais folamh go dtí an dáta a bhfuarthas an chéad dochar cíosa ón tionónta nua, is é sin, an líon iomlán seachtainí i gcás na dteaghaisí go léir ar cuireadh tionóntaí nua isteach iontu sa bhliain 2017 | 1716 seachtain | |
| | An caiteachas iomlán ar dheisiúcháin a bhí riachtanach chun athligean na dteaghaisí a chumasú | €601304.77 | |
| | A. An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh na bliana 2017 | 6573 | |
| | B. An líon teaghaisí ar cíos a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2017 | 676 | |
| | C. An céatadán de na teaghaisí a iniúchadh sa bhliain 2017 agus ar cinneadh ina leith nár chomhlíon siad na Rialacháin maidir le Caighdeáin | **100 %** | |
| | D. An líon teaghaisí nach raibh comhlíontach agus a tháinig chun bheith comhlíontach i rith na bliana 2017 | 136 | |
| | An líon teaghaisí a iniúchadh sa bhliain 2017 agus ar cinneadh ina leith nár chomhlíon siad Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) | 676 | |
| | | | |
| **Tithíocht: H6** Ceadaithe | A. An líon aosach i gcóiríocht éigeandála ar daoine gan dídean fadtéarma iad mar % den líon iomlán aosach gan dídean fadtéarma i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2017 | **51.56 %** | |
| | An líon aosach a aicmítear mar dhaoine gan dídean, agus iad i gcóiríocht éigeandála, ar oíche an 31 Nollaig 2017 mar atá taifeadta i gcóras PASS | 64 | |
| | An líon de na daoine sin a bhí, ar an 31/12/2017, tar éis 6 mhí as a chéile, nó tar éis tréimhse charnach 6 mhí laistigh de 12 mhí roimhe sin, a chaitheamh i gcóiríocht éigeandála | 33 | |
| | | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas/Táscaire Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Iarratais ar Dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin -<br><br>Comhairle Chontae na Gaillimhe & Comhairle Cathrach na Gaillimhe | **F5 - PI Náisiúnta**<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh laistigh de 2 mhí<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh laistigh de thréimhse os cionn 2 mhí | -<br>-<br>- | 142<br>102<br>40 |
| Iarratais ar dheimhnithe dóiteáin - | **F5 - PI Náisiúnta**<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh laistigh de 2 mhí | -<br>- | 41<br>19 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh laistigh de thréimhse os cionn 2 mhí | - | 22 |
| Iarratais ar dheimhnithe dóiteáin - **Comhairle Chontae na Gaillimhe** | • An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas - gach cineál<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh - gach cineál<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a measadh a bheith neamhbhailí - gach cineál | 133<br>104<br>17 | 141<br>122<br>19 |
| Deimhnithe maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas - Comhairle Chontae na Gaillimhe | • An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe maidir le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a fuarthas<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe maidir le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a próiseáladh<br>An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe maidir le rochtain do dhaoine faoi mhíchumas a measadh a bheith neamhbhailí | 81<br>60<br>14 | 79<br>72<br>7 |
| Iarratais ar dheimhnithe dóiteáin - Comhairle Cathrach na Gaillimhe | • An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas - gach cineál<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a próiseáladh - gach cineál<br>• An líon iomlán iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a measadh a bheith neamhbhailí - gach cineál | 118<br>75<br>17 | 121<br>108<br>13 |
| Ceadúnais Deochanna Meisciúla agus Damhsa | • An líon iarratas ar cheadúnas a fuarthas<br>• An líon iarratas ar cheadúnas a iniúchadh | 250<br>203 | 294<br>170 |
| An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha | • An líon iarratas ar cheadúnas a fuarthas<br>• An líon iarratas ar cheadúnas a iniúchadh | 8<br>35 | 5<br>3 |
| Pleanáil Comhairle Cathrach na Gaillimhe | • An líon iarratas pleanála a fuarthas | - | 106 |

| SEIRBHÍSÍ TIMPEALLACHTA | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **An Comhshaol i gContae na Gaillimhe a Chosaint agus a Fheabhsú ar mhaithe le cáilíocht bheatha na saoránach agus forbairt eacnamaíochta sa chontae agus chun comhlíontacht maidir le rialacháin uisce a bhaint amach.** | | |
| **Cuspóirí** | • **Cáilíocht Uisce a Chosaint agus a Fheabhsú agus Bainistíocht a dhéanamh ar an Dobharcheantar.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Cáilíocht an Uisce a Chosaint | Na cúiseanna le cáilíocht lag uisce i ndobharcheantair ardtosaíochta, amhail foinsí uisce óil agus uiscí snámha, a shainaithint<br><br>An líon iniúchtaí ar umair mhúnlaigh atá beartaithe<br>An líon iniúchtaí ar fheirmeacha atá beartaithe | 100%<br><br>91<br>45 | 100%<br><br>126<br>45 |
| Cáilíocht Uisce Snámha a Chosaint | An líon tránna a bhfuil stádas Brataí Goirme nó Cósta Ghlais bainte amach acu | 12 | 12 |
| **Cuspóir** | • **Córas éifeachtach Cosanta agus Forfheidhmiúcháin a sholáthar i ndáil leis an Timpeallacht** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Iarratais ar Cheadúnas Sceite a phróiseáil | % a phróiseáiltear laistigh den amscála reachtúil<br>An líon iniúchtaí ar cheadúnais a chuirtear i gcrích | 100%<br>126 | 100%<br>123 |
| Iniúchtaí Timpeallachta agus Forfheidhmiúchán An tionscnamh réigiúnach frithbhruscair WERLA | Freagra a thabhairt i leith na ngearán go léir a fhaightear<br><br>Togra a thíolacadh maidir le tacaíocht airgeadais le haghaidh tionscnaimh chun cur i gcoinne dumpáil neamhdhleathach | 100%<br><br>3 | 100%<br><br>8 |
| | An líon láithreán ceadaithe dramhaíola a iniúchadh | 36 | 23 |
| | An líon iniúchtaí a rinneadh i leith freagracht táirgeora | 230 | 117 |
| Saoráidí Athchúrsála a Sholáthar | An líon saoráidí atá ar fáil i ndáil le hathchúrsáil a dhéanamh | 90 | 93 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Láithreáin Thréigthe | Imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh faoi gach gearán a fhaightear agus, más cuí, taifead a dhéanamh ar Chlár na Láithreán Tréigthe | 100% | 100% |
| **Cuspóir** | • **Rannpháirtíocht mhéadaithe ag an bpobal i ndáil le Feabhsú Timpeallachta agus Feasacht ar an Timpeallacht.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Feasacht ar an Timpeallacht, agus rannpháirtíocht an phobail i gcúrsaí timpeallachta a chur chun cinn | % de bhunscoileanna a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhshaoil<br><br>An líon scoileanna rannpháirteacha | 93%<br><br>196 | 93%<br><br>190 |
| | % de mheánscoileanna a ghlacann páirt i bhfeachtais chomhshaoil<br><br>An líon scoileanna rannpháirteacha<br>An líon foras oideachais eile atá páirteach | 94%<br><br>34<br>17 | 94%<br><br>36<br>15 |
| | An líon grúpaí a bhí páirteach i bhfeachtais/in imeachtaí | 210 | 210 |
| **Cuspóir** | • **Reiligí a sholáthar i gcomhar leis an bpobal** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Reiligí | An líon láithreán inar éascaíodh méaduithe | 7 | 3 |
| **Cuspóir** | • **Rialú Madraí de réir cheanglais na reachtaíochta** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Rialú Ainmhithe | An Líon Ceadúnas Madra a Eisíodh | 8,500 | 8,122 |
| **Cuspóir** | • **Cur chuige freagrach a chur chun cinn maidir le húsáid fuinnimh** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Fuinneamh | Tionscnaimh fuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn i measc gnóthaí agus sa phobal | 70 | 75 |

| BÓITHRE, IOMPAR, MUIR AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **Gréasán sábháilte, éifeachtúil bóithre a sholáthar ar mhaithe le gluaiseacht daoine agus earraí agus tacú le forbairt chothrom eacnamaíochta agus le forbairt pobal inbhuanaithe.** | | |
| **Cuspóir** | • **Mórscéimeanna bóthair a chur ar aghaidh** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe | Scéim a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála | R2 2017 | Níor cuireadh an bealach is fearr faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Ag feitheamh le ceadú na Roinne agus le doiciméid mhionsonraithe Dul chun cinn déanta maidir le EIAR, NIS agus doiciméid reachtúla d'fhonn foilsiú foirmiúil a dhéanamh i R1 2018. |
| M17/M18 Mótarbhealach ón nGort go Tuaim | Teacht le chéile 12 uair leis an ngrúpa stiúrtha sa bhliain 2017 chun íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar na n-oibreacha tógála.<br>Tógáil an mhótarbhealaigh a chur ar aghaidh | 12 chruinniú faoi mhí na Nollag 2017<br>Oscailt an bhóthair i mí na Samhna 2017 | Seoladh cruinnithe míosúla den ghrúpa stiúrtha - leibhéal an-íseal gearán mar thoradh ar bhearta forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm. Rinne an tAire Iompair, Shane Ross, an M17/M18 ó Ghort go Tuaim a oscailt a oscailt go hoifigiúil ar an 27 Meán Fómhair 2017, is é sin, dhá mhí roimh an am a bhí sceidealta. |
| N59 An Clochán go hUachtar Ard | Talamh á fáil i gcónaí idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard | Mí na Nollag 2017 | Níor leanadh ar aghaidh leis de bharr srianta timpeallachta - in ionad athailíniú, tá conradh forleagain ann - réamhchonradh sínithe le haghaidh na coda ó Bhun an Choill go dtí an |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Clár Mór - oibreacha iniúchta talún curtha i gcrích. |
| N59 Seachród Mhaigh Cuilinn | Doiciméid chonartha a ullmhú. Fáil Talún | R1 2017 Ar siúl | Níor leanadh ar aghaidh chuig céim an chonartha ós rud é nár leithroinneadh maoiniúchán ina leith. Leanadh de thalamh a fháil. |
| N6 Gaillimh go Béal Átha na Sluaighe Thoir | Diúscairt talún | Ar siúl | Leanadh den diúscairt talún. |
| **Cuspóir** | • **Scéimeanna mionoibreacha straitéiseacha a chur ar aghaidh** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| N17 Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide | Doiciméid phleanála a ullmhú | R4 2017 | Leanúint d'ullmhú na ndoiciméad pleanála. |
| Maolú Tráchta, Baile Chláir | Pleanáil agus dearadh a chríochnú | R3 2017 | Leanúint ar aghaidh chuig cead pleanála Chuid 8 |
| Maolú Tráchta, Droichead an Chláirín | Dearadh agus pleanáil a chríochnú | R2 2017 | Moill le pleanáil de bharr ábhar imní sa cheantar áitiúil - le dul ar aghaidh chuig Cuid 8 sa bhliain 2018. |
| N59 Maigh Cuilinn Ar-Líne | Tógáil a chríochnú | R2 2017 | Oibreacha tógála críochnaithe |
| N59 An Teach Dóite go Bun an Choill | Dul ar aghaidh chuig eisiúint na ndoiciméad conartha | R4 2017 | Comhaontú maidir le táillí a chaibidil le hinnealtóirí comhairleacha. |
| N59 Bun an Choill go dtí an Clár Mór | Oibreacha forleagain | R3 2017 | Oibreacha curtha i gcrích i mí na Nollag 2017 le haghaidh Chéim 1 agus Chéim 2 araon. |
| N63 Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh | An tógáil a chur ar aghaidh le go mbeifear beagnach críochnaithe sa bhliain 2017 | R4 2017 | Ordú Ceannaigh Éigeantaigh daingnithe. Tús curtha leis na hoibreacha ar an scéim seo. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara | Fáil talún a chur ar aghaidh | R4 2017 | Cead chun leanúint ar aghaidh tugtha ag an mBord Pleanála |
| N83 Athailíniú Forty Acres | Tógáil a chríochnú | R1 2017 | Oibreacha tógála críochnaithe, nach mór, agus roinnt mionoibreacha áise le déanamh fós. |
| **Cuspóir** | • **Cothabháil agus feabhsú na 6,400km de ghréasán bóithre ar fud an Chontae** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon Bóithre Áitiúla Treasacha a deisíodh | 45 | Deisíodh 48 mbóthar threasacha |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon ciliméadar de Bhóithre Réigiúnacha a feabhsaíodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe – Feabhsúchán<br>An líon ciliméadar de Bhóithre Áitiúla a feabhsaíodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe - Feabhsúchán | 25km<br>80km | 27km<br>95km |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon droichead a feabhsaíodh | 25 | 14 |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An líon ciliméadar de dhromchla Bóithre Réigiúnacha a cóiríodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe - Cothabháil<br>An líon ciliméadar de dhromchla Bóithre Áitiúla a cóiríodh, agus maoiniúchán faighte ina leith ón Deontas Athbhunaithe - Cothabháil | 26km<br>95km | 52km<br>332km |
| Cothabháil an Ghréasáin Bóithre | Deisiúcháin ar Phoill sa Bhóthar – an t-am a tógadh – an líon laethanta oibre, ag brath ar na hacmhainní a bhí ar fáil:<br>Bóithre Náisiúnta<br>Bóithre Réigiúnacha<br>Bóithre Áitiúla, idir phríomha agus thánaisteach<br>Bóithre Áitiúla Treasacha | 2<br>5<br>10<br>20 | 2<br>5<br>10<br>20 |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre | An clár deisithe damáiste na stoirme cósta a chur i gcrích, tar éis stoirm chósta na bliana 2014. | An clár oibreacha críochnaithe faoi mhí na Nollag 2017 | Oibreacha ar siúl |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cothabháil an Ghréasáin Bóithre | Leanúint de chlár uasghrádaithe fhlít na Comhairle | Uasghrádú na flíte a chríochnú faoi mhí na Nollag 2017 | Gan aon uasghrádú ar an bhflít sa bhliain 2017 |
| Cothabháil an Ghréasáin Bóithre | An Clár Seirbhíse Geimhridh - faireachán a dhéanamh ar dhálaí aimsire, agus an clár leata grin a chur i bhfeidhm ar bhealaí tosaíochta sainaitheanta de réir mar is gá | Seirbhís Gheimhridh Leanúnach | An clár Seirbhíse Geimhridh curtha i gcrích go rathúil. |
| **Cuspóir** | • **Leanúint den chlár feabhsúchán do Chéanna agus do Chuanta.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Feabhsú an Ghréasáin Céanna | An líon céanna a uasghrádaíodh/feabhsaíodh, agus cómhaoiniúchán ina leith faighte ón Roinn Talmhaíochta, Bia, Talmhaíochta agus Mara agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe:<br>• Cé Fahy<br>• Cé an Chlocháin<br>• Cé Bealacarra<br>• Cé an Chloiginn<br>• Cé Bhun Abhann<br>• Cé an Dúinín.<br>• Cé an Chrompáin.<br>• Cé an Droma.<br>• Cé Ard Thoir.<br>• Cé Chloch na Rón. | 6 | 1<br>Fuarthas cómhaoiniúchán ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i gcomhair oibreacha feabhsúcháin ar 5 ché ach níor cuireadh an obair i gcrích ach amháin i gcás ceann amháin acu mar gheall ar athruithe foirne/acmhainní.<br>• Cé Bealacarra |
| Cé Straitéiseach a thógáil | Sainchomhairleoirí a fhostú agus tógáil cé nua ar Inis Oírr a chur ar aghaidh | Tús a chur leis an tógáil faoi mhí na Nollag 2017. | Bhí sainchomhairleoirí timpeallachta agus innealtóireachta ceaptha faoi mhí na Nollag 2017. |
| **Cuspóir** | • **Obair a dhéanamh le hOifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le bainistiú an riosca maidir le tuilte** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Feabhsú Draenála | An líon tionscadal feabhsaithe draenála atá beartaithe, faoi réir maoiniúchán a fháil ó Oifig na nOibreacha Poiblí | 9 gcinn a bheith curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2017 | 9 gcinn curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2017 |
| Cothabháil Draenála | An líon ciliméadar de chothabháil draenála a chríochnaítear faoi dheireadh na bliana | 3km faoi mhí na Nollag 2017 | 3km |
| Scéim Mionoibreacha | Leanúint de thionscadail a shainaithint agus a thíolacadh i gcomhair maoiniúcháin le haghaidh oibreacha faoisimh tuile | 15 | 40 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Mionoibreacha faoisimh tuile a chur i gcrích | 6 | 9 |
| Scéimeanna Faoisimh Tuile | Scéim Faoisimh Tuile Dhún Coillín/an Agaird a chur ar aghaidh | Bliain 1 de na hoibreacha a chríochnú faoi mhí na Nollag 2017 | Sa bhliain 2017, críochnaíodh obair maidir le fáil réidh le fásra agus tógáil seach-chainéal Chreachmhaoile. |
| Scéimeanna Faoisimh Tuile | Dul chun cinn mór a dhéanamh maidir le Scéim Faoisimh Tuile Thalamh Íseal an Ghoirt | An dul chun cinn a bheith déanta faoi mhí na Nollag 2017 | Bí sainchomhairleoir innealtóireachta agus saineolaí timpeallachta ceaptha faoi dheireadh na bliana 2017. |
| **Cuspóir** | • **Bainistíocht Tráchta a Chur Ar Aghaidh** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Bainistíocht Tráchta | Bailchríoch a chur ar Phlean Bainistíochta Tráchta Thuama<br>Plean Bainistíochta Tráchta Phort Omna a ullmhú | Mí na Nollag 2017<br><br>Mí na Nollag 2017 | Mionleasuithe a dhéanamh ar Phlean Bainistíochta Tráchta Thuama |
| Bainistíocht Tráchta | An líon ceadanna páirceála a eisítear in aghaidh na bliana<br>An líon ticéad páirceála a eisítear in aghaidh na bliana | 260<br><br>1,480 | 208 - laghdú ar an líon iarratas<br>1,911 |
| Bainistíocht Tráchta | Athbhreithniú ar na fodhlíthe maidir le háiteanna páirceála do Chontae na Gaillimhe | Mí na Nollag 2017 | Athbhreithniú ar siúl ar na fodhlíthe uile maidir le páirceáil |
| **Cuspóir** | • **Leanúint de thionscnaimh shábháilteachta a fhorbairt tríd an gCoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Sábháilteacht ar Bhóithre | An líon scoileanna dá dtabharfar tacaíocht i ndáil leis an gClár Oiliúna Rothaíochta<br>An líon scoileanna dá dtabharfar tacaíocht i ndáil leis an gClár 'Drive for Life'<br>Oibriú rathúil scéim na Maor Sóisearach i gContae na Gaillimhe<br>3 maor scoile i ngníomh i mBaile Locha Riach agus i mBéal Átha na Sluaighe | 25<br><br>10<br><br>Scéim na Maor Sóisearach i ngníomh i 4 scoil<br>3 maor scoile in situ | 12 - clár nua oiliúna i bhfeidhm<br>1<br><br>Scéim na Maor Sóisearach i ngníomh i 4 scoil<br>3 maor scoile in situ |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sábháilteacht ar Bhóithre | Plean Sábháilteachta ar Bhóithre 4 bliana 2017-20921 a fhoilsiú | Meitheamh 2017 | Foilsíodh i Meitheamh 2017 |
| **Cuspóir** | • **Feabhsú an Ghréasáin Bóithre ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Feabhsú an Ghréasáin Bóithre Feabhsú ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de | An líon Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta Ísealchostais i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana - suíomhanna le cur in iúl ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. | 10 | 7 scéim curtha i bhfeidhm, de réir an mhaoiniúcháin a chuir DTTAS ar fáil |
| Mall-Limistéir a thabhairt isteach in Eastáit Tithíochta 2015-2017 | Céim 2 - Fodhlíthe maidir le Mall-Limistéir curtha i bhfeidhm agus glactha - leithroinnt 2016<br><br>Céim 3 - Fodhlíthe maidir le Mall-Limistéir curtha i bhfeidhm agus glactha - leithroinnt 2017 | 35 faoi dheireadh mhí Eanáir 2017<br><br>35 faoi dheireadh mhí na Nollag 2017 | Glactha agus curtha i bhfeidhm i 46 eastát faoi dheireadh mhí Eanáir 2017<br><br>Fodhlíthe maidir le Mall-Limistéir ullmhaithe i mí na Nollag 2017 le haghaidh 40 eastát tithíochta, agus iad le breithniú, le glacadh agus le cur i bhfeidhm go luath sa bhliain 2018. |
| Athbhreithniú ar na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha) a bhaineann le Contae na Gaillimhe | Fodhlíthe athbhreithnithe maidir le luasteorainneacha i gContae na Gaillimhe le glacadh | Glactha faoi mhí Aibreáin 2017 | Athbhreithniú ar siúl i gcónaí ar na fodhlíthe maidir le luasteorainneacha sa bhliain 2017 - le cur i gcrích sa bhliain 2018. |
| Speicis Ionracha a Rialú | Clár rialaithe a chur i bhfeidhm i gceantair áirithe | Ar siúl | Córas a fhorbairt agus taifeadadh agus faireachán a dhéanamh ar speicis ionracha, agus coiste i bhfeidhm faoi mhí na Nollag 2017. |
| **Cuspóir** | • **Rannpháirtíocht an phobail a éascú agus tacaíocht a thabhairt ina leith** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Feabhsú na Timpeallachta Fisicí | Urraíocht a thabhairt do 5 Scéim Fostaíochta Pobail | 80 fostaí | 85 fhostaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sábháilteacht ar Bhóithre | Iarratais ar oibreacha feabhsaithe bóthair faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail a éascú agus na hoibreacha iomchuí a chríochnú le tacaíocht ón bPobal. | Oibreacha faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail a chríochnú i 25 shuíomh faoi mhí na Nollag 2017. | 27 scéim críochnaithe. |
| **Cuspóir** | • **Tacú le forbairt tionscnamh turasóireachta & sóisialta** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Bailchríoch a chur ar aistriú talún thart ar Theach an Phiarsaigh. | Aistriú talún a chur i gcrích faoi mhí na Nollag 2017 | Aistriú talún ar siúl i gcónaí - níor cuireadh i gcrích é sa bhliain 2017. |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Glasbhealach Chonamara - Gaillimh go hUachtar Ard<br>Measúnacht Tionchair Timpeallachta a chríochnú agus iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála | Iarratas pleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála faoi R4 2017. | Níor tíolacadh an t-iarratas pleanála. Chun comhsheasmhacht a chinntiú, ag feitheamh le foilsiú na straitéise Glasbhealaí ag DTTAS, ar straitéis í atá le foilsiú i R3 2018. |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Glasbhealach Chonamara - Uachtar Ard go dtí an Clochán<br>6km de Ghlasbhealach a thógáil ag Baile na hInse/Atraí | 6km tógtha faoi mhí na Nollag 2017 | 6km tógtha nach mór faoi mhí na Nollag 2017. |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Slí an Atlantaigh Fhiáin - Clár Bonneagair Chonamara<br>Tógáil 29 bpointe breathnóireachta/radharcra/tairsí a chríochnú i gConamara | 29 bpointe breathnóireachta a thógáil i gConamara faoi mhí na Nollag 2017 | 26 phointe breathnóireachta tógtha faoi mhí na Nollag 2017. |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Togra maidir le ceangal idir pointe radharcra Marconi, pointe radharcra Alcock & Brown agus baile an Chlochán a fhorbairt i gcomhar le Fáilte Éireann | Forbairt agus cur ar aghaidh an togra faoi mhí na Nollag 2017 | Cur ar aghaidh leanúnach i gcomhar le Fáilte Éireann |
| Forbairt Eacnamaíochta & Sóisialta | Athrú Aeráide - tacú le forbairt plean oiriúnúcháin do Chontae na Gaillimhe i gcomhréir le riachtanais maidir le hathrú aeráide | Tacaíocht a thabhairt agus athrú a dhéanamh ar bhonn leanúnach de réir mar is gá | Ionchur tugtha mar ba ghá |
| **Cuspóir** | • **Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar de réir ár bPlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Déileáil le gearáin ó chustaiméirí | Déileáil le gearáin 'Deisigh Do Shráid', ach sin faoi réir faisnéis iomchuí a bheith ar fáil | 2 lá | 2 lá le haghaidh an fhreagra tosaigh, agus tugadh freagraí mionsonraithe ina dhiaidh sin tar éis an tsaincheist a ardaíodh a imscrúdú |
| Forbairt Eacnamaíochta | An líon freagraí a eisítear in aghaidh na bliana maidir le ceisteanna faoi Bhóithre agus Seirbhísí<br>An líon freagraí a eisítear laistigh de 15 lá maidir le ceisteanna faoi Bhóithre agus Seirbhísí | 520<br><br>450 | 508<br><br>380 |
| | An líon Ceadanna Ualaigh Neamhghnách a eisítear in aghaidh na bliana<br>An líon Ceadanna Ualaigh Neamhghnách a eisítear laistigh de 5 lá | 160<br><br>160 | 147<br><br>147 |
| | An líon Ceadúnas Oscailte Bóthair a eisítear in aghaidh na bliana<br>An líon Ceadúnas Oscailte Bóthair a eisítear laistigh de 10 lá | 260<br>200 | 340<br>300 |
| | An líon Ceadúnas Scafaill a eisítear in aghaidh na bliana<br>An líon Ceadúnas Scafaill a eisítear laistigh de 5 lá | 30<br><br>30 | 36<br><br>36 |
| Freagairtí Éigeandála | Déileáil le teagmhais thromchúiseacha tuilithe mar is gá | De réir mar is gá | Freagairt thráthúil éifeachtúil i leith na dteagmhas tromchúiseach go léir |

| PLEANÁIL | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | • **Forbairt inbhuanaithe, chothromaithe an chontae ar mhodh neamhchlaon, aonfhoirmeach a chinntiú trí chomhlíonadh ár gcuid croífhreagrachtaí reachtúla agus trí bhíthin tionscnamh a chuirtear i ngníomh chun foráil a dhéanamh maidir forbairt an chontae san fhadtéarma.** | | |
| **Cuspóirí** | • **Seirbhís Pleanála atá críonna, neamhchlaon agus freagrúil a sholáthar don Earnáil Forbartha agus don phobal i gcoitinne.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Bainistíocht Forbartha de réir na gcreataí reachtúla agus rialála agus ar mhodh cóir neamhchlaon. | An líon Iarratas a ndéileáiltear leo laistigh de 8 seachtaine<br><br>An líon Achomharc chuig an mBord Pleanála<br><br>% d'Achomhairc ar tacaíodh leo/ar diúltaíodh dóibh<br><br>An líon Gearán chuig an Ombudsman<br><br>An meánam chun Iarratais Alt 5 a phróiseáil<br><br>Ceisteanna faoi Shrianta Úsáide a dtugtar freagra orthu laistigh d'amscála 2 sheachtain | 60%<br><br>Níos lú ná 3% de na cinntí go léir.<br><br>Seasamh le 50% nó níos mó de chinntí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.<br><br>3 cinn nó níos lú<br><br>4 seachtaine don fhreagra tosaigh<br><br>Freagra le heisiúint laistigh de 2 sheachtain ón tráth a bhfaightear an comhfhreagras | 61%<br><br>2.72%<br><br>82%<br><br>3<br><br>Comhlíonta |
| Cruinnithe réamhphleanála a éascaítear | An líon Ceisteanna Pleanála Féinseirbhíse a ghintear<br><br>An líon Cruinnithe Réamhphleanála sceidealta a éascaítear | 10% os cionn ráta 2016<br><br>Meán 40 thar thréimhse 1 mhí | Comhlíonta<br><br>Meán 35 |
| Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae | Tús a chur le cur i bhfeidhm 3 chuspóir shonracha de chuid Phlean Forbartha an Chontae | 3 chuspóir shonracha á n-athbhreithniú go gníomhach. | Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha an Chontae glactha<br>Athrú Uimh 2a agus 2b ar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | taispeáint go poiblí |
| **Cuspóirí** | • **Cosaint Caighdeán agus Forfheidhmiú Éifeachtach** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Forfheidhmiú | Admháil a bheith a bheith tugtha ar gach gearán laistigh de 1 seachtain agus imscrúdú a bheith déanta laistigh den tréimhse reachtúil. | 90% den sprioc a bheith bainte amach | Comhlíonta |
| Iniúchtaí Rialaithe Foirgníochta | An sprioc íosta maidir le hiniúchtaí a bhaint amach – laistigh d'amscálaí reachtúla | Ráta iniúchta 15%. | Comhlíonta |
| **Cuspóirí** | • **Pleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúil atá soiléir agus ábhartha** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Pleananna Ceantair Áitiúil | 2 Phlean Ceantair Áitiúil, nó a gcoibhéis, a ullmhú agus iad a leagan faoi bhráid na gComhaltaí Tofa. | 2 cheann a bheith glactha faoin mbliain 2017 | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach curtha siar<br><br>Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí/Órán Mór curtha siar |
| **Cuspóirí** | • **Áiteanna feabhsaithe cónaithe agus oibre ar féidir taitneamh a bhaint astu.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2016** | **Toradh** |
| Eastáit neamhchríochnaithe | An líon Láithreán atá curtha i riocht inghlactha i gcomhar le Forbróirí<br><br>An líon Bannaí a tarraingíodh aníos agus oibreacha curtha i gcrích | 8<br><br>8 | 8<br><br>8 |
| Glacadh faoi chúram | An líon eastát ar mhol Comhairle Chontae na Gaillimhe ina leith gur ceart iad a ghlacadh faoi chúram | 10 n-eastát | 16 eastát |
| **Cuspóirí** | • **Feasacht, eolas agus mórtas a chruthú agus an oidhreacht fhoirgnithe, nádúrtha agus chultúir a chosaint** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Oidhreacht Fhoirgnithe (Caomhantas Ailtireachta) | An líon Fógraí Reachtúla a eisítear faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Caomhantas Ailtireachta) | Na hiarrataí go léir ar déileáladh leo laistigh de 4 seachtaine | Comhlíonta |
| | Deontais Roinne/deiseanna maoiniúcháin ar baineadh leas astu | Na deiseanna maoiniúcháin go léir ar baineadh leas astu. | Comhlíonta |
| | An líon seisiún comhairleach taifeadta le daoine aonair | Éascú déanta maidir le 100% de na hiarrataí go léir. | Comhlíonta |
| An Oidhreacht Fhoirgnithe, Nádúrtha & Chultúir | Deontais Roinne/deiseanna maoiniúcháin ar baineadh leas astu | Na deiseanna maoiniúcháin go léir ar baineadh leas astu. | Comhlíonta |
| | An líon seisiún comhairleach taifeadta le daoine aonair | Éascú déanta maidir le 100% de na hiarrataí go léir. | Comhlíonta |
| | 12 Ghníomh Shonracha faoin bPlean Oidhreachta a chur i gcrích | 12 thionscadal ainmnithe curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana. | Comhlíonta |

| **POBAL, FIONTRAÍOCHT & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA** | | | |
|---|---|---|---|
| **Réimse seirbhíse** | **Cabhrú le pobail forbairt a dhéanamh ar mhodh inbhuanaithe, folláin agus uilechuimsitheach.**<br>**Forbairt chomhtháite an gheilleagair áitiúil a éascú agus a chur chun cinn, agus páirt a ghlacadh sna nithe sin, agus an t-údarás áitiúil a chur sa riocht gurb ionann é agus spreagthóir forbartha eacnamaíochta agus sóisialta sa Chontae.** | | |
| **Cuspóirí** | • **Béim straitéiseach a bheith ann inár gcuid gníomhaíochtaí i ndáil le cur chun cinn na forbartha eacnamaíochta sa chontae agus i ndáil le tacaíocht a thabhairt ina leith sin.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Tacú le Tionscnaimh Eacnamaíochta i gContae na Gaillimhe | An líon tionscnamh eacnamaíochta dá dtugtar tacaíocht tríd an Scéim Tacaíochta Pobail<br><br>An líon tionscnamh eacnamaíochta dá dtugtar tacaíocht (ar leith ón Scéim Tacaíochta Pobail) | 60<br><br>5 | 79<br><br>6 |
| An tionscnamh *Déanta i nGaillimh* a fhorbairt tuilleadh chun tacú le hearnálacha an Bhia agus na Ceardaíochta | An líon cuairteanna ar láithreán gréasáin, agus ar láithreán Facebook, *Déanta i nGaillimh* a mhéadú<br><br>Páirt a ghlacadh in imeachtaí Taispeántais | + 10% i ndáil le cuairteanna ar an láithreán gréasáin<br>+ 10% i ndáil le 'Is Maith Liom' ar Facebook<br><br>4 imeacht taispeántais<br><br>Tacaíocht a bheith tugtha do 50 gnó chun freastal a dhéanamh ar imeachtaí | + 10% i ndáil le cuairteanna ar an láithreán gréasáin<br>+ 10% i ndáil le 'Is Maith Liom' ar Facebook<br>6 imeacht taispeántais<br><br>Tacaíocht tugtha do 121 ghnó |
| Saoráidí do Thurasóirí a fhorbairt i bPort Omna/ag Loch Deirgeirt a Fhorbairt | Saoráidí feabhsaithe muiríne a chur ar fáil ag Castle Marina, Port Omna<br><br>Rian Cadhcála a sholáthar | Lainseáil i mí Aibreáin 2017 | Lainseáladh i mí Aibreáin 2017 |
| **Cuspóirí** | • **An Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha (LCDC) a chur ar bun mar choiste láidir a fheidhmíonn go maith.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Coiste Áitiúil Pobail agus Forbartha | An líon cruinnithe a éascaíodh<br>Tús curtha le SICAP<br>Formhaoirseacht SICAP | 6 Chruinniú<br>Eanáir 2017<br>1 íocaíocht ceadaithe | 6 Chruinniú<br>Eanáir 2017<br>3 íocaíocht ceadaithe |

| **Cuspóirí** | • **An Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil a fhorbairt agus a ghlacadh mar chloch choirnéil do ról feabhsaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar spreagthóir forbartha eacnamaíochta.** | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil | Plean 6 bliana a bheith glactha ag an gComhairle de réir na rialachán agus na dtreoirlínte.<br><br>Plean Gníomhaíochta do 2017 a bheith leagtha amach agus glactha ag LCDC<br><br>Fochoistí LECP bunaithe | Ar siúl<br><br>Ar siúl<br><br>3 | Ar siúl<br><br>Ar siúl<br><br>3 |
| **Cuspóirí** | • **Meon a fhorbairt trína dtugtar tacaíocht don fhorbairt eacnamaíochta i ngach réimse gnó agus seirbhíse de chuid an údaráis áitiúil.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Tacú le Ról Straitéiseach Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe | An líon cruinnithe den CBS um Fhorbairt Eacnamaíochta & Fiontraíochta<br><br>An Scéim Dreasachta Gnó<br><br>Scéim maoiniúcháin don Réigiún Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe a bheith curtha i bhfeidhm (faoi réir iarraidh a bheith déanta) | 4 Chruinniú<br><br>Ar siúl<br><br>R4 | 4 Chruinniú<br><br>Ar siúl<br><br>Críochnú na scéime fadaithe go dí R2 2018 |
| **Cuspóirí** | • **Ról an Oifigigh Fiontraíochta Áitiúla (LEO) a chomhtháthú go hiomlán isteach i ngníomhaíochtaí Forbartha Eacnamaíochta an údaráis áitiúil chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a chur sa riocht gur mórspreagthóir agus mórthacadóir é i ndáil le forbairt eacnamaíochta sa Chontae.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Ról an Oifigigh Fiontraíochta Áitiúla (LEO) a chomhtháthú isteach i ngníomhaíochtaí forbartha eacnamaíochta agus fiontraíochta | An líon comhthionscnamh i gcomhar leis an LEO | 5 | 5 |
| | • **Tacaíocht Phobail chun tacaíocht a thabhairt do phobail maidir lena gcuid gníomhaíochtaí.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tacaíocht i bhfoirm maoiniúcháin a sholáthar tríd an *Scéim Tacaíochta Pobail* | Cuireadh a bheith faighte ag pobail chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniúchán<br>Ceardlanna/tráthnónta faisnéise a bheith éascaithe ar leibhéal an Cheantair Bhardasaigh<br>Iarratais a bheith measta agus moladh déanta don Chomhairle<br>Litreacha fógra agus coinníollacha a bheith eisithe<br>An líon deontas a cheadaítear | Eanáir<br>Feabhra<br>Cruinniú na Comhairle i mí an Mhárta<br>Aibreán<br>315 | Eanáir<br>Feabhra<br>Márta<br>Aibreán<br>382 |
| Bailte Slachtmhara | An líon pobal a fhaigheann tacaíocht do thionscnaimh Chomórtas na mBailte Slachtmhara faoin Scéim Tacaíochta Pobail | 35 | 58 |
| Mórtas Áite/LivCom | An líon pobal a ainmnítear don chomórtas Mórtas Áite<br><br>Éascú a dhéanamh maidir le cuairteanna ó mholtóirí náisiúnta ar láithreáin<br>Freastal ar Shearmanas na nGradam Náisiúnta | 3<br><br>Meitheamh/Iúil/Lúnasa<br><br>Samhain | 3<br><br>Meitheamh/Iúil/Lúnasa<br><br>Samhain - 1 iontráil bhuaiteach |
| Seirbhísí/Tacaíochtaí Ealaíon agus Cultúir a sholáthar sa Chontae | An líon deontas a ceadaíodh<br><br>An líon clár ealaíon ar tugadh tacaíocht dóibh<br>➢ An Clár Ealaíon &Míchumais<br>➢ An Clár Ealaíon & Oideachais<br>➢ An Clár Ealaíon & Sláinte<br>➢ An Clár Ealaíon & Leabharlann<br>➢ Clár Tacaíochta d'Ealaíontóirí, lena n-áirítear cúrsa oiliúna agus cosanta leanaí<br>➢ Tionscadal Damhsa<br>➢ *Dig Where You Stand* (Tionscadal Scannánaíochta)<br>➢ Clár Ealaíon Óige (Amharclann Óige na Gaillimhe)<br>➢ Burning Bright (Clár Ealaíon na nDaoine Scothaosta)<br>➢ *Branar Theatre Tour – Early Years Programme*<br>➢ Clár Oideachais Ceoil na Gaillimh (MEP) | 65<br><br>Ní dhearnadh bailchríoch ar leithroinntí buiséid de bharr stádas GMEP. | 74<br><br>12 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An líon ealaíontóirí a fhaigheann tacaíocht faoi 'Sparánachtaí d'Ealaíontóirí'.<br>An líon ealaíontóirí a fhaigheann tacaíocht faoi scéim Tyrone Guthrie.<br>An líon scoileanna/ealaíontóirí a fhaigheann tacaíocht faoin gClár 'Ealaíontóirí i Scoileanna'. | | 18<br><br>2<br><br>8 |
| Éascú Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) agus tacaíocht spóirt a sholáthar | An líon cruinnithe de GSP<br>An líon cruinnithe de Cheardlanna an Ghrúpa Stiúrtha<br>Plean Straitéiseach GSP & lainseáil an láithreáin gréasáin nua<br>An líon pobal a ghlacann páirt sa tionscnamh 'Fit Towns'<br>An líon clár rannpháirtíochta spóirt (e.g. Men on the Move, Seachtain Rothaíochta, Seachtain Siúlóide na Gaillimhe, Park Run, Girls Active Programme, Couch to 5k, etc.) a sholáthraítear | 4<br>4<br><br>R1<br><br>7<br><br>42 | 5<br>3<br><br>Lainseáladh an Plean Straitéiseach agus an láithreán gréasáin i R2<br>6<br><br>56 |
| **Cuspóirí** | • **An t-athrú ón bhFóram Pobail & Deonach chuig struchtúir nua an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) a éascú agus tacú lena ngníomhaíochtaí agus lena n-ionchur i leith cúrsaí rialtais áitiúil** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Tacú le forbairt an *Líonra Rannpháirtíochta Poiblí* agus le rannpháirtíocht phobail | An líon eagraíochtaí atá cláraithe le PPN<br>An líon cruinnithe de PPN Iomlánach an Chontae<br>An líon cruinnithe de Rúnaíocht PPN an Chontae<br>An líon cruinnithe de chuid Ceantar Bardasach Iomlánach | 650<br><br>2<br><br>4<br><br>1 | 700<br><br>2<br><br>4<br><br>1 |
| **Cuspóirí** | • **Uilechuimsitheacht Shóisialta a bheith ina cuid dhílis den eagraíocht ó thaobh cúrsaí meoin agus forfheidhmiúcháin de.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Feasacht/Forbairt maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta | An líon imeachtaí oiliúna a sholáthraítear don fhoireann agus do Chomhaltaí Tofa | 1 | 1 |
| *Bealtaine* – Ceiliúradh na Cruthaitheachta agus Sinn ag dul in aois | *Bealtaine* a bheith eagraithe, éascaithe agus curtha i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Bealtaine<br><br>35 | Bealtaine<br><br>84 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Seachtain Mhórtas an Lucht Siúil* | *Seachtain Mhórtas an Lucht Siúil* a eagrú, a éascú agus a chur i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Meitheamh<br><br>10 | Meitheamh<br><br>5 |
| *Oíche Chultúir* | *Oíche Chultúir* a bheith eagraithe, éascaithe agus curtha i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Meán Fómhair<br><br>75 | Meán Fómhair<br><br>88 |
| *Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta* | *Seachtain na hUilechuimsitheachta Sóisialta* a eagrú, a éascú agus a chur i gcrích<br>An líon imeachtaí a éascaítear/eagraítear | Deireadh Fómhair<br><br>35 | Deireadh Fómhair<br><br>30 |
| *Gradaim Phobail an Chathaoirligh* | *Gradaim Phobail an Chathaoirligh* a eagrú | Samhain 2017 | Cuireadh siar go dtí 2018 |
| An Clár Aoischairdiúil | An líon cruinnithe den Chomhghuaillíocht Aoischairdiúlachta & de Ghrúpa Forfheidhmiúcháin Aoischairdiúlachta an Chontae (atá cónasctha anois)<br>An líon cruinnithe de Chomhairle na nDaoine Scothaosta | 4<br><br>12 | 1<br><br>11 |
| Óige & Leanaí – Éascú *Chomhairle na nÓg* | An líon daoine óga agus leanaí a ghlacann páirt i gComhairle na nÓg<br>An céatadán de scoileanna agus clubanna óige atá rannpháirteach (KPI) | 350<br><br>65% | 400<br><br>77.14% |
| Comhtháthú agus Éagsúlacht & Forfheidhmiú chlár an Chiste Eorpaigh Lánpháirtíochta (EIF) | An líon dídeanaithe ar tugadh tacaíocht dóibh. | Ar bhonn leanúnach, 97 nDídeanach | Ar bhonn leanúnach – 99 nDídeanach |
| **Cuspóirí** | • **Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt i leith na Tairisceana maidir le Príomhchathair Chultúir na hEorpa chun a chinntiú go mbainfear amach an fáltas is mó is féidir don Chontae ar leibhéal an phobail agus ar an leibhéal eacnamaíochta.** | | |
| **Gníomhaíochtaí** | **Tomhas Feidhmíochta** | **Sprioc don bhliain 2017** | **Toradh** |
| Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt i leith na Tairisceana maidir le Príomhchathair Chultúir na hEorpa agus uasmhéadú a dhéanamh maidir le hainmniú/líonra mar Chathair Chruthaitheachta UNESCO | ECOC a fhorbairt i gcomhar leis an gComhairle Cathrach agus béim ar leith ar fhairsinge an gcontae<br>Oifig Chathair Chruthaitheachta Scannánaíochta UNESCO a bheith bunaithe i gcomhar le comhpháirtithe | Ar siúl | Ar siúl |

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# TUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH
# &
# TUARASCÁLACHA Ó NA CEANTAIR BHARDASACHA

# TUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTRAÍOCHT 2017

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíocht |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Peter Feeney** | | 1 |
| **An Comhairleoir Michael Finnerty** | | 1 |
| **An Comhairleoir Tom Healy** | | 1 |
| **An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg** | | 1 |
| **An Comhairleoir Shane Donnellan** | | 1 |
| **An Comhairleoir Jimmy McClearn** | 1 | 1 |
| **An Comhairleoir Mary Hoade** | | 1 |
| **An Comhairleoir Karey McHugh** | | 1 |
| **Pobal/Deonach** | | |
| **An tUasal Dan Dowling (Forbairt Phobail Cheantar Bhéal Átha na Sluaighe Teo)** | | 1 |
| **Ceardchumainn** | | |
| **Paul Quinn** | | 1 |
| **An Earnáil Forbartha agus Tógála** | | |
| **Mr. Paul Mannion (RIAI), Scott, Tallon, Walker Architects, 22 An Fhaiche Mhór, Gaillimh** | | 1 |
| **An Earnáil Ghnó/Tráchtála** | | |
| **Michelle Murphy (Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe), Collins McNicholas, Aonad 27, Páirc Gnó Chnoc Mhaoil Drise, Gaillimh** | | 1 |

D'éascaigh an tAonad 4 chruinniú de chuid an CBS Forbartha Eacnamaíochta agus Fiontraíochta i rith na bliana agus seo a leanas roinnt ítimí a pléadh:

- Cur i bhfeidhm Chlár na Limistéar Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ).
- Scéim Athnuachana na mBailte & na Sráidbhailte 2017.
- Scéim na Saoráidí Pobail 2017.
- Iarratais faoi Chiste na Forbartha Eacnamaíochta Réigiúnaí i.e. Campas Nuálaithe Bia agus Lárionaid Fiontraíochta.
- Ainmniúchán mar Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018.
- Úsáid láithreán Aerfort na Gaillimhe amach anseo.
- An Scéim Dreasachta Gnó.
- An Straitéis maidir le Turasóireacht
- An Plean Náisiúnta maidir le Leathanbhanda

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM THITHÍOCHT, CULTÚIR & ÁINEAS 2017**

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Tithíocht, Cultúr & Áineas |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Malachy Noone | | 1 |
| An Comhairleoir Seamus Walsh | 1 | 1 |
| An Comhairleoir Eileen Mannion | | 1 |
| An Comhairleoir Michael Fahy | | 1 |
| An Comhairleoir Pat Hynes | | 1 |
| An Comhairleoir Donagh Killilea | | 1 |
| An Comhairleoir Tom McHugh | | 1 |
| An Earnáil Pobail/Dheonach | | |
| Mr. Declan McKeon | | 1 |
| An Earnáil Forbartha agus Tógála | | |
| Ms. Helena McElmeel (RIAI) | | 1 |
| An Earnáil Uilechuimsitheachta Sóisialta | | |
| Mr. Padraic Maher (Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Tuaim) | | 1 |

Sa bhliain 2017, bhí 4 chruinniú ann den CBS Tithíochta, Cultúir & Áineasa.

Seo a leanas na príomhábhair agus na saincheisteanna beartais a phléigh agus a bhreithnigh an CBS Tithíochta, Cultúir & Áineasa sa bhliain 2017:

1. Straitéis maidir le Tithíocht Shóisialta
2. Straitéis maidir le hInbhuanaitheacht Tionóntachtaí
3. An Scéim maidir le Leithroinnt Tithíochta
4. Athbhreithniú ar an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí (Incriminteach)
5. An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018
6. ‘Clár Éire Ildánach / Creative Ireland Programme
7. Athbhreithniú ar an Straitéis maidir le hIompar Frithshóisialta
8. Plean Gníomhaíochta Chontae na Gaillimhe maidir le hEaspa Dídine 2017-2018

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM BHÓITHRE, IOMPAR AGUS MUIR 2017**

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Bóithre, Iompar & Muir |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Michael Connolly | | 1 |
| An Comhairleoir Jim Cuddy | | 1 |
| An Comhairleoir Michael Finnerty | 1 | 1 |
| An Comhairleoir Des Joyce | | 1 |
| An Comhairleoir Martina Kinane | | 1 |
| An Comhairleoir Michael Maher | | 1 |
| An Comhairleoir Seosamh Ó Cualáin | | 1 |
| An Comhairleoir Peter Roche | | 1 |
| Pobal/Deonach | | |
| Tom Madden (Ballinalsoe Training for Employment Ltd) | | 1 |
| An Earnáil Forbartha agus Tógála | | |
| Mark Coffey (CIF), Coffey Construction, Castlewood, An Mhóin Bhán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | | 1 |
| An Earnáil Ghnó/Tráchtála | | |
| Bryan Egan (GABC), Bryan Egan &Associates, Consulting Engineers, 12 Sráid Naomh Proinsias | | 1 |
| Talmhaíocht/Feirmeoireacht | | |
| Michael Healy | | 1 |

Bhí 4 chruinniú den CBS Bóithre ann sa bhliain 2017

Is iad seo a leanas na hábhair a pléadh agus a cuireadh ar aghaidh sna cruinnithe sin:

1. An Beartas maidir le Soilsiúchán Poiblí
2. Athbhreithniú ar Luasteorainneacha
3. Cosáin i Limistéir Thuaithe

4. Comharthaí Mótarbhealaigh
5. Saincheisteanna maidir le Bóithre Náisiúnta

Mheas comhaltaí an CBS go raibh na nithe sin go léir tábhachtach agus measadh go mbeadh sé níos tábhachtaí na cinntí cearta a dhéanamh maidir le beartas, seachas cinntí tapa a dhéanamh.

Tar éis plé a dhéanamh ag dhá chruinniú CBS, comhaontaíodh go ndéanfaí an dréacht-bheartas maidir le soilsiúchán poiblí, ina gcuimseofaí na hathruithe a bhí molta ag an CBS, a thíolacadh don Chomhairle iomlánach le go ndéanfar breithniú agus cinneadh ina leith.

Soláthraíodh faisnéis uasdátaithe don choiste CBS i rith na bliana 2017 maidir le dul chun cinn leanúnach ar an athbhreithniú ar luasteorainneacha agus tugadh spreagadh do na comhaltaí tofa go léir tuairimí agus moltaí ina leith sin a thíolacadh. Tá an t-athbhreithniú ar luasteorainneacha i gContae na Gaillimhe ar siúl i gcónaí agus leanfar d'fhaisnéis uasdátaithe a thabhairt, de réir mar is cuí.

Rinneadh breithniú ar bheartas reatha na Comhairle i ndáil le cosáin a chur ar fáil i gceantair thuaithe, ar dá réir nach gcuirtear ar fáil iad ach amháin i mbailte agus i sráidbhailte i limistéir luasteorann agus i gcás ina bhfuil soilsiúchán poiblí ar fáil freisin. Nótáladh freisin, maidir le cuid mhór de na cosáin atá ann cheana féin, go bhfuil gá le hinfheistíocht shuntasach ina leith agus nach bhfuil aon mhaoiniúchán sonrach ann chun cosáin a dheisiú nó a sholáthar. Seo a leanas comhthoil na gcomhaltaí tar éis an phlé:

1) Is ceart tús áite a thabhairt do chothabháil cosán atá ann cheana féin
2) Ní ceart ceanglas a bheith ann maidir le soilsiúchán a sholáthar nuair atá cosán á chur ar fáil
3) Is ceart soláthar cosán a chur san áireamh i gceadanna pleanála
4) Is ceart go gceanglódh na cosáin bonneagar, amhail bailte a cheangal le saoráidí pobail agus ní ceart iad a bheith teoranta do limistéir laistigh de luasteorainneacha.

Rinneadh an easpa treo-chomharthaí le haghaidh bailte agus sráidbhailte áitiúla a phlé ag roinnt cruinnithe. Luadh go ndéanfadh Bonneagar Iompair Éireann clár comharthaíochta iarmharach i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana 2017 chun soláthar treo-chomharthaí den sórt sin a éascú.

I rith na bliana, d'iarr an coiste faisnéis uasdátaithe ar Bhonneagar Iompair Éireann maidir le saincheisteanna a ardaíodh faoi Bhóithre Náisiúnta. Tar éis chruinniú an CBS ar an 18 Meán Fómhair, cuireadh comhfhreagras chuig Bonneagar Iompair Éireann á iarraidh go bhfreastalódh ionadaithe dá gcuid ar chruinniú de chuid CBS Bóithre agus Iompair Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Sa fhreagra a fuarthas ó Bhonneagar Iompair Éireann, cuireadh in iúl go nglacfaí le toscaireacht ón gcoiste ina gcuid oifigí i mBaile Átha Cliath. D'iarr siad go gcuimseodh an toscaireacht 2 bhall as gach Ceantar Bardasach ar leith, móide oifigigh de chuid na Comhairle agus go ndéanfaí plé, agus go dtabharfaí faisnéis, faoi fhiosruithe a chuirfí ar fáil roimh ré do Bhonneagar Iompair Éireann lena mbreithniú. Aontaíodh go bhfreastalódh toscaireacht ar an gcruinniú sin san Athbhliain agus gurbh fhearr gur baill de chuid an CBS a rachadh chuig an gcruinniú.

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM PLEANÁIL AGUS POBAL 2017**

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Pleanáil & Pobal |
|---|---|---|
| An Comhairleoir James Charity | 1 | 1 |
| An Comhairleoir Frank Kearney | | 1 |
| An Comhairleoir Dermot Connolly | | 1 |
| An Comhairleoir Aidan Donohue | | 1 |
| An Comhairleoir Donal Burke | | 1 |
| An Comhairleoir Thomas Welby | | 1 |
| An Comhairleoir Billy Connelly | | 1 |
| An Comhairleoir Shaun Cunniffe | | 1 |
| **Pobal/Deonach** | | |
| Patricia Tierney (Ballinalsoe Training for Employment Ltd) | | 1 |
| Gus McCarthy (CIF), McCarthy, Keville, O'Sullivan, EnvironmentalConsultants, Block 1 GVSC, Bóthar Mhóinín na gCiseach | | 1 |
| **Uilechuimsitheacht Shóisialta** | | |
| Frances O'Reilly (Chomhairle Aoischairdiúlacht Dhaoine Scothaosta na Gaillimhe) | | 1 |
| **Timpeallacht/Caomhantas** | | |
| Marian Brady (An Taisce) | | 1 |

Bhí 4 chruinniú ag an CBS Pleanála agus Pobail sa bhliain 2017.

I measc na bpríomh-shaincheisteanna beartais a pléadh áiríodh an méid seo a leanas:-

- An Réigiún Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ)
- An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- Mórtas Áite
- Na Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe
- An Beartas maidir le Gléasraí Cóireála Dramhuisce
- Dréacht-Phleananna Bhearna agus Gaeltachta
- Dréacht-Phlean Oidhreachta 2017-2022
- Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Thuama

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN CHOISTE BEARTAIS STRAITÉISIGH UM TIMPEALLACHTA, UISCE AGUS ÉIGEANDÁIL 2017

**Comhaltas**

| Ainm | Cathaoirleach | Timpeallacht, Seirbhísí Uisce, agus Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Gabriel Cronnelly | | 1 |
| An Comhairleoir Tim Broderick | | 1 |
| An Comhairleoir Niamh Byrne | | 1 |
| An Comhairleoir Tomás Ó Curraoin | | 1 |
| An Comhairleoir Noel Thomas | | 1 |
| An Comhairleoir Shane Donnellan | 1 | 1 |
| An Comhairleoir Ivan Canning | | 1 |
| An Comhairleoir Peter Keaveney | | 1 |
| **Pobal/Deonach** | | |
| Aodhan Mac Donnacha | | 1 |
| **An Earnáil Ghnó/Tráchtála** | | |
| An tUasal David Courtney (GABC), David Courtney&Associates, Comhairleoirí Pleanála agus Tógála, Cathertymore, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe | | 1 |
| **TimpeallachtCaomhantas** | | |
| Mark Green (Líonra Timpeallachta na Gaillimhe) | | 1 |
| **Talmhaíocht/Feirmeoireacht** | | |
| Bertie Roche, Mainistir na Coille Móire, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe | | 1 |

Bhí 4 chruinniú den CBS Timpeallachta, Uisce agus Seirbhísí Éigeandála ann sa bhliain 2017

Is iad seo a leanas na hábhair a pléadh agus a cuireadh ar aghaidh sna cruinnithe sin:

